AN ROINN
TALMHAÍOCHTA AGUS BIA
THE DEPARTMENT OF AGRICULTURE & FOOD

www.agriculture.gov.ie

I SBN 0- 7557- 7419- 1
9 780755 774197

Tuarascáil Bhliantúil 2005 an Aire tAlmhaíochta agus Bia



AN ROINN
TALMHAÍOCHTA AGUS BIA
THE DEPARTMENT OF AGRICULTURE & FOOD

Tuarascáil Bhliantúil 2005

an Aire Talmhaíochta agus Bia

www.agriculture.gov.ie

Táimid i gcónaí ag iarraidh an fhaisnéis a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí a fheabhsú agus tig leatsa cuidiú linn é sin a dhéanamh.

Ba mhaith linn do chuid tuairimí a fháil faoi chur i láthair, leagan amach agus ábhar na Tuarascála seo.

Tig leat cabhrú linn ach **scríobh** chuig:

An Rannóg Gnóthaí Corparáideacha (Tuarascáil Bhliantúil),

Bloc 6 Thoir,

An Roinn Talmhaíochta agus Bia,

Áras Talmhaíochta,

Sráid Chill Dara,

Baile Átha Cliath 2,

Éire.

Nó ar **ríomhphost** chuig:

publications@agriculture.gov.ie

Go raibh maith agat

© Rialtas na hÉireann 2006

Aithnítear cúnamh Bhord Bia agus Coillte maidir leis na híomhánna clúdaigh.

Luach €10

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne: http://www.agriculture.gov.ie

An Roinn Talmhaíochta agus Bia,

Ceannoifig, Áras Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 6072000; Lóghlao: 1890 200 510

PRN: A6/1175

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN AIRE TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

RÁITEAS MISIN

(Ráiteas Straitéise, 2005 – 2007)

"A bheith ar thús cadhnaíochta ag forbairt earnáil iomaíoch agraibhia a bheidh dírithe ar an tomhaltóir, agus ag cur le geilleagar agus sochaí bhríomhar tuaithe."

Oifigí na Roinne

Clár Ábhair

ATHBHREITHNIÚ NA nAIRí 4

RÉAMHRÁ AG AN ARD-RÚNAÍ 6

EAGRÚCHÁN NA ROINNE 8

TUARASCÁIL AR SPRIOCANNA NA ROINNE 12

1. Forbairt Agraibhia agus Tradáil i gcreatlach náisiúnta agus idirnáisiúnta 13
2. Sábháilteacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Sláinte Phlandaí 26
3. Eacnamaíocht agus Timpeallacht na Tuaithe 40
4. Seachadadh Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais 44
5. Acmhainní Oibriúcháin agus an Clár Oibrithe Nuachóirithe 52

GIORRÚCHÁIN 62

AGUISÍNÍ 65

1. Táscairí Feidmiúcháin 66
2. Cairt Chearta d'Fheirmeoirí 82
3. Tiomantais Chlár an Rialtais 87
4. An Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2005 – Talmhaíocht agus Bia 96
5. Vóta 31 – Caiteachas ar Thalmhaíocht agus Bia do 2005 98
6. Caiteachas Ráthaíochta FEOGA do 2005 100
7. Íocaíocht Phras Chuntas 102
8. Orduithe agus Rialacháin a rinneadh le linn 2005 103
9. Na hAchtanna Talún i 2005 109
10. Comhlachtaí Stáit faoi Choimirce na Roinne i 2005 110

Athbhreithniú na Bliana

Leis an Aire Talmhaíochta agus Bia

Máire Ní Chochláin, T.D.,
Aire Talmhaíochta agus Bia

Is breá liom an Tuarascáil Bhliantúil seo, a chlúdaíonn mo chéad bhliain iomlán mar Aire Talmhaíochta agus Bia, a chur os bhur gcomhair.

Ba é mo phríomhthosaíocht do 2005 a chinntiú go ndéanfaí an **Scéim Aoníocaíochta** a chur i bhfeidhm go rathúil – an t-athrú is suntasaí ar thacaíocht talmhaíochta ó chuamar isteach sa Chomhphobal Eorpach. Tar éis beagnach dhá bhliain phleanála agus ullmhúcháin, thosaigh íocaíochtaí faoi Scéim Aoníocaíochta 2005 in am ar 1 Nollaig 2005 agus íocadh thar €1billiún le feirmeoirí faoin scéim faoi 31 Nollaig 2005. Ní ceart méid na hoibre a mheas róbheag, go háirithe sa chéad bhliain de chóras lán-nua a chur i bhfeidhm agus i mbliain nuair ba ghá íocaíochtaí faoi na scéimeanna láithreacha a dhéanamh freisin. Maidir leis seo, is fiú smaoineamh go bhfuair feirmeoirí beagnach €620 milliún in íocaíochtaí deiridh faoi na "sean-" scéimeanna préimhe.

Ní chríochnaíonn an **CAP athchóirithe** leis an Aoníocaíocht. Tá impleachtaí go leor ag an gcreat polasaí nua do thodhchaí earnáil íomlán an agraibhia, leis an tomhaltóir i lár baill agus cur chuige atá níos comhtháite agus dírithe níos mó ar an margadh. Beidh an fócas anois ar tháirgí ardchaighdeáin, a shásaíonn riachtanais an tomhaltóra, a tháirgeadh go héifeachtach, ar mhodh inbhuanaithe. Cruthóidh sé seo brú ar feadh shlabhra táirgeachta an bhia, agus is é mórdhúshlán na mblianta seo chugainn é do gach duine a bhaineann leis an earnáil.

Is toradh sásúil ó thaobh na hÉireann de an comhaontú a sroicheadh ar na **Gnéithe Airgeadais** ag Comhairle na hEorpa i mí na Nollag, . D'éirigh leis an gcuspóir foriomlán a chinntiú go gcuirfear dóthain cistiúcháin ar fáil chun leanúint ar aghaidh leis an CAP agus le bearta um fhorbairt tuaithe.

Thar na seacht mbliana 2007 go dtí 2013, gheobhaidh Éire gar do €9.1 billiún in íocaíochtaí díreacha CAP. Le caiteachas breise ar thacaíochtaí margaidh, meastar go dtiocfaidh an t-aistriú iomlán ón AE go hÉirinn go dtí thar €10.3 billiún. Faoi fhorbairt tuaithe, gheobhaidh Éire leithdháileadh iomlán ó chistí Forbartha Tuaithe an AE de €1.884 billiún, lena n-áirítear leithdháileadh speisialta d'Éirinn de €500 milliún. Tabharfaidh cistí modhnaithe an méid iomlán ar fáil d'fhorbairt tuaithe go dtí €2.087 billiún. Is feabhas mór an toradh seo ar an leibhéal cistiúcháin a moladh le haghaidh na hÉireann roimh Chomhairle na hEorpa.

Leanadh le comhchaibidlí i rith na bliana ar chomhaontú nua **WTO**. Rinneadh dul chun cinn suntasach breise maidir le teacht ar chomhaontú nua ag an Séú Comhdháil Aireachta i Hong Kong i mí na Nollag.

Baineann príomhthoradh na gcomhchaibidlí ar thalmhaíocht i Hong Kong leis an gcomhaontú coinníollach go gcuirfear deireadh céim ar chéim le gach cineál fóirdheontais easpórtála faoi 2013. Ní dhéanfar an tairiscint seo a dheimhniú go dtí go mbíonn comhaontú faoi na modhanna um dhíothú comhuaineach gach cineáil eile fóirdheontais easpórtála agus go mbíonn comhaontú nua déanta. Is é an cuspóir atá agam i gcónaí ná a chinntiú go leanfar leis an leibhéal cosanta agus tacaíochta is airde is féidir don earnáil agraibhia, agus nach bhfágfaidh an comhaontú deiridh go mbeidh gá lena a thuilleadh athchóirithe ar an CAP.

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil i gComhairle na nAirí faoi athchóiriú réim **siúcra** an AE i mí na Samhna 2005 tar éis comhchaibidlí an-fhada ar mholtaí an Choimisiúin. B'fhiú thar €310 milliún an pacáiste airgeadais iomlán a fuair Éire trí idirbheartaíocht, mar chúiteamh ar thionchar tromchúiseach na moltaí faoi fhás an bhiatais siúcra sa tír seo.

Ag eascairt as Rialacháin na Níotráití, d'fhógair mé sonraí Scéime Bainistíochta Dramhaíl Feirme leasaithe. I measc na bhfeabhsuithe bhí méadú ar an ráta deontais le haghaidh tithíochta ainmhithe agus stórála sciodair araon ón leibhéal láithreach 40% go dtí 60% le 70% ar fáil i gcontaetha áirithe. Is deontais fíorfhlaithiúla iad seo, atá dírithe go speisialta ar an stóráil riachtanach a chinntiú, chun géilleadh do Rialacháin na Níotráití,. Lorgaíodh faomhadh AE don scéim leasaithe, ach ní raibh sé faighte faoi dheireadh na bliana.

Maidir le príomhlimistéir an mhargaidh, bliain mhaith do tháirgeoirí **mairteola** Éireannacha ba ea 2005 le ganntanas mór soláthair ar fud an AE ag cur le héileamh láidir. D'fhan praghsanna in airde ceal mairteola na Brasaíle tar éis don AE cosc a chur ar mhairteoil as ceantair buailte le galar crúibe is béil. Críochnaigh praghsanna eallaigh thuas 6% ar an meán don bhliain ina hiomláine. D'fhan easpórtálacha mairteola láidir, le heaspórtálacha chuig margaí níos luachmhara an AE ilchríche ag méadú faoi 10.5% go dtí 192,000 tona. Ba é an

Seán de Brún, T.D.,
Aire Stáit

Brendán Mac Gabhann, T.D.,
Aire Stáit

Máire de Bhailís T.D.,
Aire Stáit a ghlac áit Sheáin de Brún T.D, Aire Stáit ar 14 Feabhra 2006.

RA (UK) ár gceann scríbe singil ba mhó i gcónaí, le leath dár dtáirgeacht iomlán, 260,000 tona, easpórtálaithe ansin. Thóg an AE ina iomláine 95% dár n-easpórtálacha go léir i gcomparáid le 90% i 2004.

Bhí roinnt mhaith cobhsaíochta mhargaidh in **earnáil na déiríochta** i 2005. Bhí praghsanna agus an t-éileamh ar tháirgí déiríochta na hÉireann i ngach margadh láidir ar feadh an chuid is mó den bhliain. Is beag an úsáid a baineadh as Idirghabháil go háirithe d'im agus SMP araon, le praghsanna domhanda ar na táirgí seo 8% ar an meán os cionn leibhéil 2004. Lean easpórtálacha de tháirgí agus chomhábhair dhéiríochta na hÉireann de bheith ag déanamh go maith, le €2 billiún éigin i dtáirgí déiríochta easpórtáilte i rith na bliana, nuair a lean easpórtálaithe Éireannacha de bheith ag freastal go deimhneach ar an éileamh feabhsaithe.

D'fhan an praghas a híocadh le táirgeoirí bainne cobhsaí i 2005 in ainneoin laghduithe ar phraghsanna tacaíochta institiúide. Fuair tairgeoirí bainne cúiteamh €120m (2.4 cent/lítear) mar gheall ar laghduithe ar phraghsanna idirghabhála ime agus SMP. Íocadh é seo mar íocaíocht scaoilte i mí na Nollag 2005 agus bhí sé ina chuid den Aoníocaíocht Fheirme. Rinne torthaí an mhargaidh agus an phréimh, le chéile, fíorluach praghsanna bainne a chothabháil - fiú a mhéadú.

Tar éis teacht an chineáil H5N1 den fhliú éan isteach san Eoraip i 2005, thug mo roinnse sraith de bhearta isteach chun a chinntiú go ndéanfaí cás ar bith den ghalar in éin fhiáine a aimsiú go luath, an baol go gcuirfí an galar ar aghaidh go dtí an ealta thráchtála éanlaithe clóis a íoslaghdú, agus dá dtarlódh a leithéid de tharchur go ndéanfaí an ráig a bhainistiú go críochnúil. Chuir an cur chuige seo béim ar leith ar ardleibhéal forairdill agus ar fhaire mhéadaithe. Cuid lárnach de chur chuige na Roinne ab ea bunú an chláir d'úinéirí ealta éanlaithe clóis. Tá dualgas reachtúil ar gach duine a choinníonn nó a thrádálann in éanlaith chlóis clárú leis an Roinn.

Choinnigh mo Roinnse feachtas faisnéise agus feasachta ar siúl freisin ar mhaithe le húinéirí ealta éanlaithe clóis, ionadaithe tionscail agus an pobal go ginearálta.

San iomlán, bliain an-rathúil do thionscal an agraibhia ab ea 2005. Cuimhneofar uirthi mar an bhliain inar aistríodh go rathúil go dtí an Scéim Aoníocíochta agus inar thosaigh ré nua earnála talmhaíochta agus bia atá dírithe níos mó ar an margadh.

Máire Ní Chochláin

Máire Ní Chochláin, T.D.,
Aire Talmhaíochta agus Bia

Réamhrá

An Ard-Rúnaí

Tom Moran
Ard-Rúnaí

Ar dtús, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid a chuir foireann na Roinne leis an aistriú go dtí an Scéim Aoníocaíochta i 2005 a thabhairt chun críche go rathúil, fad a bhí siad fós ag soláthar na iléagsúlachta seirbhísí a chuireann an Roinn seo ar fáil do thionscal na feirmeoireachta agus an agraibhia.

D'fhoilsigh an Roinn a cúigiú **Ráiteas Straitéise** i 2005 agus leagann sé amach na dúshláin, spriocanna agus straitéisí don Roinn ar feadh na trí bliana go dtí deireadh 2007. Tugann sé suntas don chreat polasaí talmhaíochta nua atá bunaithe ar bheith dírithe ar an margadh agus ar phrionsabal na hinbhuanaitheachta. Is é an ráiteas an doiciméad creata a chlúdaíonn oibríochtaí uile na Roinne. Tá sé ina bhonn ag gach Plean Gnó Rannóige agus ag gach próifíl róil ar leith. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo mionchuntas ar dhul chun cinn i 2005 maidir le cuspóirí agus straitéisí na Roinne inár gcúigiú Ráiteas Straitéise a chomhlíonadh.

Ní amháin gur athrú mór oibriúcháin é tabhairt isteach na **Scéime Aoníocaíochta (SPS)**, ach léiríonn sé athrú mór ar fhócas na Roinne. De réir riachtanas trasghéilliúlachta, beidh íoc na tacaíochta d'fheirmeoirí ceangailte feasta le bearta atá dírithe ar chaomhnú an chomhshaoil agus ar ardchaighdeáin a bhaint amach um shábháilteacht bhia agus um shláinte agus leas ainmhithe. I ndiaidh comhairliúcháin le gach páirtí leasmhar lena mbaineann, d'fhoilsigh an Roinn agus sheol chuig gach feirmeoir Doiciméad Treorach faoi thrasghéilliúlacht i 2005.

I 2005, shroich an rannpháirtíocht agus an caiteachas ar an **Scéim um Chaomhnú Chomhshaol na Tuaithe (REPS**) leibhéil curiarrachta. Shroich an rannpháirtíocht an barr díreach os cionn 48,000 agus ba é an íocaíocht i rith na bliana de €283m an caiteachas ba mhó ar an Scéim in aon bhiain ar leith ó tugadh isteach í i1994. Ó tugadh isteach í, sholáthar an scéim, i dtéarmaí airgeadais, **níos mó ná €1.8 billiún** in íocaíochtaí le feirmeoirí. Ní amháin go ndeachaigh na híocaíochtaí seo chun sochair na ndaoine a fuair iad, ach chuir siad go suntasach le pobail thuaithe agus comhshaol na tuaithe a chothabháil. Tá an t-éileamh ar an scéim ina ábhar misnigh i gcónaí.

I mí na Nollag 2005, bhunaigh an tAire próiseas comhairliúcháin um REPS 4, ag tabhairt cuireadh do gach páirtí leasmhar aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn faoi fhorbairt na scéime sa todhchaí don chéad tréimhse eile um an gclár, 2007 – 2013.

I rith 2005 tosaíodh ar na **feidhmeanna um shábháilteacht bhia** de chuid na Roinne a aistriú go hionad nua. Tá na saotharlanna seo a leanas lonnaithe anois ag Backweston - Saotharlann Lárnach na Roinne um Thaighde Tréidliachta, Saotharlann Réigiúnach Tréidliachta Bhaile Átha Cliath, an tSaotharlann Lárnach um Rialú Feola, Stáisiún Náisiúnta Thástáil na Síolta, an tSaotharlann um Rialú Lotnaidicídí agus an tSaotharlann Eolaíochta Déiríochta.

Déanann an coimpléasc saotharlainne nua seo, le seirbhísí coimhdeacha tacaíochta, a dearadh chun cloí le caighdeáin idirnáisiúnta um chreidiúnú saotharlainne, roinnt disciplíní eolaíochta a thabhairt isteach in ollionad singil, agus léiríonn sí an tiomantas náisiúnta do shrianta um shábháilteacht bhia agus chaighdeáin um shláinte ainmhithe a chothabháil agus a fheabhsú.

Maidir le **sláinte ainmhithe**, rinneadh dul chun cinn suntasach a chothabháil um BSE le 69 cás á ndeimhniú i 2005 – laghdú de bheagnach 45% ón iomlán de 126 i 2004. Tagann an titim ollmhór seo ar líon na gcás fad a bhíonn dianfhaire ghníomhach don ghalar ar siúl lena n-áitítear 775,850 tástáil thapa BSE ag monarchana feola, seamlais agus araile. Tháinig feabhas suntasach breise freisin ar leibhéil na Brúsalóise in eallach i 2005, le líon na n-imoibreoirí Brúsalóise ag titim timpeall 66% i gcomparáid le leibhéil 2004.

Díríonn an **tAcht um Chleachtadh Tréidliacha 2005**, a d'achtaigh an tOireachtas ar 12 Iúil 2005, ar rialú ghairm na tréidliachta a thabhairt go hiomlán suas chun dáta. Tugann an tAcht, ach go háirithe, don chéad uair, an sainmhíniú ar chleachtadh na míochaine tréidliachta chomh maith le haitheantas reachtúil d'altraí tréidliachta.

Forálann an tAcht freisin do bhallraíocht níos leithne ar an gComhairle Thréidliachta chun guth a thabhairt do ghrúpaí a bhaineann le hoideachas, tomhaltóirí, sábháilteacht bhia agus leas ainmhithe. Tiocfaidh Comhairle Thréidliachta na hÉireann, a bunaíodh le déanaí agus a bhfuil 19 ball uirthi, in oifig ar 1 Eanáir 2006.

Tugadh isteach reachtaíocht nua AE um shábháilteacht bhia agus bheathaithe, ar a dtugtar an Pacáiste Sláinteachais, i 2004 ach bhí sé le bheith i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2006. Chlúdaigh an reachtaíocht seo táirgeadh bia shábháilte ó fheirm go forc. I rith 2005, rinne an Roinn comhairliúchán fairsing le hionadaithe oibreoirí ghnó an bhia maidir leis an Pacáiste Sláinteachais a aistriú isteach i ndlí na hÉireann. Is fiú smaoineamh go bhfuil feirmeoirí clúdaithe faoin sainmhíniú a thugtar ar oibreoir ghnó an bhia. Ag eascairt as an gcomhairliúchán seo tugadh isteach Rialacháin (Sláinteachas Bia agus Beathaithe) na gComhphobal Eorpach 2005.

Lean an **Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóirí** a bunaíodh i 2002 chun an chumarsáid idir an tomhaltóir agus an Roinn a neartú, de bheith ag teacht le chéile le linn 2005 chun ábhair éagsúla a phlé, agus choimisiúnaigh sé staidéar ar phraghsanna bia.

Le linn 2005, rinneadh dul chun cinn maidir le feidhmiú chinneadh an Rialtais faoi dhílárú mar a bhaineann sé leis an Roinn. Cuireadh an Plean Feidhmithe Díláraithe de chuid na Roinne, a leagann amach cad atá i gceist ag an Roinn a dhéanamh maidir le cinneadh an Rialtais faoi **dhílárú** a chur i bhfeidhm, faoi bhráid an Ghrúpa Feidhmithe Díláraithe (DIG) i mí Feabhra 2005. Cuireadh plean faoi leith ag plé le 200 post IT a dhílárú faoi bhráid an DIG i mí Iúil. I rith 2005 tháinig méadú suntasach ar líon na foirne i bPort Laoise. Ullmhaíodh pleananna feidhmithe ar leith do Mhainistir Fhear Maí agus Mhá Chromtha.

Seoladh an tríú **Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí (CSAP)** de chuid na Roinne, a chlúdaíonn an tréimhse 2005 go 2007, i mí Feabhra 2005 faoi réir an Tionscnaimh um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí de chuid an Rialtais. Seoladh an chéad **Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí** freisin.

Léiríonn foilsiú an Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí de chuid na Roinne, agus foilsiú na Cairte, tiomantas láidir leanúnach maidir le feabhas a chur ar ár gcaighdeán seirbhíse don uile chustaiméir.

Seoladh **Cairt Chearta d'Fheirmeoirí** nua, in áit an Phrótacail ar Íocaíochtaí Díreacha d'Fheirmeoirí, freisin i mí na Nollag 2005. Cuireann an Chairt nua seo leis an dul chun cinn atá déanta faoin Phrótacal, agus leagann sí síos caighdeáin um sheachadadh seirbhíse agus spriocanna maidir leis na príomhscéimeanna ar féidir le feirmeoirí a bheith ag súil íocaíochtaí a fháil dá réir. Tá an fhoraoiseacht clúdaithe anois sa Chairt, agus tá an ERAD agus na limistéir eile a bhaineann le híocaíochtaí chúitimh um shláinte ainmhithe curtha faoina bráid freisin.

Bhí an Roinn chun tosaigh, ar feadh 2005, maidir le seachadadh an **Chláir Nuachóirithe** don tSeirbhís Poiblí chomh maith le feidhmiú na dtiomantas bainteach go léir sa Chlár don Rialtas agus eochairthionscnamh eile de chuid an Rialtais. Eochairfhócas de chuid na bainistíochta sinsearaí ab ea na cuspóir seo, agus bhí na córais agus próisis um rialachas corparáideach dírithe ar iad a chur i gcrích. Fuarthas tuarascálacha sásúla ón nGrúpa um Fhíorú Feidhmíochta de chuid na Seirbhíse Poiblí ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gclár oibre um nuachóiriú. Leagann Iarscríbhinn 3 amach na forbairtí faoin Chlár don Rialtas.

Mar fhocal scoir, sa bhliain 2005 rinne an Roinn dul chun cinn suntasach thar raon leathan gníomhaíochtaí. Tá mé siúráilte go gcuirfidh an clár oibre um nuachóiriú atá á leanúint ag an Roinn le roinnt blianta anuas ar a cumas oiriúnú do riachtanais an chreata polasaí talmhaíochta nua.



Tom Moran
Ard-Rúnaí

Eagrúchán na Roinne

Ag 31 Nollaig 2005, bhí 4,705 duine ar fhoireann na Roinne (657 i bpoist chomhroinnte). Bhí foireann de 2,672 fostaithe riaracháin ann, 335 i bpoist tréidliachta, 245 i ngráid chigireachta, 1,092 i ngráid teicniúla, 264 i ngráid speisialtóra, agus 97 i ngráid eile.

Is é an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) faoi cheannas Tom Moran, Ard-Rúnaí an fhoireann shinsir bhainistíochta agus tá naoi nArd-Rúnaí Cúnta, an Príomhoifigeach Tréidliacht agus an Príomhchigire ina gcomhaltaí de.

Tá a gcuid réimsí freagrachta leagtha amach thall.

COISTE COMHAIRLEACH BAINISTÍOCHTA (mar a bhí ar 31 Nollaig 2005)

Jim Beecher
Ard-Rúnaí Cúnta

Tony Burke
Ard-Rúnaí Cúnta

Denis Byrne
Ard-Rúnaí Cúnta

John Fox
Ard-Rúnaí Cúnta

John Gillespie
Ard-Rúnaí Cúnta

Seamus Healy
Ard-Rúnaí Cúnta

Martin Heraghty
Ard-Rúnaí Cúnta

Aidan O'Driscoll
Ard-Rúnaí Cúnta

Philip O'Reilly
Ard-Rúnaí Cúnta

Patrick Rogan
Príomhoifigeach Tréidliachta

Tom Teehan
Príomhchigire

Coiste Comhairleach Bainistíochta

(mar a bhí ar 31 Nollaig 2005)

Rúnaí Ginearálta
Tom Moran

		Ceann na Rannóige
Íocaíochtaí Talmhaíocha	**John Fox** Ard-Rúnaí Cúnta Struchtúir Thalmhaíocha & Comhshaol.	Struchtúir Agrai-Chomhshaoil – Micheal O'Donovan An Scéim Aonlocaíochta agus an Scéim Cheantarbhunaithe Liúntas Cúiteach i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste – Paud Evans/ Andy McGarrigle Rialúcháin Chomhtháite – Al Grogan Comhshaol agus Struchtúir Thalmhaíocha – Dan Ganhan/ Oliver Healy
	Denis Byrne Ard-Rúnaí Cúnta Tacaí Margaidh/ Infheistíocht ar an bhFeirm/ /Foraoiseacht	Rialúchán Mairteola – Tom O'Hanlon Infheistíochta/Fóirdheontais agus Stóráil ar an bhFeirm – Mick Prendergast Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta – Ray Dollard Foraoiseacht - Ronan O' Flaherty, Diarmuid McAree
Aonad Beartais	**Tony Burke** Ard-Rúnaí Cúnta AE/CAP Forbairt na Tuaithe	AE/Trádáil - Folúntas CAP Forbairt na Tuaithe - Michael Cronin
	Jim Beecher Ard-Rúnaí Polasaí Beostoic	Polasaí Feola – Luke Mulligan Sláinteachas Feola agus Fothairgí Ainmhí – Andy Irving Polasaí Bainne – Phiilip Carrol
	Martin Heraghty Ard-Rúnaí Cúnta Eacnamaíocht, Bia agus Barraí Polasaí	Bia – Marian Byrne Polasaí Barraí agus Comhlachtaí Stáit – Bridie O'Neill Aonad Idirchaidrimh um Shábháilteacht Bhia – Joe Shortall Gnóthaí Corparáideacha – Aidan Murray
Corparáideach Forbairt	**Aidan O'Driscoll** Ard-Rúnaí Cúnta Córais Airgeadais	Airgeadas – Brendan Gleeson Aonad Eacnamaíoch agus Pleanála – Kevin Smyth Cuntais – Geraldine Mullen Iniúchadh Inmheánach - Folúntas
	John Gillespie Ard-Rúnaí Cúnta Acmhainní Daonna	Seirbhísí Bainistíochta – Breffni Carpenter Pearsanra – Bert O'Reillly Cóiríocht/Soláthar agus Tionscadail ISO – Danny Carroll Sláinte agus Sábháilteacht – Brendan McInerney Seirbhísí Dlí – Oliver Randal Plunkett
	Philip O'Reilly Ard-Rúnaí Cúnta Córais Fhaisnéise	ISD – Sean Keevey ISD – Christy Philpot ISD – Robert Butler ISD – Stephen Fitzpatrick ISD – Michael Bunyan
Sábháilteacht Bhia, Sláinte Ainmhithe	**Tom Teehan** Príomhchigire	Réigiúin Déiríochta – Denis Corcoran Ceanncheathrú agus Saotharlanna Déiríochta – John Doody Deimhniúchán Síolta – Gabriel Roe
	David Beehan Leas-Príomhchigire	Beostoc, Mairteoil agus Caoireoil – Ignatius Byrne Ábhar beathúcháin, Leasacháin, Grán, Muca agus Éanlaith Chlóis – Dermot Ryan Clárú Lotnaidicídí – Mark Lynch Iarmhair Lotnaidicídí – Dan O'Sullivan Tástáil Chineálacha Barr – Nicholas McGill Gortóireacht agus Sláinte Phlandaí – Michael Hickey Taighde, Bia agus Comhordú CODEX – Tony Smith Seirbhísí Speisialta Feirme, Comhshaol agus Luacháil – Matt Sinnott Táirgeadh agus Sábháilteacht Barraí - Jarleth Coleman
	Patrick Rogan Príomhoifigeach Tréidliachta	RVO Iardheisceart – Pat Flanagan RVO Iarthuaisceart – Oliver McDonagh RVO Oirthuaisceart - Michael Fallon
	Martin Blake **Michael Sheridan** **Martin O'Sullivan** Leas-Phríomhoifigigh Tréidliachtaa	RVO Oirdheisceart – John Murray Díothú – Brúsalóise – Garry O'Hagan Díothú – Eitinn – Margaret Good Mairteoil agus Caoireoil – Paula Barry Walsh Trádáil, AE, Galair Rang A – Billy McAteer Muiceoil agus Feoil Éanlaith – David Nolan BSE, Scráibeach, Cógais – John Griffin
	John Ferris, Stiúrthóir, Saotharlanna Taighde Tréidliachta	Míoleolaíocht Thréidliach, Sláinte agus Leas Ainmhithe – Pat Brangan Saotharlanna TréidliachtataRéigiúnacha – Michael Gunn, Leas-Stiúrthóir STT Baictéareolaíocht – John Egan STT Paiteolaíocht – Paul Collery STT Víreolaíocht – Pat Lenihan
	Seamus Healy Ard-Rúnaí Cúnta Sláinte Ainmhithe	ERAD/Díothú Galar – Richard Healy Sláinte agus Leas Ainmhithe – Tom O'Donnell Scéim Árachais Mairteola – Bríd Cannon Feidhmiúcháin Oifigí Áitiúla/Galair Rang A – Dermot Ryan

Fonóta: Bíonn Paul Dillon, Stiúrthóir, Oifig na nAchomharc Talmhaíocha ag tuairisciú go díreach chuig an Aire Talmhaíochta agus Bia.

Tuarascáil ar Spriocanna na Roinne

Tuarascáil ar Spriocanna na Roinne do 2005

Sprioc 1	**Forbairt Agraibhia agus Trádáil i gcreatlach náisiúnta agus idirnáisiúnta** Earnáil agraibhia a fhorbairt a bheadh iomaíoch go hidirnáisiúnta agus dírithe ar thomhaltóirí agus tacú leis an trádáil talmhaíochta agus bia agus é a éascú.
Sprioc 2	**Sábháilteacht Bhia, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Sláinte Phlandaí** Na caighdeáin sábháilteachta bia is airde agus cosaint an tomhaltóra, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte phlandaí, a chinntiú
Sprioc 3	**Eacnamaíocht agus Timpeallacht na Tuaithe** Forbairt eacnamaíocht na tuaithe a chothú chomh maith le córais talmhaíocha, fhoraoiseachta agus táirgíochta bia atá báúil don chomhshaol agus inmharthanach, agus cabhrú leis an athrú struchtúrtha.
Sprioc 4	**Seachadadh Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais** Déanfaimid ár scéimeanna agus ár gclár uile a oibriú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil, agus cinnteoimid na caighdeáin bainistíochta corparáideacha agus airgeadais agus cuntasachta is airde i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí.
Sprioc 5	**Acmhainní Oibriúcháin agus an Clár Oibrithe Nuachóirithe** Ár n-acmhainní daonna agus fisiciúla, agus ár n-acmhainní oibriúcháin a fhorbairt agus a chinntiú go gcuirfear seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil dár gcustaiméirí, idir inmheánacha agus seachtracha agus Polasaí an Rialtais i leith dílárú agus nuachóiriú na seirbhíse poiblí á fhorfheidhmiú againn.

Forbairt Agraibhia agus Tradáil

Sprioc 1

Earnáil agraibhia a fhorbairt a bheadh iomaíoch go hidirnáisinta agus dírithe ar thomhaltóirí agus tacú leis an trádáil talmhaíochta agus bia agus é a éascú.

FORBAIRTÍ AGRAIBHIA

Buanú an Fhoráis

I 2005, rinneadh dul chun cinn an-sásúil maidir le forálacha talmhaíocha an chomhaontú *Buanú an Fhoráis*, a socraíodh idir na Páirtithe Sóisialta Feirmeoireachta, a fhorfheidhmiú. Tá cuid de na príomhréimsí foráis i 2005 léirithe thíos.

- Íoc an Aonfocaíocht Feirme le 94% de iarrthóirí idir 1-31 Nollaig 2005. Ba mhór an éacht í seo agus is féidir í a chur i gcomparáid go fabhrach leis an toradh i mBallstáit eile.
- Foilsíodh tríú Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís Chustaiméirí na Roinne agus ár gcéad Cairt Chustaiméirí i mí Feabhra.
- Aontaíodh Cairt Nua Cearta d'Fheirmeoirí, le spriocdhátaí sonraithe íocaíochta, réimeanna cigireachta agus córais trasghéilliúlachta san áireamh;
- Thángthas ar shocrú faoi Léargais Airgeadais 2007-2013 a chosain íocaíochtaí díreacha cosanta CAP ón léargas talmhaíoch, a chuir cosc ar athbhreithnithe breise ar CAP sa tréimhse 207-2013 agus a chinntigh nach ndéanfaí aon mhodhnúchán breise éigeantach eile.
- Baineadh amach rangú mar cheantar faoi Bhac Mhór do Chontae Mhuineacháin ó 2005 ar aghaidh;
- D'éirigh linn rátaí galair ainmhithe a laghdú óna leibhéal i 2004;
- Bhí an rannpháirtíocht is mó riamh i REPS agus rinneadh caiteachas de €283m i 2005.

Clár an Rialtais

Baineadh amach gach ceann de na tiomantais a bhaineann le talmhaíocht sa Chlár Rialtais nó is tiomantais leanúnacha iad atá á mbaint amach ar bhonn leanúnach. Tá na sonraí iomlána leagtha amach in Aguisín 3.

Agrai-Fís 2015

Cuireadh Plean nua Gníomhaíochta i gcrích chun an Tuarascáil Agrai-Fís 2015 a fhorfheidhmiú agus tá sé le seoladh i 2006.

Iomaíochas

Tar éis roinnt staidéir eile a rinneadh faoi urraíocht na Roinne mar thoradh ar mholtaí ón gCoiste Agraibhia 2010 rinneadh roinnt staidéar nua i réimsí na táirgiúlachta, cuótaí bainne agus ioncam seachfeirme. Tosóidh na tionscadail taighde nuair atá an maoiniú faofa faoin gCiste um Spreagadh Taighde.

FORBAIRTÍ POLASAÍ

Anailís ar Bheartais

Sheoil an tAire an tAthbhreithniú agus an Forbhreathnú Bliantúil do Thalmhaíocht agus Bia 2004/2005 i mí Meithimh 2005. Tá réimse leathan anailíse agus staidrimh sa tuarascáil maidir leis an earnáil phríomha talmhaíochta agus an tionscal bia. Déantar bileog fíricí faoi Thalmhaíocht na hÉireann a nuashonrú go rialta agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, maraon le Coimre de Staitisticí Talmhaíochta na hÉireann a nuashonraíodh i mí Dheireadh Fómhair 2005.

Polasaí Cánach

Rinne Buiséad 2005 foráil le haghaidh os cionn €20 milliún i lamháltais chánach don phobal feirmeoireachta. I measc na mbearta sonracha cáin feirme bhí:

a) ardú mór san aisíocaíocht ráta comhréidh CBL ó 4.4% go 4.8% ón 1 Eanáir 2005. Cinntíonn an t-ardú seo go dtugtar cúiteamh iomlán d'fheirmeoirí ar son CBL a íocadh ar inchuir ghnó agus is fiú €16 milliún don earnáil é.

b) Laghdaíodh an tréimhse díscríbh do chaiteachas caipitil ar infheistíocht i saoráidí rialú truaillithe ó seacht mbliana go trí bliana. Is fiú €4 mhilliún sa bhliain an lamháltas seo agus cabhróidh sé le feirmeoirí an Treoir Níotráití a comhlíonadh;

c) faoiseamh de luach €1 milliún i mbliain iomlán ar dhleacht stampála d'fheirmeoirí a mhalartaíonn talamh ar son gabháltais fheirme a chomhtháthú;

d) tá an ráta 25% ginearálta ar son faoiseamh stoic agus an ráta 100% d'fheirmeoirí oilte óga sínte go dtí an 31 Nollaig 2006. Is fiú na faoisimh seo €2 mhilliún sa bhliain;

e) rinneadh foráil i mBuiséad 2005 chun ligean d'fheirmeoirí nach n-úsáideann meánú cheana féin ar son cuspóirí cánach meánú a dhéanamh i dtrí thráthchuid thar na trí bliana 2005, 2006 agus 2007 ar íocaíochtaí áirithe atá amuigh faoi scéimeanna íocaíochtaí díreacha áirithe de chuid FEOGA;

f) Mhéadaigh íocaíochtaí Cúnamh Feirme atá á riar ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chomh maith i gcomhréir le ráta leasa sóisialta eile.

STAITISTICÍ TALMHAÍOCHTA

	ASCHUR, INCHUR AGUS IONCAM, 2005	€m
Aschur Talmhaíochta ag Praghsanna Táirgeora agus Bunphraghasanna, Breisluach Comhlán agus Farasbarr Oibriúcháin sa Talmhaíocht	Táirgeacht Earraí ag Praghsanna Táirgeora	4,931.8
	Móide Obair ar Chonradh	261.1
	Móide Fóirdheontais Lúide Cánacha ar an Táirge	408.6
	Táirgeacht Talmhaíochta ag Bunphraghasanna	5,601.5
	Lúide Tomhaltas Meánreatha	3,443.1
	Breisluach Comhlán san Áireamh ag Bunphraghasanna	2,158.4
	Lúide Tomhaltas Caipitil Sheasta	669.0
	Móide Fóirdheontais Eile Lúide Cánacha ar Tháirge	1,701.5
	Lúide Cúiteamh le Fostaithe	425.5
	Farasbarr Oibriúcháin	**2,765.3**
Foinse : Réamh-mheastacháin ar Tháirgeacht, Inchur agus Ioncam sa Talmhaíocht an CSO, Feabhra 2005		

COSTAIS TÁIRGEACHTA NA BPRÍOMHEARNÁLACHA TALMHAÍOCHTA'

2004	Córas	Costais Dhíreacha in aghaidh na Feirme €	Costais Dhíreacha mar % de Tháirgeacht (seachas Íocaíochtaí Díreacha)	Costais Iomlána in aghaidh na Feirme €	Costais Iomlána mar % d'Aschur (seachas Íocaíochtaí Díreacha)
Costais Tháirgíochta na bpríomhearnálacha talmhaíochta	Gach córas	15,690	47%	31,425	94%
	Déiríocht	33,785	39%	62,814	73%
	Déiríocht + Eile	28,229	45%	55,524	88%
	Tógáil Eallaigh	6,358	55%	14,409	125%
	Eallach Eile	8,801	66%	18,918	142%
	Caoraigh den chuid is mó	9,748	61%	20,046	125%
	Curadóireacht den chuid is mó	28,671	48%	58,292	97%
Foinse : Suirbhé Náisiúnta Feirme – 2004, Teagasc 2005					

LÍON NA BHFEIRMEACHA TEAGHLAIGH

2003	*Líon na bhFeirmeacha Teaghlaigh*	135,300
Source: CSO		

Próifíl Aoise Feirmeoirí

2003	Aois	Líon na bhfeirmeoirí	% feirmeoirí
Próifíl aoise feirmeoirí	<35	15,000	11%
	35-64	92,700	69%
	>=65	27,400	20%
Foinse : LOS			

CREATLACH IDIRNÁISIÚNTA

Creatlach Polasaí AE

Tá an Comhpholasaí Talmhaíochta (CAP) agus polasaí forbairt tuaithe an AE faoi athbhreithniú agus leasú leanúnach chun athruithe sna tosca inmheánacha agus seachtracha a chur san áireamh. Lean an próiseas ar aghaidh i 2005 nuair a thángthas ar chomhaontú polaitiúil i gComhairle na nAirí faoi leasú réim siúcra an AE. D'fhoilsigh an Coimisiún moltaí reachtúla don leasú i mí Meithimh 2005 tar éis díospóireachta faoi Chumarsáid an Choimisiúin a foilsíodh i mí Iúil 2004 inar leagadh amach roghanna éagsúla. Rinne an réim a bhí ann cheana foráil le haghaidh cuótaí táirgíochta do shiúcra, íosphraghas ráthaithe faoina bhféadfaí siúcra a táirgíodh faoin gcuóta a chur ar an margadh san AE agus íosphraghas don bhiatas a bhí ar dhéantúsóirí siúcra a íoc leis an táirgeoirí. Bhí deireadh le teacht leis an réim faoi dheireadh Meithimh 2005.

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil faoi na moltaí leasaithe ag an gComhairle i mí an Samhna 2005 tar éis idirbheartaíocht fhada faoi mholtaí an Choimisiúin. Cuirfidh an leasú síneadh leis an bhfealsúnacht agus leis na prionsabail atá bunaithe i leasaithe eile – athbhreithniú Lártéarma i Meitheamh 2005 agus Comhaontú

Chlár Oibre 2000 agus leasú McSharry i 1992 – ar an earnáil siúcra. Bhí pacáiste airgeadais arbh fhiú timpeall €310 milliún gnóthaithe ag Éirinn de bharr na hidirbheartaíochta, agus déanfar cinneadh deiridh faoin leasú go luath i 2006 nuair atá tuairim Pharlaimint na hEorpa faighte.

Is iad príomhghnéithe an chomhaontaithe:

- laghdú de 36% sa phraghas tacaíochta do shiúcra le laghdú comhleantach ar íosphraghas bhiatas siúcra, le tabhairt isteach i gcéimeanna thar tréimse ceithre bliana;
- páirtchúiteamh do fheirmeoirí de 64% den phraghas atá iníoctha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha;
- íocaíocht speisialta eisiach aon uaire de bheagnach €44 milliún do tháirgeoirí biatais má chuirtear deireadh le táirgeadh biatais in Éirinn;
- pacáiste cúnaimh de €145 milliún chun maoiniú a chur ar fáil d'aon athstuchtúr sa tionscal amach anseo, agus tionchair shóisialta agus chomhshaoil san áireamh.

Thángthas ar chomhaontú faoi leasú pholasaí an AE um fhorbairt tuaithe sa Chomhairle i mí Meithimh. Leag Rialachán nua an AE, a glacadh go foirmiúil i mí Mheán Fómhair, agus na treoirlínte straitéiseacha a bhain leis, a bhfuiltear ag súil go n-aontófar iad i 2006, creatlach polasaí amach inar féidir straitéisí náisiúnta agus cláir aonaracha um fhorbairt tuaithe a chumadh sa chéad tréimse eile den chlár ó 2007 go 2013. Is í aidhm na dtreoirlínte a chinntiú go mbeidh na cláir náisiúnta ag cloí le cuspóirí fhoriomlána polasaí an AE, agus cláir oibre iomaíochais agus inmharthanachta Lisbon agus Göteborg san áireamh. Faoin bpolasaí nua um fhorbairt na tuaithe, is iad na tosaíochtaí don todhchaí:

- Iomaíochas na talmhaíochta agus na foraoiseachta a fheabhsú;
- An comhshaol agus an tuath a fheabhsú;
- Caighdeán na beatha i gceantair tuaithe a fheabhsú agus éagsúlacht a chothú i ngníomhaíocht eacnamaíoch.

Toradh rathúil a bhí sa chomhaontú ó thaobh ábhair chúraim na hÉireann maidir leis an gcreatlach polasaí chun ceantair tuaithe a fhorbairt.

Sa chomhthéacs leathan polasaí, aontaíodh maoiniú don CAP agus do fhorbairt na tuaithe sa todhchaí ag Comhairle na hEorpa i mí na Nollag, sa chinneadh faoi Léargais Airgeadais an AE don tréimhse 2007-2013. Is toradh sásúil atá ar na hidirbheartaíochtaí go ginearálta agus maidir le talmhaíocht agus forbairt na tuaithe ó thaobh na hÉireann de. Baineadh amach an cuspóir foriomlán go mbeadh maoiniú sásúil ar fáil chun leanúint le bearta CAP agus bearta um fhorbairt na tuaithe. Is iad seo leanas príomhghnéithe chinneadh Chomhairle na hEorpa:

- Deimhníodh cinneadh Chomhairle na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair 2002 faoi chionrannta CAP don tréimhse go 2013, ina bhfuil maoiniú de €293 billiún i bpraghsanna 2004. Sa tréimhse seacht mbliana 2007 go 2013, gheobhaidh Éire timpeall €9.1 in íocaíochtaí díreacha CAP. Táthar ag súil go mbeidh os cionn €10.3 billiún de aistrithe AE á fháil ag Éirinn leis an gcaiteachas breise ar thacaíochtaí margaidh;
- Faoi fhorbairt na tuaithe, chomh maith lena cionroinnt chistí forbartha tuaithe an AE a dháilfear i measc na mBallstát, gheobhaidh Éire cionroinnt speisialta de €500 milliún; Is feabhas mór é an toradh seo ar an leibhéal maoinithe a moladh d'Éirinn roimh Chomhairle na hEorpa;
- Ceadófar modhnú breise de suas le 20% de chionroinnt gach Ballstáit faoi na híocaíochtaí díreacha ar bhonn deonach;
- Déanfar athbhreithniú ar gach gné den bhuiséad ar bhonn thuarascáil Choimisiúin i 2008/09. Níor glacadh aon chinneadh maidir le dáta forfheidhmiúcháin do chonclúidí a d'fhéadfadh eascairt as an athbhreithniú. Tá an Roinn sásta áfach nach ndéanfaidh an t-athbhreithniú dochar do mhaoiniú CAP ná forbairt tuaithe na hÉireann go dtí 2013.

Comhpháirtíochtí Éifeachtúla a Choinneáil

Fanann an Roinn i gcaidreamh go héifeachtúil le hinstitiúidí AE agus le hAirí i mBallstáit eile trínár n-

An tAire Ní Chochláin ag bualadh le HE Attmed Aboulgheit Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht Arabach na hÉigipte i dTeach Uíbh Eachach, Deireadh Fómhair 2005.

oifigigh taidhleoireachta thar lear agus trí theagmhálacha déthaobhacha díreacha. Tá baill d'fhoireann na Roinne bunaithe i bpríomhchathracha shé BhallStát AE (RA, An Ghearmáin, An Fhrainc, An Spáinn, an Iodáil, agus an Pholainn (AE) agus sa Ghinéiv (WTO)). Mar chuid dá bhfreagrachtaí, freastalaíonn an fhoireann seo ar eagraíochtaí idirnáisiúnta mar is cuí (FAO, WFP, OECD). Chomh maith leis sin tá ionadaíocht thaighleoireachta ag an Roinn i Washington ó mhí Mheán Fómhair 2005.

I rith 2005 lean an Roinn ar aghaidh le cothú caidrimh le Ballstáit nua. Mar chuid den bpróiseas seo, rinne an Roinn óstaíocht ar chuairteanna Airí agus oifigeach ón Slóivéin agus ón Liotuáin. Thug an Roinn faoi roinnt cuairteanna ar Bhallstáit eile chomh maith ag leibhéil Airí agus oifigeach.

An Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO)

Leanadh ar aghaidh leis an idirbheartaíocht i rith na bliana faoi chomhaontú nua WTO agus rinneadh dul chun cinn suntasach chun comhaontú nua a chur i gcrích ag an Séú Chomhdháil Airí i Hong Cong i mí na Nollag.

Chomh fada is a bhain sé le talmhaíocht, bhain an toradh ba mhó a bhí ar na hidirbheartaíochtaí i Hong Cong leis an gcomhaontú go gcuirfí deireadh céim ar chéim le gach fóirdheontas onnmhairithe faoi 2013. D'éirigh leis an AE, tar éis idirbheartaíochta deacair, an spriocdháta a shíneadh go 2013; is dáta coinníollach é an dáta deiridh de 2013 agus ní dheimhneofar é ach nuair atá comhaontú ann maidir leis modúlachtaí chun díothú comhthreomhar a dhéanamh ar gach cineál fóirdheontas onnmhairithe agus faoi chomhaontú nua a chur i gcrích.

D'aontaigh Comhdháil na nAirí chomh maith le deireadh Aibreán 2006 mar spriocdháta chun na hidirbheartaíochtaí faoi chomhaontú deiridh. Tosóidh na hidirbheartaíochtaí faoi na saincheisteanna eile atá gan réiteach, ceist ríthábhachtach rochtain an mhargaidh san áireamh, go luath i 2006 chun an fráma ama seo a shású.

Cé go bhfuil Éire tiomanta i dtéarmaí fhoriomlána do bhabhta nua idirbheartaíochta, is é ár gcuspóir i gcónaí go leanfaí ar aghaidh leis an leibhéal cosanta agus tacaíochta is airde d'earnáil an agraibhia, agus go háirithe, le cinntiú nach mbeidh gá le tuilleadh leasú ar an CAP mar gheall ar na laghduithe iarbhír a chaithfidh an AE a chur i bhfeidhm faoi bhabhta nua. Déanann an Coimisiún idirbheartaíocht ar son na mBallstát ar bhonn na mandáite a d'aontaigh Comhairle na nAirí. Tugann Éire tacaíocht don mhandáit reatha, mar atá formhuinithe ag Comhairlí as a chéile, a fhorálann go seasann an CAP mar atá sé anois tar éis leasuithe i ndiaidh a chéile do theorannacha chúramaí idirbheartaíochta an AE.

Méadú an AE

Síníodh na hAchtanna Aontachais don Bhulgáir agus don Rómáin i Lucsamburg ar an 25 Aibreán 2005 agus tiocfaidh na Ballstáit nua isteach san Aontas ar an 1 Eanáir 2007. Thosaigh idirbheartaíochtaí aontachais leis an gCróáit agus leis an Tuirc ar an 3 Deireadh Fómhair 2005 agus i mí na Nollag 2005 bheartaigh Comhairle na hEorpa go mbronnfaí státas iarrthóra ar iarPhoblach Iúgslávach na Macadóine.

Cúnamh Forbartha

I rith 2005 lean an Roinn ar aghaidh lena tacaíocht do obair ríthábhachtach Chlár Bia na Náisiún Aontaithe (WFP) leis an gcionroinnt fhoriomlán cúnamh bia is mó riamh, timpeall €7.18 milliún. Cuireadh €6 mhilliún ar fáil ar dtús mar chuid de thacaíocht fhoriomlán na hÉireann don WFP. I mí Lúnasa, deonadh €1 milliún eile do oibríochtaí an WFP sa Nígir mar gheall ar an bpráinn mhór a tharla ansin agus i mí na Nollag cuireadh beagnach €180,000 ar fáil chun tacaíocht lóistíochúil a mhaoiniú do oibríochtaí héileacaptair WFP i réigiúin sa Phacastáin a bualadh ag crith talún mór.

I rith na bliana bhí páirt ghníomhach ag an Roinn sa tacaíocht do sheasamh an AE faoi úsáid chuí chúnamh bia ag cruinnithe den Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta (FAO) agus an Choinbhinsiún Cúnamh Bia. I mí Dheireadh Fómhair 2005 thug Stiúrthóir Feidhmiúcháin an WFP, an tUasal James Morris, cuairt ar Bhaile Átha Cliath agus bhuail sé leis an Aire Mac Gabhann chun buíochas a ghabháil as ucht chabhair leanúnach na hÉireann.

Rinne an Roinn cinnte de go raibh ionadaíocht mhaith déanta ar son sheasamh na hÉireann ar ghnóthaí talmhaíochta agus forbartha ag cruinnithe éagsúla FAO i rith na bliana ar nós cruinnithe Comhairle, an Coiste Domhanda um Shlándáil Bhia agus cruinnithe comhordaithe AE don FAO. Bhí Comhdháil an FAO sa Róimh i mí na Samhna. Bhí an tAire Mac Gabhann ann ar son na hÉireann agus labhair sé faoin ngá atá ann go ndéanfadh gach tír níos mó iarrachta chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach. Chomh maith le síntiús náisiúnta na hÉireann, beagnach €920,000, a íoc le FAO, cuireadh maoiniú buiséid bhreise de €250,000 ar fáil. Bhí an maoiniú seo dírithe i dtreo Chlár Saoráide Foraoiseachta Náisiúnta an FAO (€150,000), a thugann tacaíocht do chláir fhoraoiseachta i dtíortha atá ag forbairt, agus do sholáthar cúrsaí oiliúna i gCaighdeáin Bia Codex i dtíortha atá ag forbairt.

COMHOIBRIÚ THUAIDH-THEAS

Leanadh ar aghaidh le leibhéal láidir comhoibriú leis an Roinn Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe i dTuaisceart Éireann ar bhonn oifigiúil agus Tionól Thuaisceart Éireann ar fionraí. Ó cuireadh an Tionól ar fionraí i dTuaisceart Éireann leanadh leis an gcomhoibriú ar bhonn 'cúraim agus cothabhála'. Is iad seo leanas na réimsí a cuireadh chun cinn ó Chomhaontú Aoine an Chéasta:

- Straitéis Sláinte Ainmhithe Uile-Oileáin a fhorbairt chun gluaiseacht ainmhithe a stiúradh agus chun galair eipeasótacha a chosc, a shrianadh agus a dhíothú in Éirinn.
- Straitéis Sláinte agus Taighde Plandaí Uile-Oileánda a fhorbairt, agus comhoibriú idir an dá dhlínse a fhorbairt maidir le táirgí cosanta do phlandaí.

- Idirchaidreamh faoi shaincheisteanna a thagann aníos ag an WTO, méadú an AE agus athbhreithniú lártéarmach CAP.

Bhí comhoibriú ann i réimsí eile ar nós tástáil chineálacha barr, lipéadú mairteola, trádáil muiceola chun na Rúise, oibríochtaí trasteorann, agus cur chuige gach Roinne maidir le bagairt an fhliú éanúil san áireamh. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an Roinn ar an gcomhoibriú agus réimsí eile atá i bpáirt ag an dá dhlínse á gcur chun cinn.

AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Caitheadh €753 milliún ar ghníomhartha talmhaíochta, bia agus foraoiseachta i 2005 faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Is faoi Phlean Forbartha Tuaithe CAP a rinneadh formhór an chaiteachais seo. Baineann a cheithre bheart le luathscor, liúntais chúiteacha, cosaint chomhshaol na tuaithe agus foraoiseacht. Bhí an dul chun cinn iomlán faoi na bearta atá áirithe i gCláir Oibriúcháin éagsúla an PFN de réir sprice. Tá sonraí caiteachais i 2005 agus don tréimhse 2000-2005 leagtha amach in Aguisín 4.

Modhnú

Sa phróiseas modhnaithe déantar íocaíocht aonair feirme a laghdú de réir céatadán socraithe – 3% i 2005, 4% i 2006 and 5% ó 2007 ar aghaidh. Tá na hasbhaintí nó na "cistí modhnaithe" seo forchoimeádta don bhforbairt tuaithe. Beidh €18.6 milliún i gcistí modhnaithe ar fáil d'Éirinn i 2006. Tar éis próiseas leitheadach comhairleoireachta, tá sé beartaithe ag an Aire go n-úsáidfear an maoiniú seo faoi scéim liúntas chúiteach na gceantar faoi mhíbhuntáiste. Bainfidh feirmeoirí sna ceantair seo leas mar sin as íocaíocht bhreise aon uaire faoin scéim i 2006.

Rialachán Forbairt Tuaithe an AE 2007-2013

Glacadh go foirmiúil le rialachán AE 1698/2005 i mí Mheán Fómhair 2005. Leagan sé an creatlach tacaíochta amach do fhorbairt na tuaithe sa todhchaí. Leag na rialacháin agus na treoirlínte gaolmhara straitéiseacha AE na tosaíochta seo leanas amach:

- Iomaíochas talmhaíochta agus foraoiseachta a fheabhsú;
- An comhshaol agus an tuath a fheabhsú;
- Caighdeán na beatha i gceantair tuaithe a fheabhsú agus éagsúlacht gníomhaíochta eacnamaíochta a choth.

Tá réimse leathan de bhearta tacaíochta féideartha ann ó infheistíocht ar an bhfeirm go hathnuachan sráidbhailte.

I gcomhréir leis na beartais nua, chuir Éire tús le comhairliúchán i mí na Nollag 2005 faoi straitéis nua forbartha tuaithe náisiúnta agus an cláreagrú atá bainteach leis. Tá comhoibriú dlúth leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gceist sa phróiseas freisin.

Scéimeanna Deontais agus Préimheanna Foraoiseachta

Cuirtear maoiniú do na Scéimeanna Deontais agus Préimheanna Foraoiseachta ar fáil faoi Bhearta Foraoiseachta Phlean Forbartha Tuaithe CAP 2000-2006. Bhí caiteachas iomlán de €104.6 milliún ann faoi na scéimeanna seo i 2005. Rinneadh timpeall 10,000 heicteár de phlandáil nua i rith na bliana. Tá íocaíochtaí maidir le deontais, le préimheanna agus leis an gclár tacaíochta cuimsithe sa chlár seo. Clúdaíonn an clár tacaíochta tacaíocht riachtanach do bhóithre foraoise agus athbhuanú foraoise agus scéimeanna feabhsúcháin coillearnaigh. Tugann an clár tacaíocht chomh maith do fhorbairt Choillearnach Dhúchais agus don Scéim Neighbour-Wood chun áiseanna coillearnaigh, leathanduilleacha den chuid is mó, a fhorbairt i sráidbhailte, bailte agus cathracha agus mórthimpeall orthu. Tugann an tábla thíos achoimre den chaiteachas faoi na scéimeanna éagsúla foraoiseachta.

Fuarthas comhaontú ón AE i rith 2005 chun na deontais atá iníoctha ar son plandáil foraoise a mhéadú. Rinneadh na rátaí deontais a ardú dá réir sin de 9% ar son phlandáil darach, feá agus crainn bhuaircíneacha, mar a raibh ardú mór tagtha ar chostais, agus cuireadh ardú 5% i bhfeidhm chun fuinseoga agus siocamóir a phandáil. Tá réimse uasdheontais idir €3,114.03 don bhfoirm phlandáil bhuaircíneach is coitianta (20% ilghnéitheach), go suas le €7,335.28 an heicteár do chrainn feá ar fáil anois. Iarradh na harduithe seo le cinntiú go leanfadh na deontais seo ar aghaidh le clúdach na gcostas bunaithe agus mar gheall ar na harduithe móra i gcostais le blianta beaga anuas.

Tháinig deireadh le hidirbheartaíochtaí faoin Rialachán nua Forbairt Tuaithe do 2007-2013 i mí Meithimh 2005. Bhí an toradh don bhforaoiseacht feabhsaithe go mór i gcomparáid leis na moltaí tosaigh, socraíodh deontais bhunaithe ag 80% i Limistéir Mhídheisiúla (74% d'Éirinn) agus 70% in áiteanna eile i gcomparáid leis an 40% a moladh; socraíodh an tréimhse phréimhe ag 15 bliana seachas an 10 mbliana a moladh agus socraíodh an buaicráta préimhe ag €700 an heicteár i gcomparáid leis an €500 a moladh ar dtús.

Achoimre den táirgeacht i 2005 faoi na Scéimeanna Foraoiseachta agus Préimhe uile.

Beart/Fobheart	Scéim Deontais	Íocaíochtaí €m	Achar i Heicteáir (mura gcuirtear a mhalairt in iúl)
Plean Forbairt Tuaithe CAP 2000-2006	Feabhsúchán Coillearnaigh	26.9	10,096
	2ú Ghálaí	12.0	16,978
Beart Foraoiseachta	Préimheanna foraoise	58.1	180,497
Cláir Oibriúcháin Réigiúnacha 2000-2006.	Feabhsúchán Coillearnaigh	0.4	773
	Bearradh Ard	-	11
Fobheart Feabhsúchán Coillearnaigh	Athbhuanú	3.2	3,452
	Deilbhiú Crann Leathanduilleacha	0.1	392
	Coillearnach Dúchasach	0.3	279
	NeighbourWood	0.3	273
Bóithre Foraoise	Bóithre Foraoise	3.3	180km

Scéimeanna Infheistíochta agus Suiteála ar an bhFeirm

I mí Meithimh 2005, thug an Roinn scéim nua infheistíochta, an Scéim Leasa Muca (Tithíocht Chránach) isteach faoi scáth an Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 ar mhaithe le géilliúlacht fheirmeoirí Éireannacha do chaighdeáin nua leasa ainmhithe do mhuca a éascú. Cuireann an Scéim seo cabhair dheontais de suas le €120,000 an gabháltas ar fáil chun tithíocht chránach a sholáthar de réir chaighdeáin nua AE.

Chomh maith leis sin, lean an obair ar aghaidh ar na Scéimeanna Infheistíochta eile Ar an bhFeirm (An Scéim Bhainistiú Dramhaíl Feirme, an Scéim Sláinteachas Déiríochta, agus an Scéim Fhiontar Malartacha) agus an Scéim Cúnamh Suiteála a bhí bunaithe cheana féin faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. I rith na bliana, lorgaíodh faomhadh an AE ar son (i) Scéim Bhainistiú Dramhaíl Feirme leasaithe, agus (ii) Scéim Phíolótach Shaoráidí Próiseáil Dramhaíle, a thabhairt isteach mar chabhair d'fheirmeoirí chun riachtanais bhreise an Treoir Níotráidí a bhaint amach.

Mar seo leanas a bhí an caiteachas ar na Scéimeanna i 2005:

Scéim PFN	Suim Íoctha (€m)
Bainistiú Dramhaíl Feirme	19.097
Sláinteachas Déiríochta	6.045
Fiontair Mhalartacha	0.600
Leasa Muca (Tithíocht Chránach)	-
Cúnamh Suiteála	5.094

Chomh maith leis na Scéimeanna thuas, lean íocaíochtaí iarmharacha ar aghaidh faoi na Scéimeanna Infheistíochta ar an bhFeirm a ghabh roimh na Scéimeanna a tugadh isteach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta:

Scéim réamh-PFN	Suim Íoctha (€m)
Feabhsúchán Feirme (Gairneoireacht)	0.005
Scéim Náisiúnta Sláinteachas Déiríochta	0.009
Scéimeanna Trualliú Feirme Náisiúnta/Rialú Truailliú Feirme	0.155
Scéim Náisiúnta Cúnamh Suiteála	0.078

AN TIONSCAL BIA

Cláir Fhorbartha don Tionscal Bia

Cuirtear maoiniú don togra bia san PFN 2000-2006 ar fáil faoi na Cláir Oibriúcháin don Earnáil Tháirgiúil agus d'Fhorbairt na Fostaíochta agus Acmhainní Daonna. Tá na tograí "bia" seo, a chuireann moltaí Ghrúpa Forbartha an Tionscail Bhia agus Choiste Agraibhia 2010 san áireamh, dírithe ar an margadh agus deartha chun freagra comhtháite cuimsitheach a thabhairt ar riachtanais an tionscail. Tá sé á riar i gcomhar ag an Roinn agus ag na gníomhaireachtaí forbartha, i réimse tograí a dhéanann iarracht cumais nuálacha, margaíochta agus acmhainní daonna an tionscail a fheabhsú de réir riachtanais na gcustaiméirí agus a chinntiú go leanann an fhorbairt ar aghaidh de réir na gcaighdeán agus na gcáilíochtaí sábháilteachta bia is airde.

Tá sonraí caiteachais do 2005 faoin PFN leagtha amach thall:

Caiteachais PFN

Beart	Caiteachas 2005 (€m)	Caiteachas 2000-2005 (€m)	Dámhachtain 2000-2005 (€m)
Infheistíocht Chaipitil	14.35	48.63	82.54
Taighde			
• Taighde in-chuideachta	2.43	11.22	63.02
• Taighde Institiúideach Bia (FIRM)	7.00	39.14	27.71
Margaíocht & Spreagadh	4.82	33.53	34.72
Acmhainní Daonna	1.64	11.10	15.73
Iomlán	30.24	**143.62**	223.72

Tá scéim Roinne sa **Bheart Infheistíocht Chaipitil** chun cabhrú le tionscadail caipitil margaíochta agus próiseála sna hearnála seo leanas: gairneoireacht, prátaí, uibheacha, grán agus beostoc. I rith 2005, bronnadh maoiniú de €4.08 milliún ar 10 dtionscadal. Tiocfaidh caiteachas maidir leis na tionscadail seo i gcrích sa tréimhse 2005-2007. Bhí caiteachas iomlán de €7.57 milliún ann i 2005. Léiríonn an tábla seo leanas an caiteachas agus na dámhachtain de réir earnála go dtí seo.

Earnáil	Caiteachas (€m) 2005	Caiteachas (€m) 2000- 2005	Dámhachtain (€m) 2000-2005
GAIRNEOIREACHT	0.71	2.42	4.41
PRÁTAÍ	1.91	2.82	8.18
UIBHEACHA	0.88	2.06	2.76
GRÁN	2.71	9.55	14.85
BEOSTOC	1.36	1.63	5.47
IOMLÁN	7.57	18.48	35.67

Maidir leis an **mBeart um Thaighde Institiúideach Bia (FIRM)** tá maoiniú de €63 milliún bronnta ar 139 dtionscadal san iomlán faoi na téamaí taighde seo leanas:

TÉAMA	Caiteachas (€m) 2005	Caiteachas (€m) 2000-2005	Dámhachtain iomlána
BIA TOMHALTÓRA	1.265	6.067	7.747
DÉIRÍOCHT	.598	4.625	8.035
TEICNEOLAÍOCHT DNA	.493	1.759	2.167
COMHÁBHAIR BHIA	.282	3.136	4.024
SÁBHÁILTEACHT BHIA	1.761	8.517	14.864
VÍRIS BHIA	.077	.448	.498
DRAMHAÍL BHIA	0	.213	.607
FEOIL	.395	3.390	7.402
ILGHNÉITHEACH	1.482	5.126	11.482
COTHÚ	.145	2.532	2.539
DEARADH PRÓISIS	.058	1.325	1.380
IARMHAIR	.136	.971	1.081
TSE	.313	1.085	1.198
IOMLÁN	**7.005**	**39.194**	**63.024**

An Bord Bia

Faoi na hAchtanna um an mBord Bia 1994-2004 tá sé de fhreagracht ar an mBord Bia bia, beostoc agus gairneoireacht (gairneoireacht thaitneamhachta san áireamh) na hÉireann a chothú, cúnamh a thabhairt dóibh agus iad a fhorbairt sna margaí baile agus onnmhairithe trí sheirbhisí nuálacha forbairt mhargaidh, chothaithe agus faisnéise a sholáthar. Tá oifigí thar lear ag an mBord in ocht n-ionad straitéiseach, Amsterdam, Chicago, Dusseldorf, Londain, Madrid, Milan, Moscó agus Páras.

Faigheann an Bord Bia maoiniú i bhfoirm Deontais i gcabhair, dleachta reachtúla, táillí seirbhíse agus ioncam tionscail. €21 milliún a bhí sa Deontas i gCabhair do 2005, agus €4.95 milliún faoi thograí an Phlean Forbartha Náisiúnta um Mhargaíocht agus Cothú Bia. Feidhmíonn an Bord Bia dhá scéim dheontais chun cabhrú le cumais mhargaíochtaí mhicrifhiontair, agus fhiontair bheaga agus mheánacha bia – An Clár Cúnaimh Feabhsúcháin Margaíochta agus an Clár Rannpháirtíochta Margaidh – agus Scéimeanna Dearbhú Cáilíochtaí do mhairteoil, muiceoil, uibheacha agus gairneoireacht chomh maith.

Teagasc

Cuireadh níos mó ná €123 milliún de mhaoiniú ar fáil do Theagasc ar son gníomhaíochtaí taighde, oiliúna agus comhairliúcháin i bhfoirm deontais i gcabhair agus maoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Rinne Teagasc caiteachas de thimpeall €174 milliún i 2005.

Cistí Spreagtha Taighde agus Clár Comhoibrithe na Stát Aontaithe/na hÉireann

Chaith an Roinn €1.625 milliún faoin gCiste chun Taighde a Spreagadh i 2005 agus caitheadh €0.048 milliún ar Chlár Comhoibrithe na Stát Aontaithe/na hÉireann in Eolaíocht agus in Oiliúint Talmhaíochta.

Scéimeanna Cur Chun Cinn na Talmhaíochta (Rialachán Comhairle Uimh 2826/2000)

Chríochnaigh an Roinn conradh trí bliana leis an mBord Bia chun caiteachas €1.2 milliún a dhéanamh ar thorthaí agus glasraí a chur chun cinn faoin gClár Food Dude a bhí le cómhaoiniú ag Coimisiún an AE, Fresh Produce Ireland agus an Roinn. Tá sé d'aidhm ag an gClár tomhaltas torthaí agus glasraí úra a mhéadú i measc daltaí bunscoile sa scoil agus sa bhaile. Tá an cur chuige bunaithe ar rólchuspaí dearfacha, athbhlaiseadh agus luacha saothair. Tá sé léirithe ag staidéir gur féidir torthaí fadtréimhseacha a bhaint amach i réimse aoise na bunscolaíochta, gan aird ar inscne, méid na scoile, ná toscaí tíreolaíocha nó socheacnamaíocha. Tá an clár, a rithfear i 120 bunscoil thar trí bliana, ag freagairt do mholtaí an Tascfhórsa ar Otracht maidir le "hidirghabhála bia shláintúil bunaithe ar fhianaise a fhorfheidhmiú". Tá sé deartha chun cabhrú le leanaí taitneamh a bhaint as réimeanna sláintiúla bia agus chun cultúr sláintiúil itheacháin a chruthú i scoileanna.

Cuireadh conradh de luach €100,000 i gcrích le Bord Bia i 2005 chomh maith ar son chláir chun plandaí agus bláthanna a chur chun cinn.

TUARASCÁIL AR NA TRÁCHTEARRAÍ

Mairteoil

Feidhmíonn an earnáil mhairteola faoi réim athchóirithe an Chomhpholasaí Talmhaíochta, mar a dtagann tacaí margaidh mar chuid de Aoníocaíocht Feirme atá díchlúpláilte ón táirgíocht. Tugann sé seo saoirse nua chun na feirme ach beidh chur chuige athdhírithe ag teastáil ó thaobh na bhfeirmeoirí agus béim níos mó ar iomaíochas, táirgíocht d'ardchaighdeán agus an caidrimh táirgeora/próiseálaí. Bhí cobhsaíocht, comhleanúnachas agus praghasanna arda in earnáil mhairteola na hÉireann mar a bhí sa bhliain roimhe sin. Táirgíodh 524,000 tonna mairteola i monarchana onnmhairiú mairteola in Éirinn i 2005 – titim de 3% ar leibhéil 2004. Onnmhairíodh 487,000 tonna de sin agus bhí luach onnmhairithe de os cionn €1.3 billiún aige sin, beagnach 20% de luacha onnmhairithe bia agus dí na hÉireann.

Ba mhaith an bhliain í 2005 do tháirgeoirí mairteola na hÉireann, mar go raibh éileamh an-láidir agus soláthairtí an-teoranta ar fud an AE. Daingníodh na praghsanna mar nach raibh mairteoil na Brasaíle ar fáil de bharr chosc AE ar fheoil ó cheantair ina raibh an galar crúibe agus béil. Chríochnaigh praghsanna eallaigh ag 6% níos airde ar an meán don bhliain go hiomlán agus na trí ranna eallaigh ag freagairt don nganntanas soláthair. Bhí bulláin agus bearaigh suas 5% agus ba suas 10%. Tá an chosúlacht air go mbeidh an praghas láidir seo ann arís i 2006. Leanann sé seo bliain eisceachtúil do phraghsanna mairteola i 2004 nuair a baineadh an praghas is airde le 6 bliana amach.

Thit an marú iomlán ag áitribh onnmhairithe de 6% go 1.6 milliún ceann i gcomparáid le 1.72 milliún i 2004. Bhí marú bullán síos 8%, marú bearaigh síos 10% agus marú ba suas 1%. Ach mar go raibh meáchain iomlán na gconablach níos mó ní raibh ach titim 3% ar tháirgíocht mhairteola don bhliain.

Bhí onnmhairithe láidre mairteola ann arís i 2005 agus seasamh mairteola na hÉireann á chomhtháthú go háirithe sa mhargadh ardluacha ar Mhór-roinn an AE mar a raibh ardú 10.5% ar onnmhairithe go 192,000 tonna. Ba é an RA an margadh aonair ba mhó i gcónaí agus onnmhairíodh leath den táirge iomlán chuige – 260,000 tonna. Chuaigh 95% de na honnmhairithe iomlána chuig an AE, i gcomparáid le 90% i 2004. Tá cuma dhearfach ar an bhforléargas do onnmhairithe mairteola na hÉireann agus claonadh ar fud Mhór-roinn na hEorpa chun táirgíocht a laghdú. Táthar ag tuar go mbeidh easnamh mór ar an soláthar mairteola san AE i 2006, tuairim

350,000 tonna. Tugann an gannchion seo deis do tháirgeoirí mairteola na hÉireann a seasamh a neartú tuilleadh agus is ann a dhíreofar iarrachtaí cothaithe agus margaíochta na hÉireann. Tháinig meath ar onnmhairithe mairteola as Éirinn go Tíortha Treasacha i 2005. Mar go raibh margaí níos fearr san AE ní raibh an méid céanna ar fáil do na margaí seo.

Is comhartha dearfach é gur cuireadh deireadh leis an Scéim Os Cionn Tríocha Mí sa RA, a fógraíodh i 2005, agus nach mbeidh éifeacht leis go dtí 2006, agus ba chóir go gcuirfeadh sé margadh mairteola an AE ar ais i dtreo normáltachta nach raibh ann ó 1996. Beidh ar onnmhaireoirí Éireannacha oiriúnuithe áirithe a dhéanamh má tharlaíonn díchur ar tháirgí Éireannacha mar gheall ar sholáthair eile mairteola bó a bheith ag teacht isteach i margadh an RA i 2006. Ní mheastar áfach go gcruthóidh an fhorbairt seo aon fhadhb mhór d'Éirinn. Díreofar ar sholáthar ar mhargaí eile.

Trádáil Eallaigh Beo

Mhéadaigh onnmhaithe eallaigh beo de 40% go garbh i 2005, go 185,000 ceann. Chuaigh beagnach gach ceann de na hainmhithe seo go tíortha AE. Laonna coiscthe agus beithígh stóir is mó a onnmhairíodh, arbh ionann agus os cionn 66% den iomlán ag 123,000. Onnmhairíodh 62,000 lao, agus chuaigh a bhformhór sin chun na hÍsiltíre. Thit onnmhairithe go Tuaisceart Éireann, an margadh ba mhó a bhí againn tráth, de 45% go 26,000 i 2005 i gcomparáid le 47,000 ceann i 2004. Is margaí móra iad an Spáinn agus an Iodáil i gcónaí d'eallach na hÉireann, le 50,000 ceann onnmhairithe chun na Spáinne agus 48,000 chun na hIodáile i 2005. Táthar ag tuar go mbeidh na leibhéil i 2006 níos airde ná leibhéil 2005. Táthar ag súil go mbeidh deireadh go priticiúil le honnmhairithe ainmhithe beo go tíortha treasacha i 2006 mar gur cuireadh deireadh le haisíocaíochtaí onnmhairithe ar ainmhithe beo seachas ainmhithe póraithe. Beidh an tionchar is mó aige seo ar an trádáil bheag a bhí againn leis an Liobáin. Beidh an trádáil bheo amach anseo láraithe sa mhargadh AE, atá níos gaire dúinn, margadh a bhfuil éileamh ann ar eallach dá leithéid mar gheall ar an titim i dtáirgeadh beostoic.

Rochtain Mhargaidh

Tá na margaí neamh-AE tábhachtach i gcónaí do mhairteoil na hÉireann, agus trádáil shocair ar bun leis an Rúis, an príomhfhaighteoir, agus leis an Ailgéir. Bhí laghdú 35,000 tonna ar an méid trádála mar go bhfuil os cionn 90% de na honnmhairithe mairteola iomlána dírithe ar mhargaí an AE agus an RA a thugann torthaí níos tarraingtí. Rinneadh coinníollacha a mhaolú ar mhargadh na hÉigipte tar éis tréaniarrachtaí thar tréimhse fada ama agus táthar ag súil go mbeidh forbairt ar an trádáil ansin de réir a chéile. D'fhreagair an Roinn d'fhorbairtí dearfacha i margadh Éimireachtaí Aontaithe na hAráibe mar a bhfuil ionchaisí maithe ann chun an margadh a athoscailt agus i gcomhar leis an mBord Bia lean an Roinn Gnóthaí Eachtracha lena hiarrachtaí chun margaí neamh-AE a athoscailt. Chuathas i dteagmháil le tíortha éagsúla ina bhféadfadh deiseanna onnmhairithe a bheith. Is san AE áfach a bheith todhchaí mhairteoil na hÉireann, ach beidh tábhacht le margaí neamh-AE mar mhalairt margaidh do mhairteoil na hÉireann agus beidh brú á chur ag an Roinn le cinntiú go mbeidh an oiread de na Tíortha Treasacha seo agus is féidir oscailte dár n-onnmhairithe.

Lipéadú Mairteola

Tá lipéadú mairteola á riar ag rialacháin chuimsitheacha AE a tugadh isteach i 2000 agus córas iomlán aitheanta agus inrianachta náisiúnta mar thaca leo. Faoi na rialacháin lipéadaithe éigeantacha seo ní mór do gach duine a chuireann mairteoil ar an margadh sa Chomhhobal faisnéis a sholáthar ar an lipéad ionas gur féidir an mhairteoil a rianadh siar chuig an ainmhí as a dtáinig sí.

Tá sé curtha in iúl ag tomhaltóirí go bhfuil faisnéis agus dearbhú iomlán ag teastáil uathu faoin mbia a itheann siad pé uair a bhíonn siad ag ithe amuigh. Tá an t-éileamh seo curtha in iúl acu i suirbhé a rinne Painéal Idirchaidreamh Tomhaltóirí na Roinne. Is í aidhm faisnéise mar seo a chinntiú go mbeidh eolas cuí ag an tomhaltóir faoi bhunús feola agus ag an am céanna béim á chur ar shaincheisteanna cáilíochta agus rogha. Mar gheall air seo, tugtar tosaíocht do shíneadh na ndlíthe lipéadú mairteola atá ann cheana agus a bhfuil feidhm leo ag an leibhéal miondíola san earnáil lónadóireachta. Tá sé i gceist go mbeidh iallach ar gach gnó a chuireann bia ar fáil faisnéis a sholáthar dá gcustaiméirí faoi thír bhunaidh na mairteola atá á cur ar fáil acu, ag an bpointe rogha trí fhaisnéis shoiléir a thaispeáin ar bhiachlár, ar phostaer, ar chlár dubh nó ar ábhar eile ag an bpointe díola. Lean díospóireachtaí ar aghaidh le linn 2005 leis an Roinn Sláinte agus Leanaí chun an reachtaíocht phríomhúil agus an fhoreachtaíocht a dhréachtadh.

Tógáil Eallaigh

Bunaíodh Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann Teo (CTEÉ) go foirmiúil i 1997 chun cláir fheabhsaithe phór eallaigh a fhorbairt chun an feabhas geiniteach is mó is féidir a bhaint amach sa tréad náisiúnta ar mhaithe le feirmeoirí eallaigh na hÉireann, na tionscail déiríochta agus mairteola agus a bhalleagraíochtaí. Tá scaireanna ag eagraíochtaí I.S, eagraíochtaí Taifeadadh Bainne, Cumainn Leabhar Tréada agus na príomheagraíochtaí Feirmeoirí.

Ghlac CTEÉ mórchéimeanna eile le linn 2005 chun bonneagar náisiúnta tógáil eallaigh a oibriú agus a bhunú. Chuir an Córas Imeachtaí Ainmhithe 535,000 breith beo ar taifead, ardú de 26% ar fhigiúr 2004. Tacaíonn an bunachar sonraí eallaigh le riachtanais faisnéise uile na leabhar tréada eallaigh in Éirinn. Stiúraíodh próiseáil thaifeadadh bainne go díreach ó bhunachar sonraí do os cionn 6,000 tréad agus 404,000 bó. Táirgíodh luacháalacha tréithe géiniteacha go rialta ceithre huaire i rith na bliana de réir clár ama atá bunaithe go hidirnáisiúnta. Síneadh an EBI amach chun sláinte útha agus bacadaíl a áireamh agus tá sé á úsáid go forleitheadúil ag an tionscal tógála déiríochta. Rinneadh luacháalacha thar póir do thréithe laonna agus don réimse iomlán tréithe mairteola i 2005. Tugadh innéacsanna nua eacnamaíocha isteach le haghaidh tógáil eallaigh go déanamh i 2005. Baineann na luacháalacha seo úsáid as sonraí leitheadúla breithe, feidhmiúchán mairteola agus marú atá á mbailiú agus á gcur le chéile i mbunachar sonraí CTEÉ.

I dtreo dheireadh 2005, chuir CTEÉ, le tacaíocht maoinithe an PFN, tús le leathnú mór ar a sheirbhísí bailiú sonraí le seoladh ríomhairí glaice do timpeall 250 teicneoir I.S. agus ocht gceall breise leictreonach DFÉ chun bainne a thaifead. Is cuid de straitéis fhoriomlán CTEÉ iad na forbairtí seo chun infhaighteacht na seirbhisí tógála eallaigh a fhairsinigiú don

tionscal eallaigh agus cáilíocht agus cainníocht na sonraí a fheabhsú ar son cuspóirí tógála agus bainistíochta.

Cuireadh maoiniú de €1.3 milliún ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta chun cabhrú leis na tionscadail seo.

Tar éis dul i gceannas ar oibriú an Ionad Náisiúnta Tástála Feidhmiúchán Tarbh sa Tulach i mí Mheán Fómhair 2002, bhí díolacháin tarbh ag CTEÉ i mí Márta agus Bealtaine 2005. Tá an tIonad á úsáid ag lán a acmhainneachta anois. Thosaigh na critéir chun roghnú agus margaíocht a dhéanamh ar thairbh ag athrú go déanach i 2005 i dtreo na hinnéacsanna nua eacnamaíocha mairteola agus bhí an próiseas seo bheith curtha i gcrích faoi Bhealtaine 2006.

Tá sé faighte amach ag taighde an CTEÉ go bhfuil ar chumas scéimeanna tógála barrmhaithe do phóir mhairteola agus déiríochta brabúsacht fheirmeoirí mairteola agus déiríochta a mhéadú timpeall €20 do gach ainmhí a rugtar sa bhliain chumascaithe. Tá breisiú ag ráta €3 go €5 an t-ainmhí sa bhliain ann faoi láthair. Tá bearna mhór idir an dá luach agus is mór an deis a thugann sé d'fheirmeoirí na hÉireann. Tá CTEÉ agus a chuid ball ag obair go gníomhach chun cuid mhór den acmhainneacht seo a sheachadadh.

Bainne

Bhí margadh an earnáil déiríochta an-socair i 2005 in ainneoin eagla a bheith ann go mbeadh tionchar diúltach ag na laghduithe praghsanna ar im agus púdar bainne bhearrtha a rinneadh de bharr Athchóiriú Lártéarma ar CAP ar mhargaí san AE agus idirnáisiúnta. Bhí praghsanna agus éileamh ar tháirgí déiríochta na hÉireann láidir sna margaí go léir an chuid is mó den bhliain. Baineadh úsáid an-íseal as Idirghabháil ar son ime agus púdar bainne bhearrtha mar go raibh na praghsanna domhanda don dá tháirge seo 8% os cionn leibhéil 2004 ar an meán. Rinne an margadh cáiséin go maith le meánardú praghais de 25% ó 2004. Bhí onnmhairithe táirgí agus comhábhair déiríochta Éireannacha ag déanamh go maith freisin; onnmhairíodh timpeall €2 billiún i dtáirgí déiríochta i rith na bliana agus onnmhaireoirí Éireannacha ag freagairt go dearfach don éileamh feabhsaithe.

Fanfaidh an praghas a íoctar le táirgeoirí bainne socair i 2005 in ainneoin na laghduithe sna praghsanna tacaíochta institiúideacha. Fuair táirgeoirí bainne cúiteamh de €120 milliún (2.4 cent/líotar) ar son laghduithe i bpraghsanna idirghabhála ime agus PBB. Íocadh é seo i bhfoirm íocaíochta díchúpláilte i mí na Nollag 2005 agus ba chuid é den Aoníocaíocht Feirme. Tá níos mó ná a bhfíorluach á choinneáil ag praghsanna bainne de bharr an chumaisc de thorthaí margaidh agus an phréimh.

Bainistíocht Chuóta

Is trí Scéim Athstruchtúraithe an Chuóta Bainne is mó a fhaigheann táirgeoirí cuóta bainne. Ba í scéim 2005 an chéad chuid de Chlár Athstruchtúraithe dá bhliain agus socraíodh praghas díolacháin/ceannacháin an chuóta ag 17.5 cent/líotar (80c/gal) do 2005. Bhain 1.750 sealbhóir cuóta leas as an scéim chun cuóta a dhiúscairt agus díoladh 1,400 cuóta iomlán agus 350 páirtchuóta isteach sa Scéim, is é sin beagnach 178 milliún líotar (39 milliún galún).

Díoladh an cuóta seo le 11,180 táirgeoir, timpeall leath na dtáirgeoirí atá ag táirgeadh faoi láthair, agus rinneadh é a leithdháileadh de réir a stádas tosaíochta. Faoin scéim tá catagóirí speisialta tosaíochta ann do oidhrí, táirgeoirí a chaill léasanna agus feirmeoirí óga, chomh maith le dhá chatagóir caighdeánach atá bunaithe ar mhéid chuóta an tairgeora; tá táirgeoirí Catagóir 1 (faoi bhun 350,000 líotar) i ngach comharchumann/uachtarlann i dteideal a dhá oiread a cheannach is atá siad siúd atá i gCatagóir 2. Díoladh 78% den chuóta iomlán le táirgeoirí i gCatagóir 1.

Rinneadh athruithe móra sa scéim chun cuóta neamhúsáidte (fleiscbhainne) a leithdháileadh sa bhliain chuóta 2005/2006. Tugann na hathruithe seo aitheantas breise do fheirmeoirí gníomhacha tiomanta déiríochta a dhéanann bainistíocht éifeachtúil ar a gcuid táirgíochta de réir an chuóta atá ar fáil dóibh. Cé gur bealach níos cothroime é an córas nua chun fleiscbhainne a dháileadh, níor cheart a bheith ag brath ar an toilleadh a bhíonn ar fáil i mbliain ar bith.

Sa bhliain chuóta bainne 2004/2005 bhí seachadadh bainne na hÉireann 44 milliún líotar níos mó ná an cuóta náisiúnta agus bhí dliteanas sárdhleachta de €15.13 milliún iníoctha leis an gCoimisiún AE dá bharr.

Caoraigh

Bliain shocair ba ea 2005 do thionscal na gcaorach maidir le táirgíocht agus praghas agus na torthaí mar an gcéanna nach mór le 2004. Bhí an tréchur measartha ard sa chuid luath den bhliain ach tháinig meath air i rith na bliana agus chríochnaigh sé díreach os cionn leibhéil 2004 ag beagnach 3.3 milliún ceann. Bhí tionchar ag coinníollacha margaidh sa Fhrainc, an príomh-mhargadh onnmhairithe, mar a bhfuil an t-éileamh baile ag meath i gcónaí agus iomaíocht láidir ann ó tháirgeoirí eile, ar phraghsanna. Dá thoradh sin bhí meánphraghsanna na bliana beagán níos ísle ná leibhéil na bliana seo caite.

Go déanach sa bhliain bhunaigh an tionscal agus Fiontraíocht Éireann grúpa staidéar caorach le hionadaíocht ó na páirtithe leasmhara go léir san earnáil. Ba chóir go mbeadh feabhsúcháin ar choinníolacha margaíochta de

bharr obair an ghrúpa, agus go ndéanfadh sé sin leas na dtáirgeoirí.

Muiceoil

Bhí margadh muiceola na hÉireann sásúil go leor i 2005. Ghnóthaigh an margadh muiceola de bharr praghsanna socra beathaithe agus an sceimhle faoin bhFliú Éanúil in éanlaith. Íocadh €130.89/100kg mar mheánphraghas le táirgeoirí (conablaigh grád E, gan CBL san áireamh), laghdú de 1.5% i gcomparáid le 2004. Bhí praghas na hÉireann os cionn 94% den mheánphraghas AE.

Maraíodh 2.6 milliún muc i 2005, titim de 3.4% ar mharú 2004. Tharla sé seo go háirithe mar gheall ar ardú ar onnmhairithe beo go Tuaisceart Éireann. Tháinig laghdú 4.5% ar an tréad muca.

Mhéadaigh onnmhairithe muiceola 10% i 2005 i gcomparáid le 2004. Ar an iomlán, onnmhairíodh 115,000 tonna chuig gach sprioc, de luach €324 milliún. Chuaigh beagnach 67% d'onnmhairithe muiceola na hÉireann go dtí an RA, 18% go margaí na mór-roinne agus an chuid eile go margaí idirnáisiúnta, agus chun na Seapáine go háirithe. Mhéadaigh tomhaltas muiceola in Éirinn de 4% go 148,000 tonna.

Éanlaith Chlóis

D'fhan táirgíocht dhúchasach éineola socair i 2005, maraíodh 80 milliún éan, timpeall 145,000 tonna meáchain. Margadh iomaíoch a bhí ann agus lean an claonadh allmhairithe ag ardú ach d'fhan praghsanna socair i 2005 do tháirgeoirí agus do phróiseálaithe araon. Thit an tomhaltas mar gheall ar an sceimhle faoin bhFliú Éanúil ag deireadh Mheán Fómhair ach bhí an margadh ar ais mar ba ghnáth gan mhoill.

Mhéadaigh onnmhairithe i 2005 go luach €250 milliún. Tá táirgí próiseáilte éineola agus béilí ullmhaithe san áireamh sa bhfigiúr seo.

Uibheacha

Bhí an méid céanna uibheacha á dtáirgeadh is a bhí i 2004, timpeall 569 milliún uibheacha as daonra éan ubhbhreithe de 1.065 milliún. Táirgítear níos mó ná 90% de na huibheacha a dhíoltar in áitribh mhiondíola de réir na Scéime Deimhniú Cáilíocht Uibheacha a fheidhmíonn Bord Bia.

Gránbharraí

Laistigh den AE, shroich fómhar 2005 253 milliún tonna measta, i gcomparáid le curiarracht de 284 milliún tonna an bhliain roimhe sin. Táthar ag tuar táirgíocht iomlán cruithneachta de 122.2 milliún tonna, meastar táirgíocht arbhair Indiaigh ag 46 milliún tonna, agus táirgíocht eorna measta ag 53 tonna. Is de bharr laghdú ar achair agus bairr ar fud an Chomhphobail is mó a tharla an titim i bhfómhar an AE. Ag deireadh na bliana margaíochta 2004/2005, sheas stoic iomlána idirghabhála an AE ag 15.5 milliún tonna i gcomparáid le 3.6 milliún tonna ag deireadh na bliana margaíochta roimhe sin.

Bhí laghdú mór ar tháirgíocht ghránbharraí in Éirinn i 2005, agus bhí figiúr deiridh táirgíochta de 1.934 milliún tonna ann, laghdú de 567,000 tonna ar churiarracht fhómhar 2004. Fágann sé seo an barr ag leibhéal táirgeachta cosúil le

fómhar 2002 agus beagán níos ísle ná an meán fadtéarmach de 2 mhilliún tonna. Bhí caighdeán an ghráin a baineadh sásúil, ach ní raibh an barr inchurtha leis na leibhéil den scoth a baineadh amach i 2004, cé go raibh an-éagsúlacht idir barraí agus réigiúin. Bhí praghsanna na hÉireann go maith os cionn an leibhéal idirghabhála i 2005, ach bhí praghsanna lag i réigiún an Oirdheiscirt i mí Bealtaine agus tairgíodh 4,000 tonna eorna chun idirghabhála dá thoradh sin. Seachas an méid an-bheag seo níl aon stoc idirghabhála eile in Éirinn.

Meastar luach bharr ghránbharraí 2005 ag €125.1 milliún, laghdú 31% ar 2004 mar gheall ar an titim sa táirgíocht.

Léiríonn tásca luatha go bhfuil titim san achar a cuireadh faoi ghránbharraí geimhridh do fhómhar 2006. Beidh síoluithe cruithneacht geimhridh (an príomhbharr geimhridh) gar d'achar na bliana anuraidh, ach meastar go mbeidh eorna geimhridh agus coirce geimhridh síos beagnach 25% ón mbliain seo caite. Táthar ag glacadh leis go mbeidh praghsanna gránbharraí san AE íseal arís mar gheall ar fhómhar maith eile i 2006. Cuireann na meastacháin tosaigh táirgíocht an AE ag 262 milliún tonna, méadú 4% ar fhómhar na bliana 2005.

Siúcra

Rinneadh laghdú sealadach ar chuótaí siúcra do 2005/06 i gcomhthéacs theorainneacha an WTO ar aisíocaíochtaí onnmhairithe. Bhí laghdú díreach os cionn 14,000 ann i gcás na hÉireann. Is é 185,072 tonna an cuóta leasaithe.

I mí Márta dhún Comhlacht Siúcra Éireann Teo, fochuideachta de chuid Greencore plc, an t-aon déantúsóir siúcra in Éirinn, a mhonarcha siúcra i gCeatharlach agus chuir sé tús le socruithe chun déantúsaíocht siúcra a chomhdhlúthú sa mhonarcha a bhí fágtha aige i Mala.

I mí na Samhna tháinig Comhairle Airí Talmhaíocht an AE ar chomhaontú pholaitiúil faoi mholtaí do réimeas athchóirithe siúcra AE le teacht i bhfeidhm ón 1 Iúil 2006, ar éag don réimeas reatha. D'aithin staidéir tionchair a rinne Coimisiún an AE Éire mar cheann de ghrúpa beaga Ballstát inar dócha go ndéanfaí dianlaghdú ar tháirgíocht siúcra nó go gcuirfí deireadh de réir a chéile leis de bharr an athchóirithe. D'fhág an comhaontú deiridh áfach go bhféadfadh táirgíocht siúcra leanúint ar aghaidh in Éirinn ar feadh dhá fheachtas eile. Rinne an comhaontú foráil chomh maith le haghaidh pacáiste cúitimh de luach €310 milliún do pháirtithe

leasmhara Éireannacha má thagann deireadh le táirgeadh siúcra le dúnadh monarchan agus tréigean an chuóta.

Gairneoireacht

Seoladh an Scéim Cúnamh Infheistíochta don Earnáil Ghairneoireachta i 2001 faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Faoin gcéad trí bhabhta den scéim íocadh € 8.13 milliún san iomlán le timpeall 400 iarrthóir. Íocadh suim de €4.5 milliún le 120 iarrthóir faoi Bhabhta 4 i 2005.

B'ionann muisiriúin, an barr gairneoireachta is tábhachtaí, le 38% den táirgíocht i 2005. Lean an comhdhlúthú ar aghaidh in earnáil na muisiriún i 2005 ach ag ráta níos moille ná blianta roimhe sin. Mhéadaigh saothróirí móra a dtáirgeacht agus a n-éifeachtúlacht táirgíochta agus bhí táirgeacht sheasmhach muisiriún ann dá bharr.

Meastóireacht Chineálacha Barr

Rinneadh meastóireacht ar 347 gcineál féir, seimre, eorna, cruithneachta, coirce, arbhair indiaigh foráiste, ráib síl ola, biatas siúcra agus prátaí sna trialacha Liosta Náisiúnta agus Molta i 2005. Bhí coinníollacha maithe ann ar an iomlán chun barraí a chur agus a bhaint i 2005 agus ní raibh aon deacrachtaí móra ann.

Roghnaíodh na cineálacha de gach speiceas a measadh a bheith ar na cinn is oiriúnaí do tháirgeoirí Éireannacha mar gheall ar ár gcomhshaol agus ár raon ithreacha as na trialacha seo agus moladh iad i Leabhráin Liostaí Molta agus ar shuíomh gréasáin na Roinne www.agriculture.gov.ie.

Líon na gCineálacha a measúnaíodh i 2005

Barr	Líon
Féar	95
Seamair	12
Gránbharraí	158
Ráib síl ola	17
Arbhar Indiach foráiste	28
Biatas Siúcra	30
Prátaí	7

Aire Stáit, Breandán Mac Gabhann T.D., agus Comhdháil Idirnáisiúnta ar Bheachaireacht á hoscailt aige, Lúnasa 2005.

Tionóladh laethanta oscailte do Chumann na Soláthróirí Arbhair Indiaigh agus do Chumann Trádála Síolta na hÉireann, san Ionad Náisiúnta Tástála Cineálacha Barr, Bacastú, Co, Chill Dara agus i bhFeirm Bhaile Doire Abhann, Mainistir Fhearmaí, Co. Chorcaí i rith na bliana. Rinne feirm na Roinne ag The Tops, Ráth Bhoth, agus an Áis Tástáil Chineálacha Barraí ag Coláiste Chill an Daltúnaigh óstaíocht ar ghrúpa ar spéis leo na trialacha éagsúla atá ar bun iontu.

Rinneadh roinnt trialacha féir agus gránbharraí le fáil amach cad iad na cineálacha is fearr a fheidhmíonn le leibhéil ísle inchuir agus atá níos oiriúnaí dá bharr sin do chórais talmhaíochta níos forleitheadaí. Rinneadh trialacha ar bharraí orgánacha chun cineálacha a bheadh oiriúnach don réimeas feirmeoireachta orgánach a aithint. Tá an obair seo ag dul ar aghaidh.

Deimhniú Síolta

Ní foláir do chineálacha na speiceas barr talmhaíochta a chuirtear ar an margadh in Éirinn a bheith ar Chatalóg Náisiúnta Chineálacha Plandaí Talmhaíochta na hÉireann nó ar Chatalóg Choitianta an AE de Speicis Phlandaí Talmhaíochta, agus ní féidir ach síolta deimhnithe de na cineálacha seo a chur ar an margadh. Ní foláir do shíolta deimhnithe caighdeáin áirithe cáilíochta a shásamh maidir le haitheantas cineálach, cumas péactha agus leibhéil ghalair. Is iad seo leanas príomhchomhpháirteanna an Scéim Deimhniú Síolta: réamhthástáil agus rialaithe; samplú síolta, tástáil agus lipéadú. Cuirtear samplaí isteach chomh maith le haghaidh Trialacha Comparáideacha an AE. Coinnítear bunachar sonraí mionsonraithe faoin Scéim Dheimhnithe; seoltar faisnéis faoi infhaighteacht síl chuig an ngnó síl agus Agraimheáin ar bhonn rialta.

Achar Iomlán Barraí Faofa do Dheimhniú i 2005 (ha)

Barr	Area (ha)
Gránbharraí	7138.39
Glasraí Piseánacha	132.46
Prátaí	1511
Féara	43.19

I rith 2005, coinníodh 251 cineál in vitro ag na Saotharlanna Prátaí, Tops, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall. Fásadh timpeall 32,000 miontiúbar prátaí as 11 cineál difriúil prátaí i dtolláin víreasdhíonacha. Rinneadh tástáil sainiúlachta, aonfhoirmeachta agus cobhsaíochta ar dhá shíológ nua prátaí de réir saintreoracha an Aontais Idirnáisiúnta um Chineálacha nua Plandaí a Chosaint (UPOV). Coinníodh bailiúchán tagartha de 411 cineál prátaí chomh maith. Is gá síolta talmhaíochta agus gairneoireachta atá faoi réir ag deimhniú oifigiúil a thástáil go hoifigiúil ar son glaine agus péacadh le cinntiú go bhfuil siad géilliúil do rialacháin síolta an AE. Rinneadh na tástálacha seo i Stáisiún Tástáil Síolta na Roinne agus cuireadh beagnach 11,700 tástáil i gcrích i 2005.

Barraí Géinathraithe

Leanadh ar aghaidh leis an obair sa Roinn chun polasaí i leith saincheisteanna Géanathraithe (GM) a fhorbairt i réimse an táirgíocht bharraí. Chuir Grúpa Oibre (comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Talmhaíochta agus Bia, an Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Ghníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil agus Teagasc), a bhunaigh an Roinn chun na saincheisteanna a bhaineann le cómhaireachtáil barraí GM le barraí traidisiúnta agus le feirmeoireacht orgánach, a Thuarascáil i láthair i mí Mheán Fómhair 2005. D'fhoilsigh an tAire an cháipéis i mí na Nollag agus d'iarr sí tuilleadh tuairimí faoin Tuarascáil agus a Mholtaí ó gach páirtí leasmhar.

Ábhar Atáirgeach Foraoise

Tá an tSeirbhís Fhoraoise freagrach as Treoir 1999/105/EC na Comhairle a fhorfheidhmiú maidir le margaíocht ábhar atáirgeach foraoise. Is comhthéarma é ábhar atáirgeach foraoise (FRM) le cur síos a dhéanamh ar shíolta, plandaí agus gearrthóga atá tábhachtach do chuspóirí foraoise. Is í aidhm na reachtaíochta a chinntiú go bhfuil an tÁbhar Atáirgeach Foraoise atá ar an margadh ag teacht as foinsí fhaofa le lipéadú soiléir agus é aitheanta ar fud an phróisis iomláin ó bhailiú an tsíl go próiseáil, stóráil, táirgeadh plandaí agus seachadadh chuig an úsáideoir deireanach. Tá an tSeirbhís Foraoise freagrach chomh maith as scéim ghaolmhar OECD ar son rialúchán FRM sa trádáil idirnáisiúnta.

Ba iad seo leanas príomhghníomhaíochtaí 2005:

- Clárú agus iniúchadh soláthróirí FRM – bailitheoirí síl, plandlanna, allmhaireoirí síolta agus plandaí;
- Ceadúnais Bailiúchán Síolta agus Teastais Bhunáitíochta a eisiúint do bhailitheoirí síolta;
- Clár Náisiúnta de Sheastáin Síolta a choinneáil i gcomhar le COFORD;
- Cáipéisí onnmhairithe a eisiúint chuig Ballstáit eile;
- Comhairle a chur ar an phobal agus ar an ngnó maidir le rialacháin FRM.

TIONSCAL NA GCAPALL

Bord Capall na hÉireann

Is tionscal an-tábhachtach é tionscal na gcapall, ina ghnéithe iomadúla éagsúla, lena n-áirítear seoléimneach, rásáil, gníomhaíochtaí siamsaíochta, porú agus traenáil. Cuireann sé go mór le giniúint ioncaim ó fhiontar luachmhar malartach feirmeoireachta, le fostaíocht, turasóireacht, forbairt na tuaithe agus le pobal sóisialta agus saol cultúrtha na tíre agus na heacnamaíochta go ginearálta. Fuair Bord Capall na hÉireann cúnamh deontais de €0.825 milliún ón Roinn i 2005.

An Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006

Chuir an Roinn €0.252 ar fáil faoin PFN i 2005 don Institiúid Idirnáisiúnta Eachaí in Ollscoil Luimnigh in aghaidh chostas forbartha agus seachadta chúrsaí neamhchéime tríú leibhéil san eolaíocht eachaí chun freastal ar riachtanais thionscal na gcapall.

Tá rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin diagnóise agus taighde i nGalair Eachaí an-tábhachtach do lucht tógála capall folaíochta agus spóirt. Ar an gcúis seo tá cúnamh deontais de €3.29 milliún curtha ar fáil ag an Roinn faoin PFN do Ionad Eachaí na hÉireann chun cabhrú leis seirbhísí feabhsaithe a sholáthar chun an freastal is fearr a dhéanamh ar thionscal na gcapall sa tréimhse 2001-2005.

Tá réimse scéimeanna eachaí ann, faoi mhaoiniú ag an PFN, cuid acu á riar ar son na Roinne agus Bord Capall na hÉireann (IHB), a bhfuil sé de chúram sainiúil air an caighdeán eachaí a fheabhsú. Tá an Scéim Tástáil Éifeachta Staile, an Scéim Dreasachta um Cheannach Staileanna d'Ardchaighdeán agus Comórtais Cáilíocht Láracha san áireamh. I measc réimsí eile gníomhaíochta a dhíríonn ar cháilíocht eachaí atá á maoiniú faoin PFN a fheabhsú, agus a bhfuil an IHB rannpháirteach iontu, tá ceapadh innéacsanna géiniteacha, tástáil DNA chun ginealach a dheimhniú, bunú leabhair gnaí agus forbairt agus cothú agus margaíocht. Tá €2.58 milliún curtha ar fáil ag an Roinn do Bhord Capall na hÉireann faoin PFN sa tréimhse 2001-2005 ar son na seirbhísí seo. Fuair Cumann Tógálaithe Folaíochta na hÉireann (ITBA) €0.063 milliún faoin PFN chun maoiniú a dhéanamh ar sheimineáir agus ar chúrsaí oiliúna.

SPRIOC 2

Sábháilteacht Bhia, Sláinte agus Leasa Ainmhithe, agus Sláinte Phlandaí

Na caighdeáin sábháilteachta bia is airde agus cosaint an tomhaltóra, sláinte ainmhithe agus leas agus sláinte phlandaí, a chinntiú

SÁBHÁILTEACHT BIA

Tá aird an phobail ar shábháilteacht bia méadaithe go mór le blianta beaga anuas mar gheall ar ghéarchéimeanna agus sceimhlí éagsúla bia. Ní raibh an oiread imní riamh ar an bpobal cheana faoi shábháilteacht bia. Tá beartais á gcur i bhfeidhm i gcónaí ag an Roinn le cinntiú go ndéantar bia a tháirgeadh ag na caighdeáin sábháilteachta is airde is féidir. Comhlíonann sé an cuspóir seo trí imlonnú os cionn 1,700 ball foirne i seirbhísí monatóireachta, faireachais agus cigireachta ar gach nasc den slabhra bia. Tá a lán den obair seo á riar anois den chuid is mó ag conradh seirbhíse leis an Údarás Sábháilteachta Bia (FSAI). Rinneadh idirbheartaíocht do chonradh nua seirbhise leis an FSAI i rith 2005.

Tá comhoibriú leanúnach ar bun idir an Roinn agus gníomhaireachtaí eile maidir le reachtaíocht sábháilteacht bia a fhorbairt chun leasa na hÉireann. Ina measc siúd atá rannpháirteach tá an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Cumarsáide, Muirí agus Acmhainní Nádúrtha, an tÚdarás um Sábháilteacht Bia, an Bord um Chur chun Cinn Sábháilteacht Bia (*Safe*food) agus an Rúnaireacht Thuaidh-Theas. Tá cumarsáid sheanbhunaithe ann chomh maith leis an Oifig Bia agus Tréidliachta, le Coimisiún na hEorpa agus le gníomhaireachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta eile.

Smachta ar Allmhairithe Táirgí Ainmhithe ó Thíortha Treasacha

Chun sláinte phoiblí agus ainmhithe a chosaint cuirtear smachta comhchuibhrithe i bhfeidhm ar allmhairiú táirgí ainmhithe isteach san AE ag Poist Chigireachta Custaim fhaofa (BIP). Tá saoráidí faofa AE ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus ag Aerfort na Sionnaine chun seiceálacha tréidliachta agus sláinte phoiblí a dhéanamh. Tá feoil agus táirgí feola, éisc agus táirgí éisc, fotháirgí aimhithe le haghaidh úsáide teicniúla agus bia peataí, táirgí áirithe plandaí ar nós féir thirim agus tuí, táirgí ainmhithe athallmhairithe ó thíortha treasacha, smachtú dhiúscairt dhramhaíl chocúis agus soláthar díreach bia ó thíortha treasacha atá le cur ar mheáin iompair idirnáisiúnta laistigh de scóip na smachta tréidliacha ar allmhairiú.

Ní foláir deimhniú sláinte a bheith ag táirgí ainmhithe atá ag teacht isteach san AE agus iad a bheith faighte ó thíortha agus ó fhorais atá faofa agus a bhfuil smachta táirgíochta agus próiseála acu atá comhionnan le cinn an AE. Má fhaightear nach bhfuil lasta géilliúil do na coinníollacha sláinte ainmhí agus pobail déantar é a ghabháil lena athonnmhairiú chuig a thír thionscnaimh nó lena scrios. Faoi reachtaíocht an AE agus reachtaíocht náisiúnta tá iallach ar allmhaireoirí táille a íoc ar son chostas cigireacht tréidliacht.

Allmhairithe á seiceáil ag Post Cigireachta Custaim Chalafort Bhaile Átha Cliath

Má tharlaíonn ráig de ghalar ainmhí i dtír threasach fhaofa, nó i réigiún de thír threasach, nó nuair a aithnítear baol don sláinte phoiblí bearta cosanta a ghlaoch chun allmhairiú a chosc nó a thoirmeascadh go dtí go mbíonn deireadh le haon bhaol don sláinte phoiblí agus do tháirgíocht eacnamaíoch an AE. Cuireadh na bearta cosanta seo leanas i bhfeidhm le linn 2005 maidir le hallmhairithe táirgí ainmhithe:

- toirmeasc ar tháirgí éineola mar gheall ar ráigeanna den bhFliú Éanúil sa Téalainn*, i nDaonphoblacht na Síne agus Hong Cong san áireamh, sa Chóiré Thuaidh, sa Chambóid, san Indinéis, sa tSeapáin, i Laos, sa Phacastáin, i Vít Neam, sa Mhongóil, sa Chasacstáin agus san Úcráin;
- toirmeasc ar tháirgí éineola mar gheall ar ráigeanna den bhFliú Éanúil ó cheantair áirithe sa Rúis, sa Rúmáin*, agus sa Tuirc*;
- toirmeasc ar mhairteoil ó cheantair áirithe sa Bhreasaíl mar gheall ar ráigeanna den ghalar crúibe agus béil;
- toirmeasc ar tháirgí áirithe iascaigh de bharr calair;
- tástáil le haghaidh clóraimfeineacól a éileamh ar tháirgí áirithe ainmhí agus iasc ón tSín;
- toirmeasc ar tháirgí éineola ón mBulgáir* de bharr ráig de ghalar Newcastle.

(seachas éineoil chócaireáilte)*

Is réamhriachtanas náisiúnta é clárú mar allmhaireoir táirgí ainmhithe (I.R. Uimh 269 de 2004). Tá 577 allmhaireoir agus a ngníomhairí cláraithe.

Allmhairithe Táirgí Ainmhithe ar son Cuspóirí Bia

Rinneadh próiseáil agus faomhadh ar iontráil 15,234,786kg (17,915,364.24kg i 2004) ollmhairithe i rith 2005, i 648 lasta (488 i 2004) isteach san AE trí na BIPí seo. Cuireadh 267 lasta éisc i láthair ar son seiceála i 2005 i gcomparáid le 229 i rith 2004. I rith 2005 diúltaíodh do timpeall 5 lasta de tháirgí ainmhithe (3 i 2004) agus 3 lasta éisc agus táirgí éisc.

Eisítear ceadúnais athallmhairithe do lastaí de tháirgí Éireannacha. Caithfidh siad teacht ar ais isteach san AE trí BIP faofa. Cuireadh seiceálacha i bhfeidhm ar 17 lasta athallmhairithe san iomlán i 2005 (19 i 2004).

Smacht ar Allmhairiú Pearsanta Tháirgí Ainmhithe

Chun an baol do shláinte phoiblí agus ainmhithe a laghdú déanann Rialachán (CE) Uimh. 748/2004 foráil chun allmhairiú pearsanta tháirgí ainmhithe ar nós feola agus bainne a thoirmeasc as formhór na dtíortha treasacha. Comhairlítear do thaistealaithe chun na tíre seo agus dóibh siúd a sholáthraíonn seirbhísí taistil dóibh gan táirgí dá leithéid a thabhairt isteach ina mbagáiste pearsanta. I gcomhar leis na húdaráis Poirt agus Custaim déantar seiceálacha ag aerfoirt agus ag calafoirt. I gcomhar leis na Custaim agus leis an seirbhís poist déantar seiceálacha ar son táirgí ainmhithe chomh maith ar phacáistí poist. I rith 2005 rinneadh coigistiú ar 565 pacáiste lena scrios (1,269 i 2004), ina raibh 3,154 kg de tháirgí ainmhithe in iomlán (4,775kg i 2004).

Smacht ar Allmhairiú Pearsanta Fotháirgí Ainmhithe

Cuireann an BIP smachta freisin ar allmhairiú fotháirgí ainmhithe atá liostaithe i Rialachán (CE) Uimh 1774/2002 chomh maith le féar tirim agus tuí agus ar allmhairiú táirgí geirmeacha ar nós suthanna, seamhan agus uibheacha goradh. Tá táirgí atá le húsáid i ndéantúsaíocht trealamh díognóiseach in vitro, le haghaidh úsáid chógaisíochta, déantúsaíocht táirgí teicniúla agus bia peataí, i measc na bhfotháirgí ainmhithe. Eisítear ceadúnais chun samplaí de tháirgí ainmhithe a allmhairiú le húsáid ar son cuspóirí taispeántas trádála nó taighde chomh maith le hallmhairiú táirgí comhchuibhrithe ainmhithe de réir rialacha náisiúnta. Bhí feidhm leis na ngnáthamh deireanach i rith 2005 maidir le táirgí áirithe neamhphróiseáilte a allmhairiú le haghaidh déantúsaíochta IVD mar fhorálacha comhchuibhrithe i Rialachán 1774/2002 do tháirgí áirithe fola nach bhfuil glactha go fóill. Tugadh 564 lasta de fhotháirgí ainmhithe i láthair i 2005 le haghaidh iontrála san AE trí BIPí na hÉireann (441 i 2004).

D'eisigh an Rannóg Idirbheartaíochta Sábháilteachta Bia ceadúnais allmhairithe ar son na gcuspóirí seo leanas i rith 2005 (2004):

Samplaí Trádála agus Taighde	247	(160)
Táirgí neamhchuibhrithe:	438	(513)

Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola

Is é cuspóir an Acht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola 2000 (Uimh. 2 de 2000) ráthúnas breise a thabhairt do shábháiltecht mairteola agus táirgí mairteola trí:

- córas éifeachtúil aitheantais agus rianaithe a fhorfheidhmiú;
- caighdeáin arda táirgíochta agus próiseála a fhorbairt;
- na caighdeáin sin a fhorfheidhmiú trí chóras clárúcháin agus faomhaithe.

Is é ceann de chuspóirí an Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola go mbeadh gach duine atá páirteach i dtáirgeadh agus i bpróiseáil eallaigh agus mairteola (feirmeoirí, aonaigh, seamlais, próiseálaithe feola, déantúsóirí beatha ainmhithe buabhacha agus coimeádaithe eile eallaigh) cláraithe agus faofa faoin Acht.

Aithníodh i 2005 gur ghá an tAcht a leasú ar mhaithe le sineirgíochtaí a fhorbairt le forbairtí faoin bpacáiste Sláinteachais agus iad a chur san áireamh chomh maith le riachtanais Chros-Ghéilliúlachta an Scéim Aoníocaíochta Feirme.

Glacadh le I.R. Uimh 806 de 2005 (an tAcht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola 2000, Ordú 2005 (Faomhadh)) chun an tréimhse do rannpháirtithe chun faomhadh a iarraidh faoin Scéim a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2006.

An tAire Ní Chochláin ar cuairt chuig Dawn Meats agus Green Isle Foods (An Nás) Co. Chill Dara, Márta 2005.

Reachtaíocht Sláinteachas Feola

I rith 2005 lean an Roinn ar aghaidh le forfheidhmiú an chóras um fhaomhú forais chun ainmhithe a mharú (eallach, caoraigh, muca, éanlaith clóis, gabhair, fianna, géim fhiáin agus géim fheirme) agus forais a phróiseáileann táirgí feola, feoil mhionaithe agus ullmhóidí. Eagraíodh plé leitheadach le

hionadaithe na n-oibritheoirí gnó bia maidir le trasuíomh na reachtaíochta is déanaí ón AE faoi chaighdeáin sábháilteachta bia sa reachtaíocht náisiúnta. Shroich an plé seo a bhuaic le tabhairt isteach Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Bia agus Sláinteachas Bia) 2005 (I.R. Uimh. 910 de 2005). Go déanach i 2005 rinneadh leasú ar an gcóras faofa agus ar liostáil na bhforas faofa de réir na reachtaíochta nua.

Lean na Cigirí Tréidliachta as Seirbhís Chigireachta Tréidliachta Phoiblí na Roinne lena maoirseoireacht ar sheamlais agus ar mhonarchana próiseála feola. Tá cigirí tréidliachta lonnaithe go buan sna forais marú agus próiseála feola agus éineola móra uile agus tá siad freagrach as an seirbhís réamhbháis agus iarbháis a chur ar fáil, as cigireachtaí a dhéanamh ar chaighdeáin struchtúrtha agus oibriúcháin sláinteachais agus as smachta ar iarmhairtí. Tugtar cuairt ar fhorais eile agus déantar cigireacht go rialta orthu le cinntiú go bhfuiltear géilliúil do na rialacháin sláinte agus sláinteachais. Cuireann an Roinn seirbhís deimhniúcháin ar fáil do onnmhaireoirí feola agus táirgí feola go margaí ar fud an domhain.

Sláinteachas Déiríochta

Leanadh ar aghaidh le forfheidhmiú Ionstraim Reachtúil Uimh. 9 de 1996, a leagan síos na rialacha maidir le táirgeadh sláinteach bainne agus táirgí bainne, faoi réir ag téarmaí an chonradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Rinne an Chigireacht Déiríochta na rialacháin AE a rialaíonn Córais Tacaíochta Margaidh a fhorfheidhmiú trína Ghnáthaimh Chaighdeánacha Oibriúcháin bhunaithe. Lean athbhreithniú ar na Gnáthaimh Chaighdeánacha Oibriúcháin ar aghaidh trí iniúchadh inmheánach laistigh den ghrúpa.

Lean na Saotharlanna Eolaíocht Déiríochta ar aghaidh lena bhfeidhm tástála do Scéimeanna Tacaíochta Margaidh, Deimhniúchán Onnmhairithe agus Sábháilteacht Bia. Chuaigh an samplú do shábháilteacht bia bunaithe ar mheasúnú baoil, a chuireann le réimeas tástála níos éifeachtúla agus níos spriocdhírithe, ar aghaidh.

Athlonnaíodh an Saotharlann Eolaíocht Déiríochta, Baile Átha Cliath, a bhí lonnaithe roimhe seo in Ardán Fhearchair, go dtí Coimpléasc nua Saotharlanna Backweston, an Roinn Talmhaíochta. Tá a chreidiúnú coinnithe ag an Saotharlann Eolaíocht Déiríochta, Baile Átha Cliath i gcónaí. Lean feidhm thástála na Saotharlanna Eolaíocht Déiríochta ar aghaidh gan briseadh trí chomhiarrachtaí na dtí Saotharlanna le linn na tréimhse nach raibh Saotharlann Bhaile Átha Cliath in ann glacadh le samplaí.

Cógais Tréidliachta agus Faireachan ar Iarmhairtí

Braitheann inmharthanach thionscal táirgíochta bia na hÉireann ar dhaonra sláintiúil ainmhithe. Tá páirt thábhachtach ag úsáid dhlíthiúil chuí na gcógas faofa tréidliachta (vaicsíní san áireamh) ina chinntiú go mbeidh stádas ard sláinte ainmhithe ag ár dtréad náisiúnta agus dá bharr sin ar shláinte thomhaltóirí bia na hÉireann. I gcomhar le hÚdarás Sláinte Bia na hÉireann agus le Bord

Cógais na hÉireann, déanann an Roinn maoirseoireacht agus forfheidhmiú ar smachta tábhachtacha sa réimse seo maidir le faomhadh agus dáileadh cógais tréidliachta, forfheidhmiú na mbearta faireachas iarmhair (m.sh. an Plean Iarmhair Náisiúnta) agus na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a leanann astu.

Shínigh an tAire Talmhaíochta agus Bia na Rialacháin um Leigheasanna Ainmhithe 2005, a fhorfheidhmíonn reachtaíocht leasaithe Eorpach agus a chuireann athbhreithniú ar an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana san áireamh, ina dhlí ar an 17 Samhain 2005. Tá feabhsúcháin thábhachtacha sa reachtaíocht nua atá dírithe ar fhadhb 'infhaighteacht leigheasanna' san earnáil tréidliachta. Tá beartais san áireamh chun forbairt chóiríochtaí nua a spreagadh trí chosaint sonraí agus trí stiúradh trialacha cliniciúla a éascú. Tá córais cheadúnaithe náisiúnta feabhsaithe chomh maith go háirithe trí mheicníochtaí feabhsaithe 'comhaitheantais' chomh maith le feabhsúcháin sa 'chascáid' (trínar féidir le tréidlianna úsáid 'aslipéad' a údarú), agus ba chóir go gcuirfeadh sé seo le infhaighteacht níos mó ar chógais tréidliachta i margaí beaga ar nós na hÉireann. Tá bearta sonracha san áireamh chomh maith chun infhaighteacht cóiríochta do chapaill a fheabhsú, mar nach gcuirtear mórán capall isteach sa slabhra bia.

Tá ceanglas ginearálta sa reachtaíocht AE chomh maith go mbeadh gach cógas tréidliachta do ainmhithe a tháirgíonn bia faoi réir ag oideas tréidliachta. Ar iarratas ó Éirinn agus ó Bhallstáit eile áfach, déanann an reachtaíocht seo foráil ar son díolúintí ón bprionsabal ginearálta seo. I gcomhairle le Ballstáit cuirfidh an Coimisiún critéir i gcrích chun an clásal díolúine seo a fheidhmiú i rith 2006 agus san idirlinn is féidir le Ballstáit na réimis atá acu cheana a choinneáil go dtí an 1 Eanáir 2007. Bhain Éire leas as an bhforáil seo agus déanann Rialacháin 2005 foráil le haghaidh táirgí atá ann cheana, seachas cóireálacha antaibheathacha maistítis, a bheith ar fáil 'as-oideas' go fóill. Déanfar athbhreithniú ar na Rialacháin, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara, i rith 2006 de réir an toradh a bheidh ar an bhforáil díolúine.

Ag an leibhéal náisiúnta, cuireann an Roinn smachta áirithe i bhfeidhm ar bhonn leanúnach ar chógais tréidliachta mar chosaint do shláinte an phobail agus do shláinte agus leas ainmhithe. Soláthraíonn an tAcht um Leigheanna Ainmhithe 1993 agus na Rialacháin a rinneadh faoi bonn cuimsitheach reachtúil ar son ceadúnú cógais tréidliachta (agus ról Bhord Cógais na hÉireann san áireamh a oiread is a ghníomhaíonn an comhlacht sin mar údarás inniúil faoin reachtaíocht) agus áitribh atá páirteach i ndáileadh tráchtála chógais tréidliachta.

Bhí os cionn 1,000 táirge aonair ceadúnaithe i 2005 de réir cheanglas mionsonraithe na reachtaíochta AE. Chomh maith leis sin, rinneadh rialúchán agus ceadúnú ar timpeall 70 áitreabh mórdhíola agus 740 áitreabh miondíola de réir reachtaíocht ábhartha tar éis don Roinn cigireacht a dhéanamh orthu le cinntiú go sroicheann siad an caighdeán riachtanach. Tá déantúsaíocht, dáileadh agus díolaíocht bheatha íocleasaithe agus táirgí idirmheánacha chun iad a dhéanamh faoi réir chomh maith ag ceadúnú an Aire faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Leigheasanna Ainmhithe agus Beatha Íocleasaithe) 1994 mar atá leasaithe ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Leigheasanna Ainmhithe agus Beatha Íocleasaithe) 2003. Tá cosc ar bheatha íocleasaithe ach amháin faoi agus de réir téarmaí treorach a eisíonn cleachtóir cláraithe tréidliachta. Caithfidh réamh-mheascáin a bheith údaraithe ag Bord Cógais na hÉireann. I 2005 bhí timpeall 74 déantúsóir ceadúnaithe beatha íocleasaithe ann.

An Plean Náisiúnta Iarmhair

Cuireann an Roinn Plean Náisiúnta Iarmhair i bhfeidhm freisin atá deartha chun tomhaltóirí a chosaint ó iarmhair neamhdhleathacha, pé acu táirgí toirmiscthe (ar nós hormóin a chothaíonn fás) cógais cheadúnaithe (bíonn tábhacht leo seo de ghnáth nuair a théann ainmhithe isteach sa slabhra bia roimh éag don tréimhse atá leagtha síos chun éirí as an gcógais atá i gceist), nó ábhair shalaithe chomhshaoil. Clúdaíonn an Plean Iarmhair aon speiceas biatháirgthe déag (agus domharshaothrú, mar a bhfuil oibriú an Phlean á bhainistiú ag an Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha, san áireamh). I rith 2005, tógadh os cionn 40,000 sampla agus tástáladh iad i saotharlanna a bhí faofa go hoifigiúil do 18 ngrúpa iarmhair. Leanann fiosrúchán ar an bhfeirm bhunaidh gach toradh dearfach le súil leis na bearta forfheidhmiúcháin riachtanacha a ghlacadh, suas go agus ag cuimsiú caingean dlí.

Ó 2000 i leith, tá tástáil oifigiúil á comhlánú ag réimse atá bunaithe ar reachtaíocht trína bhfuil oibleagáid ar phróiseálaithe príomhúla bearta monatóireachta iarmhair a fhorfheidhmiú. Faoin réimeas seo, ina ndéantar iarratas bliantúil ar an Roinn chun pleananna aonair iarmhair a fhaomhadh, tá dualgas sainordaitheach ar phróiseálaithe monatóireacht i bhfad níos déine a dhéanamh ar sholáthróirí má bhíonn toradh dearfach ar thrialacha a gcuid ainmhithe nó a dtáirgí ainmhithe. Tá an réimeas féinmhonatóireachta seo faoi réir ag inniúchadh na Roinne.

An tAcht um Chleachtadh Tréidliachta 2005

Is é príomhchuspóir an Achta seo, a d'achtaigh an tOireachtas ar an 12 Iúil 2005, rialúchán an ghairm tréidliachta a thabhairt suas chun dáta go hiomlán ag cur san áireamh na forbairtí iomadúla a tharla sa timpeallacht ina mbíonn an ghairm ag oibriú ó achtaíodh an reachtaíocht bhunaidh i 1931.

Déanann an tAcht, go háirithe, foráil den chéad uair ar chleachtas an mhíochaine tréidliachta a shainmhíniú agus ar aitheantas reachtúil a thabhairt d'altraí tréidliachta. Déanann an tAcht foráil chomh maith ar son fhorbairt leanúnach ghairmiúil, féidireachtaí clárúcháin níos leithne do chleachtóirí a oileadh lasmuigh den Stát, aitheantas do speisialtóireacht, creidiúnú cleachtais agus gnáthaimh inniúlachta cleachtais nuashonraithe, agus do smachtbhannaí comhréireacha. Déantar foráil freisin san Acht ar son ballraíocht níos leithne den gComhairle Tréidliachta chun ionadaíocht a thabhairt do leasanna ar

nós oideachas, tomhaltóirí, leasa sábháilteacht bia agus leasa ainmhithe, chomh maith le naoi gcomhalta tofa.

Tá Comhairle Tréidliachta nuabhunaithe na hÉireann, ina bhfuil 19 gComhalta le teacht in oifig ar an 1 Eanáir 2006.

Rialú Ionchuir Talmhaíochta

Rinneadh sé phíosa reachtaíochta AE faoi bheathú ainmhithe a thrasuíomh sa dlí náisiúnta i rith na bliana 2005:

- I.R. 242 de 2005 Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Breiseáin Bheatha) 2005;
- I.R. 243 de 2005 Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Cigireachtaí ar Chothú Ainmhithe) (Leasú) 2005;
- I.R. 244 de 2005 Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Beathuithe Phróitéin) (Leasú) 2005;
- I.R. 556 de 2005 Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Substaintí Neamh-inmhianaithe i mBeathú) (Leasú) 2005;
- I.R. 707 de 2005 Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fotháirgí Ainmhithe) (Leasú) 2005;
- I.R. 910 de 2005 Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Bia agus Sláinteachas Bia) 2005.

Ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht bheathuithe agus leasuithe talún do cheanglais reachtúla rinneadh timpeall 2,444 cigireachtaí ag pointí allmhairithe, áitribh déantúsaíochta beathuithe, stóir ábhair beatha, idirghníomhairí, agus ar fheirmeacha. Bailíodh níos mó ná 3,000 sampla de bheathuithe chun anailís a dhéanamh orthu chun géilliúlacht don reachtaíocht ar bheathú a chinntiú. Déanann an Roinn anailís rialta ar bheathú ainmhithe le fáil amach an bhfuil próitéiní coiscthe ainmhithe iontu nó nach bhfuil. Tá samplú randamach agus spriocdhírithe sa chlár cigireachta freisin chomh maith le hanailísí ar bheathuithe chun comhdhéanamh cothuithe agus leibhéil bhreiseáin agus Substaintí agus Táirgí Neamh-Inmhianaithe a dhearbhú. Rinneadh 80 cigireacht chomh maith ag áitribh déantúsaíochta/ allmhairithe leasacháin agus ag ionaid mhiondíola, tógadh timpeall 400 sampla ar fad agus rinneadh anailís orthu le haghaidh cothuithe príomhúla agus tánaisteacha. Tógadh 56 sampla ag áitribh déantúsaíochta aolchloiche talún, agus rinneadh anailís orthu go léir.

Leanadh ar aghaidh le cigireachtaí ar fhorfheidhmiú Threoir na Comhairle 95/69/EC a leagan síos na coinníollacha agus na socruithe chun forais agus idirghníomhairí áirithe atá ag feidhmiú san earnáil bheatú ainmhithe a fhaomhadh agus a chlárú. I rith 2005, rinneadh 78 bhforas a fhaomhadh mar idirghníomhairí breiseán nó réamh-mheascán agus rinneadh 194 meascóir ar an bhfeirm a chlárú nó a fhaomhadh.

Cuirfear tús leis an obair ar an 1 Eanáir 2006 chun ullmhú do bhunú Bhunachar Sonraí Oibritheoirí Gnó Beathú, mar atá riachtanach faoi na Rialacháin Sláinteachas Beathaithe.

Tacaíocht agus Cothú do Thaighde i Sábháilteacht Bia

Tá tosaíocht ag an Sábháilteacht Bia mar théama faoi Chlár Oibriúchán an Bheart um Thaighde Institiúideach Bia sna hEarnála Táirgiúla 2000-2006. Go dtí seo tá €14.86 milliún de dhámhachtain tugtha do 35 tionscadal sábháilteachta bia. I measc na dtopaicí tá taighde chun pataiginí bia ar nós E. Coli 0157:H7, Salmonella, Listéire agus Campaileabaictéar a bhraith agus a smachtú, córas HACCP a fhorbairt i bhfeoil, taighde ar thosca a mbíonn tionchar acu ar fhoirmiú aicrilimíde i dtáirgí áirithe bia agus forbairt bhunachar sonraí náisiúnta ar Thomhaltas Bia do leanaí chun measúnú baoil do leanaí ó cheimicí i mbia a dhéanamh.

AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA TIOMANTAS AN TIONSCAIL BHIA 2000-2005	
Beart	**€m**
Infheistíocht Chaipitil	82.54
Taighde Beart Taighde Tionsclaíoch Bia	63.02
Taighde Inchuideachta	27.71
Margaíocht & Spreagadh	34.72
Forbairt Acmhainní Daonna	15.73
IOMLÁN	**223.72**

SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

Sainaithint Ainmhithe agus Córas Rianadh Siar do Ainmhithe Buabhacha

Tá an córas sainaitheanta agus rianaithe ag feidhmiú go hiomlán agus á úsáid chun bunús, aitheantas agus stair bheatha eallaigh atá ag dul isteach sa slabhra bia a dheimhniú. Foilsíodh an tríú thuarascáil staitisticiúil dar

teideal entitled *CMMS (Cattle Movement Monitoring System) Statistics Report for 2004 i rith 2005*. Cuireann an tuarascáil faisnéis úsáideach ar fáil faoi dhaonra eallaigh na hÉireann de 6.5 milliún ainmhí. Léiríonn sé gur rugadh 2.17 milliún lao i 2004, go raibh beagnach 1.6 gluaiseacht aonaigh ann, os cionn 800,000 díolachán ó fheirm go feirm agus 2.17 milliún diúscairt. Mar gheall ar cháilíocht an chórais úsáidtear sonraí ón CMMS ar mhaithe le réimse ilgnéitheach cuspóirí ar nós rianadh ainmhithe ar son galair, tuarascála anailíseacha a chur le chéile, agus margaíocht a dhéanamh ar eallach na hÉireann sa bhaile agus thar lear. Úsáidtear é chomh maith chun sonraí próifíl tréada a sholáthar do fheirmeoirí aonair faoi líon agus stádas na n-ainmhithe ina dtréada.

Tá CMMS agus roinnt chórais sainaitheantais eile atá níos lú á n-athfhorbairt faoin tionscadal Sainaitheantas Ghluaiseacht Ainmhithe (AIM). Cuirfidh an córas nua, atá á fhorbairt trí theicneolaíocht Idirlíonbhunaithe a úsáid, córas cineálacha sainaitheantas ainmhithe ar fáil a chlúdóidh speicis seachas eallach. Tá saoráidí áirithe ar-líne curtha ar fáil do fheirmeoirí faoin tionscadal agus leathnófar an córas amach freisin ar bhonn chéimiúil chuig margaí, seamlais, pointí onnmhairithe agus ionaid eile a chuireann gluaiseachtaí in iúl don CMMS.

I rith 2005:

- tugadh isteach córas chun clibeanna a eisiúint do ghabhair chomh maith le saoráid chlibeála uile-uimhríoch do chaoraigh
- cuireadh sonraí breise ar fáil faoin saoráid phóifíl thréad eallaigh ar-líne do fheirmeoirí, chomh maith leis an bhfeidhmiúlacht chun féachaint ar phróifíl ó dháta san aimsir chaite
- tugadh saoráid isteach a chuireann ar chumas feirmeoirí iarratas a dhéanamh ar-líne ar Theastais Ghéilliúlachta sula mbogtar eallach ó fheirm go feirm
- cuireadh na tionscadail chun Margaí a chur ar-líne agus chun saoráidí chun onnmhairithe eallaigh a thuairisciú chun cinn

Cuireann na saoráidí ar-líne ar chumas feirmeoirí breathnú ar phróifílí a dtréada, gluaiseachtaí isteach agus amach as a dtréada a sheiceáil, breith laonna a chlárú agus iarratas a dhéanamh ar theastais géilliúlachta CMMS.

Sainaitheantas Caorach agus Gabhar

Tháinig córas nua comhchuibhrithe i bhfeim ar fud an AE i mí Iúil 2005. Ach fuair Éire maolú chun leanúint ar aghaidh lenár gcóras sainaitheantais caorach (a tugadh isteach i 2001). Beidh feidhm leis an gcóras seo go dtí go ndéantar sainaitheantas leictreonach do chaoraigh a fhorfheidhmiú ar fud Aontas na hEorpa, rud atá fortheilgthe do 2008.

I mí Iúil 2005 rinneadh an Córas Sainaitheantas Gabhar a fhorfheidhmiú. Faoin gcóras seo caithfear gach gabhar a aithint trí chlibeáil faoin am go mbíonn sé 9 mí d'aois nó nuair a bhogtar ó ghabháltas é (pé rud a tharlaíonn ar dtús), caithfidh cáipéisí gluaiseachta gabháil le gach gluaiseacht agus ní foláir sonraí faoi thréada gabhar a thaifead i gcláir tréada. Tá an córas deartha chun inrianacht a chinntiú san earnáil ghabhar.

I mí na Nollag 2005 rinne an Roinn daonáireamh náisiúnta ar gach caora agus gabhar. Bhí an-rath ar an daonáireamh le ráta freagraí fíor-ard agus beidh na torthaí iomlána ar fáil in Earrach na bliana 2006.

GALAIR AICME A – MONATÓIREACHT AGUS SMACHTÚ

BSE

Dearbhaíodh 69 gcás BSE i 2005. Chomh maith leis sin cuireadh na bearta caighdeánacha réamhchúraim i bhfeidhm, bánú iomlán tréada san áireamh, i gcás amháin eile ina raibh toradh dearfach ar thástáil mhear scagadh BSE ar an ainmhí a bhí faoi amhras, ach nach bhféadfaí dearbhú cinnte a fháil. Is ionann an 69 gcás seo agus laghdú beagnach 45% ar iomlán na bliana roimhe sin de 126. Tharla an laghdú drámatúil seo sa líon cásanna agus faireachas dian gníomhach ar siúl don ngalar le 775,850 tástáil mhear BSE déanta ag monarchana feola, cniogairí, srl. Is tásc dearfach iad an líon cásanna a bheith ag titim agus an t-ardú ar phróifíl aoise na n-ainmhithe dearfacha, go raibh tionchar mór ag na bearta breisithe smachta a tugadh isteach i 1996 agus 1997 ar nochtadh ainmhithe a rugadh tar éis an ama sin don ngníomhaire infhabhtaíoch, agus go leanfaidh teagmhas BSE ag titim de réir mar a fhágann ainmhithe níos sine an córas.

An Fliú Éanúil

Ó tháinig HPAI H5N1 isteach san Eoraip i 2005 thug an Roinn isteach sraith bearta chun aon teagmhas den ghalar in éin fhiáine a bhrath agus chun an baol go ndéanfaí aon seachadadh chuig an éanlaith tráchtála a íoslaghdú dá dtarlódh an seachadadh seo agus chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar aon ráig. Cuireann an cur chuige seo béim ar leith ar leibhéal ard airdill agus faireachais, cur chuige atá á chleachtadh ag an Roinn.

Is cuid lárnach de chur chuige na Roinne é clár úinéirí éanlaith a bhunú, atá á fhoráil ag Ordú 2005 faoin Acht um Ghalair Ainmhithe 1966 (Clárú Áitribh). Tá dualgas reachtúil ar gach duine a choinnigh éanlaith clóis nó a bhfuil éanlaith clóis acu nó a láimhseáileann nó a dhéanann trádáil in éanlaith clóis nó in éin ghafa eile le díol nó le haghaidh cuspóirí spóirt (fiontair ar nós éanlanna, feirmeacha peataí, clubanna géim nó tógáil colúr, ach gan peataí éin i dtithe príobháideacha san áireamh) clárú leis an Roinn.

Chuir an Roinn feachtas faisnéise agus feasachta ar siúl ar mhaithe le húinéirí ealtaí éanlaith, ionadaithe tionscail agus leis an bpobal i gcoiteann. Eisíodh leabhráin faisnéise chuig gach úinéir ealta éanlaith cláraithe, le comhairle bithshlándála agus le faisnéis faoi na bearta atá le cur i bhfeidhm mar tharlaíonn cás dearbhaithe nó amhrasach, agus déanfar nuashonrú orthu mar is gá. Chomh maith leis sin, tá an fhaisnéis agus an chomhairle uile, an chomhairle chuí bhithshlándála san áireamh, ar fáil i rannóg fliú éanúil shuíomh idirlín na Roinne.

D'oibrigh an Roinn Talmhaíochta agus Bia go dlúth le gníomhaíochtaí eile chun socruithe teagmhasacha a fhorbairt le plé le cás nó ráig ar bith den bhfliú éanúil agus táthar buíoch as an gcomhoibriú a fuarthas ó chách.

Thug Coimisiún na hEorpa roinnt Cinntí isteach a bhaineann leis an bhfliú éanúil agus táthar ag obair go leanúnach ar chinntí eile. Tá tosaíocht tugtha ag an Roinn do thrasuíomh na gCinntí seo sa dlí baile trí Ionstraim Reachtúil leanfar ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta dóibh. Leanfaidh an Roinn chomh maith le measúnú a dhéanamh ar leorgacht a bhearta smachta le déanamh cinnte de go mbíonn na smachta atá oiriúnach don leibhéil baoil ann i gcónaí.

Smachta ar Fheoil Mhamach agus ar Mhin Chnámh agus ar Chonamar Éanlaith

Bhí déantúsaíocht, ceannachán agus úsáid fheoil mhamaigh agus Mhin Chnámh á riar ag forálacha Ordú 2002 (I.R. 551 de 2002) an Acht um Ghalair Ainmhithe 1966 (Einceifileapaití Spúinseacha Intraiseolta) (Feoil agus Min Chnámh agus Conamar Éanlaith). Go dtí mí na Samhna 2005, d'fheidhmigh an Roinn córas ceadúnaithe faoin Ordú seo, chun déantúsaíocht, ceannachán agus úsáid feoil mhamaigh agus min chnámh a smachtú agus eisíodh sé cheadúnas i 2005 ar son chuspóir déantúsaíocht feola agus min chnámh.

Rinne an tOrdú thuas foráil le haghaidh smachta ar inchorprú conamar éanlaith i mbeathú ainmhithe nach gcoinnítear, nach ramhraítear nó nach dtógtar chun bia a tháirgeadh agus le haghaidh díol na mbeathuithe sin ina bhfuil conamar éanlaith inchorpraithe. Eisíodh trí cheadúnais i 2005 chun conamar éanlaith clóis a inchorprú i ndéantúsaíocht bia peataí.

Shonraigh an tOrdú coinníollacha chomh maith maidir le stóráil agus iompar (feithiclí tiomnaithe) na dtáirgí seo agus rinne foráil le haghaidh cosc a chur ar fheoil mhamaigh agus min chnámh a úsáid i leasachán.

Mar gheall ar fhorbairtí i reachtaíocht AE, agus uimhreacha na gcásanna BSE a bheith ag titim agus an gá atá le margaí táirgiúla a fháil chun fotháirgí áirithe ainmhithe a dhiúscairt san áit nach gcruthóidís aon bhaol don sláinte phoiblí ná do shláinte ainmhithe, rinneadh cinneadh go ndéanfaí an reachtaíocht náisiúnta a nuashonrú. I mí na Samhna, 2005 aisghairmeadh an tOrdú thuas le Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fotháirgí Ainmhithe) (Leasú) 2005 (I.R. Uimh. 707 de 2005). Leantar ar aghaidh le smachta áirithe sna rialacháin seo maidir le húsáid, déantúsaíocht, seilbh, agus stóráil fheoil mhamaigh agus mhin chnámh.

An Scráibeach

Lean polasaí an AE maidir leis an Scráibeach ag fabhrú i 2005. Ó Dheireadh Fómhair 2003, tá geinitíopadh á dhéanamh ar thréada ina bhfuil an scráibeach deimhnithe, agus níl á mbánú ach na hainmhithe sin is so-ghabhálaí don ghalar. Sa réimeas a bhí ann roimh an dáta sin rinneadh bánú iomlán ar thréada.

I mí Bealtaine 2004 bhunaigh an Roinn Clár Geinitíopa Náisiúnta. Is é cuspóir foriomlán na scéime deonaí seo go mbeifear in ann caoraigh sa tréad náisiúnta, go háirithe stoc síolraíochta, a aithint de réir geinitíopa agus an leibhéal frithsheasmhachta don scráibeach a ardú i measc na gcaoraigh Éireannacha trí úsáid na n-ainmhithe is frithsheasmhaí chun síolraithe a spreagadh.

Thug an Roinn Talmhaíochta agus Bia dreasacht bhreise don Chlár Geinitíopa Náisiúnta (NGP) i 2005 trí bhreisithe airgeadais a thabhairt isteach a bhí dírithe ar an rannpháirtíocht sa chlár a mhéadú. Faoin gclár breisithe, a bhí i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair go dtí an 30 Samhain 2005, rinne an Roinn íocaíocht aon-uaire de €40 i leith táillí tréidliachta agus íocadh bunráta cúitimh i leith aon reithe den chineál so-ghabhálach agus a chaithfí a mharú faoi théarmaí an chláir bhreisithe. Bhí an-rath ar an gclár breisithe agus rinneadh tástáil ar beagnach 20% den líon iomlán ainmhithe a tástáladh ó cuireadh tús leis an NGP i mBealtaine 2004 sa tréimhse 12 seachtain a mhair an clár.

Faoi chlár gníomhach faireachais na Roinne do 2005 rinneadh mearthástáil don Scráibeach ar 21,063 caora san iomlán ag monarchana feola agus seamlais. Rinneadh sainaithint ar 19 tréad nua leis an ngalar i 2005 mar gheall ar an gclár seo agus mar gheall ar thuairisciú ainmhithe amhrasacha.

Tá beoluacháil na n-ainmhithe síolraíochta san áireamh sa chúiteamh atá iníoctha faoin scéim reatha. Tá ráta do uain mhonarchan iníoctha de réir an mheánphraghas monarchan an kg a bhaineann le seachtain an mharú suas go uasmheáchan de 20kg, agus íocaíocht cruatain de €28 de réir na caorach síolraíochta. Ardaíodh an ráta deireanach sin go €84 an chaora síolraíochta i 2005. Chomh maith leis sin, déanann an Roinn geinitíopadh ar thréada iomlána agus ar líon teoranta de reithí athsholáthair, saor in aisce.

Briodarnach

Cuireann an tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (mar atá leasaithe), an tOrdú um Ghalair Ainmhithe (Beathú agus Úsáid Bhriodarnaigh), 1985 (I.R. Uimh. 153 de 1985), an tOrdú um Ghalair Ainmhithe (Beathú agus Úsáid Bhriodarnaigh) (Leasú) 1987 (I.R. Uimh. 133 de 1987), Ordú um Ghalair Ainmhithe (Toirmeasc ar Úsáid Broidearnaigh), 2001(I.R. 597 de 2001) toirmeasc gan chríoch ar bhailiú broidearnaigh agus ar ainmhithe a bheathú leis ach ceadaíonn sé ainmhithe a bheathú le táirgí áirithe neamhainmhí agus le táirgí bainne. Tá ceadúnas ag teastáil chun briodarnach idirnáisiúnta a thógáint as calafoirt agus aerfoirt faoi na hOrduithe ar Bhriodarnach thuas. Ní féidir ach le hoibritheoir ceadúnaithe atá faofa ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia briodarnach idirnáisiúnta a thógáil as calafort nó aerfort. Déanann foireann na Roinne monatóireacht rialta ar dhiúscairt cheart bhriodarnaigh idirnáisiúnta chomh maith le seiceáil fhánach le cinntiú nach bhfuil briodarnach á úsáid mar bheathú i bhfeirmeacha muca.

GALAIR AICME B AGUS EILE – MONATÓIREACHT AGUS SMACHTÚ

Eitinn agus Brúsalóis Bhuabhach

Bhí feabhas mór eile ar leibhéil Bhrusalóise in eallach i 2005, rud a dhaingnigh an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas. Thit líon na n-imoibreoirí Brúsalóise timpeall 66% ó leibhéil 2004. Níos tábhachtaí ná sin, bhí líon na mbánuithe agus líon na n-ainmhithe a baineadh amach 60% agus 62% níos ísle faoi seach ná mar a bhí i 2004.

Tá an leibhéal eitinn bhuabhach ag titim in Éirinn le blianta beaga anuas, le timpeall 23,000 ann i 2004 i gcomparáid le 45,000 i 1998 agus 1999. D'ardaigh teagmhas an ghalair beagán i 2005 áfach nuair a bhí 25,800 imoibreoir ann.

Brúsalóis Bhuabhach

Lean teagmhas na Brúsalóise ag titim i 2005. Bhí teagmhas bliantúil de 0.12% sa tréad i 2005 i gcomparáid le 0.23% i 1998. Tá líon na n-imoibreoirí titithe ó 6,417 i 1998 go 228 i 2005.

Leanadh ar aghaidh le beartais bhríomhara bánaithe agus tréimhsí fada sosa chomh maith le bearta eile a choinneáil i bhfeidhm chun an galar a chloí. Ó cuireadh tús leis an gclár dian brúsalóise reatha i 1998, tá an-dul chun cinn déanta chun an galar a dhíothú, mar atá léirithe thíos.

Rinneadh díreach os cionn 4.86 milliún sampla fola a thástáil le haghaidh brúsalóise i 2005. Tá Tástáil Bhulcbhainne as gach tréad déiríochta agus samplú fola as ba i monarchana marú, á n-úsáid anois mar fhorlíonadh ar an bpríomhbheart tástála, agus tá sé seo an-éifeachtach mar mhodh chun roinnt imoibreoirí nach mbraithí murach iad a nochtadh.

Staitisticí Brúsalóise	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005
Líon Imoibreoirí	6,417	4,545	3,590	3,112	1,530	900	664	228
Líon na dTréada Nuashrianta	1,081	875	659	553	430	324	283	144

Eitinn Bhuabhach

Tá teagmhas Eitinne Bhuabhaigh i gcontrárthacht leis an gclaonadh síos a bhí ann le blianta beaga anuas, mar gur mhéadaigh sé i 2005 nuair a nochtadh timpeall 25,800 imoibreoir. Bhí sé seo 13% níos airde ná leibhéil 2004. Bhí sé seo i bhfad níos ísle ná na leibhéil a taifeadadh i 2003 áfach.

Cuireadh clár díothú Eitinne 2005 i gcrích le tástáil déanta ar 97% de na 123,322 tréad eallaigh laistigh den bhfráma ama dhá mhí dhéag. Cuireadh triail amháin ar a laghad ar timpeall 6.5 milliún ainmhí san iomlán laistigh den tréimhse dhá mhí dhéag agus rinneadh timpeall 9 milliún tástáil ainmhithe.

Ionchúisimh

Rinne an tAonad Fiosrúcháin Speisialta fiosrúchán faoi neamhrialtachtaí sna Scéimeanna um Dhíothú Eitinn Bhuabhaigh agus Brúsalóise agus i sainaithint agus i gclárú buabhaigh. De thoradh na bhfiosrúchán seo, rinneadh dhá ionchúiseamh rathúil déag i rith na bliana agus cuireadh seacht gcás eile isteach le hionchúiseamh. Tá cás amháin agus tríocha ar fanacht ar éisteacht anois.

Ceannaithe

Déanann na hAchtanna um Ghalair Ainmhithe 1966 go 2001, Ordú 2001 (Faomhadh agus Clárú Ceannaithe agus Áitribh Cheannaithe) (I.R. Uimh.79 de 2001), a tháinig i bhfeidhm i mí Márta 2001, ceannaí a shainmhíniú mar seo leanas "duine a cheannaíonn ainmhí nó éan clóis agus a dhíolann nó a sholáthraíonn an t-ainmhí nó an t-éan sin do dhuine eile laistigh de thréimhse 45 lá". Caithfidh gach ceannaí a bheith faofa agus cláraithe leis an Roinn. Caithfidh aon áitreabh a úsáideann an ceannaí a bheith faofa as féin don chuspóir sin. Is é an líon iomlán Ceannaithe atá faofa:

- 182 Ceannaithe le háitribh;
- 971 Ceannaithe gan áitribh (Gníomhairí).

Scéim Luacháil Mhargaidh ar an bhFeirm

Ghlac an Scéim Luacháil Mhargaidh ar an bhFeirm áit an Scéim Dheontas Imoibreora ón 2 Aibreán 2002. Caitheadh timpeall €21.4 milliún ar gach gné cúitimh de na Scéimeanna um Dhíothú Eitinne agus Brúsalóise i rith 2005. Ba mhór an laghdú é seo ar chaiteachas 204 (€26.8 milliún) agus tharla sé mar thoradh ar an meath ginearálta i leibhéil an ghalar Brúsalóise.

Tobhaigh ar Ghalair Bhuabhacha

Fuarthas €11.4 milliún as tobhaigh galair i 2005.

Mar gheall ar an bhfeabhsú leanúnach i leibhéil Eitinne agus Brúsalóise agus an laghdú i gcostais na scéimeanna dá bharr, rinneadh laghdú de aon triain ar rátaí na dTobhach ar Ghalair Bhuabhaigh le héifeacht ón

1 Eanáir 2005. Shábháil an beart seo €5.4 milliún ar tháirgeoirí i 2005.

Galar Johne

Is galar infhógartha é Galar Johne atá á rialú faoi Ordú Ghalar Johne, 1955 (I.R. Uimh. 86 de 1955) agus is Galar Aicme B é. Ionfhabhtú leis an bhfospeiceas paratuberculosis Mycobacterium avium (MAP) is cúis le galar Johne. Faigheann an chuid is mó den eallach ionfhabhtú go luath ina saol trí MAP a ionghabháil trí ghruth, bainne, siní salaithe le faecas, uisce, beathú nó dromchlaí. Tig le ainmhithe fhásta ionfhabhtú a fháil ach is annamh a tharlaíonn sé agus ní nochtann siad aon chomhartha.

Go luath i 2003, chuir an Roinn deireadh le polasaí chun ainmhithe buailte a mharú agus cúiteamh a íoc ar a son nuair ba léir nach raibh éifeacht leis an gcur chuige seo. Cuireadh tús le hathbhreithniú straitéiseach ar an gcur chuige chun an galar a ionsaí, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara cuí.

Bhuail an Roinn leis na príomhpháirtithe leasmhara ar ócáidí éagsúla, ar nós Teagasc, Veterinary Ireland, ICBF, na cumann tógála eallaigh, na comharchumainn déiríochta, eagraíochtaí ionadaíocha na bhfeirmeoirí agus daoine eile díospóireacht a dhéanamh faoin gcaoi a bhféadfaí dul i ngleic leis an ngalar. Glacadh go ginearálta leis an gcur chuige seo agus bhí tuiscint ag na príomhpháirtithe ar an bhfadhb. Glacadh leis nach mbeadh rath ar an iarracht go dtí go ndéanfadh gach dream a bhí páirteach tiomantas marthanach chun dul i ngleic leis an bhfadhb i gcur chuige comhtháite beartais níos éifeachtúla. Ag eascairt as seo, tharraing an Roinn na torthaí éagsúla le chéile agus d'aithin sí na riachtanais gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon. Rinneadh dul chun cinn i 2005 chun cur chuige lánchomhtháite éifeachtúil a chur ar bun chun an fhadhb a réiteach lena ról sainithe marthanach féin ag gach ceann de na páirtithe leasmhara.

I rith 2005 eagraíodh seimineáir faisnéise do chleachtóirí príobháideacha leasmhara, do Chomhairleoirí Teagasc agus d'fheirmeoirí. Ghlac líon beag tréada páirt chomh maith i dtionscadal faoi smachtú an ghalair ar an bhfeirm.

Chuir an Roinn Talmhaíochta agus Bia maoiniú ar fáil le haghaidh tacaíocht dhíagnóiseach i 2004 agus 2005 ag an Saotharlann Taighde Láir. Cuireadh tús le suirbhé fánach ar shamplaí fola buabhaigh a cuireadh isteach chuig saotharlann na Roinne i gCorcaigh mar chuid den chlár díothú Brúsalóise. Nuair a bhíonn an suirbhé seo thart, déanfar anailís ar na torthaí agus beidh sé seo mar bhonn le léiriú cén céatadán den tréad náisiúnta atá faoi thionchar an choinníll seo.

Clár Náisiúnta Smachtú agus Díothú Ghalar Aujeszky

Seoladh an dara babhta de Chlár Náisiúnta Smachtú agus Díothú Ghalar Aujeszky i mí Mheán Fómhair 2005. Tá sé de chuspóir ag an gclár seo an galar a dhíothú as an tréad náisiúnta, caighdeáin sláinte a ardú dá réir agus ár rochtain ar mhargaí onnmhairithe a chosaint. Bhí toradh

spreagúil ar bhabhta a haon, le leibhéal galair a bhí díreach faoi bhun 3%. Tá an tástáil uile faoin tríú babhta, ar an bhfeirm agus sa mhonarcha araon, le bheith críochnaithe i rith 2006 agus déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn i dtreo chuspóir an chláir ag an staid sin.

An Scéim um Bhailiú Ainmhithe Tite

Déanann an Scéim seo foráil chun fóirdheontas a thabhairt le haghaidh ainmhithe bhuabhacha tite a bhailiú as feirmeacha agus an fheoil agus an mhin chnámh astu a rindreáil agus a dhiúscairt. Tugtar tacaíocht faoin Scéim do rindreáil agus do dhiúscairt ainmhithe nach ainmhithe buabhacha iad chomh maith. Tugadh an Scéim isteach i 2001 chun adhlacadh ceadúnaithe ar an bhfeirm a íoslaghdú, an tseirbhís bhailiúchán ainmhithe a bhí ann cheana a bhfeabhsú agus chun riachtanais tástála BSE a éascú. Bhí Caiteachas iomlán de €22.1 ann i 2005 faoin Scéim.

Reachtaíocht um Fhothairgí Ainmhithe

Lean an Roinn ar aghaidh le forfheidhmiú an chóras smachta a foráladh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 maidir le bailiúchán, iompar, rindreáil, stóráil agus diúscairt fhothairgí ainmhithe. Toirmeascann na Rialacháin seo athchúrsáil fhothairgí ainmhithe isteach sa slabhra beathú ainmhithe, leagann siad síos modhanna éagsúla chun iad a úsáid nó a dhiúscairt agus leagann amach smachta, inrianacht agus bearta forfheidhmithe san earnáil seo. Faomhadh úsáidí breise do fhothairgí ainmhithe ar nós feoil agus min chnámh le baol íseal a úsáid i ndéantúsaíocht bhia peataí agus i ndéanamh leasacháin orgánaigh, an leasachán a eascraíonn as sin, agus ábhar díleáite mhuirín agus phlandaí bhithgháis, a scaipeadh ar thalamh neamhfhéarach agus trí gheir ainmhithe a dhó i gcoirí teirmeacha. Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fothairgí Ainmhithe) 2003 – I.R. 248 de 2003, mar atá leasaithe ag I.R. 707 de 2005, Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fothairgí Ainmhithe) (Leasú) 2005 éifeacht do Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 agus do leasuithe eile a rinneadh ar an Rialachán sin ó shin.

Diúscairt Feola agus Mhin Chnámh

D'fhan an toirmeasc ar fheoil agus min chnámh (MBM) a thabhairt mar bheathú do ainmhithe feirme, a tugadh isteach ag deireadh 2000, i bhfeidhm i 2005.

Lean na conarthaí chun timpeall 166,000 tonna MBM, min fola agus min éanlaith, a bhí á stóráil ó thús 2001 a dhiúscairt ar aghaidh i rith 2005. Faoi dheireadh 2005, bhí diúscairt déanta ar timpeall 132,000 tonna i saoráidí fhaofa loscadh sa R.A. agus sa Ghearmáin ar chostas timpeall €18.5 milliún. Táthar ag súil go mbeidh gach ceann den trí chonradh críochnaithe i rith 2006.

D'íoc an tionscal as costais diúrscartha MBM a táirgíodh i 2005 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

Ní raibh saoráidí faofa ar bith in Éirinn chun MBM a dhiúscairt. B'éigean an MBM uile a táirgíodh a onnmhairiú lena dhiúscairt nó é a stóráil lena chur thar sáile. Faoi dheireadh 2005 áfach rinne an tAire leasú ar an reachtaíocht chun úsáid MBM Aicme 3 (baol íseal) a úsáid i mbia peataí agus le scaipeadh ar thalamh neamhfhéarach.

Scéim Deontas Caipitil do Dhiúscairt Chonablaigh Ainmhithe

Tugadh isteach Scéim Deontas Caipitil do Dhiúscairt Chonablaigh Ainmhithe i 2002 faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Is í aidhm na scéime cabhrú le hinfheistíocht i saoráidí cuí chun ainmhithe tite a láimhseáil agus a stóráil le béim ar sheirbhís chuimsitheach bailiúchán ainmhithe a chur ar bun i gceantair sa tír nach raibh freastal á dhéanamh orthu cheana féin. Faoin scéim, cuirtear maoiniú ar fáil chun bailiúchán agus cóireáil fuíolluisce a fheabhsú.

Bhain caiteachas caipitil de €163,888 le ceithre thionscadal a cuireadh i gcrích i 2005.

Maidir le ceann de na tionscadail seo, rinneadh páirtíocaíocht ar fheitheamh le cáipéisíocht bhreise a fháil.

LEAS AINMHITHE

Cosaint Ainmhithe Feirme

Is iad na hAchtanna um Chosaint Ainmhithe, 1911 agus 1965, na príomhreachtanna a rialaíonn cruáltacht d'ainmhithe in Éirinn. Tá an reachtaíocht á fhorfheidhmiú ag an nGarda Síochána, agus tá sé de chumhacht acu, nuair a fhaigheann siad gearán, fiosrúchán a dhéanamh agus duine ar bith a gcuirtear ina leith go ndearnadh sé/sí gníomh cruálach ar ainmhí a ionchúisiú. Rinne oifigigh na Roinne cásanna cruálachta nó faillí ar ainmhithe feirme a tuairisciú i gcomhar leis na Gardaí nó le foirne tréidliachta na nÚdarás Áitiúla. Phléigh an fhoireann go dearbhghníomhach le cásanna a bhain le hainmhithe a raibh dochar déanta dá leas in ionaid éagsúla ar fud na tíre.

Tá caighdeáin leasa níos déine i bhfeidhm anois d'ainmhithe feirme agus caithfear iad a fhorfheidhmiú don chuid is mó ag leibhéal na feirme. Tá forlíonadh déanta ar an Acht um Chosaint Ainmhithe a Choinnítear le hAghaidh Feirmeoireachta, 1984 ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Cosaint Ainmhithe a Choinnítear le hAghaidh Feirmeoireachta) 2000 (I.R. Uimh. 127 de 2000) a thugann éifeacht do Threoir 98/58/EC na Comhairle (mar atá leasaithe ag Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 806/2003) a leagann síos an caighdeán maidir le hainmhithe a choinnítear le haghaidh feirmeoireachta a chosaint agus a éilíonn ar úinéirí agus ar dhaoine atá i mbun ainmhithe leas a gcuid ainmhithe a chinntiú.

Iompar

Maidir le hiompar, leagann na hOrduithe um Ghalair ar Ainmhithe (Cosaint Ainmhithe le linn Iompair), 1995, 1997, 2001 agus 2003 dianchaighdeáin síos do láimhseáil ainmhithe agus do staid dheisiúcháin agus sláintíochta feithiclí, agus, ar thurais fhada, caighdeáin do bheathú, uisciú, tréimhsí sosa, amannta turais agus dlúis stoic le linn iompair.

Coinníonn an Roinn clár faofa náisiúnta d'iompróirí agus de tharlóirí. Déantar monatóireacht freisin ar thurais iompróirí idirnáisiúnta agus seiceáiltear pleananna bealaigh le cinntiú go ndéantar ainmhithe a iompar de réir chaighdeán sonraithe leasa.

Beidh feidhm le Rialacháin Comhairle 1/2005 ón 5 Eanáir 2007 do dhaoine a iompraíonn a n-ainmhithe féin chomh maith le hiompróirí tráchtála a iompraíonn gach speiceas d'ainmhithe veirteabracha ar thurais fhada agus ghearra. Leagann sé síos riachtanais oiliúna agus údaraithe dóibh siúd atá rannpháirteach in iompar agus do dhaoine a láimhseáileann ainmhithe ag ionaid tionóil.

I rith 2005 chuaigh an Roinn i gcomhairle le páirtithe leasmhara, eagraíochtaí feirmeoireachta, iompróirí ainmhithe beo, oibreoirí Ionad Tionóil agus Margaí Beostoic agus grúpaí leasa ina measc, maidir le forfheidhmiú an Rialacháin.

An Chomhairle Chomhairleach um Leas Ainmhithe

Tá an Chomhairle seo ionadaíoch do leasa éagsúla, agus is é a cuspóir comhréiteach a lorg agus comhairle a chur ar an Aire maidir le saincheisteanna a bhaineann le haire agus le leas ainmhithe feirme.

Leanadh ar aghaidh leis an gCóras Réamhrabhaigh/ Idirghabhála do Chásanna Leas Ainmhithe a leathnú amach ar fud na tíre i 2005. Thug an Chomhairle Chomhairleach um Leas Ainmhithe (FAWAC) an córas seo isteach i 2004 agus tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia, Cumann Fheirmeoirí Éireann agus Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe rannpháirteach ann. Tá sé de chuspóir ag an gcóras seo creatlach a chur ar fáil inar féidir fadhbanna a aimsiú sula mbíonn siad tromchúiseach nó dosháraithe. Éascóidh sé seo idirghabháil thráthúil, éifeachtúil íogair nó soláthar cúnaimh mar is cuí ó ghníomhaireachtaí poiblí, comharsana, eagraíochta feirmeoireachta agus grúpa leasa.

D'eisigh FAWAC leabhrán i 2005 dar teideal Treoirlínte Leasa Ainmhithe do Chapaill, Capaillíní agus Asail. Rinneadh na treoirlínte seo a fhorbairt ar mhaithe le húinéirí na n-ainmhithe seo a spreagadh chun na caighdeáin riar ainmhithe is airde a ghlacadh agus a choinneáil. Bhí trí leabhrán eile foilsithe cheana féin ag FAWAC do fheirmeoirí Mairteola, Caorach agus Déiríochta.

I 2005 chur an Chomhairle Chomhairleach um Leas Ainmhithe a Thuarascáil Dhébhliantúil do 2003/2004 faoi bhráid an Aire.

Tá Grúpa Oibre ar Chógais Tréidliachta bunaithe chomh maith ag FAWAC. Aontaíodh go bhféachfadh an Grúpa ar neamhinfhaighteacht chógais áirithe tréidliachta, ar measadh i gcásanna áirithe go raibh tionchar diúltach aige ar leas ainmhithe feirme. Chuir an Grúpa Oibre a Thuarascáil faoi bhráid an Aire i 2005.

Coiste Comhairleach Eolaíoch um Sláinte agus Leas Ainmhithe

Tá saineolaithe eolaíochta le taithí i réimse disciplíní ar nós riar ainmhithe, iompraíocht ainmhithe, míochaine cliniciúil, baictéareolaíocht, eipidéimeolaíocht, seadeolaíocht agus víreolaíocht ina mbaill den Choiste seo. Is é príomhfheidhm an Choiste comhairle, le léargas eolaíoch, a chur ar an Aire faoi shaincheisteanna ina bhfuil gá le tuairim shaineolaíoch neamhspleách.

I 2005 chuir an Coiste a thuarascáil faoi "Úsáid Leictrea-Dhíluailiú ar Ainmhithe Beo Feirme in Éirinn" faoi bhráid an Aire.

Leas Laonna, Muca agus Béaróga

Rinneadh cigireachtaí maidir le leas laonna, muca agus béaróga agus cuireadh tuarascála i gcrích de réir riachtanais an AE.

Córas Cigireachta Leas Ainmhithe (AWIS)

Síníodh an córas seo amach ó réimse na gcigireachtaí ar an bhfeirm a bhí ann cheana chun leas ainmhithe le linn cigireachtaí iompair a chur san áireamh. Is ag Margaí Beostoic agus i sáinseáin na monarchana maraithe a dhéanann an chigireacht tréidliachta formhór na gcigireachtaí seo. Cuirtear seimineáir oiliúna ar fáil chun cabhrú le baill foirne an córas nua a oibriú.

Eagraíochtaí Leas Ainmhithe

I 2005 d'fhaomhaigh an tAire deontais de €1.2 milliún san iomlán do eagraíochtaí leas ainmhithe a chuireann seirbhísí aire agus leas ainmhithe ar fáil ar fud na tíre chun cabhrú lena gcuid oibre i 2006. Bhí na heagraíochtaí atá i gceist tar éis cúnamh airgeadais a iarraidh ar an Roinn i rith 2005. Nuair a chuirtear deontais 2006 san áireamh tá €5.97 milliún curtha ar fáil i gcúnamh airgeadais ag an Aire d'eagraíochtaí mar seo ó 1995.

An Grúpa Oibre Thuaidh/Theas um Leas Ainmhithe

Tionóladh cruinniú i mí na Samhna 2005 idir foireann Leas Ainmhithe na Roinne agus foireann Leas Ainmhithe Roinn Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe Thuaisceart Éireann.

Pléadh ábhair spéise ginearálta ar nós mholadh an AE maidir le Treoir i Leith Leas Sicíní Feola agus Treoir an AE 1/2005 maidir le Leas Ainmhithe le linn Iompair.

AN SAOTHARLANN TRÉIDLIACHTA

Déanann an Saotharlann Tréidliachta monatóireacht ar smachtú ghalar neamhdhúchasacha agus ceantracha ainmhithe, mar a éilíonn reachtaíocht an AE. Is é an Saotharlann Lárnach Taighde Tréidlaichta (CVRL) an Saotharlann Thagartha Náisiúnta do réimse de ghalair neamhdhúchasacha (m.sh. Fliú Éanúil, Tinneas Afraiceach Capall, Teanga Ghorm, srl). Cuireann an Saotharlann Tréidliachta (CVRL, 5 Saotharlanna Réigiúnacha Tréidliachta, agus an saotharlann brúsalóise) comhairle agus seirbhísí cliniciúla agus diagnóiseacha saotharlanna ar fáil d'úinéirí tréada agus do Chleachtóirí Tréidliachta, agus tá sé rannpháirteach chomh maith i dtaighde leanúnach i ngalair sceidealta ainmhithe agus galair ainmhithe a bhfuil tábhacht eacnamaíoch leo. Déantar taighde agus forbairt go leanúnach sa Saotharlann Tréidliachta chun modhanna diagnóiseacha a fheabhsú.

Ba mhór an obair í na foirgnimh ag Backweston a chríochnú, trealamh a chur ar tairiscint agus a sholáthar do na saotharlanna agus foireann a bhogadh agus acmhainneacht a thástáil i 2005 agus ba ghá tiomantas ollmhór ón bhfoireann sna saotharlanna chun é seo go léir a dhéanamh.

Rinneadh na cásanna amhrasacha BSE agus scráibigh go léir – torthaí dearfacha ar mhearthástáil TSE san áireamh – i Saotharlann Thagartha Náisiúnta TSE sa Rannóg Histeapaiteolaíochta sa CVRL. Tá an Saotharlann Tréidliachta TSE freagrach freisin as monatóireacht a dhéanamh ar gach saotharlann phríobháideach atá faofa chun mearthástála TSE a dhéanamh faoi EU 999/200. Déanann an Rannóg Histeapaiteolaíochta bainistiú chomh maith ar roinnt staidéar ar thréada caorach ina bhfuil ionfhabhtú clasaiciúil agus aitipiciúil den scráibeach ar na caoraigh. Chuir an rannóg Cheimic Chliniciúil den CVRL do na PVP agus do Saotharlanna Tréidliachta Réigiúnacha na Roinne.

Mar Shaotharlann Thagartha Náisiúnta AE do ghalair víreas mamaigh agus éanlaith, rinne an Rannóg Vireolaíochta nuashonrú ar phleananna teagmhasacha agus thug sí isteach teicnící diagnóiseacha móilíneacha do ghalair liostaithe áirithe OIE. Leathnaíodh amach an faireachas do ghalair víreacha neamhdhúchasacha. Rinneadh suirbhéanna náisiúnta séireolaíochta don ghalar Crúibe agus Béil, don ghalar Saicíneach Muice, don bhFiabhras Clasaiceach Muice, don Ghalar Muice Afraiceach, agus don bhFliú Éanúil. Cuireadh dlús le suirbhé ar éin fhiáine don Víreas Fliú Éanúil i 2005. Cuireadh seirbhís chuimsitheach víreolaíoch ar fáil le haghaidh diagnóis, faireachas, cláir smachtú galair, agus cuspóirí reachtúla agus trádála.

Bhí ról tábhachtach ag an Rannóg Baictéareolaíochta/ Seadeolaíochta i 2005. Tá bunachar sonraí le faisnéis faoi os cionn 500,000 tástálacha micribhitheolaíocha sa Rannóg anois, rud a éascaíonn córas luath rabhaidh do rabhaidh sábháilteachta bia chomh maith lena chur ar a chumas monatóireacht éifeachtúil a dhéanamh ar chlaonta i sábháilteacht bia. Tá an Rannóg rannpháirteach i dtionscadail éagsúla sábháilteacht bia i gcomhar le roinnt coláistí agus institiúidí tríú leibhéil.

Rinneadh os cionn cúig mhilliú, dhá chéad agus fiche trí tástáil sa Saotharlann Brúsalóise. Tá anailís déanta ar na sonraí a gineadh trí Chóras Faisnéise na Saotharlainne as aighneachtaí chuig na Saotharlanna Réigiúnacha Tréidliachta i 2005. Taispeánann an figiúr thíos na cúig phríomhchúiseanna báis in eallach idir trí agus dhá mhí dhéag d'aois.

Cúiseanna Mortlaíochta Diagnóisithe i Laonna 3 go 12 Mí D'aois



SLÁINTE PHLANDAÍ

Cosaint Phlandaí

Rinne Seirbhís Chosaint Phlandaí na Roinne gníomhaíochtaí i rith 2005 chun stádas sláinte phlandaí na tíre a chosaint agus a chaomhnú. Bhí na gníomhaíochtaí seo leanas sa chlár gníomhaíochta:

- Rinneadh cigireachtaí éigeantacha sláinte phlandaí ar phlandaí agus ar tháirgí plandaí a allmhairíodh go díreach isteach go hÉirinn ó thíortha treasacha agus níos scaoileadh saor iad go dtí go raibh sé deimhnithe go raibh riachtanais sláinte phlandaí an AE comhlíonta.
- Comhlíonadh riachtanas AE go ndéanfaí suirbhéanna náisiúnta do orgánaigh docharacha éagsúla, cinn a bhfuil stádas cheantar cosanta ag Éirinn ina leith ina measc;
- Leanadh ar aghaidh le monatóireacht ar áitribh atá cláraithe faoin Scéim Chlárúcháin Sláinte Phlandaí, agus ar ionaid eile ina mbíonn ábhar atá faoi réir na riachtanas sláinte phlandaí i dtrádáil, ar feadh na bliana;
- Rinneadh orgánaigh choraintín agus baolacha a idircheapadh ar roinnt ócáidí ach deileáladh leo seo uile go rathúil agus níor bunaíodh ceann ar bith díobh sa tír;
- Rinneadh comhpháirtí d'Éirinn i dtionscadal taighde sláinte phlandaí, Comhordú Taighde Fhiteashláintíoch na hEorpa faoin nGréasán ERA. Maoiniú FP6;
- Tugadh isteach bearta nua fógartha maidir le prátaí síl. Maraon le pleananna teagmhasacha neartaigh siad seo na bearta chun lobhadh fáinneach agus galair thromchúiseacha eile a stopadh ó theacht isteach agus ó scaipeadh;
- Leanadh ar aghaidh leis an suirbhé do Phytophthora ramorum agus síneadh bearta chun an galar a shrianadh i gceantair neamhshaothraithe.

Cosaint Foraoise

Tá Seirbhís Foraoise na Roinne freagrach as gnéithe foraoiseachta Threoir Chomhairle 2000/29/EC maidir le bearta cosantacha i n-aghaidh orgánach atá docharach do phlandaí agus do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus in aghaidh a scaipeadh laistigh den Chomhphobal a fhorfheidhmiú. Tá na forálacha maidir le hadhmaid, pacáistiú adhmaid, plandaí foraoise agus crainn Nollag i measc na ngnéithe foraoiseachta.

Ba iad seo leanas na príomhghníomhaíochta cosanta foraoise i 2005:

- Suirbhé náisiúnta foraoise le haghaidh néimeatóid ghiúise;
- Suirbhé náisiúnta foraoise le haghaidh bás tobann darach;
- Suirbhéanna náisiúnta foraoise le haghaidh lotnaidí agus galair a bhfuil stádas Cheantar Cosanta ag Éirinn ina n-aghaidh san AE;
- Cigireacht ar allmhairithe adhmaid;
- Cigireacht ar phacáistiú adhmaid atá comhcheangailte le hallmhairithe earraí de gach cineál le tagairt ar leith do ghéilliúlacht le ISPM Uimh. 15 (féach thíos) a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Márta 2005 d'allmhairithe isteach san AE;
- Seirbhís chomhairleach a sholáthar maidir le rialacháin allmhairiú adhmaid agus ábhair ghinearálta maidir le lotnaidí agus galair fhoraoise.

Maidir le honnmhairithe tá an tSeirbhís Foraoise freagrach as forfheidhmiú an Chaighdeáin nua Idirnáisiúnta do Bhearta Fitishláintíocha (ISPM) Uimh, 15, Treoirlínte chun pacáistiú adhmaid i dtrádáil idirnáisiúnt a rialadh.

Ba iad seo leanas príomhghníomhaíochtaí 2005:

- Táirgeoirí phacáistiú adhmaid, oibreoirí áitheanna agus cuideachtaí toitrithe a chlárú agus a inniúchadh;
- Comhairle a chur ar chuideachtaí onnmhairithe Éireannacha maidir le ISPM Uimh. 15;
- Teastais Fhíteashláintíocha a eisiúint don scéim phacáistiú adhmaid ghaolmhar le haghaidh onnmhairithe earraí de gach cineál chun na Síne.

SPRIOC 3

Eacnamaíocht agus Timpeallacht na Tuaithe

Forbairt eacnamaíocht na tuaithe a chothú chomh maith le córais talmhaíocha, fhoraoiseachta agus táirgíochta bia atá báúil don chomhshaol agus inmharthanach, agus cabhrú leis an athrú struchtúrtha.

Fáiltíonn Aire Stáit Breandán Mac Gabhann TD roimh shíniú an Chomhaontaithe Seirbhíse le heagraíochtaí orgánacha feirmeoireachta, Samhain 2005.

TACAÍOCHT A THABHAIRT D'FHEIRMEOIREACHT ATÁ NEAMHDHÍOBHÁLACH DON TIMPEALLACHT

Scéim Cosanta Timpeallachta Tuaithe (SCTT)

Gné den Scéim ba ea an rannpháirteachas agus an leibhéil chaiteachais in SCTT i 2005 a sháraigh ar tharla riamh cheana. Bhí ardú ar leibhéil rannpháirteachais go dtí níos mó ná 48,000 agus rinneadh íocaíocht de €283 milliún sa bhliain, an caiteachas ab airde ar an Scéim in aon bhliain amháin ó tugadh isteach í i 1994. Tá an scéim 75% comh-mhaoinithe ag an AE i gcónaí agus ó tugadh isteach i lár na bliana 1994 í sheachaid sí i dtéarmaí airgeadais níos mó ná €1.8 billiún in íocaíochtaí d'fheirmeoirí. Ní hamháin go ndeachaigh na híocaíochtaí sin chun sochair na ndaoine aonair a fuair iad ach ba chuidiú suntasach iad i ndáil le cothú pobail agus timpeallacht tuaithe. B'údar mór misnigh an t-éileamh a bhí ar an scéim agus táthar ag súil le fás leanúnach amach anseo.

I 2005 tugadh chun críche go rathúil idirbheartaíocht na Roinne leis an gCoimisiún Eorpach mar gheall ar rátaí íocaíochta faoi choinne coimín agus sprioctalún, rud a cheadaigh d'fheirmeoirí sna limistéir sin ráta íocaíochta SCTT de €242 in aghaidh an heachtáir a choinneáil agus ag an am céanna a thug chun airde lán teidlíochtaí faoin Scéim Íocaíochta Singil.

I Nollaig 2005 lainseáil an tAire próiseas comhairliúcháin le haghaidh SCTT 4 ag tabhairt cuireadh do na páirtithe leasmhara uile aighneachtaí scríofa a chur isteach maidir le forbairtí scéime amach anseo le haghaidh an chéad tréimhse chlárúcháin eile 2007 – 2013.

Scéim Bainistíochta Dramhaíl Feirme

Is faoi choimirce an Phlean Forbartha Náisiúnta 2002-2006 a chuirtear i bhfeidhm an Scéim Bainistíochta Dramhaíl Feirme. Tá na sonraí ar fáil i Sprioc 1 faoi Phlean Forbartha Náisiúnta.

Scéim Luathscoir ón Fheirmeoireacht

Ag deireadh na bliana 2005 ní raibh ach 4,190 duine as an 10,250 a ghlac páirt sa Scéim Luathscoir ón Fheirmeoireacht na bliana 1994 fanta sa Scéim. Chuir 2,875 fheirmeoir bhreise iarratas isteach le bheith páirteach sa Scéim ar cuireadh tús léi i Samhain 2000. Bhí líon na n-iarratas nua a fuarthas i 2005 .i. 310, níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis agus léirigh sé treocht i dtreo laghdú suntasach ar uimhreacha sna blianta deireanacha. Bhí an caiteachas ar an dá Scéim ábhairín faoi bhun €62milliún i 2005.

Ábhar tuarascála de chuid an Chomhchoiste Oireachtais um Thalmhaíocht agus Bia i rith na bliana 2005 ba ea an Scéim Luathscoir.

Bia agus Feirmeoireacht Orgánach

Cé go bhfuil méid bheag san earnáil orgánach i gcónaí i gcomparáid leis an meán san AE, bhí roinnt comharthaí fáis i 2005. Bhí méadú sa limistéar faoi shaothrú orgánach go dtí 35.266 heachtár .i. méadú de níos mó ná 15% i gcomórtas le 2004 agus bhí méadú freisin i líon an luchta ghnó orgánaigh a bhí cláraithe leis an Roinn.

Cuireadh síneadh leis an tionscadal siúlóidí feirme taispeána i 2005 ó 7 bhfeirm go dtí 13 fheirm. Bhí freastal maith ar na laethanta oscailte agus bhain na cuairteoirí tairbhe iomlán as an deis cúrsaí a phlé leis na feirmeoirí óstaigh. Tá sé de rún ag an Roinn síneadh breise a chur leis an tionscadal i 2006.

Tríd an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Fhorbairt na hEarnála Orgánaí agus in éindí le Teagasc reachtáladh an tSeachtain Orgánach Náisiúnta tionscnaimh i Samhain 2005. Reachtáladh imeachtaí a chuir bia orgánach agus táirgiúlacht chun cinn i roinnt ionad coinne ar fud na tíre agus tuairiscíodh an ócáid go forleathan freisin sna meáin náisiúnta agus áitiúla.

Tá tacaíochtaí airgeadais substaintiúla ar fáil i gcónaí don earnáil orgánach trí SCTT agus tríd an Scéim Cúnamh Deontais um Fhorbairt na hEarnála Orgánaí, ar ceadaíodh í faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2002-2006.

Trasghéilliúntas i leith na Timpeallachta faoin Scéim Íocaíochta Singil

I 2003 luathaigh Comhaontú Lucsambuirg faoi athchóiriúchán PCT (Polasaí Comónta Talmhaíochta) an próiseas leanúnach ceanglais chosanta timpeallachta a chomhtháthú le PCT, tríd an nasc idir íocaíochtaí táirgthe agus íocaíochtaí tacaíochta a bhriseadh agus tríd an Scéim

Íocaíochta Singil a nascadh le géilliúntas i leith ceanglais bhainistíochta reachtúla timpeallachta an AE agus i leith an cheanglais tailte feirme uile a choinneáil faoi dhea-bhail talmhaíochta agus timpeallachta. Trasghéilliúntas a thugtar ar an nasc sin idir an Scéim Íocaíochta Singil agus ceanglais timpeallachta (in éindí le ceanglais reachtúla AE maidir le sláinte pobail, aithneachtáil agus clárú ainmhí, sláinte ainmhí, sláinte planda agus leas ainmhí).

Má fhaightear amach go bhfuil iarratasóir ar Íocaíocht Singil neamhghéilliúil i leith na gceanglas atá luaite, foráiltear i rialacháin rialaithe an AE do phionóis agus cuirtear na pionóis sin i bhfeidhm i dtaca le híocaíocht Singil an iarratasóra.

Dea-Chleachtas Feirmeoireachta

Beidh géilliúntas i leith Dea-Chleachtas Feirmeoireachta ag teastáil i gcónaí ó scéimeanna tacaíochta eile. Orthu siúd áirítear: Scéim Infheistíochta On-Farm; SCTT; Cúnamh Suiteála; Liúntais Chúitimh Limistéar faoi Mhíbhuntáiste agus an Scéim Luathscoir ón bhFeirmeoireacht (sa mhéid is go mbaineann sí le haistrithe feirmeoireachta). Dáileadh amach *Good Farming Practice* foilseachán na Roinne ón mbliain 2001 ar fheirmeoirí uile. Is ann atá leagtha amach na caighdeáin a gcaithfear teacht leo maidir leis an timpeallacht, le leas ainmhí, le haithneachtáil agus clárú ainmhí agus le sláinte ainmhí. Gearrtar pionóis mura gcloítear leis na caighdeáin sin.

STRAITÉIS ATHRÚ AERÁIDE NÁISIÚNTA

Is é an Straitéis Athrú Aeráide Náisiúnta (2000) a leag síos na bearta is gá cur i bhfeidhm lena chur ar chumas na hÉireann a coimitmintí faoi Prótacal Kyoto (1997) atá ceangailteach ó thaobh dlí a chomhlíonadh sa chéad tréimhse coimitminte. 2008 - 2012. Faoi Phrótacal Kyoto is í an sprioc atá ag Éirinn +13% dá leibhéal 1990 d'astuithe gháis cheaptha teasa.

Is iad dé-ocsaíd charbóin (CO_2), meiteán (CH_4) agus ocsaíd níotrúil (N_2O) na gáis cheaptha teasa phríomha. Is iad meiteán agus ocsaíd níotrúil na gáis cheaptha teasa is mó is cás leis an earnáil talmhaíochta phríomha. Is cás astuithe dé-ocsaíd charbóin leis an earnáil tionsclaíoch lena n-áirítear suiteálacha sna hearnálacha bia agus dí. Na spriocanna is mó tábhacht ó thaobh na hearnála talmhaíochta de baineann siad le laghduithe ar astuithe meiteáin (CH_4) agus ocsaíde níotrúla (N_2O).

Cuireann an Gníomhaireacht um Chosaint Timpeallachta (GCT) liostaí d'astuithe gás ceaptha teasa i dtoll a chéile d'Éirinn ar bhonn bliantúil ag baint úsáid as treoirlínte sárchleachtais idirnáisiúnta atá cinntithe ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (PIRAA). D'ullmhaigh an GCT fardail ó 1990 –2004 bunaithe ar na treoirlínte athbhreithnithe sárchleachtas IPCC is deireanaí. Cé gurb é an talmhaíocht is mó is cúis leis na hastuithe tríd is tríd le nach mór 29% den iomlán náisiúnta i 2004, cuireann na figiúirí sin in iúl gur tháinig laghdú substainteach ar ar tháinig uaithi d'astuithe ón mbliain 1990 nuair a tháinig 35.9%. Tháinig laghdú ó 20.07 Mt i 2003 go 19.88 Mt i 2004 a bhuíochas den chuid is mó laghdú beag ar astuithe ocsaíde níotrúla de bharr a húsáid mar ábhar leasacháin.

I ndiaidh do FAPRI-Ireland anailís a dhéanamh ar roghanna éagsúla díchúplála atá ar fáil faoin gComhaontú Athchóiriúcháin PCT Lucsambuirg theilg siad go ligfeadh díchúpláil iomlán íocaíochtaí tacaíochta ó tháirgeadh (rogha na hÉireann) don earnáil talmhaíochta teacht níos gaire don sprioc atá ceaptha di maidir le laghdú astuithe.

Is in Éirinn an 1 Eanáir 2005 a thosaigh an trádáil in astuithe gás ceaptha teasa ar bhonn píolótach. Fáth a deartha mórchostais a ghabhann le spriocanna astuithe a bhaint amach a laghdú trí mhargadh a bhunú d'astuithe ceadaithe gás ceaptha teasa. Is cuid den earnáil neamhthrádála an earnáil talmhaíochta ach tá líon mór de chuideachtaí móra bia agus dí rannpháirteach sa scéim. Leagtar síos sa Phlean Cionroinnte Náisiúnta (PCN) an chuid de na hastuithe náisiúnta a chionroinntear ar an earnáil trádála. De bhreis ar an tionchar díreach a bhíonn aige ar na cuideachtaí bia agus dí atá rannpháirteach, bíonn tionchar indíreach ag an PCN ar an earnáil talmhaíochta ar an ábhar go mb'fhéidir go ndéanfar athmheas ar na spriocanna le haghaidh laghduithe astuithe don earnáil neamhthrádála dá bharr. Tabharfar isteach córas sainordaitheach le haghaidh astuithe trádála ar 1 Eanáir 2008. Beifear ag ullmhú PCN nua don tréimhse 2008 – 2012 i 2006.

Athbhreithniú ar Straitéis Athrú Aeráide Náisiúnta

Déanfar athbhreithniú ar an Straitéis Athrú Aeráide Náisiúnta i 2006.

Ag laghdú Astuithe Amóinia

An 12 Aibreán 2005 cheadaigh an Rialtas Clár Náisiúnta le haghaidh laghdú céimnitheach ar astuithe ceithre thruailleán thrasteorannacha - dé-ocsaíd sulfair, ocsaídí de nítrigin, comhdhúile orgánacha so-ghalaithe agus amóinia. Tháinig an clár seo chun cinn de bharr ceanglais faoi Phrótacal UN Gothenburg astuithe na dtruailleán seo a smachtú agus a laghdú. Is í an talmhaíocht an phríomhfhoinse astuithe amóinia (c. 98%) in Éirinn; den chuid is mó is ó aoileach ainmhí a thagann siad. Is iad Rialacháin na bPobal Eorpacha (Uasteorainneacha Astuithe Náisiúnta) 2004 (I.R. Uimh. 10 de 2004), a chuireann i bhfeidhm Treoir AE 2001/81/CE a bhaineann le huasteorainneacha astuithe náisiúnta le haghaidh truailleán atmaisféaracha áirithe a leagann síos an teorainn is gá a bhaint amach faoi cheann 2010 .i. 116 chileatona (ct) ar astuithe náisiúnta bliantúla amóinia. Cuireann Clár náisiúnta na hÉireann in iúl go bhfuil dul chun cinn suntasach á dhéanamh go seasta go dáta.

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach athbhreithniú ar Threoir Uasteorainneacha Astuithe Náisiúnta i 2006.

CAIGHDEÁN UISCE AGUS BITHÉAGSÚLACHT

Bíonn an Roinn i dteagmháil ar bhonn leanúnach le gníomhaireachtaí AE agus náisiúnta agus le Ranna Rialtais eile maidir leis na gnéithe talmhaíochta den pholasaí timpeallachta atá ag teacht chun cinn. I rith na bliana 2005 d'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar réimse cheisteanna lena n-áirítear bithéagsúlacht agus forfheidhmiú breise na Treorach um Níotráití.

Treoir um Níotráití

Chuir Éire Clár Gnímh maidir le forfheidhmiú breise ar an Treoir um Níotráití chuig an gCoimisiún Eorpach i mí Iúil 2005. Forbraíodh an Clár Gnímh tar éis próiseas comhairliúcháin fada agus cuimsitheach. I ndiaidh dreas breise comhairliúcháin le páirtithe leasmhara shínigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Rialachán a thug éifeacht dlíthiúil do Chlár Gnímh na hÉireann (IR. Uimh. 788 ó 2005) i mí na Nollag 2005.

Tiocfaidh an Rialachán seo, a gcuirfear i bhfeidhm ar bhonn céimnithe thar thréimhse cheithre bliana é in éifeacht an 1 Feabhra 2006 agus is ann atá caighdeáin agus ceanglais leagtha amach maidir le:

- tráthúlacht agus nósanna imeachta i leith leasachán a chur ar thalamh;
- teorainneacha a bhaineann le leasachán a chur ar thalamh;
- ceanglais i leith toilleadh árthach stórála le haghaidh aoileach beostoic;
- forálacha ginearálta maidir le bainistíocht stórála;
- monatóireacht ar éifeacht bhearta dá leithéid.

Rinneadh iarrachtaí nach beag an t-ualach géilliúntais a íoslaghdú agus cuidiú le feirmeoirí a gcuid oibleagáidí faoin Rialachán a chomhall.

Tar éis idirbheartaíochta leis an gCoimisiún Eorpach thug an Roinn Scéim Bainisíochta Dramhaíola Feirme athbhreithnithe isteach, a chuireann an pacáiste airgeadais is gá ar fáil do na feirmeoirí sin a bhfuil sé de cheangal orthu tabhairt faoi oibriúcháin infheistíochta chun téarmaí na Treorach um Níotráití a chomhlíonadh.

I mí na Nollag 2005 chuir Éire moltaí chuig Choiste Níotráití an AE mar gheall ar mhaolú ar an teorainn ghinearálta de 170 kg de nítrigin orgánach in aghaidh an heachtáir in aghaidh na bliana atá leagtha amach sa Treoir um Níotráití. Tá na moltaí sin a cheadódh maolú de suas le 250 kg i gcúinsí fóirsteanacha tábhachtach ó thaobh na hearnála déiríochta diansaothair go háirithe ach rachaidh siad chun sochair feirmeoirí eile freisin.

Bithéagsúlacht

I 2004 bunaíodh Aonad Bithéagsúlachta laistigh de Rannóg Timpeallachta na Roinne i gCaisleán Bhaile Sheáin. Ba é ceann de na ceanglais sa Phlean Bithéagsúlacht Náisiúnta arna fhoilsiú i 2002 ag an Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Aonad Bitheolaíochta a chur ar bun.

I rith na bliana 2005 bhí páirt ag an Aonad Bithéagsúlachta in athbhreithniú lárthéarma ar Phlean Bithéagsúlacht Náisiúnta ar thug an Roinn Comhshaoil

Aire Stáit Seán de Brún TD ag fógairt Íocaíochtaí Préimhe Foraoiseachta 2005, Aibreán 2005.

Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi. .Rinne sé ionadaíocht don Roinn Talmhaíochta agus Bia i bhfóraim bhithéagsúlachta a leithéid an Grúpa Stiúrtha Idir-Ranna um fhorfheidhmiú an Phlean Bhithéagsúlachta Náisiúnta agus san Ardán Náisiúnta le haghaidh Taighde Bithéagsúlachta. Bhí páirt aige freisin sa Tríú Tuarascáil Náisiúnta de chuid na Náisiún Aontaithe faoin gComhdháil um Bithéagsúlacht.

Thug an Roinn Talmhaíochta agus Bia faoi chomhthionscadal le Network for Action on Biodiversity chun an luach ó thaobh bithéagsúlachta dá cuid oifigí ag Caisleán Sheáin, Co. Loch Garman a fheabhsú. Cuirfear tús leis an tionscadal sin i 2006.

Úsáid Leasacháin

Díoladh 38,645 tona de fhosfar i 2004/05 .i. ísliú de 40% sa díolacháin i gcomórtas le leibhéal 1989/90 nuair a taifeadadh díolachán de 64,573 tona. (Síneann an bhliain leasacháin ó 1 Deireadh Fómhair go dtí 30 Meán Fómhair). Díoladh 42,661 tona de fhosfar i 2003/04

Bhí laghdú go 352,165 tona in úsáid Nítrigine i 2004/05 .i. ísliú de 20.5% i gcomórtas le figiúr na bliana 1998/99 nuair a tháinig buaic ar úsáid Nítrigine ag 442,916 tona. Ba í 362,525 tona an úsáid Nítrigine i 2003/04.

Cion na Foraoiseachta sa Gheilleagar Tuaithe

Is ar phrionsabail Bhainistíochta Inbhuanaithe Foraoise (BIF), mar ar socraíodh iad ag an Tríú Comhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip (Liospóin 1998) atá polasaí foraoise na hÉireann tógtha.

Tá Éire, ina bhfuil 10% den talamh faoi fhoraois, ar cheann de na tíortha is lú atá clúdaithe le foraois in Eoraip inarb é 35% an meán. Is í aidhm straitéise an Rialtais méadú a chur ar an méid talamh faoi fhoraois go dtí 17% den limistéar talún faoi cheann 2035. Cé go bhfuil an méid talún faoi fhoraois tite faoi na spriocanna bliantúla ó 2003 i leith tá feirmeoirí i mbun curtha ar bhonn leanúnach ar isteach is amach le 10,000 heachtár in aghaidh na bliana – athrú suntasach ó thaobh úsáid talún.

É sin uile curtha san áireamh agus i ndiaidh teacht ar chomhaontú faoin Rialachán Forbartha Tuaithe nua i mí an Mheithimh 2005 bunaíodh grúpa ar ardleibhéal chun roghanna polasaí i leith tacaíochta don earnáil foraoiseachta amach anseo a ullmhú don Rialtas. Tá tábhacht na foraoiseachta mar fhoinse amhábhair, fuinnimh agus earraí poiblí ag dul i dtreise, rud a neartaíonn an riachtanas an fhoraoiseacht a chur chun cinn mar úsáid inmharthana, malartach talún. É sin curtha san áireamh lainseáladh tionscnamh i 2005 chun smaointe agus tionscadail phíolótacha na hearnála féin a spreagadh. Bhí sin fíor-rathúil agus ceadaíodh airgeadú do 18 dtionscadal. Leanfar leis an tionscnamh i 2006.

Forálann an Rialachán Forbartha Tuaithe do dhreasuithe chun sochair thimpeallachta bhreise a sheachadadh tríd an gclár foraoiseachta. Tá amuigh is istigh de 16,000 feirmeoir a bhfuil foraoiseacht acu ar a gcuid tailte agus foráiltear sa Rialachán anois d'íocaíochtaí timpeallachta foraoise le haghaidh coimitmintí a théann thar na ceangail saoinordaitheacha ábhartha.

Meastar go ngineann foraoiseacht fostaíocht do 16,000 duine, timpeall 2,100 acu fostaithe i dtionscadail churtha agus bhainte foraoise mar bharr agus níos mó ná 6,000 acu i tionscadail phróiseála adhmaid. Ina theannta sin tá níos mó ná 16,000 feirmeoir ar leo plandálacha phríobháideacha agus a fhaigheann ioncam saor ó cháin trí íocaíochtaí préimhe.

Meastar go bhfuil acmhainn phróiseála ann faoi láthair de níos mó ná 3.26 mhilliún méadar chiúbacha i muilte sábhadóireachta agus de 1.77 milliún méadar chiúbacha i muilte painéal.

SPRIOC 4

Seachadadh Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais

Déanfaimid ár scéimeanna agus ár gclár uile a oibriú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil, agus cinnteoimid na caighdeáin bainistíochta corparáideacha agus airgeadais agus cuntasachta is airde i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí.

OIBRIÚCHÁIN SCÉIME

An Scéim Íocaíochta Singil

I ndiaidh Comhaontas Lucsambuirg um athchóiriúchán an PCT i 2003 chinn Éire díchúpláil iomlán d'íocaíochtaí préimhe agus d'íocaíochtaí cúnamh curaíochta a thabhairt isteach le héifeacht ó 2005. Is de bharr sin a tugadh isteach an Scéim Íocaíochta Singil i 2005. Cuirtear an scéim nua in áit na scéimeanna préimhe beostoic (Préimh Bhó Dhiúil, Préimh Speisialta Mhairteola, Préimh Mharú, Préimh Chaorach, Préimh Leathnaithe) agus an Scéim Cúnamh Curaíochta. Tugadh isteach Scéim Préimhe Déiríochta nua i 2004. Rinneadh an scéim sin a dhíchúpláil ó tháirgeadh i 2005 freisin agus anois tá sí cuimsithe sa Scéim Íocaíochta Singil.

Go ginearálta baineann an Scéim Íocaíochta Singil le feirmeoirí a bhí gníomhach i mbun feirmeoireachta i gcaitheamh na tréimhse tagartha 2000 – 2002, ar íocadh Préimh Bheostoic agus/nó Cúnamh Curaíochta dóibh i gceann amháin nó níos mó de na blianta sin agus a leanfaidh i mbun feirmeoireachta i 2005. Tá an Íocaíocht Singil iomlán bunaithe ar mheánmhéid na n-ainmhithe agus/nó ar mheánmhéid na heachtár (i gcás Cúnamh Curaíochta) ar a ndearnadh íocaíochtaí sna trí bliana tagartha.

Cuirfidh an scéim nua ar chumas feirmeoirí a n-intinn a leagadh níos mó ar cheangail mhargaidh agus gheobhaidh sí réidh le himní maidir le tréimhsí coinneála, cuótaí, dlús stórála, dátaí daonáirimh agus ceangail eile a bhaineann leis na seanscéimeanna cúpláilte.

Cuireadh tús leis an híocaíochtaí faoin Scéim Íocaíochta Singil 2005 de réir sceidil an 1 Nollaig 2005 agus íocadh níos mó ná €1 billiún faoi cheann 31 Nollaig 2005.

Faoin Scéim Íocaíochta Singil sa chéad bhliain i bhfeidhm di bhí líon beart breise nár mhór a bpróiseáil. Seo iad go hachomair:

- 17,500 iarratas faoi Force Majeure;
- 18,000 iarratas faoi iontrálaí/oidhreacht nua;
- 6,000 iarratas chun teidlíochtaí a aistriú faoin "Private Contract Clause" mar a ghlaoitear air;
- 12,500 iarratas chun teidlíochtaí a dhaingniú;
- 23,000 iarratas faoin gcúlchiste Náisiúnta 2005 (nuair a chuirtear san áireamh líon na bhfeirmeoirí a chuir iarratas isteach faoi níos mó ná catagóir amháin).

Trasghéilliúntas

Bunchloch tábhachtach maidir le díchúpláil íocaíochtaí díreacha ó tháirgeadh is ea an nasc idir tacaíocht an AE le talmhaíocht faoin Scéim Íocaíochta Singil agus bearta atá dírithe ar chosaint timpeallachta maille le caighdeáin airde a bhaint amach sna réimsí sábháilteachta bia agus sláinte ainmhí agus leas. Faoin Scéim Íocaíochta Singil tá sé de cheangal ar fheirmeoirí géilleadh do na Ceanglais Bhainistíochta Reachtúla (CBRanna) atá leagtha síos sa Reachtaíocht AE (Treoir agus Rialacháin) a bhaineann leis an timpeallacht, le sláinte planda agus ainmhí poiblí agus le leas ainmhí agus an talamh a choinneáil faoi Dhea-bhail Talmhaíochta agus Timpeallachta (DBTT). Trasghéilliúntas a thugtar air sin.

Tá dhá phríomheilimint ag roinnt le trasghéilliúntas:

- Ceangal ar fheirmeoirí géilleadh le 18 gCeanglas Bainistíochta Reachtúla (CBRanna) atá leagtha síos sa reachtaíocht AE **faoin timpeallacht, faoi shábháilteacht bia, faoi shláinte ainmhí, faoi leas agus faoi shláinte planda**;
- Ceanglas an fheirm a choinneáil faoi dhea-bhail talmhaíochta agus timpeallachta (DBTT).

Má fhaightear amach go bhfuil iarratasóir neamhghéilliúil foráiltear i rialacháin rialaithe an AE do phionóis agus cuirtear na pionóis sin i bhfeidhm i dtaca le hÍocaíocht Singil an iarratasóra.

Cur i bhFeidhm Trasghéilliúntais

Tabharfar na hoibleagáidí i leith Trasghéilliúntais isteach céim ar chéim thar thréimhse thrí bliana. Bhí sé i gceist ocht CBRanna a thabhairt isteach i 2005 in éindí le ceanglais Dea-bhail Talmhaíochta agus Timpeallachta d'Éirinn.

Tabharfar isteach ocht CBRanna breise le héifeacht ó 1 Eanáir 2006 agus tá sé i gceist go dtabharfar na trí cinn dheireanacha isteach le héifeacht ó 1 Eanáir 2007.

Sular cuireadh bailchríoch ar an Doiciméad Treorach i leith trasghéilliúntais don bhliain 2005, d'iarr an Roinn a gcuid tuairimí ar pháirtithe leasmhara ar spéis dóibh é, go sonrach ar chomhlachtaí feirme. Is ansin i mhí Aibreán 2005 a

d'fhoilsigh an Roinn leabhrán eolais d'fheirmeoirí a chlúdaigh na CBRanna a tugadh isteach i 2005. Seoladh cóip den leabhar tríd an bpoist chuig fheirmeoirí uile. I 2006 ullmhóidh an Roinn leabhrán eolais a chlúdóidh na CBRanna a bheifear a thabhairt isteach ó 1 Eanáir 2006 agus ó 1 Eanáir 2007. Tá níos lú conspóide ag baint leis na ceanglais trasghéilliúntais seo ná mar a bhí leo siúd a tháinig in éifeacht i 2005. Ar ndóigh níor cuireadh an Treoir um Níotráití i bhfeidhm in Éirinn faoi thrasghéilliúntas i 2005. Cuirfear i bhfeidhm an Treoir go luath sa bhliain 2006 tar éis reachtaíocht Náisiúnta a thabhairt isteach a rialóidh Clár Gnímh Níotráití na hÉireann.

An Cúlchiste Náisiúnta

I mí na Nollag 2004 d'iarr an Roinn iarratais le haghaidh an Chúlchiste Náisiúnta 2004. Cuireadh síneadh ama go dtí 16 Bealtaine 2005 leis an dáta deiridh le haghaidh admhála na n-iarratas comhlíonta sa chaoi is gurbh ionann é agus an dáta deiridh d'iarratais ar Scéim Íocaíochta Singil 2005.

Bhí ceithre phríomhchatagóir arbh fhéidir le feirmeoirí iarratais a chur isteach fúthu ar theidlíochtaí a bhain leis an gCúlchiste Náisiúnta 2005:

Catagóir A: Feirmeoirí a fuair le hoidhreacht gabháltas ó fheirmeoir a d'éirigh as nó a bhásaigh agus gur ligeadh amach an gabháltas ar léas do thríú páirtí le linn na tréimhse tagartha.

Catagóir B: Feirmeoirí a rinne infheistíocht idir 1 Eanáir 2000 agus 19 Deireadh Fómhair 2003 ar tháinig méadú san acmhainn táirgthe dá barr. Folaíonn infheistíocht ceannach nó léas fadtéarmach talún, ceannach cuóta bó dhiúil agus/nó caorach nó infheistíochtaí eile.

Catagóir C: Feirmeoirí a dhíol a gcuóta bainne isteach i scéim athstruchtúraithe idir 1 Eanáir 2000 agus 19 Deireadh Fómhair 2003 agus a d'aistrigh go dtí earnáil feirmeoireachta a mbeadh íocaíocht díreach iníoctha ina leith i dtaca leis na blianta 2000 agus 2002 faoi na Scéimeanna Beostoic agus/nó Cúnamh Curaíochta.

Catagóir D: Iontrálaithe nua sa bhfeirmeoireacht ó 31 Nollaig 2002 i leith agus feirmeoirí a thosaigh ag feirmeoireacht i 2002 agus nach bhfuair aon íocaíochtaí díreacha sa bhliain sin. Ní cheadaítear go ngabhfadh ioncam iomlán an iarratasóra thar € 40,000 ná go ngabhfadh aon ioncam nach ón fheirmeoireacht é thar €20,000. Teastaíonn cáilíochtaí feirmeoireacht freisin le haghaidh na catagóire seo agus féadfaidh sé go dtabharfar tosaíocht d'fheirmeoirí faoi bhun 35 bhliain d'aois.

Chuir 17,000 feirmeoir iarratas isteach. Tá roinnt feirmeoirí a chuir iarratas isteach faoi níos mó ná catagóir amháin. Dá bharr sin níor mhór scrúdú a dhéanamh ar níos mó ná 23,000 comhad. Tá súil leis go dtabharfar na cionrannta do na hiarratasóirí rathúla i mí na Feabhra 2006.

Ina theannta sin is ón linn airgid sa Chúlchiste Náisiúnta a chaithfear costas maoinithe na n-iarratasóirí rathúla faoi na bearta a leanas a sheasamh:

- Feirmeoirí déiríochta gníomhacha nach raibh in ann, de bharr force majeure, bainne a sholáthar i rith na bliana cuóta bainne 2004/2005 agus de thoradh air sin a fuair cead a gcuóta iomlán nó cuid de a ligean amach ar léas go sealadach. Ní mór dul i muinín an **Chúlchiste Náisiúnta chun an costas a bhaineann le coibhéis na préimhe díchúpláilte déiríochta a thabhairt do na feirmeoirí sin** a sheasamh;
- feirmeoirí caorach le talamh coimín ar cuireadh cosc leo, cé gur feirmeoireacht leathan a bhí ar siúl acu, an táirgeadh a mhéadú i gcaitheamh na tréimhse 1999 – 2002 ag feitheamh ar fhoilseachán pleananna creat coimín.

Scéim Liúntas Cúitimh Limistéar faoi Mhíbhuntáiste

Cuireadh tús le híocaíochtaí faoin Scéim Liúntas Cúitimh Limistéar faoi Mhíbhuntáiste an 23 Meán Fómhar i gcomhréir leis an gcoimitmint sa Phrótacal um Íocaíochtaí díreacha d'Fheirmeoirí agus faoi cheann 31 Nollaig 2005 bhí nach mór €229 ina iomláine íoctha do 94% de na hiarratasóirí.

Scéimeanna Idirghabhála

Níor tharla ceannaigh ghránach in idirghabháil in Éirinn ón mbliain 2001 i leith. De bharr drochphraghasanna margaigh ar fud an AE áfach ceannaíodh 4,019 tona eorna i 2005. Beagán faoi bhun €37,000 méid na n-éileamh a cuireadh isteach chuig an CETRT ina dhiaidh sin agus a fuarthas ar ais ón AE. Bhí laghdú i 2005 ar ghníomhaíocht cheannaigh maidir le táirgí déiríochta i gcomórtas le 2004. In éindí le hiarmhairtí díolachán a rinneadh i rith na bliana, díolachán de phúdar bainne bearrtha (PBB) go príomha, chuir sin faoi deara gur tháinig méadú ó €19,118,000 i 2004 go €33,281,000 i 2005 ar na héilimh a cuireadh isteach chuig an CETRT. Níor díoladh siúcra riamh in idirghabháil in Éirinn ach de bharr droch-choinníollacha margaidh ar fud an AE ceannaíodh 12,000 tona in Éirinn i 2005. Beagán faoi bhun €4,382,000 méid na n-éileamh a cuireadh isteach chuig CETRT ina dhiaidh sin.

Aisíocaíochtaí Onnmhaire

€179. 5 milliún méid iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh do thrádálaithe déiríochta agus do thrádálaithe eile sa bhliain FEOGA 2005. Laghdú de €46 milliún é sin nó ísliú de bheagán os cionn 20% i gcomórtas le figiúirí 2004. Bhí go hiarbhír méadú ó bhliain go chéile ar an trádáil sna hearnálacha déiríochta agus táirgí próiseáilte in-aisíoctha arb iad an comhpháirt ba mhó d'aisíocaíochtaí onnmhaire. Eascraíonn an laghdú seo den chuid is mó as na ciorruithe suntasacha sna rátaí aisíocaíochta a rinneadh i rith na bliana.

Bhí titim leanúnach i leibhéal na n-íocaíochtaí do thrádálaithe mairteola. Is tosca dearfacha margaidh áfach is mó is cúis leis sin maille le feabhas ar an éileamh ar ár dtáirgí mairteola sa mhargadh inmheánach.

Forbraíodh córas uathoibríoch le haghaidh éileamh ar aisíocaíochtaí onnmhaire agus tugadh chun críche é i rith na

bliana. Tá na príomhthrádálaithe uile in earnálacha nach earnáil na mairteola iad ag baint úsáid as an gcóras anois. Feabhsaíonn sé an éifeachtacht don trádálaí, don Roinn Talmhaíochta agus Bia, agus do na Coimisinéirí Cánach maidir le cur isteach agus le cur ar aghaidh ráiteas onnmhaire agus éileamh ar aisíocaíochtaí.

Deontas Foraoiseachta agus Scéimeanna Préimhe

€104.6 milliún méid iomlán an chaiteachais faoi na scéimeanna éagsúla foraoiseacha i 2005 i gcomórtas le €101.95 milliún i 2004.Rinneadh plandáil nua ar amuigh is istigh de 10,000 heicteár i rith na bliana. Chuimsigh an clár seo íocaíochtaí a bhain le deontais, le préimheanna agus leis an gclár tacaíochta

Ar ghnéithe eile de sheachadadh scéimeanna foraoiseacha áirítear:

- Bhain seal próiseála de 3 mhí ar an meán le híocaíochtaí foraoisithe agus le scéimeanna tacaíochta;
- Maidir le déileáil le hachomhairc bhí seal próiseála de 5/6 seachtaine i gceist;
- Eisíodh 569 gceadúnas treascartha crainn i rith na bliana;
- Rinneadh forbairt leanúnach ar IForIS, córas íocaíochta agus eolais léarscáilbhunaithe a chuirfidh dlús le seachadadh íocaíochtaí i 2005 agus ba chóir go mbeadh sé ag dul amach beo faoi cheann Feabhra 2006.

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Caiteachas

Faigheann gníomhaíochtaí agus scéimeanna na Roinne maoiniú ón Vóta, nó tugann an AE maoiniú dóibh ón Rannóg Ráthaíochta den Ciste Eorpach um Threoir agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) nó is iad an Vóta agus an AE i gcomhar lena chéile a thugann maoiniú dóibh ó rannóga Ráthaíochta agus Treorach (Maoiniú Struchtúrtha) an CETRT.

Is í an Roinn a bhí freagrach as caiteachas Vótáilte de **€1,355.35 milliún** i 2005.Cuid den chaiteachas sin baineann sé le gníomhaíochtaí atá páirtmhaoinithe ag an Aontas Eorpach, a mheall admhálacha arbh fhiú **€403 milliún** iad ón AE. De bhreis air sin chaith an Roinn **€1,840.77 milliún** ag riaradh scéimeanna Ráthaíochta PCT a bhí lánmhaoinithe ag an AE agus **€62.91 milliún** ar cheannaigh táirge in Idirghabháil, rud a rug an caiteachas iomlán suas go dtí **€3,259.03 milliún** (féach an tábla thíos). Ba chóir don léitheoir tabhairt dá (h)aire de bharr agaí moille atá ag roinnt leis an aisíoc a dhéanann an AE ar chaiteachas a thabhaíonn an Roinn de bharr bearta an AE, nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh in aon bhliain faoi leith ar chaiteachas na Roinne ar bhearta AE agus ar admhálacha ón AE.

Tá oibleagáid ar an Roinn a chinntiú go bhfuil forfheidhmiú na scéimeanna uile ag géilleadh le ceanglais AE agus náisiúnta maidir le tuairisciú airgeadais le coinneáil sonraí cuntasaíochta agus idirbhearta agus le loirg iniúchta. Oibríonn sí córais chuimsitheacha bhainistíochta airgeadais, stiúrtha agus cuntasaíochta leis sin a chinntiú.

Caiteachas ar Thalmhaíocht Éireannach, 2005

	€m	€m
Ráthaíocht CETRT caiteachas díreach		**1,840.77**
Íocaíocht Feirme Aonair	1,058.42	
Cúnamh Préimheanna/limistéir	614.33	
Aisíocaíochtaí Onnmhaire	159.89	
Tacaíochtaí Margaidh Eile	8.13	
Ceannaigh Idirghabhála (1)		**62.91**
Caiteachas Vótáilte	1,355.35	**1,355.35**
Forbairt Tuaithe PCT (2)	687.46	
Bearta Structúrtha (2)	46.92	
Sláinte Ainmhí/Comhlachtaí Stáit	311.59	
Idirghabháil Mhargaidh agus eile (3))	31.27	
Riarachán	278.11	
Caiteachas Iomlán		**3,259.03**

(1). Seo é an méid a d'íoc DAF ar tháirge ceannaithe in Idirghábhail sa bhliain. Faightear ar ais go hiomlán costas ceannach Idirghabhála ón AE trí luachlaghdú ar luach stoic le linn bliana a cheannaigh agus ag am dhíolachán an táirge.

(2). Tá bearta Forbartha Tuaithe PCT agus bearta forbartha Struchtúracha áirithe páirtmhaoinithe ag an AE agus ag an Vóta. Is caiteachas iomlán Vóta atá sna figiúirí seo ar na bearta sin sa bhliain féilire toisc gur ón Vóta a dhéantar na híocaíochtaí. Tugtar ar ais ina dhiaidh sin don Vóta an ranníocaíocht i leith caiteachas mar leithghabhálacha i bhfoirm chúnaimh; cuid de sin faightear i mbliain féilire ina dhiaidh sin é.

Is éard atá i bhForbairt Tuaithe PCT SCTT, Luathscoir, Liúntais Chúitimh agus Foraoiseacht. [Aistríodh freagracht i leith Foraoiseachta ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an Roinn Talmhaíochta agus Bia an 1 Eanáir 2004.]

(3). Baineann an caiteachas Vóta seo le caiteachas ar IACS agus le costais Idirghabhála airgeadais (ús) agus oibriúcháin. Ina dhiaidh sin cuirtear éileamh isteach ar aisíoc na gcostas luaite bunaithe ar mhéideanna caighdeánacha

Caiteachas Vóta

Tríd is tríd bhí ardú de 7% .i. méadú de thimpeall **€95 milliún** san ollchaiteachas i 2005 i gcomparáid le 2004. Léiríonn sin roinnt tosca lena n-áirítear caiteachas níos lú ar bhearta áirithe (m.sh. sláinte ainmhí, luathscor) agus caiteachas níos airde i réimsí eile (m.sh. SCTT, foraoiseacht agus scéim deontas infheistíochta feirme).

Tá toradh comparáideach ar chaiteachas Vóta 31 Talmhaíochta agus Bia do na blianta 2004 agus 2005 leagtha amach sa tábla thíos:

Toradh Comparáideach ar Chaiteachas Vóta do na Blianta 2004 agus 2005

Cineál Caiteachais	Bliain 2004 €m		Bliain 2005 €m	
Caiteachas glan		773.796		**910.654**
Cionrannta i gCúnaimh		486.220		**444.697**
Admhálacha AE	440.223		403.309	
Eile	45.997		41.388	
Ollchaiteachas		**1,260.016**		**1355.351**

Féach Aguisín 5 le haghaidh mionbhriseadh síos ar chaiteachas Vóta.

CAITEACHAS AE

Maoiniú Chaiteachas an Ciste Ráthaíocht Talmhaíochta Eorpach (CETRT)

Maoiníonn an Rannóg Ráthaíochta den Chiste Eorpach um Threoir agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) caiteachas PCT mar atá íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí agus tacaíochtaí margaidh AE go huile agus go hiomlán. Ina theannta sin is í an Ciste Ráthaíochta a sholáthraíonn an ranníocaíocht AE do bhearta comh-mhaoinithe Clár Forbartha Tuaithe PCT 2000-2006 agus an ranníocaíocht AE do chostais airgeadais agus oibriúcháin ceannach Idirghabhála. Faoi rialacha AE soláthraíonn an Roinn réamh-mhaoiniú i dtosach le haghaidh caiteachas Ráthaíochta PCT ag feitheamh ar é a fháil ar ais ón AE sé seachtaine i riaráiste. Is ó chúlchnap a chuireann Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) ar fáil agus atá forlíonta trí Eisiúintí Státchiste gearrthéarmacha ag buaicthréimhsí íocaíochta a dhéantar íocaíochtaí. Cuireann an Roinn éileamh ar aghaidh go dtí an AE gach mí d'fhonn an caiteachas a fháil ar ais ón gCiste Ráthaíochta.

Athraíonn an ranníocaíocht AE do bhearta Forbartha Tuaithe PCT 2000-2006 ó 50% go 80% de chaiteachas incháilithe faoi réir uasteorainneacha foriomlána airgeadais. Íoctar an caiteachas ar bhearta Forbartha Tuaithe PCT ina iomláine ón Vóta i dtosach agus cuimsítear éileamh ar ranníocaíocht AE san éileamh míosúil ar an gCiste Ráthaíochta.

Is í an Roinn a mhaoiníonn ceannaigh in idirghabháil i dtosach as iasachtaí atá socraithe ag an GBCN mar ghníomhaire an Aire. Coinníonn an Roinn Cuntas Idirghabhála faoi leith le haghaidh sin. Faoi rialacha AE faightear ar ais costas ceannach Idirghabhála trí ráta rialta luachlaghdaithe a fháil ar ais ag am ceannaigh ar ráta atá socraithe ag an gCoimisiún agus trí aisghabháil chaillteanais ar bith ag an bpointe díolacháin nuair a dhíoltar stoc ar phraghas faoi bhun an luach laghdaithe atá aige sa leabhar cuntais. Faightear ar ais costais airgeadas agus oibriúchán Idirghabhála ar bhunús méideanna caighdeánacha. Maoinítear costais airgeadas agus oibriúchán idirghabhála i dtosach báire ón Vóta. Cuimsítear éilimh le haghaidh aisfháil costas luachlaghdaithe, airgeadais agus oibriúcháin san éileamh míosúil ar chiste Ráthaíochta an AE.

€2.237 milliún méid na n-éileamh a cuireadh isteach chuig an AE i 2005 i ndáil le bearta a bhí maoinithe ag Rannóg Ráthaíochta an CETRT. Tá na mionsonraí leagtha amach sa tábla a leanas. Tá briseadh síos níos mine leagtha amach in Aguisín 6

Éileamh a cuireadh isteach chuig Rannóg Ráthaíochta an CETRT i 2005

	2004 €m	2005 €m
Bearta Díreacha		
Préimheanna Beostoic	906.9	612.2
Cúnamh Limistéir	132.6	2.1
Íocaíocht Feirme Aonair	0	1058.4
Aisíocaíochtaí Onnmhaire	214.1	159.9
Bearta Déiríochta	149.3	3.9
Bearta Eile	8.7	5.4
Bearta Indíreacha		
Bearta Forbartha Tuaithe (1)	357.4	358.4
Stóráil Idirghabhála Poiblí (2)	19.1	37.8
Bearta Indíreacha Eile	0	-1.2
Iomlán	**1,788.1**	**2,237.0**

(1) Méid iarrtha ar an AE ar na bearta comh-mhaoinithe seo
(2) Méid iarrtha ón AE i ndáil le luachlaghdú ar stoc, le costais airgeadais agus oibriúcháin.

Ciste Treorach CETRT

Is ceann de Chistí Struchtúracha an AE an Rannóg Treorach den Chiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT). Maoiníonn na Cistí Struchtúracha i bpáirt bearta forbartha náisiúnta comhaontaithe atá curtha i bhfeidhm thar thréimhse roinnt blianta, 2000-2006 faoi láthair. Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia (RTB) ag fáil maoiniú Treorach sa thréimhse 2000-2006 a chlúdóidh cuid de chostas beart áirithe atáthar a chur i bhfeidhm faoi dhá Chlár Oibriúcháin faoi leith. Fochláracha a bhaineann le Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe atá ceadaithe do gach ceann den dá réigiún, an Teorainn, Lár Tíre agus Réigiún an Iarthair (TLTRI) agus Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (D+O).

Maoinítear caiteachas ar bhearta atá comhmhaoinithe ag an gCiste Treorach ag an Vóta agus ina dhiaidh sin faightear ar ais ón AE é tar éis a éileamh agus a chur chun sochair Cionnrannta-i-gCúnamh. Cuirtear isteach éilimh ar mhaoiniú AE ar bhonn tréimhsiúil de réir clár airgeadaithe.

Cuirtear maoiniú treorach tríd an Roinn Talmhaíochta agus Bia go dtí an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) le haghaidh bearta áirithe faoi na Cláir Oibriúcháin thuas agus i ndáil leis an Tionscnamh Pobail LEADER agus go dtí an Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORA) i ndáil le tionscnaimh áirithe PEACE II.

€29.623 milliún luach admhálacha Chiste Treorach CETRT na hÉireann i 2005 (RTB €19.102 milliún, RGPTG €9.932 milliún agus RCORA €0.589 milliún).

Tá an Caiteachas uile faoi réir iniúchta a dhéanann Coimisiún an AE agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Tá na mionsonraí leagtha amach sa tábla a leanas:

Admhálacha Treorach FEOGA (€m) 2004-2005

	2004 €m	2005 €m
Dreas 2000-2006		
PFN D&O/TLTRI OPanna Réigiúnacha [Nótaí (a)]	20.692	22.846
LEADER Plus (Nóta b)	11.280	6.113
Tionscnamh Síochána agus Athmhuintearais (Nóta c)	1.938	0.664
Iomlán Dreas 2000-2006	**33.910**	**29.623**
Dreas 1994-1999 [Críochnaithe]		
COTFTF	25.630	0.000
LEADER 11 (nóta b)	2.390	0.000
Iomlán Dreas 1994-99 [Admhálacha deiridh AE i 2004]	**28.020**	**0.000**
Treoir Iomlán	**61.930**	**29.623**

a. Cuimsítear Admhálacha na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) ar luach €3.743m (€3.572m i 2004)
b. Admhálacha uile na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG)
c. Admháil na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i 2005 ar luach €0.589m agus admhálacha na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) ar luach €0.075m. i 2005

Ag maoiniú Caiteachas PCT agus Forbartha Áitiúla i ndiaidh 2006

Cuirtear polasaithe an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm laistigh de chreat iliomad pleananna airgeadais bliantúla. Mairfidh an plean reatha ar feadh tréimhse ó 2000 go 2006 agus is í 2007 go 2013 an chéad tréimhse eile. I 2005 ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh le rialacha nua don tréimhse 2007 go 2013 maidir le hairgeadú an Pholasaí Thalmhaíochta Chomónta lena n-áirítear Forbairt Tuaithe. Bunaíodh dhá chiste talmhaíochta nua faoi Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1290/1995 le sraith chomónta rialacha airgeadais, viz:

- Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT);
- Ciste Talmhaíochta Eorpaí um Fhorbairt Tuaithe (CTEFT).

Beidh an dá chiste nua ag gabháil ionad an Chiste Eorpaigh um Threoir agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT nó FEOGA sa bhFraincis) ar bunaíodh é i 1962 (faoi Rialachán ón gComhairle (CEE) Uimh. 25 ó 1962). Is í an Rannóg Ráthaíochta de CETRT a mhaoiníonn bearta margaidh PCT, cúnamh díreach d'fheirmeoirí agus an Clár Forbartha Tuaithe 2000-2006 chomh maith. Is í an Rannóg Treorach de CETRT, a oibríonn faoi rialacha Chistí Struchtúracha an AE a mhaoiníonn bearta forbartha tuaithe agus infheistíochta feirme eile faoi Chláir Oibriúcháin atá a chur i bhfeidhm faoin bplean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Maoiníonn sí freisin an Tionscnamh Pobail LEADER.

Maoineoidh an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) na bearta margaidh agus íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí ar bhonn leanúnach. An príomhathrú is ea go gcomhtháthóidh an Ciste Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe nua polasaithe talmhaíochta AE um Fhorbairt Tuaithe agus struchtúrach faoin aon sraith amháin de rialacha oibriúcháin agus airgeadais.

Caiteachas Ciste Tréidliachta

Faoin bPolasaí Talmhaíochta Comónta bainistíonn an Coimisiún Eorpach go díreach agus rannchuidíonn tríd an gCiste Tréidlíochta le costas bearta chun galair ainmhithe a dhíothú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu leis an gcuspóir sin go gcosnófar agus go n-ardófar leibhéal sláinte poiblí agus sláinte ainmhí sa gComhphobal.

Cuirtear maoiniú ar fáil do chostas clár díothaithe agus monatóireachta bliantúla. Ceadaíonn Coimisiún an AE cláir arna gcur isteach ag Ballstáit agus socraíonn leibhéal cúnamh Comhphobail. Is ag teannadh le deireadh na bliana a leanann an bhliain ina dtabhaítear an caiteachas go ginearálta a fhaightear i riaráiste aisghabháil AE. I 2005 fuair an Roinn €15.2 milliún ina iomláine ón gCiste Tréidliachta i ndáil le bearta díothaithe agus monatóireachta lena n-áirítear bearta BSE. De bhreis air sin fuair an Roinn admhálacha Ciste Ráthaíochta AE comh-mhaoinithe ar luach €0.936 i ndáil le bearta ESB (galar na mbó mire), rud a rug iomlán na n-admhálacha comh-mhaoinithe AE suas go dtí beagán níos mó ná €16 milliún i 2005.

Is as an Vóta a íoctar caiteachas na Roinne ar bhearta Maoiniú Tréidliachta agus cuirtear ranníocaíocht an AE ar ais sa Vóta mar Chionroinnt i bhfoirm chúnaimh.

RIALÚCHÁIN AIRGEADAIS

Géilliúntas i leith Ceanglais Tuairisciú Airgeadais AE agus Náisiúnta

Tá oibleagáid ar an Roinn a chinntiú go bhfuil forfheidhmiú na scéimeanna uile ag géilleadh le ceanglais AE agus náisiúnta maidir le tuairisciú airgeadais, le coinneáil sonraí cuntasaíochta agus idirbhearta agus le loirg iniúchta. Oibríonn sí córais chuimsitheacha bhainistíochta agus rialúchán airgeadais agus chuntasaíochta leis an gcuspóir sin a bhaint amach. Orthu siúd áirítear:

- córas cuntas ríomhairithe FTB, ar tugadh isteach i 2001 é agus ar tugadh chun dáta é i 2005, chun ceanglais stiúrtha agus bhainistíochta airgeadais AE agus náisiúnta atá ag leathnú a chomhall.
- Aonad éifeachtach Iniúchta Inmheánach a thug méid substainteach oibre chun críche i 2005;
- coiste Iniúchta ina bhfuil comhaltaí seachtracha den chuid is mó (seacht as ocht);
- scrúdú iniúchta a dhéanann 5 iniúchóir sheachtracha neamhspleácha (Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; an Comhlacht Deimhnithe); Coimisiún an AE; Cúirt Iniúchóirí an AE, agus an Oifig i gcoinne na Calaoise (OLAF) de chuid an Choimisiúin neamhspleách;
- Grúpa Athbhreithniú Creidiúnaithe le cinntiú go gcoinnítear stádas na Roinne mar ghníomhaireacht íoctha AE creidiúnaithe agus le cinntiú go leantar suas cinntí agus moltaí iniúchta;
- Clár Bainistíochta Riosca foirmeálta a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go n-aithneofar agus go ndéanfar bainistíocht ar na príomhrioscanna a bhfuil an eagras ag tabhairt aghaidh orthu.

CREIDIÚNÚ LE HAGHAIDH RÁTHAÍOCHT AE – CÓRAIS FREAGRACHTA AIRGEADAIS

Is í an Roinn an ghníomhaireacht íoctha creidiúnaithe in Éirinn le haghaidh gach caiteachas ar bhearta taca margadh PCT agus le haghaidh íocaíochtaí díreacha do tháirgeoirí, cé is moite bearta iascaireachta. Tá an Roinn ar na gníomhaireachtaí íoctha AE is mó atá ann.

Mar ghníomhaireacht íoctha creidiúnaithe i gcomhréir le rialacha AE, caithfidh an Roinn cloí le ceanglais rialaithe dochta chun teacht le caighdeáin chuntasaíochta agus airgeadaithe agus caithfidh sí cuntais bhliantúla deimhnithe neamhspleácha caiteachais a chur isteach chuig Choimisiún an AE. Má chinneann uirthi é sin a dhéanamh féadfar an creidiúnú a bhaint di.

Is í an Roinn freisin an Comhlacht Comhordaithe sonraithe atá freagrach as eolas airgeadais CETRT AE a chur ar fáil don Choimisiún maidir lena hoibriúcháin agus le hoibriúcháin na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

I 2005 choinnigh an Roinn stádas creidiúnaithe mar ghníomhaireacht íoctha AE le haghaidh caiteachas Ráthaíochta CETRT. **€1,820,729,125.51** ina iomláine a bhí sa chuntas CETRT don bhliain CETRT 2004 (16 Deireadh Fómhair 2003 – 15 Deireadh Fómhair 2004) i dtaca le

híocaíochtaí díreacha FEOGA do tháirgeoirí agus le bearta taca margaidh agus le bearta Forbartha Tuaithe PCT. Rinne an Comhlacht Creidiúnaithe (Deloitte) iniúchadh agus deimhniú ar an gCúntas Bliantúil 2004, agus cuireadh isteach na cuntais deimhnithe agus iniúchta chuig an gCoimisiún faoi cheann an dáta scoir rialaithigh 10 Feabhra 2005 agus cuimsíodh é i gcinneadh imréiteach airgeadais an Choimisiúin

Rinneadh an Grúpa Athbhreithniú Creidiúnaithe (GAC) a bhunaidh an tAire agus a bhfuil an Rúnaí Ginearálta in chathaoirleach air monatóireacht ar bhonn leanúnach i 2005 ar fheidhmiúchán na Roinne mar ghníomhaireacht íoctha. Tá ionadaíocht ag an Roinn Airgeadais agus ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i GAC. I gcaitheamh na bliana 2005 chinntigh an GAC gur cuireadh i bhfeidhm moltaí an Chomhlachta Chreidiúnaithe don bhliain roimhe sin agus go ndearna leanúint fóirsteanach ar chinntí uile iniúchta an AE.

INIÚCHTAÍ

Iniúchadh Inmheánach

Chríochnaigh an tAonad Iniúchta Inmheánaigh méid substainteach obair iniúchta i rith na bliana 2005. Folaíonn sin cur i bhfeidhm cláir iniúchta inmheánaigh agus cláir mionscrúdú iniúchta. Críochnaíodh agus eisíodh ceithre thuairisc inmheánacha déag agus daichead a seacht dtuairisc iniúchta i rith na bliana. Tugadh chun críche na ceanglais rialaitheacha uile maidir le iniúchadh agus le rialúchán i gcomhréir leis na hamscálanna forordaithe mar atá siad leagtha amach i Rialacháin Chiste Struchtúraigh agus Mhionscrúdaithe an AE. Chríochnaigh an grúpa iniúchta TE le cúnamh ó chomhairleoirí seachtracha speisialtóra méid cuimsitheach de thuairisciú iniúchta. Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna ar bun in athuair faoinar cuireadh 172 lá oiliúna ar fáil do bhaill foirne an Aonaid.

Baill de Choiste Iniúchóireachta na Roinne.

Coiste Iniúchta

Bunaíodh Coiste Iniúchta na Roinne i 1994. Is é John Donnelly Leaschathaoirleach Hypo Real Estate Bank International cathaoirleach an Choiste. Is iad Michael Downes, CIE; Eamon O'Connor, Coimisinéirí Ioncaim, John Thompson, Roinn Airgeadais; an tOllamh Niamh Brennan, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; Helen Nolan, Banc na hÉireann; Claire O'Connor, CPT West LB Ireland agus Aidan O'Driscoll, Roinn Talmhaíochta agus Bia na comhaltaí eile atá ar an gcoiste.

Tá trí príomhról ag an gcoiste iniúchta i;

- Comhairle a sholáthar maidir le hoibriúchán na feidhme iniúchta inmheánaí laistigh den Roinn;
- monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán na Comhairle (CEE) Uimh. 4045/89, a bhaineann le mionscrúdú Ballstát ar idirbhearta atá maoinithe faoi scéimeanna tacaíochta éagsúla margaidh atá maoinithe ag Ciste Ráthaíochta an CRTRT;
- Comhairle a sholáthar maidir le sárchleachtas i leith bainistíocht riosca.

Cuireann an Coiste Tuarascáil Bhliantúil chuig an Aire de réir na Cairte atá aige. Casadh an Coiste ar a chéile ceithre uaire i 2005 agus fuair láithreorachtaí faoi go leor gnéithe d'oibriúcháin na Roinne. Tionóladh freisin ceann dá chuid chruinnithe in oifigí na Roinne sa Cabhán. Castar ar a chéile go tráthrialta freisin Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus an tAire agus an Rúnaí Ginearálta.

I dtuarascáil 2004 de chuid na gCoistí Iniúchta a eisíodh i mí Mhárta 2005 dúirt an Cathaoirleach "The role of the Audit Committee is to advise the Minister, the Secretary General and the officials of the Department on the effectiveness of the systems and controls operated within the Department, in respect of the many schemes operated by the Department. I am satisfied that the Audit Committee discharges its obligations in respect of that role." Ag leanúint leis an ráiteas sa tuarascáil dúradh go raibh an Cathaoirleach "satisfied that the Internal Audit Unit is well led and is appropriately resourced".

CLÁR INIÚCHTA AE

Coimisiún na hEorpa

I gcaitheamh na bliana 2005 thug Coimisiún an AE trí chuairt iniúchta ag clúdach:

- Imréiteach na gCuntas Ráthaíochta CETRT – Cláir Forbartha Tuaithe – bhí an iniúchta ar siúl ó 16 – 20 Bealtaine 2005.
- Íocaíochtaí Feirme Aonair – bhí an iniúchadh ar siúl ó 20 – 29 Meithimh 2005;
- Imréiteach Chuntas Ráthaíochta CETRT – Fiosrúchán Uimh. AA/2005/41 maidir le Trasghéilliúntas Cúnamh Limistéir – bhí an iniúchadh ar siúl ó 12 – 14 Iúil 2005.

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

I rith na bliana 2005 thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ceithre chuairt ag clúdach:

- Iniúchadh Ráiteas Dearbhaithe – bhí an tríú misean Iniúchta DAS 2004 (Iniúchadh Caiteachas Ráthaíochta) ar siúl ón 13 – 22 Aibreán 2005; bhain sé le Préimh Mharú Mairteola agus Laofheola, le Forbairt Tuaithe, le hAgri-thimpeallacht agus le Limistéir Mídheisiúla;

- Bhí iniúchadh maidir le héifeachtúlacht chlár oibriúcháin eagraíochtaí táirgeoirí glasraí agus torthaí ar siúl ó 25 – 27 Aibreán 2005;
- Iniúchadh Ráiteas Dearbhaithe - DAS 2005 (Iniúchadh Caiteachas Ráthaíochta CETRT) – tugadh 2 chuairt iniúchta:

    1) 17 – 20 Deireadh Fómhair a bhain le Bó Dhiúil, le Mairteoil Speisialta agus le Cúnamh Limistéar;

    2) 28 Samhain – 2 Nollaig 2005 a bhain le hAisíocaíochtaí Onnmhaire, leis an earnáil Ghabhair agus Chaorach, le Cúnamh Limistéar.

Bainistíocht Riosca

Is é mórchuspóir an Chláir Bhainistíochta Riosca (CBR) mar atá sé leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne na príomhrioscanna (straitéiseach, oibríochtúil, airgeadais, clú), a mbeidh an Roinn ag tabhairt aghaidh orthu chun a cuid chuspóirí a bhaint amach, a aithint agus a mheas agus bearta a léiriú ar leibhéal Roinne agus Rannáin chun díriú ar na rioscanna sin.

Cuireann Foireann Bhainistíochta Riosca (FBR) ina bhfuil ionadaithe ó na sreabha Cigireachta, Talmhaíochta, Tréidliachta, Riaracháin tuairisc ar ais chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca (CBR) a bhfuil an Rúnaí Ginearálta ina chathaoirleach air. Oifigigh sinsearacha na Roinne atá sa CBR agus tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an gclár Bainistíochta Riosca. Casadh an CBR ar a chéile ceithre uaire i 2005.

Déantar athbhreithniú ar an gclár ar bhonn leanúnach. I 2005 rinneadh feabhsaithe chun éifeachtacht an CBR a fheabhsú. Cuireadh réamheilimintí den chóras nua i bhfeidhm faoi cheann Aibreán 2005 agus rolladh amach an struchtúr athbhreithnithe le haghaidh tuairiscithe maidir le Q2 2005. Cuireadh ábhar tacaíochta ar fáil d'úsáideoirí chun freastal dá n-úsáid an bhunachair shonraí leasaithe agus chun an córas athbhreithnithe le haghaidh ionramháil rioscanna a mhíniú.

Creat Eolas Bainistíochta (CEB)

I rith na bliana 2005 rinneadh uasghrádú ar an gcóras Cuntasaíochta FTB ar tugadh isteach ar dtús é i mí Iúil 2001 (cuireadh feidhmiúlacht feabhsaithe leis i 2003). Bhí an Roinn ar cheann de na chéad Ranna a roghnaigh agus a shuiteáil Córas Bainistíochta Airgeadais oiriúnach do CEB. Tá níos mó ná 1000 ball foirne anois ar fud na Roinne a bhfuil teacht acu mar is cuí ar an gcóras FTB.

An sochar aonair is mó a bhaineann leis an gcóras is ea go bhfuil eolas airgeadais ar bhonn 'online' ar fáil do na baill foirne uile lena mbaineann.

Chomh maith leis an eolas airgeadais a chuireann sé ar fáil is é an córas Cuntas FTB an bunchóras as a ngintear na híocaíochtaí a dhéanann an Roinn. Chun na críche sin gintear níos mó ná milliún íocaíocht as an gcóras ar bhonn bliantúil. Tá an córas seo atá in ann idir eolas faoi airgead tirim agus eolas fabhrúbhunaithe a tháirgeadh cumraithe go hiomlán chun áis íoctha leictreonach a sholáthar do na cliaint uile.

Cuireann foireann forfheidhmithe CEB béim mhór i gcónaí ar sholáthar oiliúna Bainistíochta Airgeadais. Cuireadh oiliúint bhreise a bhain le CEB, ag clúdach an timpeallacht CEB agus úsáid éifeachtach eolas airgeadais agus neamhairgeadais, ar fáil do bhaill foirne i ngráid bhainistíochta shinsearacha i rith na bliana 2005.

Tionscnamh Athbhreithniú Caiteachais (TAC)

Is é an Coiste Stiúrtha Lárnaigh Athbhreithniú Caiteachais (CSLAC) atá ag maoirseacht ar an Tionscnamh Athbhreithniú Caiteachais (TAC) sa Roinn Airgeadais. Tá glactha ag an Rialtas le plean oibre athbhreithniú caiteachais nua trí bliana don tréimhse 2005 go 2007. I rith na bliana 2005 cuireadh tús le hobair ar na trí athbhreithniú caiteachais a bhí pleanáilte don bhliain sin.

SPRIOC 5

Acmhainní Oibriúcháin agus an Clár Oibrithe Nuachóirithe

Ár n-acmhainní daonna agus fisiciúla, agus ár n-acmhainní oibriúcháin a fhorbairt agus a chinntiú go gcuirfear seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil dár gcustaiméirí, idir inmheánacha agus seachtracha agus Polasaí an Rialtais i leith dílárú agus nuachóiriú na seirbhíse poiblí á fhorfheidhmiú againn.

Ráiteas Straitéise 2005-2007

Lainseáladh an cúigiú Ráiteas Straitéise ag clúdach na tréimhse 2005-2007 i mí an Mheithimh 2005.

Chuir sin in iúl misean na Roinne, d'aithin sé na príomhaidhmeanna agus straitéisí a bhí sé i gceist a bhaint amach sna trí bliana amach anseo agus chuimsigh próiseas forfheidhmithe agus monatóireachta.

Is doiciméad creata an Ráiteas Straitéise a rialaíonn na hoibriúcháin roinne uile toisc gurb é is foras do na Pleananna Gnó Rannáin uile agus do Phróifílí Ról Aonair uile chomh maith. Tá tuairisc mhionsonraithe faoin dul chun cinn atá déanta ar na haidhmeanna agus ar na straitéisí sa Ráiteas Straitéise in Aguisín 1.

Pleanáil Ghnó

I 2005 bhí Pleanáil Ghnó leabaithe níos fearr in oibriúcháin laethúil na Roinne agus ó am go chéile cuimsíodh i gclár oibre CCB (Coiste Comhairliúchán Bainistíochta) í . Ba é fócas an CCB tosaíocht a thabhairt don Chóras Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Forbartha (CBFF) agus do Phleananna Gnó agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm agus ina theannta sin na próisis sin a lánpháirtiú sa Chreat Eolas Bainistíochta chun uirlis tuairiscithe éifeachtach a fhorbairt. Rinneadh dul chun cinn suntasach agus tá sé de rún tuairisc bhainistíochta chomhtháite a chur amach, ar bhonn píolótach ar dtús, chuig gach Rannán i 2006.

Grúpa Fíorú Feidhmiúchán Státseirbhíse

I 2005 rinne an Grúpa Fíorú Feidhmiúchán Státseirbhíse (GFFSS) athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar an dul chun cinn a bhí déanta ag an Roinn ar an gclár oibre nuachóirithe. Glacadh i Samhain 2004 le Plean Gnímh athbhreithnithe ag leagan amach coimitmintí breise do 2005 agus 2006. Is tríd an gCoiste Páirtíochta a cuireadh isteach Tuarascálacha Cuimsitheacha ar Dhul chun Cinn i Márta agus i Meán Fómhair 2005 ag léiriú an dul chun cinn a bhí déanta ar shaincheisteanna a leithéid seirbhís chustaiméara, úsáid éifeachtach acmhainní, nuachóiriú agus solúbthacht, dílárú agus bainistíocht rialaitheach feabhsaithe AD agus ICT. Cuireadh ar fáil ábhar breise freisin i ndáil le cur i ngníomh Táscairí Tábhachtacha feidhmíochta i Ráiteas Straitéise dár gcuid féin 2005-2007. Rinneadh dul chun cinn sna réimsí riachtanacha agus rinne an GFFSS cinneadh fabhrach.

Baill fhoirne d'Aonad Oiliúna agus Forbartha na Roinne.

ACMHAINNÍ DAONNA

Athchóiriú Foirne

Tasc thar bheith suntasach a bhí ansin i rith na bliana 2005 i bhfianaise tabhairt isteach Scéim Íocaíochta Singil agus athrú sa chineál oibre ag leibhéal Oifige Áitiúla.

Bhí gá le comhordú idir na héilimh bhreise a bhain le bunú na Scéime nua, le próiseáil iarratas agus le híocaíochta tráthúla a chinntiú agus an laghdú san ualach oibre riaracháin de bharr díothú scéimeanna préimhe agus tionchar teicneolaíocht nua-aimseartha a leithéid Córas Rialachán Sláinte Ainmhí agus an Córas Monatóireachta Gluaiseachta Eallaigh.

Is ar bhealach réamhghníomhach agus cuimsitheach a rinneadh sin tar éis dul i gcomhairle le Cumainn Foirne agus bunaíodh fochoiste de Chomhairle Rannóige chun teacht ar chomhréiteach faoi na bunphrionsabail ba gá thabhairt chun fónaimh i ndáil le hathchóiriú agus le ceisteanna gaolmhara eile.

Thosaigh an Roinn ag scaoileadh le baill foirne ó oifigí áitiúla agus á gcur chun Ranna le líonraí d'oifigí, go sonrach na Coimsinéirí Ioncaim, Leasa Sóisialta agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

I gCinneadh Rialtais an 22 Feabhra 2005 glacadh i bprionsabal le hathshannadh foirne chléireacha ó Ranna Rialtais go dtí An Garda Síochána chun Gárdaí a shaoradh ó obair oifige agus le dul i mbun dualgas oibríochtúla. Ag eascairt as Cinneadh Rialtais bunaíodh Coiste Idir-Ranna faoi chathaoirleachas na Roinne Airgeadais le hionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ón nGarda Síochána agus ón Roinn Talmhaíochta agus Bia chun foireann a aithint agus chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas athchóirithe.

Chuaigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i dteagmháil leis an Roinn ag iarraidh foirne toisc gur aithníodh an oifig againn i gCaisleán an Bharraigh mar oifig thar bheith oiriúnach de bharr an líon foirne, an áit a raibh sí lonnaithe agus na háiseanna a bhí ar fáil inti. Tosaíodh ar chéim phíolótach de na hIonaid Seirbhísí Eolas Garda i mí Mheán Fómhair 2005 agus chuaigh an tionscnamh beo i mí Dheireadh Fómhair na bliana sin.

Athlonnú foirne go dtí Backweston

Táthar ag athlonnú saotharlanna na Roinne agus 220 ball foirne speisialtóra ó Bhaile Átha Cliath go dtí coimpléasc saotharlainne nua i Backweston, Co. Chill Dara. Tógadh an coimpléasc nua chun cóiríocht a thabhairt do na Saotharlanna Lárnacha Taighde Tréidliachta, do Rialúchán Feola Lárnaí, d'Eolaíocht Déiríochta, do Shaotharlanna Tástála Síl agus Lotnaidicíde agus cuirfidh sé tástáil eolaíoch nua-aimseartha, áiseanna taighde agus monatóireachta ar fáil.

Tugadh an obair thógála chun críche agus tugadh an fhoirgnimh ar láimh na Roinne seo de réir sceidil an 20 Bealtaine 2005. Thosaigh an Roinn ar sheilbh a ghlacadh ar an gcoimpléasc ar bhonn céimnithe i Lúnasa 2005.

Páirtíocht

Téann struchtúir Páirtíochta laistigh den Roinn i mbun páirtíochta le bainistíocht, le ceardchumainn agus le foireann ar gach leibhéal agus cláir á chur chun cinn agus i bhfeidhm acu chun an clár oibre nuachóiríochta a chur ar aghaidh agus mar bhealach chun an fhoireann a tharraingt isteach in obair leanúnach na Roinne. Tá sé d'aidhm ag na struchtúir sin saincheisteanna a bhaineann le hobair agus le heagraíocht, agus dúshláin sa chiall ghinearálta a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

I rith na bliana tháinig an Coiste Stiúrtha le chéile ar bhonn leanúnach chun saincheisteanna ar díol suime iad lena n-áirítear dílárú a phlé, agus casadh na Coistí Páirtíochta Áitiúla (CPAanna) le chéile go tráthrialta freisin.

Méadú sna huaireanta oibre solúbtha

Tugadh isteach mar pholasaí nua Áisiúil don Teaghlach múnla comhroinnt oibre ó 9 r.n. go 3 i.n. ar bhonn píolótach i dTeach Talmhaíochta ó lár mhí Mheán Fómhair. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ag deireadh na tréimhse píolótaí.

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe) 2003

Baineann an tAcht seo go mór leis an Roinn de bharr líon na n-Oifigeach Cléireachais Sealadacha atá fostaithe ar fud an eagrais. Táthar ag cur forálacha an Achta lena mbaineann i bhfeidhm go hiomlán.

Córas Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Forbartha (CBFF)

Thángthas ar chomhaontú faoi lánpháirtiú CBFF le polasaithe agus le próisis Acmhainne Daonna (AD) sa Státseirbhís i mí an Mheithimh 2005. Bainfear úsáid as CBFF chun incrimintí, scálaí agus ardú céime daoine le jabanna a mheas. Neartóidh sin ábharthacht CBFF agus leis an scála measúnaithe cúig phointe nua le haghaidh na ngrád uile beifear in ann idirdhealú níos soiléir a dhéanamh idir na leibhéil feidhmiúcháin a bheifear ag taifeadadh. Tabharfar isteach i 2006 an múnla athbhreithnithe CBFF chun críche oiliúna agus chun taithí a fháil air agus beidh measúnuithe a ndéanfar faoi CBFF de dhíth le haghaidh cinntí iarbhír AD i 2007.

Bhí an Roinn sa lár agus í bainteach ar bhonn gníomhach tríd an Líonra CBFF i ndáil le cur i bhfeidhm an chórais chomhtháite. Tháinig an Fhoireann Tionscadal CBFF le chéile in athuair i 2005 agus beidh sí ag teacht le chéile ar bhonn leanúnach i dtaca le hullmhúcháin don chur i bhfeidhm.

Oiliúint agus Forbairt

I 2005 tar éis cead a fháil i dtosach ó CCB, bhreithnigh an Coiste Forbartha agus Oiliúna Foirne an Straitéis Oiliúna 2006-2008 agus cheadaigh í. Táthar ag súil go gceadóidh an Pháirtíocht í agus go bhfoilseofar go luath i 2006 í.

Go hachomair maidir leis an straitéis:

- Dearbhaíonn sí in athuair coimitmint na Roinne i leith Oiliúna agus Forbairt Foirne;
- Déanann sí cur síos ar an gcaoi a n-aithneofar riachtanais oiliúna;
- Míníonn sí an chaoi a ndéanfar measúnú ar chláir oiliúna;
- Aithníonn sí na páirtithe leasmhara agus a gcuid freagrachtaí;
- Aithníonn sí na dúshláin oiliúna tábhachtacha;
- Léiríonn sí tionscnaimh nua foghlama.

I 2005 chuir an Aonad Forbartha agus Oiliúna Foirne in éindí le Ranna eile réimse leathan oiliúna ar fáil lena n-áirítear

- Oiliúint i scileanna boga (m.sh. Scileanna Cumarsáide Idirphearsanta agus Bainistíochta);
- Oiliúint dhlíthiúil;
- Oiliúint san agallóireacht;
- Insealbhú;
- Réamhscor;
- Oiliúint Feidhmchlár Ríomhaire (CETR, Próiseáil Focal, Bunachar Sonraí);
- Oiliúint Ríomhaire Speisialtóra;
- Oiliúint Eolaíochta, Theicniúil agus Thréidliachta;
- Oiliúint oibriúcháin ar chórais ríomhaire na Roinne (m.sh. FTB, CRSA (Córas Ríomhaire Sláinte Ainmhí), Íocaíochta Singil, Taisteal agus Tuarastail etc.);
- Oiliúint CEB;
- CBFF.

Seachadadh 16,700 lá oiliúna ina iomláine ar fhoireann na Roinne ar chostas €4,919,643 i 2005.

DÍLÁRÚ

Is mar a leanas cinneadh an Rialtais faoi na láithreacha agus na huimhreacha a bheidh i gceist le Dílárú na Roinne;

Oifig	Láthair	Garlíon	Sceidealta le haghaidh
Ceanncheathrú Roinne	Port Laoise	600*	2008
Oifigí áitiúla Chathair Chorcaí & An Mhala	Mainistir Fhear Maí	100	2009
Saotharlanna Chorcaí (3) & Saotharlanna Luimnigh (2)	Maigh Chromtha	100	2009
Cuimsíonn sin 200 post TE, rud a thugann an líon foirne iomlán i bPort Laoise suas go dtí amuigh is istigh le 850.			

Cuireadh isteach chuig an Grúpa Forfheidhmithe Díláraithe (GFD) i mí na Feabhra 2005 Plean Forfheidhmithe Dílárú na Roinne a léiríonn an chaoi a mbeidh an Roinn ag cur i bhfeidhm chinneadh an Rialtais maidir le dílárú. Cuireadh isteach chuig an GFD i mí Iúil plean faoi leith ag déileáil le dílárú an 200 post TE. Cuireadh roinnt céimeanna ar bun agus rinneadh roinnt gníomhartha le dul chun cinn díláraithe laistigh den Roinn a chinntiú

- Casadh le chéile go tráthrialta Coiste Forfheidhmithe Díláraithe inmheánaigh faoi chathaoirleachas an Rúnaí Chúnta chun an clár iomlán a stiúradh;
- Cuireadh Aonad Díláraithe lántiomnaithe ar bun;
- Chuaigh coiste i mbun oibre i bPort Laoise chun dul i mbun comhoibre leis na hÚdaráis Áitiúla, leis na Ranna Rialtais, le heagraíochtaí áitiúla agus le soláthraithe seirbhíse ábhartha d'fhonn freastal d'fhoireann nua a bhí ag teacht;
- D'eisigh an Roinn nuascéala go tráthrialta maidir le dílárú (via imlitreacha agus inlíon na Roinne) agus chuaigh sí i mbun comhairle freisin le ceardchumainn foirne agus le cumainn via Páirtíocht agus Comhairle Roinne;
- Is mír seasmhach dílárú ar chlár oibre cruinnithe choicísiúil an Choiste Comhairliúcháin Bhainistíochta (CCB) den Roinn le cinntiú go gcoinneofar bainistíocht shinsearach chun dáta maidir le dul chun cinn.

Port Laoise – Dul chun Cinn i 2005

I rith na bliana 2005 bhí méadú suntasach sa líon foirne i bPort Laoise. Cé gur chiondáileadh a bhformhór ar an Scéim Íocaíochta Singil (SIS) cuimsíonn an líon sin foireann atá ag obair sa Rannán Cóiríochta, sa Rannán Seirbhísí Bainistíochta, san Aonad Forbartha agus Oiliúna, sa Rannán Pearsanra agus sa Rannán Córais Eolais. Cuireadh pleananna ar aghaidh mar gheall ar aistriú 50 post bhreise go dtí Port Laoise i 2006 agus 2007. Maidir leis sin thosaíodh ar aistrithe isteach agus amach as an Roinn via an Áis Lárnach Iarratas (ALI) i 2005.

Mainistir Fhear Maí agus Maigh Chromtha – Dul chun Cinn i 2005

Cuireadh pleananna forfheidhmithe sonracha do Mhainistir Fhear Maí agus do Mhaigh Chromtha i dtoll a chéile.

Oifig Phort Laoise

CÓIRÍOCHT

Dílárú

Fuarthas cóiríocht shealadach i bPort Laoise le freastal ar riachtanais bhreise na Roinne. I mí Bhealtaine ceadaíodh an suíomh i bPort Laoise ina mbeidh oifigí nua na Roinne lonnaithe; soláthróidh an suíomh d'fhorbairt choimpléisc ina mbeidh cóiríocht le haghaidh 850 foireann. Tá an Roinn ag obair go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) maidir leis sin agus maidir le soláthar oifigí i Mainistir Fhear Maí agus saotharlanna i Maigh Chromtha freisin.

Cóiríocht Oifige Áitiúla

Chuaigh níos mó ná 80 foireann isteach in Oifigí nua ag Halla Houston, Ráithín, Luimneach agus chuaigh timpeall 90 foireann isteach in oifigí nua ag Bóthar an Chlochair. Baile Ros Comáin. Rinneadh plé leanúnach i rith na bliana leis an OOP maidir le soláthar oifigí nua san Uaimh agus i Liatroim.

Éifeachtacht Fuinnimh

Suas go dtí 2005 an bhliain sin san áireamh suiteáladh Córais Bhainistíochta Foirgnimh in Oifigí na Roinne i mBaile an Aba, i dTeach Talmhaíochta (Ceanncheathrú Bhaile Átha Cliath), i mBéal an Átha, sa Chabhán, i Longfort, san Uaimh, i bPort Laoise, i Sligeach, i gCathair Chorcaí, i nGaillimh, i gCill Chainnigh, sa Mhuileann gCearr agus i dTulach Mhór. Tá Córais Bhainistíochta Foirgnimh curtha ar bun chun áis a bhaint as aibhléis ar ráta íseal/seachbhuaice nuair is féidir. Tá sé de phlean ag OOP go leathnófar faoi dheireadh 2006, úsáid Chóras Bainistíochta Foirgnimh go dtí oifigí na Roinne i mBaile Átha Luain, i dTeach Hume Baile Átha Cliath, i gCaisleán an Bharraigh, i gCluain

Meala, i nDún Dealgain, in Inis, i gCaisleán Bhaile Sheáin, i Leitir Ceanainn, i Muineachán, san Aonach, i dTamhlacht, i bPort Láirge agus i gCathair Chill Mhantáin.

Coimpléasc Nua Saotharlainne ag Backweston agus ag Feirm Longtown, Co. Chill Dara

Thosaigh an Roinn i mBealtaine 2005 ag aistriú saotharlanna go dtí Coimpléasc Saotharlainne Backweston. Tá na saotharlanna a leanas lonnaithe anois i mBackweston – Saotharlann Lárnach Taighde Tréidliachta na Roinne, Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath, an tSaotharlann Lárnach Rialúchán Feoil, an Stáisiún Tástála Síl Náisiúnta, an tSaotharlann Rialúchán Lotnaidicídí agus an tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta.

Tugadh cead phleanála le haghaidh Feirm Longtown (le cur in ionad Fheirm Bhaile an Aba) i mí Mheán Fómhair 2005 agus tá an Roinn ag obair go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí ag chur an tionscadal chun cinn.

FORBAIRTÍ EAGRAÍOCHTÚLA EILE

Aistriú Leictreonach Maoine (ALM)

Feirmeoirí

Bhí tionscnamh an mhodha íocaíochta seo ag dul ar aghaidh ar bhonn leanúnach i rith na bliana 2005 agus ag deireadh na bliana bhí a gcuid íocaíochtaí ón Roinn aistrithe go leictreonach go dtí a gcuntais bhainc ag nach mór 60,000 feirmeoir. I bhfad os cionn an tríú cuid d'íocaíochtaí d'fheirmeoirí atá i gceist leis sin.

Foireann na Roinne

Bhí ardú go 88% ar an gcéatadán foirne a fuair íocaíochtaí trí ALM i 2005..

Soláthraithe

Is trí ALM a dhéanann an Roinn níos mó ná 85% dá cuid íocaíochtaí do sholáthraithe.

Féinsheirbhís Fostaithe

I rith na bliana cuireadh córas ar bun lena chur ar chumas fhoireann na Roinne éilimh ar íocaíochtaí maidir le taisteal oifigiúil a chur isteach go leictreonach agus breathnú ar líne ar mhionsonraí tuarastail. Luathóidh an córas íocaíocht éileamh agus cuirfidh sé feabhas ar an seirbhís d'fhoireann.

ISO 9001: 2000 Bainistíocht Tionscadail

Is cónaidhm chomhlacht caighdeáin náisiúnta domhanda an ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chomhchuibhiú Caighdeáin). Má fhaighimid creidiúnú go dtí Caighdeán ISO 9001: 2000 is fíorú neamhspleách sin ar chaighdeán ár gcuid seirbhísí. Tá an Roinn geallta dearbhú d'ardchaighdeán ar sheirbhísí a chur ar fáil agus sástacht chustaiméara a fheabhsú.

Thosaigh Córas Bainistíochta Caighdeáin (CBC) ar oibriúchán go dtí an Caighdeán ISO 9001:2000 sa Rannán Pórú Beostoic i 2005. Tar éis iniúchadh a dhéanamh mhol an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (UCNE) go bhfaigheadh an CBC Creidiúnú agus Clárú faoin gCaighdeán ISO 9001:2000 i mí na Samhna2005. Tá súil leis go mbainfear amach Creidiúnú go dtí an Caighdeán ISO 9001:2000 sa chéad leath den bhliain 2006.

Tá an Scéim Ceadúnas Leigheas Ainmhí (Rannán Míochaine Tréidliachta, Magh Nuad) agus an Córas Aisíoca Onnmhairíochta Mairteola (Rannán Aisíocaí Onnmhaire, Loch Garman) creidiúnaithe go dtí an Caighdeán ISO 9001:2000. I 2005 fuair an dá Chóras Bainistíochta Caighdeáin seo creidiúnú le haghaidh 3 bliana breise go dtí an caighdeán ISO 9001: 2000 ón Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (UCNE).

Nuair is praiticiúil agus is cuí é tá sé de phlean ag an Roinn an Córas Caighdeáin ISO a thabhairt isteach go dtí líon áirithe Rannán íoca.

Sláinte agus Sábháilteacht

Fuair 225 bhall Foirne oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta i rith na bliana den chuid is mó sna réimsí Scoitheadh Sábháilte, Bainistíocht Líne, Láimhseáil Láimhe, Ionadaí Garchabhair agus Sábháilteachta. Cuireadh tús le hobair ar uasdátú Ráiteas Sábháilteachta na Roinne atá ann faoi láthair agus le hullmhúchán Ráitis Sábháilteachta i dtaca le hionaid oibre uile.

D'oibrigh an Comhairleoir Sábháilteachta Earraí Contúirteacha (CSEC) ar bhonn leanúnach i rith na bliana ar son na Roinne go háirithe i ndáil le samplaí fáthmheasta do Shaotharlanna na Roinne.

Tuairiscíodh ocht dtimpiste, sciorradh, tuisle agus titim den chuid is mó, don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i rith na bliana. Tuairiscíodh trí theagmhas chontúirteacha sa tréimhse chéanna.

An Taoiseach Bertie Ahern T.D., Philip O'Reilly Ard-Rúnaí Cúnta agus Philip Nolan, Príomhfheidhmeannach Eircom ag Bronnadh Dhámhachtainí 2005 Eircom um Nuáil trí Theicneolaíocht - Eanáir 2005.

AG CUR T.E. CHUN CINN ACMHAINN

Choinnigh an Roinn go seasta lena straitéis úsáid a bhaint as Teicneolaíocht an Eolais (TE) chun freastal d'athrú straitéiseach, chun éifeachtacht inmheánach a fheabhsú, chun rialúchán a fheabhsú agus chun breis feabhais, lena n-áirítear soláthar ríomhsheirbhísí Rialtais, a chur ar an tseirbhís chustaiméara. Fócas Tábhachtach i rith na bliana 2005 ba ea na córais a theastaigh le haghaidh sheachadadh na Scéime Íocaíochta Singil a thabhairt chun críche. Rinneadh é sin go rathúil le hais réimse leathan eile d'fhorbairtí TE. In aitheantas ar a raibh bainte amach ag an Roinn sa réimse TE i raon leathan tionscadal le linn na bliana 2005 fuair an Roinn

ceithre ghradam i dtrí chatagóir ag Gradaim Nuálaíocht-trí-Theicneolaíocht Eircom don bhliain 2005. Ina measc sin bhí an gradam is airde sa chatagóir faoi leith le haghaidh dhá cheann de thionscadail aonair na Roinne agus an gradam is airde le haghaidh Eagraíocht Nuálach na Bliana. Tá mionsonraí thíos faoi roinnt de phríomhtionscnaimh theicneolaíocht an eolais ar cuireadh chun cinn iad i 2005.

Scéim Íocaíochta Singil (SIS)

I rith na bliana tugadh isteach córas mór nua le híocaíochtaí faoin Scéim Íocaíochta Singil nua a cheadú. Ag tógáil ar obair a rinneadh i 2004 chuir an córas feidhmiúlacht ar fáil chun tacú le réamhphriontáil foirmeacha iarratais 2005, gabháil sonraí iarratas comhlíonta, iniúchtaí incháilitheachta agus trasghéilliúntais agus íocaíocht iomlán teidlíochta feirmeoirí ag tosú an 1 Nollaig. Rinneadh amuigh is istigh de luach €1 Billiún d'íocaíochtaí SIS i mí na Nollag.

CEFC (Córas Eolas Foraoise Comhtháite)

Cuireadh CEFC córas mór nua ríomhaire don tSeirbhís Foraoise chun cinn ar bhonn leanúnach i gcaitheamh na bliana 2005.Is feidhmchlár léarscáilbhunaithe CEFC, Córas Eolas Foraoise Comhtháite a mbeidh trí réimse thábhachtacha le haghaidh na Seirbhíse Foraoise: a) Íocaíochtaí Deontais agus Préimhe, b) Pleanáil Foraoise agus c) Fardal Foraoise ina sainchodanna de.

Cuireann an córas feidhmiúlacht ar fáil chun íocaíocht deontas foraoise a luathú ag feabhsú ar an dóigh sin an tseirbhís do chustaiméirí na Seirbhíse Foraoise. Ionas go mbeidh sé in oiriúint leis an gcéim optamam de thimthriall gnó na Seirbhíse Foraoisí tá sé sceidealta go gcuirfear CEFC i bhfeidhm go luath i 2006, am tráthúil chun íocaíochtaí Préimhe Foraoise 2006 a phróiseáil.

Ollstóráil Sonraí

I 2005 tugadh faoi thionscadal píolótach a raibh sé d'aidhm aige scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht Ollstór Sonraí a fhorbairt don Roinn ar aon leithne leis an bhfiontraíocht. Cheadódh sin don Roinn feidhm a bhaint as na stóir mhóra sonraí atá aici ina cuid córas ríomhaire oibríochtúla ar bhealach comhtháite chun tacú le tascanna pleanála polasaí, anailís tionchair agus anailís riosca.

Bainistíocht Eolais agus Taifead

I 2005 chuir an Roinn tús le hanailís faoina raibh de dhíth uirthi ó thaobh taifead comhtháite agus córas bainistíochta eolais. Tá sé de rún gurb é a thiocfaidh as an staidéir seo go gcuirfear chun cinn straitéis trína mbeidh an Roinn in ann thar thréimhse na blianta amach anseo feidhm a bhaint as córais atá bunaithe ar an teicneolaíocht chun cuidiú le bainistiú taifead doiciméadach atá ag an Roinn agus atá ag dul i méid i gcónaí d'fhonn úsáid optamam a bhaint as an eolas atá stóráilte ar fud na Roinne.

Tionscnaimh Ríomhsheirbhísí Rialtais

Chuir clár thionscnaimh Ríomhsheirbhísí Rialtais na Roinne seirbhísí feabhsaithe ar fáil dá cuid chustaiméirí agus gníomhairí seachtracha ar bhonn leanúnach i 2005. Chuaigh an tabhairt faoi stiúir de theicneolaíochtaí nua, go sonrach i réimsí seirbhísí gréasánbhunaithe, SMS agus WAP, mar aon le soláthar eolais via bothanna féinsheirbhíse chun sochair na Roinne sa mhéid is go bhfuil teacht níos forleithne agus níos éasca ar a cuid bunachar cliaint. Lena linn sin tá an Roinn in ann Clár Oibre Sochaí Eolais níos forleithne a thabhairt ar aghaidh.

Cuireann suímh idirlín na Roinne bunachar fairsing sonraí faoi eolas a bhaineann le róil agus le freagrachtaí éagsúla na Roinne ar fáil agus tugann an áis Ríomhsheirbhísí deis dár gcustaiméirí teacht ar an idirlín ar líon feidhmchlár atá ag dul i méid i gcónaí.

Bhí úsáid inmheánach teicneolaíochtaí nua ar siúl go seasta ar bhonn forleathan ar fud na Roinne i gcaitheamh na bliana. Leathnaíodh amach áiseanna físchomhdhála go dtí go leor láithreacha nua chun freastal do chruinnithe tábhachtacha a raibh foireann sna hoifigí díláraithe éagsúla nó iontusan atá sa mBruiséil bainteach leo. Leathnaíodh an úsáid nuálach de theicneolaíocht WAP chun gabháil sonraí a fheabhsú agus cheadaigh sé do chigirí Beostoic beostoc agus sonraí cigireachta íocaíochta feirme aonair a thaifeadadh le linn bheith amuigh faoin spéir. Fuair sin aitheantas forleathan sa tionscal de bharr a nuálaíochta. Bhí teacht ar ríomhphost ar fáil 24 uaire sa ló freisin nuair a theastaigh de bharr forbairtí nua sa teicneolaíocht soghluaiseachta, rud a d'fhreastail do shreabh feabhsaithe eolais agus méadú sa táirgiúlacht.

I rith na bliana d'oibrigh an Roinn go dlúth ar bhonn seasta leis an Aonad Polasaí Sochaí Eolais ag Roinn an Taoisigh agus le gníomhaireachta tras-ranna eile a leithéid REACH.

Cuireadh bearta slándála feabhsaithe do ríomhsheirbhísí Rialtais na Roinne i bhfeidhm freisin i 2005. Beidh na bearta sin ina ábhar grinnbhreathnaithe agus measúnaithe leanúnaigh tríú páirtí go seasta thar thréimhse na chead bhliana eile.

Seirbhísí REACH agus an Bróicéir Seirbhíse Poiblí

D'oibrigh an Roinn ar bhonn leanúnach leis an nGníomhaireacht Reach ar feadh na bliana ag cinntiú dá chionn sin go bhfanfaidh sí ar thús cadhnaíochta idirghníomhaíochta Rialtais leis an mBróicéir Seirbhíse Poiblí (BSP). Tá an bonneagar ann chun comhcheangaltacht iomlán idir ailtireacht theicniúil na Roinne féin agus an BSP a chinntiú.

Ríomhsheirbhísí agus suíomh idirlín na Roinne

Tugann leathanach baile shuíomh idirlín na Roinne ag http://www.agriculture.gov.ie. deis i gcónaí d'úsáideoirí teacht ar leathanach na ríomhsheirbhísí. Tar éis cláraithe cuirtear CRP (Cód Rochtana Pearsanta) agus pasfhocal ar fáil do chliaint chun críche idirghníomhaíochta daingne leis na seirbhísí atá ann agus a bheidh ann.

Cuireann an Roinn na Ríomhsheirbhísí a leanas ar fáil do chliaint:

Tugann an Roinn deis teacht ar líne ar eolas faoi iarratas SIS aonair, ar íomhánna scanta de chumarsáid agus ar mhapáil dhaite de phacáistí talún.

Maidir le haitheantas agus le gluaiseacht ainmhí tugann an Roinn anois deis teacht ar chóras nuafhorbartha a fhreastalaíonn d'iarratas ar líne ar Theastas Géilliúntas gluaiseachta ainmhí [CMGE], rud a theastaíonn le haghaidh gluaiseachtaí áirithe ainmhí. Tugtar deis teacht ar líne ar áis clárú breithe lao agus ar áis Fiosraithe Próifíle Tréada freisin. Ceadaíonn sin d'úinéir tréada breathnú ar an gcóras Monatóireachta Gluaiseachta Eallaigh (CMGE) ar shonraí maidir lena (h)ainmhithe sa tréad chomh maith le gluaiseachtaí isteach agus amach as an tréad. Ceadaíonn sé freisin ioschóipeáil na sonraí sin go dtí pacáiste bogearra bainistíochta feirme an fheirmeora féin. Is é an córas nua Gluaiseachta agus Aithneachtála Ainmhí (GAA) a thugann taca do na háiseanna sin. Tá súil leis go mbainfear úsáid forleathan as na seirbhísí ar líne agus go spreagfaidh siad daoine chun glacadh níos mó le háiseanna leictreonacha le linn bheith i mbun idirghníomhaíochta leis an Roinn.

Tá áis curtha chun cinn ag an Roinn freisin a cheadaíonn do chustaiméirí breathnú ar shonraí saothraithe prátaí sa stát. Beidh an córas ar fáil don phobal ó mhí na Feabhra 2006 ar aghaidh.

Tugann suíomh idirlín na Roinne deis teacht ar réimse leathan eolais. Le tabhairt isteach don Scéim Íocaíochta Singil i 2005 tá áis curtha ar fáil anois ar an suíomh idirlín chun na foirmeacha uile a bhfuil fáil orthu a íoschóipeáil maille le treoir faoin scéim ábhartha.

Seirbhísí Bunaithe ar Fón Soghluaiste

Tá feidhmchlár ann a d'fhorbair an Roinn a bhfuil gradam bainte amach aige lena cheadú do chigirí beostoic torthaí cigireachta a thaifead trí úsáid a bhaint as prótacal feidhmiúcháin do ghléasanna gan sreang (WAP) ar theileafóin shoghluaiste dá gcuid. Is cuid tábhachtach iad d'fheidhm Chigire anois na háiseanna taifeadadh cigireachta WAP I 2005 cónascadh na scéimeanna Beostoic sa Scéim Íocaíochta Singil. Rinneadh athchóiriú ar na feidhmchláir WAP chun freastail air sin Bhí rath thar na bearta ar na háiseanna nua agus cuirfear áiseanna comhfhreagracha ar bun le haghaidh cigireachtaí na bliana 2006.

Rinneadh obair mhór i 2005 ag ullmhú do lainseáil agus do rolladh amach Seirbhísí Soghluaiste (sSeirbhísí) d'fheirmeoirí. Ar na sSeirbhísí a cuireadh chun cinn i 2005 bhí áiseanna Eolas Ainmhí agus Gluaiseachta Ainmhí (GAA) lena n-áirítear Clárú Breithe Lao, Fiosrú Próifíle Tréada agus Teastas Géilliúntais.

Is féidir teacht ar na seirbhísí sin ag baint úsáid as áiseanna prótacal feidhmiúcháin do ghléasanna gan sreang (WAP) ar theileafóin soghluaiste áirithe. Ag cur san áireamh go bhfuil fón soghluaiste ag nach mór gach feirmeoir, chiallaíonn lainseáil na sSeirbhísí go mbeidh teacht ar sheirbhísí leictreonacha a chuireann an Roinn ar fáil ag ár gcustaiméirí uile ionann is lena n-áirítear iadsan nach n-úsáideann PC. Ciallaíonn sin gur féidir le cliaint atá cláraithe le haghaidh ríomhsheirbhísí na Roinne áis a bhaint as na sSeirbhísí sin agus as cinn eile a bheidh ann amach anseo ar a gcuid teileafón soghluaiste.

Tionscnaimh Cumarsáide

Tar éis a aithint go raibh call ag oifigigh le teacht ar ríomhphost corparáideach le linn bheith laistigh den oifig bhreathnaigh an Roinn ar roinnt bealaí teicneolaíochta chun an fhadhb sin a fhuascailt agus deis ar ríomhphost 'on the move' a éascú. Tar éis trialacha cuireadh roinnt teicneolaíochtaí i bhfeidhm a chuir raon bealaí ar fáil chun an fhadhb a fhuascailt a bhí oiriúnach do riachtanais éagsúla fhoireann na Roinne.

Tugadh chun críche réitigh mhalartacha físchomhdhála laistigh den Roinn i 2005 le súil go ndéanfaí rolladh amach níos cuimsithí i 2006.

Córas Custaiméara Chorparáidigh

Is éard atá sa Chóras Custaiméara Chorparáidigh (CCC) an stór lárnach is mó in aon ionad amháin d'eolas chustaiméara don Roinn. Is é an ceap custaiméara é agus is timpeall an chip sin atá córais nua na Roinne tógtha. Cláraítear custaiméirí seachtracha uile na Roinne an t-aon uair amháin sa chóras sin agus is iad na baill foirne sna hoifigí áitiúla a choinníonn an t-eolas suas chun dáta. Baineann an Roinn úsáid as Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) mar aitheantóir leithleach le haghaidh custaiméirí aonair, rud a thagann le tionscnamh REACH

an Rialtais. Ia é an t-aitheantóir leithleach a mbaintear úsáid as le haghaidh custaiméirí agus trádálaithe uimhir CBL nó uimhir Oifig Chlár na gCuideachtaí (OCC) na cuideachta.

Beireann an córas sochair ollmhóra chuig fhoireann agus chuig chustaiméirí na Roinne araon. Nuair a thagann athrú ar eolas faoi chustaiméir ní gá na sonraí sin a athrú ach an t-aon uair amháin agus bíonn an t-athrú feiceálach ar an toirt d'fhoireann uile na Roinne is cuma cén córas ríomhaire a mbaintear úsáid as. Is é an t-eolas céanna .i. an t-eolas is deireanaí atá uasdátaithe a mbaintear úsáid as i gcumarsáid leis an gcustaiméir, rud a théann chun sochair dó/di. Ó tharla an córas ar fáil ar gach ríomhaire deisce is féidir seirbhís níos fearr a chur ar fáil anois. Tá áiseanna cuardaigh sa chóras agus tá rialúcháin an-dochta insuite ann i ndáil le leasachán eolas custaiméara. Neartaíonn an CCC áis Ríomhsheirbhísí na Roinne a bhfuil teacht uirthi tríd an suíomh idirlín agus fíoraíonn sé clárú custaiméara ar líne don tseirbhís sin.

Rinneadh leathnú ar an gcóras ar bhonn leanúnach ón gcéad uair ar cuireadh i bhfeidhm é.

Rinneadh breis forbartha ar an gcóras i rith na bliana 2005 lena nascadh le líon méadaithe de chórais nua na Roinne.

Cuireann CCC eolas custaiméara ar fáil anois do naoi gcóras déag lena n-áirítear an Scéim Íocaíochta Singil (SIS), an Córas Ríomhaire Sláinte Ainmhí (CRSA), an Córas Gluaiseachta agus Aithneachtála Ainmhí (GAA), an córas Foraoise (CEFC) agus córas Airgeadais na Roinne (FTB)

Córas Ríomhaire Sláinte Ainmhí (CRSA)

Críochnaíodh rolladh amach an Córais Ríomhaire Shláinte Ainmhí (CRSA) i mí na Feabhra 2005 agus tá an córas anois ar fáil do níos mó ná 4000 foireann agus do níos mó ná 900 cleachtóir thréidliachta phríobháideacha (CTP) ar fud na tíre. Cuireadh chun cinn an CRSA chun riar ar riachtanais na Roinne idir iad atá ann anois agus iad a bheidh ann amach anseo i ndáil le cláir iomadúla agus éagsúla shláinte ainmhí agus leasa dá cuid. Is é a ghabh ionad an chórais neamhspleách thástála aicíde eallaigh agus a sholáthraíonn ag an am céanna réimse méadaithe d'fheidhmiúlacht trí bhuntáiste a bhreith ar na teicneolaíochtaí cumarsáide agus eolais is deireanaí. Is áis lánlíonraithe nua-aimseartha an córas nua a cheadaíonn d'fhoireann teacht ar eolas maidir le tréada agus le hainmhithe uile ar fud na tíre. Is córas an CRSA atá bunaithe ar an idirlín, ar forbraíodh ar an ardán java J2EE é, a bhaineann úsáid as ailtireacht thrí chiseal le bunachar sonraí Oracle sa phréamh.

Tá an CRSA comhtháite go hiomlán leis an gCóras Custaiméara Chorparáidigh (CCC). Comhtháthaíonn sé freisin le Córas Airgeadais na Roinne (FTB) ag gineadh dá chionn sin íocaíochtaí d'fheirmeoirí agus do CTOanna ar bhealach caighdeánach, tráthúil agus daingean agus soláthraíonn sé do rogha modhanna íocaíochtaí custaiméara (seic nó ALM). Tógann sé freisin ar an eolas bainistíochta airgeadais atá ar fáil agus tagann sé le cuspóirí Creat Eolas Bhainistíochta (CEB) na Roinne.

Méadaíonn an córas sonraí agus roinneann sé sonraí freisin le córais eile ríomhaire atá churtha chun cinn ag an Roinn sna blianta deireanacha, go háirithe iadsan a bhaineann le hinloirg eallaigh a leithéid an Córas Monatóireachta Gluaiseachta Eallaigh (CMGE), an Córas Gluaiseachta agus Aithneachtála Ainmhí (GAA), an Córas Cláraithe agus Clibeála Buaibhí (CCB) chun pictiúr cuimsitheach de stair ainmhí ó bhreith go bás a léiriú ag soláthar dá chionn sin dearbhú maidir le sábháilteacht agus le caighdeán táirgí Éireannacha.

Gné thábhachtach eile den CRSA is ea go bhfuil Cleachtóirí Tréidliachta Phríobháideacha (CTPanna) a dhéanann tástáil faoi na scéimeanna díothú aicíde in ann teacht ar an gcóras ar an idirlín. Tugann sin deis dóibh teacht ar thástálacha atá sceidealta lena n-aghaidh agus ceadaíonn dóibh sonraí a chur isteach ar líne agus sonraí a uaschóipeáil agus a íoschóipeáil ag freastal ar an dóigh sin do ghabháil dhíreach leictreonach shonraí tástála.

Tá an oiread sin de Chleachtais Tréidliachta Phríobháideacha ag feidhmiú ar líne go bhfuil tástálacha a bhaineann le 95% de thréada ar an leibhéal náisiúnta á láimhseáil ar líne cheana féin (100% i roinnt tíortha). Chuir sin dlús leis an bpróiseas tástála ar mhaithe leis an Roinn leis na CTPanna agus le feirmeoirí. Tá taifeadadh torthaí tástála d'ainmhithe uile (agus ní amháin d'imoibreoirí mar b'amhlaidh san am atá caite) i dteannta comhtháthú le CMGE ag cabhrú le haithint aimhrialtachta i bpróifílí tréada agus tríd is tríd ciallaíonn sé fíorú stádas sláinte ainmhí, rud a scaoileann ainmhithe Feirmeoirí chun díolacháin níos tapúla. D'fhreastail dearadh cineálach ilspeicis an CRSA do leathnú tapa an chórais chun críche Fliú na nÉan i mí na Nollag 2005

Aisíocaíochtaí Onnmhaire RíomhDRS

Chríochnaigh an Roinn in éindí leis na Coimisinéirí Ioncaim agus le REACH an tionscadal seo chun comhtháthú leictreonach idir na córais againn a sholáthar d'fhonn doiciméid onnmhaire DRSanna a ghlacadh agus a fhíorú go leictreonach. Tá onnmhaireoirí PCT in ann a gcuid DRSanna a chur trí chóras ROS na gCoimisinéirí Ioncaim; is ansin a fhíoraítear iad agus a chuirtear ar aghaidh iad via REACH go dtí Córas Aisíocaíochtaí Onnmhaire na Roinne (EXPRESS), ag cur deireadh dá chionn sin leis an gceangal atá ar an Onnmhaireoir na doiciméid seo a chur isteach go leithleach chuig an dá Ghníomhaireacht Rialtais agus ag laghdú an baol earráide agus moille.

Scéim Cosanta Timpeallachta Tuaithe (SCTT)

I rith na bliana cuireadh i bhfeidhm uasghráduithe agus feabhsuithe a chuaigh chun sochair oibriúchán na Scéime Cosanta Timpeallachta Tuaithe (SCTT). Rinneadh obair forbartha shubstaintiúil bhreise ar na trí Chóras Infheistíochta On-Farm.

Córas Gluaiseachta agus Aithneachtála Ainmhí (GAA)

Is córas ríomhaire bunaithe ar an Idirlín an Córas Aithneachtála Ainmhí (GAA), córas a bheidh ina bhunachar sonraí ainmhí cineálach ag clúdach eallaí caorach agus muc.

Tá breis eolais faoin gcóras seo mionsonraithe ag Aidhm 2.

AG SOLÁTHAR SEIRBHÍS CHUSTAIMÉARA D'ARDCHAIGHDEÁN

Plean Gnímh agus Cairt Seirbhíse Custaiméara

Lainseáladh an tríú Plean Gnímh Sheirbhíse Custaiméara (PGSC) ag clúdach na tréimhse 2005-2007 i mí na Feabhra 2005 ag teacht le Tionscnamh Sheirbhís Ardchaighdeánach Custaiméara an Rialtais. Is é an PGSC a leagann amach an caighdeán feabhais le haghaidh seachadadh seirbhíse do chustaiméirí uile na Roinne. Lainseáladh freisin an chéad Chairt Seirbhíse Chustaiméara. Forbairt suntasach a bhí anseo maidir le leagan amach na mionsonraí sonracha a bhain le leibhéal na seirbhíse a bheadh an Roinn ag cur ar fáil. Is é an tAonad Seirbhíse Caighdeáin lántiomnaithe sa Roinn a dhéanann monatóireacht ar sheachadadh caighdeáin seirbhísí ar bhonn leanúnach trí theagmháil rialta a dhéanamh le rannáin na Roinne agus lenár gcustaiméirí.

Cairt Chearta d'Fheirmeoirí

Tá an Chairt Chearta d'Fheirmeoirí ag gabháil ionad an Phrótacail faoi íocaíochtaí Díreacha d'Fheirmeoirí a bunaíodh i 2000 faoin gClár Rathúnais agus Cothromais.

Foráladh sa chomhaontas páirtíochta reatha .i. Cothú Dul chun Cinn go dtabharfaí chun dáta an Prótacal le haghaidh Íocaíochtaí Díreacha agus go ndéanfaí iniúchadh ar na spriocanna seachadta athbhreithnithe. Rinneadh an t-athbhreithniú ar Phrótacal le linn sraith cruinnithe a tionóladh i 2005 agus lainseáladh Cairt Cearta nua d'Fheirmeoirí i mí na Nollag 2005.

Tógann an Chairt nua ar an dul chun cinn a bhí déanta cheana féin faoin bPrótacal agus leagann sí amach caighdeáin seachadadh seirbhíse agus spriocanna le haghaidh na bpríomhscéimeanna faoina mbeidh súil le feirmeoirí íocaíocht a fháil. Tá foraoiseacht cuimsithe anois sa Chairt agus san ERAD agus tugadh na réimsí íocaíochta cúitimh sláinte ainmhí eile faoina sainchúram freisin.

Tá sceideal a leagann amach an fheidhmíocht iarbhír atá bainte amach ag an Roinn agus í ag iarraidh spriocanna an Phrótacail (lena n-áirítear réiteach maidir le híocaíochtaí faoi na seanscéimeanna) agus na Cairte a shroicheadh faoi cheangal in Aguisín 2.

An Oifig Achomhairc Thalmhaíochta

Cuireann An Oifig Achomhairc Thalmhaíochta seirbhís achomhairc ar fáil d'fheirmeoirí nach bhfuil sásta le cinntí na Roinne Talmhaíochta agus Bia maidir lena dteidlíochtaí faoi scéimeanna áirithe. Is iad an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 agus na Rialacháin Achomhairc Talmhaíochta 2002 a rialaíonn oibriúchán na hOifige.

Is é misean na hOifige seirbhís achomhairc neamhspleách, áisiúil, cothrom agus tráthúil a chur ar fáil d'iarratasóirí scéim na Roinne Talmhaíochta agus Bia agus an tseirbhís sin a sheachadadh ar bhealach cúirtéiseach agus éifeachtach.

I 2005:

Seolann an tAire Ní Chochláin, Aire Stáit Breandán Mac Gabhann T.D., Aire Stáit Seán de Brún T.D. agus Ard-Rúnaí Tom Moran an Chairt Chustaiméara nua, an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2005/07 nua agus na Scéimeanna agus Seirbhísí 2005 nua de chuid na Roinne - Feabhra 2005.

- D'fhoilsigh an Oifig Achomhairc Thalmhaíochta an tríú Tuarascáil Bhliantúil; tá sin ar fáil ag suíomh idirlín na hOifige, www.agriappeals.gov.ie;
- Bhí an Oifig Achomhairc Thalmhaíochta páirteach ar bhonn leanúnach i réimse tábhachtach oibre, an Coiste Achomhairc Íocaíochta Singil ar bunaíodh é chun moltaí a chur chuig an Roinn maidir le hachomhairc i leith cinntí faoi theidlíochtaí Íocaíochta Singil.

I 2005 fuair an Oifig 790 achomharc; bhí 629 acu dúnta ag deireadh na bliana. Tá achoimre faoi thorthaí na gcásanna atá dúnta leagtha amach thíos.

Achoimre	%
Achomhairc Cheadaithe, Pháirtcheadaithe nó Athbhreithnithe ag an Roinn	37
Achomhairc atá Tarraingthe siar, Neamhbhealaí nó as Am.	14
Achomhairc Diúltaithe	49

Achomhairc Sheirbhíse Foraoise

Is é an t-aonad riaracháin den tSeirbhís Foraoise a láimhseálann achomhairc a bhaineann le scéimeanna foraoise. Cigire Sinsearach agus Príomhoifigeach Cúnta atá ar an gCoiste Achomhairc. Déantar iniúchadh ar gach cás atá faoi achomharc agus déantar cigireacht sa láthair más gá. Cinntítear neamhspleáchas agus caighdeán cinntí toisc gurb iad baill foirne shinsearacha nach raibh bainteach leis an gcéad chinneadh a dhéanann cigireacht agus a bhreithníonn cásanna achomhairc.

Déileálann an tAonad le dhá phríomhchatagóir achomharcóra:

- Iarratasóirí ar diúltaíodh dá dtograí i leith foraoisithe nó ar modhnaíodh iad nó atá míshásta le cinneadh ar bith a rinneadh maidir lena dteidlíochtaí faoin deontas foraoise agus faoi scéimeanna préimhe;

- Tríú páirtithe a bhfuil sé de cheart reachtúil acu faoi fhorálacha I.R. 538 ó 2001 go rachfar i gcomhairle leo i ndáil le cinntí faoi fhoraoisiú i limistéir áirithe atá íogair ó thaobh na timpeallachta de agus tar éis go ndeachthas amhlaidh i gcomhairle leo a chuireann i gcoinne aon chinneadh a dhéantar ina dhiaidh sin foraoisiú a cheadú sna limistéir sin.

Fuarthas 109 n-achomharc i 2005. A bhformhór mór acu bhain siad leis an gcéad chatagóir.

Achoimre ar thoradh na n-achomharc a mbreithnigh an Coiste Achomhairc Sheirbhíse Foraoise iad i 2005	**%**
Rathúil	49%
Páirt-rathúil nó athchóirithe	17%
Neamhrathúil	34%

Painéal Idirchaidreamh Tomhaltóra

Bunaíodh an Painéal Idirchaidreamh Tomhaltóra i mí Eanáir 2002 chun cumarsáid idir an tomhaltóir agus an Roinn a neartú. Is iad na téarmaí tagartha atá aige dul i mbun idirchaidrimh i dtaca le ceisteanna ginearálta custaiméara agus cliaint maidir le gníomhaíochtaí na Roinne agus tuairim a nochtadh faoin sreabh eolais a théann siar is aniar ón bpobal.

Is í Marian Finucane atá ina cathaoirleach ar an bpainéal agus cuimsíonn sé ionadaithe ó Chumann Tomhaltóirí na hÉireann, ó Chomhdháil Éireannach na gCeardchumann, ó Chumann na mBan, ón Ardán Earnála Pobail agus Deonach maille le daoine atá ainmnithe ag na hasraonta móra miondíola bia.

Ar na saincheisteanna a rinneadh athbhreithniú orthu i 2005 bhí Praghsanna Bia, Beart Taighde Institiúideach Bia an Phlean Fhorbartha agus Orgánaigh Ghéinathraithe.

I ndiaidh plé fada a dhéanamh i mí Dheireadh Fómhair 2004 faoi cheist phraghsanna bia, chuir an Painéal cuireadh amach le haghaidh tairiscintí chun measúnú a dhéanamh ar fhoinsí sonraí a bhain le praghas bia in Éirinn agus le haghaidh múnla a dhearadh chun monatóireacht a dhéanamh ar phraghsanna bia agus ar an gcodán de na praghsanna sin a bhí ídithe ag céimeanna éagsúla den slabhra soláthair.

Go deireanach i 2005 chuir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a thuarascáil dheireanach i láthair agus anois tá an painéal á breithniú.

Saoráil Faisnéise

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise (FOI),1997 i bhfeidhm in Aibreán 1998. Tá sé de rún ag an Acht é a cur ar chumas bhaill an phobail rochtain a fháil, a mhéid is mó agus is féidir, comhsheasmhach le leas an phobail agus leis an gceart príobháideachais, ar eolas atá i seilbh na gcomhlachtaí poiblí. Ina theannta sin cuireann an tAcht ar chumas bhaill an phobail eolas pearsanta a bhaineann leo féin a fháil ceartaithe mura bhfuil sé cruinn ó thaobh fíricí de agus i gcúinsí áirithe fáthanna na gcinntí a théann i gcion orthu a fháil. Dá dheasca sin foráiltear san Acht FOI do cheart rochtana ar thaifid atá i seilbh chomhlachtaí poiblí, d'eisceachtaí riachtanacha maidir leis an gceart rochtana sin agus do chúnamh a thabhairt do bhaill an phobal lena chur ar a gcumas an ceart sin a fheidhmiú. Foráiltear ann freisin d'athbhreithniú neamhspleách Oifig an Choimisinéara Faisnéise ar chinntí FOI a dhéanann comhlachtaí poiblí.

I 2005 fuarthas 189 n-iarratas FOI a chlúdaigh gach gné d'oibriúcháin na Roinne. Iarratais ar eolas pearsanta a bhí i 59% díobh sin agus sa chuid eile bhí iarratais ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear na meáin, baill an Oireachtais agus grúpaí gnó/leasa. Chuaigh 22 acu sin chomh fada le hathbhreithniú inmheánach agus tá achomharc faoi 11 cinn á chur chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

Ó cuireadh tús leis an Acht FOI agus suas go dtí 31 Nollaig 2005 fuair an Roinn 2,465 iarratas FOI; chuaigh 291 acu sin chomh fada le hathbhreithniú inmheánach agus cuireadh achomharc faoi 135 cinn chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

An 22 Samhain 2002 cuireadh síneadh leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, le héifeacht ó 1 Samhain 2002, go dtí na Comhlachtaí Stáit a leanas faoi choimirce na Roinne seo. An Bord Bia, Teagasc, Cólucht Gróighe Náisiúnta na hÉireann Teoranta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne. Breathnaítear anois ar na comhlachtaí sin mar "comhlachtaí poiblí" chun críche an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997.

Tá sé beartaithe síneadh a chur leis na hAchtanna SF sa chaoi is go mbeidh feidhm acu i leith na Comhairle Tréidliachta agus i leith Bhord na gCapall.

Rinne an tAire Airgeadais leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise le héifeacht ó 11 Aibreán 2003 agus tugadh isteach scála táillí aitheantais le haghaidh iarratais FOI ar **eolas neamhphearsanta** an 7 Iúil 2003. Ní mór go ngabhfadh táille aitheantais de €15 (nó €10 i gcás daoine atá i seilbh charta leighis agus a gcuid chleithiúnaithe) le hiarratais ar eolas neamhphearsanta agus baineann táille aitheantais de €75 (nó €25 i gcás daoine atá i seilbh charta leighis agus a gcuid chleithiúnaithe) le hachomharc i leith athbhreithniú inmheánach ar chinneadh a bhaineann le hiarratas dá leithéid. Más rud é go bhfuil duine míshásta i ndiaidh toradh athbhreithnithe inmheánaigh tá sé/sí i dteideal iarratas a chur chuig an gCoimisinéir Faisnéise ar athbhreithniú neamhspleách chinneadh an chomhlachta phoiblí. Faoi na socruithe nua caithfidh táille de €150 (nó €50 i gcás daoine atá i seilbh charta leighis agus a gcuid chleithiúnaithe nó i gcás tríú páirtí) a ghabháil le hiarratas dá leithéid. Ní bhaineann aon táillí aitheantais le hiarratais a dhéantar

Aire Stáit Seán de Brún T.D. agus foireann de chuid na Roinne ag Bronnadh Dhámhachtainí IONCHUR - mí na Nollag 2005

faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar rochtain ar thaifid phearsanta.

Oifig an Ombudsman

I 2005 fuair Oifig an Ombudsman 127 ngearán a bhain leis an Roinn. Tháinig an Roinn leis an sprioc-am reachtúil le haghaidh freagra don Ombudsman i ngach cás.

Nós Imeachta Gearáin

Tugadh isteach nós imeachta gearáin foirmeálta sa Roinn i mí Iúil 1998. Rinneadh poiblíocht trí chumarsáid dhíreach le custaiméirí aonair agus le heagrais ionadaíocha ar an áis atá ann chun gearáin a fhiosrú go neamhspleách. Tá bileog mhínithe faoin nós imeachta ar fáil ag oifigí poiblí uile agus dáileadh amach agus míníodh í ag cruinnithe feirmeora agus ag imeachtaí móra talmhaíochta.

Aonad Seirbhíse Caighdeáin lántiomnaithe sa Roinn is ea a fhiosraíonn gearáin agus réitítear iad de réir treoirlínte an Ombudsman ag baint úsáid as prionsabail dea-chleachtais sa riarachán poiblí. I 2005 tháinig formhór na ngearán ó dhaoine aonair a bhí gafa leis an bhfeirmeoireacht agus bhain siad le hábhair atá mionsonraithe thíos:

Catagóir Ghearáin	2005
Moill sna híocaíochtaí	2
Moill sna freagairtí ar cheisteanna	1
Easpa cúirtéise	2
Eile	5
Iomlán	**10**

Scéim Molta Fhoirne

Tá scéim ghníomhach molta INPUT á reachtáil ag an Roinn ó 1995 i leith. Cuireadh moltaí ar aghaidh chuig an scéim faoi roinnt ceannteideal mar atá:

- feabhsú seirbhíse don phobal;
- laghdú costas;
- méadú sábháilteachta;
- díothú dramhaíola.

I 2005 bhronn an tAire Stáit John Browne TD gradaim faoin scéim ar 27 mball foirne. Is mar gheall ar mholtaí a cuireadh isteach sa tréimhse go 30 Meitheamh 2005 a bronnadh na gradaim sin. Roghnaíodh an dáta sin mar dháta scoir chun glacadh le moltaí sa chaoi gurbh fhéidir déileáil leis na moltaí a bhí fós gan léamh faoi cheann na bliana .i. chun tosaigh ar athbhreithniú na scéime ina iomláine.

Seimineáir Foirne

Reachtáladh roinnt seimineáir ar fud na tíre don fhoireann uile sa tréimhse Meán Fómhair go Nollaig 2005. Is éard a bhíodh i ngach seimineár óráid tosaigh a dhéanadh an Rúnaí Ginearálta nó comhalta CCB den Roinn ag cur eolas ar fáil ar réimse leathan topaicí ábhartha lena n-áirítear pleanáil straitéiseach, polasaí talmhaíochta, dílárú, an Scéim Íocaíochta Singil agus na dúshláin uile a mbeadh an Roinn ag tabhairt aghaidh orthu san am a bhí le teacht. Leantaí sin le trí láithreoracht ar réimsí éagsúla oibre sa Roinn agus ar thopaicí reatha ar údar suime iad don fhoireann. Beidh seimineáir bhreise á reachtáil i 2006 le haghaidh na baill foirne eile nár fhreastail ar na seimineáir a reachtáladh i 2005.

Giorrúcháin

CRSA	Córas Ríomhaire Sláinte Ainmhí
GAA	Córas Gluaiseachta agus Aithneachtála Ainmhí
PCT	Post Cigireachta Teorann
CCB	Clárú agus Clibeáil Bhuaibheach
ARC&C	Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
PCT	Polasaí Comónta Talmhaíochta
CCC	Córas Custaiméara Chorparáidigh
CMGE	Córas Monatóireachta Gluaiseachta Eallaigh
CODEX	Coimisiún Codex Alimentarius
ECM	Eagar Comónta an Mhargaidh
PGSC	Plean Gnímh Sheirbhíse Custaiméara
SLTT	Saotharlann Lárnach Taighde Tréidliachta
CETRT	Ciste Eorpach um Threoir agus Ráthaíocht Talmhaíochta
ALM	Aistriú Leictreonach Maoine
GCT	Gníomhaireacht Chosanta Timpeallachta
ESRI	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
AE	Aontas Eorpach
ETB	Eagraíocht Talmhaíochta agus Bia
FEOGA	Fonds Européen d'Orientation et Garantie Agricole
SF	Saoráil Faisnéise
USBE	Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
OTB	Oifig Thréidliachta agus Bhia
AD	Acmhainní Daonna
CPEE	Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann

ISO	Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chomhchuibhiú Caighdeáin
TE	Teicneolaíocht an Eolais
CCB	Coiste Comhairleach Bainistíochta (den Roinn Talmhaíochta agus Bia
PFN	Plean Forbartha Náisiúnta
CGN	Clár Géinitíopa Náisiúnta
UCNÉ	Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann
CATT	Comhairle Aireachta Thuaidh Theas
GBCN	Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
ECFE	Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
OIE	Organisation Internationale des Epizooties
COTFTF	Chlár Oibríochta le haghaidh Talmhaíochta, Forbairt Tuaithe agus Foraoiseachta
OOP	Oifig na nOibreacha Poiblí
CBFF	Córas Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Forbartha
CP	Ceist Parlaiminteach
SCTT	Scéim Cosanta Timpeallachta Tuaithe
DRS	Doiciméad Riaracháin Shingil
FTB	Feidhmchláir agus Táirgí Bogearra sa Phróiseáil Sonraí
SIS	Scéim Íocaíochta Singil
IR	Ionstraim Reachtúil
IGT	Seirbhís Ghearrtheachtaireachtaí
TB	An Eitinn
SST	Seirbhís Saotharlainne Tréidliachta
CBD	Clár Bia Domhanda
EDT	An Eagraíocht Dhomhanda Trádála

Aguisíní

Aguisín 1 – Táscairí Feidhmiúcháin

SPRIOC 1 – FORBAIRT AGRAIBHIA AGUS TRÁDÁIL I GCREATLACH NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

Earnáil agraibhia a fhorbairt a bheadh iomaíoch go hidirnáisiúnta agus dírithe ar thomhaltóirí agus tacú leis an trádáil talmhaíochta agus bia agus é a éascú.

Beidh cur chun cinn na hearnála agri-bhia ag brath go mór amach anseo ar a hábaltacht bheith nuálach agus iomaíoch. Is mó ná riamh a bhíonn custaiméirí ag iarraidh go mbeadh an bia cothaitheach, sábháilte, ar ardchaighdeán agus go mbeadh an praghas ceart agus is í ábaltacht tionscal agri-bhia na hÉireann freastal ar na riachtanais sin le táirgí nuálacha ar phraghsanna iomaíocha is príomhúla a chinnteoidh a thodhchaí. Beidh tionchar suntasach ag caighdeán na ceannaireachta a chuirfidh an Roinn ar fáil agus ag a hábaltacht creat polasaí fabhrach a bhaint amach san AE san ETD agus i gcomhlachtaí rialaitheacha idirnáisiúnta eile ar thodhchaí na hearnála.

Táscaire Feidhmiúcháin Ardleibhéil

a) Toradh ar idirbheartaíocht AE/ETD i leith thalmhaíocht agus fhoraoiseacht na Éireann.
Féach 1.1 agus 1.2 thíos

b) Luach/méid onnmhairí agri-bhia
Féach 1.4 thíos

c) Méid forfheidhmithe an Phlean Ghnímh Agri-Físe, 2015.
Féach 1.3 thíos

d) Luach táirgeachta/onnmhairí maidir le táirgí bia ullmhaithe tomhaltóra.
Féach 1.4 thíos

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul chun cinn
1.1 Leasanna na hearnála agri-bhia ag leibhéal an AE a chur chun cinn agus a chosaint ar bhonn gníomhach	Toradh ar idirbheartaíocht AE faoi earnáil agri-bhia na hÉireann	Toradh sásúil ar réimse tograí reachtúla a chuir an Coimisiún i láthair lena n-áirítear athchóiriúchán ar an gcóras siúcra, polasaí forbartha tuaithe agus airgeadú an PCT.
1.2 Leasanna na hearnála agri-bhia agus cuspóirí polasaí náisiúnta eile a chur chun cinn ag ETD agus ag fóraim idirnáisiúnta eile a leithéid ECFE, Codex, OIE,ETB etc.	Toradh ó thaobh earnáil agri-bhia na hÉireann de ar idirbheartaíocht ag ETD agus ag fóraim eile	Lean an idirbheartaíocht ar an Dreas nua ETD i rith na bliana ag cruinniú Choiste Talmhaíochta an ETD i Seisiún Speisialta agus ag Comhdháil na nAirí i Hong Kong i mí na Nollag. Tá leasanna sonracha na hÉireann léirithe i gcónaí i sainordú idirbheartaíochta an AE. Bíonn seasamh an AE maidir le cúnamh bia ionadaithe go héifeachtúil ag fóraim éagsúla. Rannpháirteachas rathúil i gcruinnithe éagsúla ETB mar shampla: Coiste um Shlandáil Bhia Domhanda, Comhairle agus Comhdháil. Chomhordaigh an Roinn ag gníomhú mar phointe teagmhála d'Éirinn, páirteachas na hÉireann i ngníomhaíochtaí éagsúla an Codex Alimentarius lena n-áirítear oibriúchán Choiste Comhairleach Codex na hÉireann (CCCE) ina bhfuil ionadaithe ó na Comhlachtaí Rialtais ábhartha, ó na hollscoileanna, ó thionscal an bhia maille le hionadaithe tomhaltóirí. I rith na bliana 2005 casadh an CCCE ar a chéile 4 uaire agus chuidigh siad le foirmliú sheasamh na hÉireann ag na 14 sheisiún Codex ag a raibh Éire ionadaithe
1.3 Plean Gnímh le haghaidh na Tuarascála Agri-Físe 2015	Méid forfheidhmithe an Phlean Ghnímh Agri-Físe 2015. Cur i ngnímh Clár Forbartha Thionscal an Bhia	Plean Gnímh dréachtaithe agus athbhreithnithe go hinmheánach ag an Rialtas. Bhí an dul chun cinn maidir le chur i bhfeidhm na sainbhearta bia sa PFN sásúil i 2005. Ba mhór an méid freagairtí a fuarthas i dtaca le tograí do thaighde FIRM agus d'infheistíocht chaipitil. Scóráil 50% de na tograí A/B+ i ndiaidh a meas (35% roimhe seo) agus bhí méadú ar rannpháirteachas na nInstitiúidí Teicneolaíochta. Bhí dúblú sa chaiteachas ar an mbeart infheistíochta caipitil (€7.5m v. €3.6m). Thug Bord Bia faoi chlár iomlán gníomhaíochtaí d'fhonn bia agus deoch na hÉireann a chur chun cinn.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul chun cinn
1.4 Polasaithe náisiúnta agus cláir a fhorbairt a chuireann iomaíocht, éifeachtacht, dearbhú caighdeáin agus forbairt na hearnála agri-bhia chun cinn.	OLB (oll-luach breise) talmhaíochta, gortóireachta agus thionscal an bhia Luach/méid trádála agri-bhia	Cuidíonn an earnáil agri-bhia go suntasach le Geilleagar na hÉireann agus bhain amuigh is istigh le 8.6%den OTI (olltáirgeacht intíre) ag toisc-chostas léi i 2005. Bhí méadúde 5.6% i rith na bliana 2005 ar OLB na hearnála agri-bhia. D'eisigh LOS (Lároifig Staidrimh) measúnuithe de níos mó ná €7.5 billiún ar onnmhairí agri-bhia don bhliain 2005. Bhain 45% den trádáil agri-bhia iomlán le táirgí agus le comhábhar mairteola agus déiríochta agus is fiú nach mór €3.4 billión iad agus bhain costas de €1.5 billiún breise le bianna eile.
1.5 Margadh dírithe ar thacaíocht, táirgiúlacht agus nuálaíocht i talmhaíocht, foraoiseacht agus bia	Líon na dtionscadal taighde maoinithe faoi chláir thaighde Éireannacha agus AE. Leibhéal agus caighdeán rannpháirteachais i comhoibriú idirnáisiúnta	*Plean Straitéiseach T + F (taighde agus forbairt) do thalmhaíocht (lena n-áirítear Foraoiseacht) agus Bia go dtí 2010* ullmhaithe mar ionchur in obair an Choiste Idirnáisiúnta um Thaighde agus Forbairt, mar chuid den phróiseas Plean Gnímh Building Ireland's Knowledge Economy a chur chun cinn. Chuidigh sé le hionchur RTB in obair Phríomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais. Faoin mBeart Taighde Institiúideach Bia bronnadh Dámhachtainí de €13.03 ina iomláine i 2005 i ndáil le 24 thionscadal. Suas go dtí deireadh na bliana 2005 bhí airgeadú de €63 milliún tugtha do 139 dtionscadal. Mhaoinigh CONTFF (Comhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise) 53 thionscadal taighde agus forbartha; Ceadaíodh 18 dtionscadal i 2005 a bhain le cur chun cinn Foraoise agus le Forbairt Iarmhartach faoi Ghlaoch-ar-Thograí. De bhreis déanann Teagasc taighde foraoise neamhspleách Freastalaíodh ar chruinnithe Coiste Chláir agus ar chruinnithe Pointe Teagmhála Náisiúnta uile i ndáil le réimse an téama Chaighdeáin agus Sábháilteachta Bia de FP 6. Bhain taighdeoirí Éireannacha 13 pháirtíocht amach i 7 dtionscadal taighde maoinithe ag an AE agus gheobhaidh siad maoiniú de €2.6m. Téann sin thar sprioc mhaoinithe na hÉireann (1.25% vs 1%). Ionchur soláthraithe do Théama 2 – Bia, Talmhaíocht agus Bith-theicneolaíocht – den 7ú Clár Creat AE tar éis láithreorachtaí os comhair ranna tábhachtacha de phobal taighde na hÉireann.
1.6 Scéimeanna riachtanacha agus rialacháin reachtúla a oibriú le cinntiú go gcomhlíonann ionchuir phríomha i dtalmhaíocht ceanglais reachtúla.	Méid an ghéilliúntais i leith ceanglais reachtúla	Sampláladh 2,223 mhír de ghránach, d'fhéar agus de shíol píseánaigh deimhnithe i dtástálacha rialachán poist i 2005. Theip ar 42% de na samplaí sin (1.89%) teacht leis na caighdeáin reachtúla. Eisíodh litreacha le foláireamh i ngach ceann de na cásanna sin. Fásadh agus measadh 150 mír de phrataí síl chun teacht le caighdeáin deimhnithe síl. I gcás 7 gcineál práta ó 28 gcineál ina iomláine bhí an tástáil a rinneadh dearfach i leith an ghalair fhaithnigh agus rinneadh tástálacha i leith aicídí víreas práta ar 4,188 sampla duilleoige práta. Fuarthas 301 iarratas ar chlárú táirgí cosanta plandaí. Tugadh measúnuithe riosca chun críche agus rinneadh cinntí rialaitheacha i gcás 246 táirge.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul chun cinn
		Rinneadh próiseáil ar 426 fógraí i leith táirgí bithicídeacha. Ullmhaíodh monagraif le haghaidh 4 shubstaint ghníomhacha agus cuireadh isteach chuig an gCoimisiún Eorpach iad de réir sceidil. Rinneadh cigireacht 235 uaire i gcaitheamh na bliana ar asraonta mórdhíola agus miondíola maidir le táirgí cosanta planda agus le táirgí bithicídeacha. Gabhadh lasta amháin ag pointe iontrála agus scrios cuideachta faofa diúscartha dramhaíola é. Eisíodh foláirimh maidir le 4 chás a bhain le lipéadú mícheart agus le trí chás a bhain le húsáid mhídhleathach. Rinne an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta iniúchtaí ar shaotharlanna tástála meara TSE. Rinneadh cigireacht ar ghnéithe teicniúla de chlár foraoisithe 2005 agus de scéimeanna foraoise eile agus fuarthas amach go rabhadar ag teacht le prionsabail Bhainistíochta Foraoise Inbhuanaithe. Eisíodh ceadúnais treascartha le rialacháin ghéara i leith na timpeallachta; ceadaíodh treascairt adhmaid ar 3.149 milliún m3, chuathas i mbun cigireachta le géilliúntas a chinntiú
1.7 Tacaíocht a thabhairt don tionscadal agri-bhia ina iarrachtaí margaidh onnmhaire a choinneáil agus a leathnú	Éifeacht ghníomhartha a rinneadh chun margaidh a oscailt, a choinneáil agus a dhaingniú	D'eisigh LOS measúnuithe de níos mó ná €7.5 billiún don bhliain 2005 ar onnmhairí agri-bhia. Bhain 45% den thrádáil agri-bhia iomlán le táirgí agus le comhábhar mairteola agus déiríochta agus is fiú nach mór €3.4 billiún iad.
1.8 Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí ábhartha Stáit agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna agus cur i bhfeidhm éifeachtach a gcláir oibre a chinntiú	Fíorú géilliúntais i leith ceanglais rialacháin reachtúla agus chorparáideacha	Géilliúntas fíoraithe ag RTB.
1.9 Comhoibriú Thuaidh Theas a chur chun cinn ar bhonn gníomhach i gcomhthéacs an CATT, an clár comhaontaithe oibre i leith talmhaíochta agus foraoise a chur i bhfeidhm agus seachas sin comhoibriú Thuaidh Theas a chur chun cinn sna hearnálacha sin	Líon agus fairsing tionscadal polasaí Thuaidh Theas a cuireadh i bhfeidhm	Chuir na Ranna Talmhaíochta Thuaidh agus Theas forbairt Straitéis Leas agus Sláinte Ainmhí Uile-Oileáin chun cinn ar bhonn leanúnach. Tháinig na hAirí le chéile i 2005 agus thug siad an dul chun cinn dá n-aire. Rinne an dá Roinn a gcuid oibre ar bhonn leanúnach d'fhonn Straitéis Uile-Oileáin a chur chun cinn maidir le rialachán táirgí cosanta planda. Rinneadh forbairtí breise ar an gclár um thástáil éagsúlachta bairr. Bhí comhoibriú i réimsí eile lena n-áirítear tástáil éagsúlachta bairr, lipéadú mairteola, bearta comhbheithe barraí GM agus barraí neamhGM, trádáil mhuiceola leis an Rúis, oibriúcháin trasteorann lena n-áirítear an cur chuige atá ag an dá Roinn faoi seach maidir le fliú na n-éan. Bíonn an Roinn ag déanamh athbhreithniú i gcónaí agus ag cur ar aghaidh réimsí eile comhoibrithe atá i bpáirt ag an dá dlínse. Casadh na Gníomhaireachtaí Íoctha Thuaidh agus Theas ar a chéile dhá uair i 2005 chun impleachtaí na gcóras atá ann a phlé i ndiaidh athbhreithniú lár téarma an Pholasaí Thalmhaíochta Chomónta.
1.10 Bheith rannpháirteach in iarrachtaí chúnamh forbartha na hÉireann tríd an bpáirteachas atá againn i ETB, i CBD agus i bhfóraim eile.	Éifeacht chúnamh airgeadais do ETB agus do CBD	€1.2 m do ETB (lena n-áirítear maoinithe seachbhuiséideacha) Maoiniú seachbhuiséideach sonraithe ar bhealach straitéiseach. €7.2 m do CBD – arna roinnt amach go héifeachtach ar chatagóir éagsúla de chaiteachas CBD (Éigeandáil, Faoiseamh agus Téarnamh, Oibriúcháin agus Forbairt Speisialta)

SPRIOC 2 – SÁBHÁILTEACHT BHIA, SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE, SLÁINTE PHLANDAÍ

Na caighdeáin sábháilteachta bia is airde agus cosaint an tomhaltóra, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte phlandaí, a chinntiú

Tá sé riachtanach don tsláinte phoiblí go ndéanfaí na hardchaighdeáin sna limistéir seo a chothabháil, agus chun a chinntiú go mbíonn bonn éifeachtach againn i gcónaí chun tionscal rathúil agraibhia a fhorbairt a thuilleadh. Caithfidh táirgeadh bia sábháilte a bheith bunaithe ar chórais éifeachtacha rialaithe. Ceist thábhachtach inti féin, atá ríthábhachtach d'fhorbairt na trádála freisin, ardchaighdeán a chothabháil maidir le sláinte agus leas ainmhithe. Tá stádas ard ag Éirinn freisin maidir le sláinte phlandaí, agus tacaímid leis trí chlár srianta agus iniúchtaí.

Táscairí Feidhmíochta Ardleibhéil

a) Stádas maidir le sábháilteacht bhia, sláinte agus leas ainmhithe, agus sábháilteacht bheathaithe mar a léirítear iad i dtuairiscí fíorúcháin de chuid gníomhaireachtaí seachtracha m.sh. FSAI, FVO;
Sásúil

b) Sláinte ainmhithe fheabhsaithe i bhfianaise athruithe ar mhinicíocht ghalar
Féach 2.5 thíos;

c) Stádas maidir le sláinte phlandaí i bhfianaise tuairiscí seachtracha fíorúcháin m.sh. FVO;
Ní raibh iniúchtaí FVO ar bith ann i 2005. Mar thoradh ar iniúchtaí, srianta agus suirbhéanna náisiúnta, chinn an Buanchoiste um Shláinte Phlandaí ar shíneadh i leith stádas na hÉireann mar Cheantar Cosanta maidir leis na lotnaidí go léir a bhí liostaithe cheana.

d) An méid a ghéilltear le córais rialaithe lena n-áirítear bearta trasghéilliúnachta
Féach 2.1 thíos agus 3.3 (Sprioc 3)

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
2.1 Cothabháil agus forbairt maidir le monatóireacht éifeachtach ar shábháilteacht bhia; cláir iniúchta agus rialaithe ag leibhéil an táirgeora phríomha, na próiseála agus comhlachtaí trádála eile ar fud limistéir oibriúcháin uile na Roinne.	Leibhéal na n-ábhar pataigineach i mbia Luas freagartha ar theagmhais um shábháilteacht bhia Leibhéal na faire a rinneadh agus na sáruithe a braitheadh Líon na n-ionchúiseamh a cuireadh ar bun Sásamh custaiméirí, a rinneadh é a thomhas trí iniúchadh agus torthaí eile.	De na 203 seamlas agus bunáit um phróiseáil feola a choinnítear ar an liostú faofa, rinneadh 13 a fhaomhadh i 2005. Leanadh ar aghaidh leis an monatóireacht ar na háiteanna seo de réir na reachtaíochta i 2005. Tógadh 1,394 sampla le haghaidh thástáil salmonella in earnáil na n-uibheacha agus na héineola i 2005, agus fuarthas go raibh 93% acu diúltach. Faoi chinneadh 2004/665/EC de chuid an Choimisiúin rinneadh staidéar bonnlíne ar an leibhéal de Salmonella spp. ar ealtaí de Gallus gallus a bhí ag breith, ó dheireadh Fómhair 2004 go Meán Fómhair 2005. D'Eisigh an Fhoireann Chigireacht Déiríochta 38 fógra um Ghuais Bhia, mar thoradh ar anailís mhicribhitheolaíoch ar Tháirgí Déiríochta. Rinneadh 156 Iniúchadh ar Mhonarchana um Dhéantúsaíocht Bhainne mar chuid den chlár iniúchta agus rialaithe ag leibhéil na próiseála. Tógadh 4615 sampla um Shábháilteacht Bhia ag leibhéil na próiseála, le haghaidh anailíse sna Saotharlanna Eolaíocht Déiríochta. D'Eisigh an Fhoireann Chigireacht Déiríochta 38 fógra um Ghuais Bhia, mar thoradh ar anailís mhicribhitheolaíoch ar Tháirgí Déiríochta. Fuarthas 2 toradh Deimhneach Antaibheathach mar chuid de chlár um thástáil fuíll i mbainne amh. Baineadh amach na spriocanna rialaithe go léir maidir le cineálacha barr a thástáil; síolta a dheimhniú agus a thástáil; beathú, áitribh bheathaithe agus leasú a iniúchadh; bithcheimiceáin, lotnaidicídí agus pórú ainmhithe. Rinneadh 3,066 sampla d'ábhair bheathaithe a thástáil i 2005 féachaint an raibh próitéiní coiscthe ainmhithe iontu. Rinne an clár samplála monatóireacht freisin ar leibhéil substaintí neamh-inmhianaithe eile in ábhair bheathaithe, agus rinne sé measúnú ar ghéilliúlacht do na riachtanais reachtúla um chomhdhéanamh cothaitheach. Braitheadh 251 mionsháruithe agus eisíodh litreacha rabhaidh ina leith. Níor braitheadh mórsháruithe ar bith. Tá ionchúiseamh Chúirt Dúiche amháin ar fheitheamh

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
		Tógadh 225 sampla de leasuithe i 2005. As na samplaí seo rinneadh 737 ábhair agus cumais tuaslagtha chothaitheacha a anailísiú nó a chomhdhéanamh, agus fuarthas nach raibh 50 nó 6.8% géilliúil. Cuireadh cuideachtaí a raibh táirgí neamhghéilliúla acu ar an eolas i ngach cás. As na 69 sampla d'aolchloch mheilte a anailísíodh i 2005, fuarthas go raibh 2 (2.9%) neamhghéilliúil um 1 de 4 tréith a tástáladh, rud a thugann neamhghéilliúlacht de 0.72% maidir leis na tástálacha go léir a rinneadh. Ní dheachthas i gceann ionchúisimh ar bith. Rinneadh 5,000 iniúchadh ar Thorthaí agus Ghlasraí, rud a léirigh ardleibhéal géilliúlachta do chaighdeáin cháilíochta. I 2005, chun earnáil iomaíoch prátaí a spreagadh agus a éascú, i measc nithe eile a rinneadh: gearradh táillí ar iniúchtaí barr agus tiúbar, chun costais na dtáillí allamuigh a fháil ar ais um an tseirbhís dheimhniú na síolta; agus tosaíodh ar an bhfaisnéis angus na sonraí go léir faoi phrátaí a ríomhairiú D'anailísigh Saotharlann Micreascópachta de chuid Stáisiún Thástáil na Síolta 636 sampla le haghaidh PAP (táirgí próiseáilte ainmhíocha) PAP i 2005. Bhí 16 sárú ar fad um leibhéil PAP a cheadaítear in ábhair bheathaithe. Astu seo, bhí 6 sampla deimhneach um iasc, 9 deimhneach um chnámh agus 1 sampla deimhneach um iasc agus chnámh araon. Chomh maith leis sin anailísíodh 31 sampla um chomhdhéanamh na gcomhábhar. Eisíodh 142 Ceadúnas Ceannaithe um Leigheas d'Ainmhithe, 70 Ceadúnas Mórdhála um Leigheas d'Ainmhithe agus 74 ceadúnas chun Ábhar Beathaithe Leigheasach a tháirgeadh, tar éis iniúchtaí a rinne an fhoireann chigireachta tréidliach. Faoin bPlean Náisiúnta um Fhuíll, tógadh níos mó ná 40,000 sampla agus tástáladh iad do raon substaintí toirmeasctha, fuíll chógas tréidliach agus guais chomhshaoil. Le linn 2005, ag eascairt as feidhmiú an dlí, ciontaíodh 4 duine/cuideachta i gcionta agus gearradh fíneálacha níos mó ná €19,000 agus fuair 1 cuideachta an tAcht Promhaidh . D'Aontaigh an DAF agus an FSAI faoi chlár monatóireachta 2005 um fhuíll lotnaidicídí i mbia. Anailísíodh 1316 sampla ar fad um beagnach 148 fuíoll lotnaidicídí éagsúil, agus níor léirigh na torthaí treochtaí ar bith nach rabhthas ag súil leo. Braitheadh sáruithe MRL i gcás 42 sampla a anailísíodh, ach níos measadh go raibh contúirt neamh-inghlactha do thomhaltóirí ann in aon chás díobh. Eisíodh litreacha rabhaidh agus i gcás táirgeoirí Éireannacha, rinneadh iniúchtaí lena chinntiú nach dtarlódh na sáruithe MRL arís.
2.2 Bheith rannpháirteach i - agus tionchar a imirt ar - fhorbairt reachtaíochta nua um shábháilteacht bhia, shláinte agus leas ainmhithe, agus shláinte phlandaí ag leibhéil náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta	An méid a chlúdaíonn an reachtaíocht leas na hÉireann.	Ritheadh reachtaíocht náisiúnta (S.I. 910 de 2005) chun éifeacht a thabhairt don reachtaíocht um Shláinteachas Bia agus Beathaithe a bheidh ag teacht isteach ó 1 Eanáir 2006. D'Achtaigh an tOireachtas an Bille um Chleachtais Thréidliacha ar 12 Iúil 2005 chun rialú ghairm na tréidliachta a thabhairt suas chun dáta. Ar 17 Samhain 2005 shínigh an tAire ina ndlí na Rialacháin um Leigheasanna Ainmhíocha 2005 (SI Uimh. 734 de 2005) chun reachtaíocht leasaithe Eorpach a fheidhmiú agus i ndiaidh athbhreithnithe ar reachtaíocht láithreach náisiúnta. Cainteanna leanúnacha ag leibhéal AE ar Threoir ar Shicíní Rósta. Réamhchainteanna faoi Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin um chosaint agus leas ainmhithe

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
		D'fhreastail DAF ar gach cruinniú den Choiste AE um Shábháilteacht an Bhiashlabhra agus Shláinte Ainmhithe. Maidir le reachtaíocht um shláinte phlandaí le linn 2005, sheas an tSeirbhís Foraoise ar son leas na hÉireann ag an mBuanchoiste um Shláinte Phlandaí maidir leis na leasuithe éagsúla ar na gnéithe foraoiseachta den Treoir AE um Sláinte Phlandaí. Feidhmíodh rialacháin chun teacht an Fhliú Éan a chosc, agus maidir le bearta atá le feidhmiú i gcás ráige.
2.3 Cothú agus forfheidhmiú maidir le córais fheabhsaithe um ainmhí/táirge a aithint agus a rianú, chun tacú le sábháilteacht bhia agus le sláinte agus leas ainmhithe	Tá an leibhéal rianaithe a shroicheadh bunaithe ar chórais inmheánacha/ seachtracha iniúchta agus meastóireachta	I 2005 aithníodh an gá leasú a dhéanamh ar an Acht um Dhearbhú Mairteola Náisiúnta 2000, chun forbairtí a chur san áireamh maidir leis an bpacáiste Sláinteachais agus riachtanais Thrasghéilliúlachta na Scéime Aoníocaíochta Feirme. Maidir le rannpháirtithe ag déanamh iarratais ar fhaomhadh faoin Scéim, síneadh an spriocdháta go dtí 31 Nollaig 2006. Le linn 2005 rinneadh an bunachar sonraí CMMS a fheabhsú a thuilleadh agus a fhorbairt chun cruinneas agus ionracas na sonraí a chinntiú agus a fheabhsú. Soláthraíodh na saoráidí seo a leanas faoin Ghluaiseacht um Ainmhithe a Aithint (AIM) i 2005; • tugadh isteach córas um chluaisíní a éisiúint do ghabhair chomh maith le saoráid lánuimhriúil cluaisíní do chaoirigh: • cuireadh sonraí breise ar fáil tríd an tsaoráid próifíle ar líne um thréad eallaigh, d'fheirmeoirí, lena n-áirítear an cumas próifíl a fheiceáil don am atá thart: • tugadh saoráid isteach a cheadaíonn d'fheirmeoirí iarratas a dhéanamh ar líne ar Theastais Ghéilliúlachta roimh ghluaiseacht eallaigh ó fheirm go feirm: • cuireadh chun tosaigh na tionscadail um Mhargaí Eallaigh a chur ar líne agus um nuashonrú a dhéanamh ar na saoráidí le haghaidh easpórtálacha eallaigh a thuairisciú. Maolú tugtha ag an gCoimisiún AE chun NSIS a fheidhmiú.
2.4 Tacaíocht agus cothú do thaighde ar shábháilteacht bhia, shláinte ainmhithe agus zónóisí	Líon/scála thionscadail um shábháilteacht bhia faoi FIRM Líon na gclár comhoibritheach le FSAI agus FSPB	35 Tionscadal ceadaithe faoin téama Sábháilteacht Bhia. Maidir le cláir náisiúnta, eagraíodh Glaonna nua go rathúil faoin mBeart um Thaighde Institiúideach ar Bhia (FIRM) agus faoin gCiste um Spreagadh Taighde (RSF) araon, le beagnach €11.5m (€7 + €4.5) tugtha do 27 (15 + 12) tionscadal €57,195 íoctha le Teagasc dá thionscadal taighde ar rialú varroa, faoin gClár Éireannach 2005-2007 um Feabhsú ar an mBeachadóireacht Rinneadh ionadaíocht ar son na Roinne ar roinnt coistí agus grúpaí oibre sa FSAI. Ina measc seo tá: **Coiste Eolaíochta** An Coiste Eolaíochta; An Fochoiste um Bhreiseáin, Ábhair Salaithe agus Fhuíll; An Fochoiste ESB (.i. BSE); An Fochoiste Micribhitheolaíochta **Grúpaí Oibre** Zónóisí; Feoil a Lipéadú; Fóram Ceardaithe **Suirbhéanna** Bhaictéareolaíoch sábháilteacht cháiseanna déanta as bainne paistéaraithe.Sábháilteacht, cáilíocht agus lipéadú na héineola.

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
		Tuarascálacha Tuarascáil Bhliantúil ar Zónóisí. Tionchar na reachtaíochta um Shláinteachas Bia ar earnáil na gceardaithe. **Cruinnithe** Bhí cruinnithe ann ar go leor sainghnéithe a bhaineann le sábháilteacht bhia; Grúpa Stiúrtha ardleibhéil DAF/FSAI; Cruinnithe idirchaidrimh le Rannóga; Cruinnithe Réigiúnacha Cruinniú Trasghníomhaireachta. **Oiliúint** Reachtaíocht um Lipéadú Chomhoibrigh an Roinn leis an mBord um Shábháilteacht Bhia a Chothú (FSPB) i dtionscadal chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal salmonella ar mhuiceoil ar oileán na hÉireann, agus ar na tosca priacail a chuidíonn lena tharchur. Bhí sí rannpháirteach freisin i dtionscadal chun córas comhtháite a fhorbairt um fhaomhadh agus mhonatóireacht ar shaotharlanna príobháideacha a mbíonn ábhair phataigineacha i mbia á dtástáil acu. Tá dul chun cinn déanta ag an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta maidir le taighde comhoibritheach ar shábháilteacht bhia, shláinte ainmhithe agus zónóisí.
	Tionchar an taighde ar fheidhmiú srianta um shláinte ainmhithe agus um zónóisí	Le linn 2005 eagraíodh seiminéir fhaisnéise ar ghalar Johne ar mhaithe le tréidliachleachtóirí príobháideacha, Comhairleoirí Theagasc agus feirmeoirí a raibh suim acu iontu. Chomh maith leis sin ghlac roinnt bheag tréad páirt i dtionscadal maidir leis an ngalar a rialú ar an bhfeirm
2.5 Na tionscnaimh is oiriúnaí um shláinte ainmhithe a fhorbairt, a chothú agus a fheidhmiú, lena n-áirítear faire, rialú agus díothú, ar mhaithe le sábháilteacht bhia, sláinte ainmhithe agus táirgeadh inbhuanaithe stoic	Athruithe ar pharaiméadair um shláinte ainmhithe a thomhas Leibhéil faire	Gabhtar 94% de na tástálacha TB agus BR go léir go leictreonach anois. Tástáladh 97% de na 123,322 tréad eallaigh i 2005. Tá sé seo ag teacht leis an scéal mar atá sé le blianta beaga anuas Thit líon na n-imoibreoirí Brúsalóise beagnach 66% i gcomparáid le 2004. Bhí méadú beag ar mhinicíocht TB. Léiríonn an laghdú ar mhinicíocht na brúsalóise na bearta feabhsaithe a tugadh isteach le roinnt blianta anuas. Is ionann an t-iomlán de 69 cás BSE i 2005 agus laghdú de bheagnach 45% i gcomparáid le hiomlán na bliana roimhe sin de 26. Bunaíodh Clár d'Úinéirí Ealta Éanlaith Chlóis i mí Dheireadh Fómhair 2005 chun a bheith ullamh ar eagla theacht an Fhliú Éan. Rinneadh (20) tréad caorach ar fad a shrianadh agus a laghdú i bpáirt le linn 2005. I 2005 faoin gclár um fhaire ar an scráibeach, tástáladh 10,689 ainmhí go tapa ag monarchana agus 10,374 ag seamlais. Faoi Chlár Náisiúnta Géinitíopa 2005 cinntíodh géinitíopa 43,000 caora. Lainseáladh an 2ª céim de chlár Aujeszky i mí Mheán Fómhair, 2005 Déantar gach monarcha stórála, monarcha bhia peataí, monarcha idirmheánach agus monarcha phróiseála a fhaomhadh agus leantar de bheith ag déanamh monatóireachta orthu faoin reachtaíocht i 2005 Líon iomlán na mangairí atá cláraithe agus faofa ag an Roinn ná 1,153; •182 mangaire le háitreabh •971 mangaire gan áitreabh (Gníomhairí)
	Líon na dtionscnamh bithshlándála ag leibhéal na feirme	Próiseáil um Fhliú Éan curtha i bhfeidhm ar AHCS i mí na Nollag 2005.

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
2.6 Monatóireacht a dhéanamh ar chórais rialaithe do ghalair OIE-liostaithe	Athbhreithniú déanta ar phleananna teagmhasacha	D'athbhreithnigh an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta na teagmhais um fhreagairtí ar ghalair (sean) OIE Liosta A D'imscrúdaigh an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta cásanna galar liostaithe a bhfuil amhras fúthu. Níl féidir ach le hoibreoir ceadúnaithe atá faofa ag An Roinn Talmhaíochta agus Bia grúdarlach idirnáisiúnta a thógaint ó chalafort nó ó aerfort.
	Bhí cleachtaí um oiliúint ionsamhalta ann	Gású éanlaithe clóis mar chuid de phleananna theagmhasacha um Fhliú Éan
2.7 Caighdeáin a chothú um shláinte agus leas ainmhithe, agus géilliúlacht do na rialacháin seo a chinntiú	Leibhéal géilliúlachta (Féach 2.5 do chaighdeáin um Shláinte Ainmhithe)	Faoi láthair tá 126 iompróir agus carraeir ar chlár náisiúnta na Roinn. Tá 54 iompróir faofa um iompar idirnáisiúnta stoic. Chuathas i mbun comhairliúcháin um fheidhmiú Rialachán Chomhairle (AE) Uimh.1/2005 ar chosaint ainmhithe a bhíonn á n-iompar agus oibríochtaí gaolmhara ó Eanáir 2007. Tá caighdeáin leasa níos déine um ainmhithe feirme i bhfeidhm anois, agus caithfear iad a fheidhmiú ag leibhéal na feirme a mhór. Rinneadh iniúchtaí um leas gamhna, muc agus cearc ag breith, agus líonadh tuairiscí faoi réir riachtanas AE. Bhí cruinniú i Samhain 2005 idir foireann Leas Ainmhithe na Roinne agus foireann Leas Ainmhithe de chuid An Roinn Talmhaíochta agus Fhorbairt Tuaithe, Tuaisceart na hÉireann, mar a pléadh roinnt ceisteanna leasa chomh-inspéise. I 2005 chuir An Chomhairle Chomhairleach um Leas Ainmhithe Feirme (FAWAC) a Tuarascáil Leathbhliantúil do 2003/2004 faoi bhráid an Aire. I 2005 leanadh leis an Córas Luathrabhaidh/Idirghabhála do Chásanna Leasa Ainmhithe a chur i bhfeidhm ar fud na tíre. FAWAC a thug an córas seo isteach, agus bainteach leis tá An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Cumann Feirmeoirí na hÉireann agus Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe. I 2005 d'fhoilsigh FAWAC leabhrán dar teideal Treoirlínte faoi Leas Ainmhithe um Chapaill, Chapaillíní agus Asail. Bhunaigh FAWAC Grúpa Oibre ar Chógais Tréidliacha, a chuir a Thuarascáil faoi bhráid an Aire i 2005. Chuir An Coiste Comhairleach Eolaíoch um Shláinte agus Leas Ainmhithe faoi bhráid an Aire a Thuarascáil ar "Leictreatheanntú a Úsáid ar Ainmhithe Feirme Beo in Éirinn" i 2005
	Próifíliú tréad a fheidhmiú mar chóras luathrabhaidh	Tá go leor déanta ag an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta maidir le himscrúduithe ar cheisteanna um shláinte ainmhithe ar fheirm a fhéadfadh baint a bheith acu le fadhbanna comhshaoil.
2.8 Seirbhísí saotharlainne éifeachtacha a sholáthar um fhaire, fháthmheas, thaighde agus rialú	Líon na saotharlann a creidiúnaiodh	Lean An tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta, Baile Átha Cliath, de bheith creidiúnaithe, agus bhog sí go dtí Ollionad Saotharlainne Backweston. Tá an tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta Corcaigh agus an tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta Luimneach ag obair i dtreo creidiúnaithe. Creidiúnaíodh An tSaotharlann um Rialú Lotnaidicídí i 2000 agus rinneadh scóip an chreidiúnaithe a chothabháil agus a mhéadú.

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
	Líon agus raon na dtástálacha ar fáil i gcláir faire	Méadaíodh cumas na Saotharlainne Lotnaidicídí, i dtreo is gur féidir léi samplaí de bhia a anailísiú um beagnach 148 fuíoll comhdhúl lotnaidicíde éagsúla.
	Scóip agus raon na seirbhísí diagnóiseacha ar fáil	Cuireann an tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta an raon iomlán ar fáil de thástálacha a theastaíonn d'fhaire Mhicribhitheolaíochta ar bhainne, tháirgí bainne agus uisce. Cuirtear ar fáil freisin raon iomlán de na tástálacha Micribhitheolaíochta agus Ceimiceacha a theastaíonn do scéimeanna AE um thacaíocht margaidh agus do riachtanais trádála. Déanann an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta faire éighníomhach go leanúnach do ghalair thromchúiseacha stoic, ag baint úsáide as raon leathan tástálacha. Bíonn straitéisí um fhaire do ghalair ainmhithe á meas go leanúnach.
	Córais fhaisnéise pháirtí leasmhair, bunaithe ar IT, a chur i bhfeidhm	Tá dul chun cinn á dhéanamh go leanúnach ar SOPí inghlactha a fhorbairt um ghnásanna maidir leis na saotharlanna réigiúnacha tréidliachta go léir. Foilsítear tuarascálacha míosúla ón tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta sa Phreas Tréidliachta.
2.9 Seirbhís éifeachtach éifeachtúil um shláinte plandaí a oibriú, lena n-áirítear an Plean Iniúchta Bliantúil um Shláinte Phlandaí a fheidhmiú	Leibhéal rialaithe um lotnaidicídí coraintín	Comhlíonadh gach oibleagáid um iniúchadh agus thuairisciú. Déileáladh le gach ceapadh, gan na lotnaidí bainteacha iad féin a fhódú sa tír. Críochnaíodh suirbhéanna um thacú le stádas mar cheantar cosanta.
2.10 Sláinte an Eastáit Náisiúnta Foraoiseachta a chothabháil	Minicíocht ghalair san Eastát Náisiúnta Foraoiseachta	I 2005 rinne an tSeirbhís Foraoise suirbhé ar an eastát náisiúnta foraoiseachta um raon lotnaidí agus galar díobhálacha. Níor braitheadh lotnaidí coraintín nó galar ar bith ar speiceas crainn ar bith, ach fuarthas Phytophthora ramorum ar féidir leis bheith ina chúis leis an ngalar ar a nglaotar 'bás tobann daire', ar Rhododendron i dhá cheantar foraoise. Iniúchadh impórtálacha adhmaid agus pacáistíochta adhmaid, maidir le géilliúlacht don Treoir AE um Shláinte Phlandaí. Le haghaidh sonraí breise féach an roinn faoi Chaomhnú Foraoise, sa Tuarascáil ar Spriocanna na Roinne, Sprioc 2.

SPRIOC 3 – EACNAMAÍOCHT AGUS TIMPEALLACHT NA TUAITHE

Forbairt eacnamaíocht na tuaithe a chothú chomh maith le córais thalmhaíochta, fhoraoiseachta agus tháirgíochta bia atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus inbhuanaithe, agus cabhrú leis an athrú struchtúrtha

Codanna ríthábhachtacha dár gcuid oibre ná: an líon uasta teaghlach feirme a chothabháil, an comhshaol a chaomhnú agus tacú le córais thalmhaíochta inbhuanaithe. Bíonn tionchar suntasach ag córais thalmhaíochta agus fhoraoiseachta ar eacnamaíocht na tuaithe, agus tá sé de dhualgas orainn a chinntiú go gcuireann an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht bonn láidir faoin fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta, agus go ndéantar na córais seo a fhorbairt go hinbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Táscairí Feidhmíochta Ardleibhéil

a) Rátaí rannpháirtíochta i scéimeanna feirmeoireachta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus inbhuanaithe
Féach 3.6 thíos;

b) Toradh na gcomhchaibidlí um chreat tacaíochta Fhorbairt Tuaithe an AE 2007-2013
Soláthraíonn an rialachán nua fhorbairt tuaithe an AE uimh. 1698/2005 creat sásúil um bearta tacaíochta sa todhchaí don tréimhse 2007-2013;

c) An leibhéal ghéilliúlachta do bhearta trasghéilliúlachta
Féach 3.3 thíos;

d) Líon na dteaghlach feirme agus leibhéil ioncaim
Féach 3.1 thíos;

e) A gcuireann earnáil na foraoiseachta le heacnamaíocht na tuaithe
Féach 3.7 thíos.

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
3.1 Polasaithe, scéimeanna agus seirbhísí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuidíonn leo seo a) eacnamaíocht na tuaithe a chothabháil, b) líon na dteaghlach feirme a uasmhéadú, c) athrú struchtúrach a éascú	Líon agus leibhéil ioncaim na dteaghlach feirme Meánmhéid feirme Comhdhlúthú gabháltas	I 2003, is iad seo na sonraí is déanaí atá ar fáil, bhí 135,300 feirmeoirí ann. Taispeánann Suirbhé Náisiúnta Theagasc ar Fheirmeacha 2004 gurbh é €30,650 an t-ioncam feirm theaghlaigh ar fheirmeacha lánaimseartha i 2004, agus €6,407 an t-ioncam ar fheirmeacha páirtaimseartha Ba é an meánmhéid feirme i 2003, is iad seo na sonraí is déanaí, ná 32.3 heicteár, méadú 3% ar 2000 nuair ab é 31.4 heicteár a bhí ann. I 2005 chuidigh an Roinn leis na Coimisinéirí Ioncaim chun na Treoirlínte um Chomhdhlúthú Feirme a thabhairt isteach a cheadaíonn do bheirt fheirmeoir fóirithint stampdhleachta a fháil nuair a aistríonn siad talamh feirme idir a chéile chun a gcuid gabháltas feirme a chomhdhlúthú, nuair nach mbíonn difríocht ar bith idir luachanna na dtailte atá á n-aistriú. Oibreoidh an scéim seo ar feadh dhá bhliain ó 1 Iúil 2005.
3.2 Cur le feidhmiú na Straitéise Náisiúnta Frithbhochtaineachta i gcomhar leis na rannpháirtithe eile sa Straitéis	Spriocanna feidhmíochta i gcoinne na bochtaineachta do theaghlaigh tuaithe	Tacaíonn an Roinn le hioncam feirme trí íocaíochtaí díreacha arbh fhiú €2.3 billiún iad i 2005. Bhí beagnach 8,400 feirmeoir beag ag fáil íocaíochtaí cúnaimh feirme i rith 2004 le €66.4 milliún ar fad á íoc ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, agus Teaghlaigh.
3.3 Bearta trasghéilliúlachta a fheidhmiú tríd an Scéim Aoníocaíochta	An leibhéal ghéilliúlachta do bhearta trasghéilliúlachta	Is í 2005 an chéad bhliain um trasghéilliúlacht a chur i bhfeidhm. Leibhéil smachtbhannaí i 2005 um uile bheart Iniúchtaí 6,700 1% Smachtbhanna 7.9% 3% Smachtbhanna 3.5% 5% Smachtbhanna 7.3% >5% Smachtbhanna 0.3%
3.4 Tacú le comhlíonadh gealltanas, sna hearnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta, don Straitéis um an Athrú Aeráide (Kiótó), do Phrótacal Ghothenburg agus do pholasaithe bainteacha eile	Dul chun cinn um chomhlíonadh gealltanas, ar aontaigh an Rialtas fúthu, a bhaineann leis an Roinn seo	Ina anailís ar chomhaontú Lucsamburg ar athchóiriú CAP, mheas FAPRI-Ireland go dtiocfaidh earnáil na talmhaíochta gar dá sprioc um astuithe gáis ceaptha teasa a laghdú Cheana féin tá earnáil na talmhaíochta gar dá sprioc láithreach 2010 um astuithe amóinia a laghdú Foraoisiú ar siúl go leanúnach; Déanfaidh foraoiseacha a cuireadh ó 1990 i leith idir 1.5 milliún tona agus 2.3 milliún tona CO^2 a bhaint as

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
3.5 Idirchaidreamh éifeachtach le Teagasc, COFORD agus gníomhaireachtaí eile chun cláracha oiliúna agus taighde a spreagadh agus a fhorbairt a chuideoidh le bonn láidir a chur faoi tháirgeacht inbhuanaithe talamhaíochta agus foraoiseachta, agus a dhéanfaidh eacnamaíocht agus comhshaol na tuaithe a fhorbairt agus a chosaint	An méid a bhíonn teaghlaigh tuaithe rannpháirteacht -i gCláir oiliúna -i gCláir oideachasúla -i gCláir éagsúlachta	Ghlac 8991 aosach ar fad páirt i gcláracha oiliúna, oideachais agus éagsúlachta Theagasc d'aosaigh i 2005. Chlúdaigh na cláir éagsúlachta cúrsaí 80 agus 100 uair a seachadadh trí ríomhfhoghlaim, chomh maith le cúrsaí REPS agus comhshaoil agus cúrsaí ar fhoraoiseacht agus ar ghnóthais mhalartacha. Ghlac 3310 rannpháirtí breise páirt sa Chlár d'Iontrálaithe Feirme a raibh cláir 3úleibhéal agus oiliúna gairmoideachais an áireamh ann. Idirchaidreamh leanúnach le Teagasc maidir le cothú foraoiseachta agus oiliúint, agus tacaíocht leanúnach do COFORD ina gclár R&D
3.6 Bearta a fheidhmiú ag tacú le feirmeoireacht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, le caomhnú agus le bith-ilchineálacht	Rátaí rannpháirtíochta -i REPS -i Scéimeanna Bainistíocht Chothaitheach Feirme -i bhFeirmeoireacht orgánach	Shroich an rannpháirtíocht i REPS leibhéal curiarrachta de níos mó ná 48,000 i 2005 Bhí 6,960 rannpháirtithe (íocaithe) sa Scéim Bainistíochta Dramhaíl Feirme ag deireadh 2005 I 2005 bhí 1,090 oibreoir orgánach cláraithe leis an Roinn, 978 táirgeoir agus 112 próiseálaí.
3.7 Cur le hearnáil foraoiseachta inbhuanaithe a fhorbairt trí dheontais/ scéimeanna préimhe foraoise agus bhearta eile	A mhéid a baineadh amach na spriocanna plandaithe A gcuireann earnáil na foraoiseachta le heacnamaíocht na tuaithe An dul chun cinn atá déanta um táirgí foraoise a mhargú Méadú ar ilchineálacht speiceas	Mhéadaigh na leibhéil phlandaithe beagán i 2005 ach fós bhí siad píosa maith faoin spriocleibhéal náisiúnta. Cuir earnáil na foraoiseachta €1.36bn in earraí agus seirbhís le heacnamaíocht na hÉireann i 2003, is iad seo na sonraí is déanaí atá ar fáil Rinneadh go leor dul chun cinn le linn 2005 um úsáid táirgí foraoise a chothú mar fhoinse in-athnuaite fuinnimh. Foraoisiú leathanduilleach de 30%: sprioc bainte amach
3.8 Feidhmiú Thuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh ar Mhná sa Talmhaíocht	An leibhéal feidhmithe a baineadh amach	Críochnaíodh tuarascáil ar dhul chun cinn agus feidhmíodh na moltaí a mhéid agus a bhí praiticiúil

SPRIOC 4 – SEACHADADH SCÉIMEANNA AGUS BAINISTIÚ AIRGEADAIS

Déanfaimid ár scéimeanna agus ár gclár uile a oibriú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil, agus cinnteoimid na caighdeáin bainistíochta corparáideacha agus airgeadais agus an caighdeán cuntasachta is airde i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí

Tuigeann an Roinn chomh tábhacht agus atá sé seirbhís tapa éifeachtach íocaíochta do chustaiméirí a sholáthar, agus táimid tiomanta do na hardchaighdeáin inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a bhaint amach. Tuigimid chomh maith go bhfuil sé de dhualgas orainn mí-úsáid ar bith um chistí poiblí a chosc, freagracht a chinntiú, agus lánfhollasacht agus srianta éifeachtacha a chothabháil. Chun é seo a bhaint amach d'fhorbraíomar córais láidre bhainistíochta airgeadais lena n-áirítear: gnásanna airgeadais inmheánacha a dhearadh a úsáideann na cleachtais is fearr, córas cuntas a shuiteáil atá géilliúil do MIF, clár oiliúna MIF, clár bainistíochta um priacail fiontair agus cláir chuimsitheacha um iniúchóireacht inmheánach agus seachtrach.

Táscairí Feidhmíochta Ardleibhéil

a) An méid a shroichtear na spriocanna um dhátaí íocaíochta agus seirbhíse atá sonraithe i CSAP agus Prótacal;
Féach 4.1 thíos

b) Ardchaighdeán bainistíocht agus srianta airgeadais a chothabháil, agus iad fíoraithe ag gníomhaireachtaí seachtracha monatóireachta m.sh. tuarascálacha iniúchta, C&AG, agus araile
Féach 4.2 thíos

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
4.1 Seachadadh éifeachtach a chinntiú maidir le CAP, scéimeanna náisiúnta agus bearta faoi bPlean Forbartha Náisiúnta de réir na bprionsabal agus na spriocanna atá leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí	Sprioc-amanna, gnásanna agus prótacail sonraithe a shroicheadh, lena n-áirítear an Prótacal ar Íocaíochtaí Díreacha d'Fheirmeoirí agus na spriocanna sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí	Féach Aguisín 2
4.2 Oibriú de réir na gcaighdeán bainistíochta airgeadais is airde, lena n-áirítear ceannach agus bailiú ioncaim, chun lánghéilliúlacht do riachtanais airgeadais, iniúchta agus rialaithe AE agus náisiúnta a chinntiú	Toradh an dtuarascálacha iniúchta uathu seo: An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí, C& AG, an comhlacht deimhnithe FEOGA, Coimisiún na hEorpa agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa	Cuireadh tuarascálacha ráithiúla agus bliantúla um dhul chun cinn iniúchta faoi bhráid MAC agus an Choiste Iniúchóireachta. Feidhmíodh 5% de shrianta géilliúlachta na gCistí Struchtúracha. Críochnaíodh 14 tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaigh agus 47 tuarascáil iniúchóireachta mionscrúdaithe, agus eisíodh iad, i rith na bliana. Tá próiseas breise córasach ann chun feidhmiú a mhonatóiriú um thorthaí suntasacha iniúchta. Eisíodh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta i Márta 2005 Rinneadh obair bhreise go tapa a lean ó thorthaí iniúchta AE. Níor tháinig torthaí tromchúiseacha ar bith ón gComhlacht Deimnithe. Choimeád an Roinn a stádas creidiúnaithe. Ó 1994 i leith, tá an tríú leibhéal dícheadaithe is ísle ar an meán ag Éirinn de 15 an AE.
4.3 Na heochairphriacail atá os comhair na Roinne a aithint i gcónaí trí chlár cuimsitheach bainistíochta um priacal fiontair a fheidhmiú	Cáilíocht an chláir um priacal i bhfianaise tuarascálacha ó Choiste inmheánach Bainistíochta Priacail agus ón Choiste Iniúchóireachta seachtrach	Feidhmíodh Clár Leasaithe Bainistíochta Priacail i rith 2005. Cuireadh tuarascálacha ráithiúla ar fáil don Choiste Bainistíochta Priacail.
4.4 An Creat um Fhaisnéis Bhainistíochta a lánfheidhmiú	MIF curtha i bhfeidhm de réir Plean MIF Cáilíocht agus úsáid na dtuarascálacha bainistíochta a scríobhtar agus an tionchar ar chinntí um acmhainní	Úsáideann breis agus 1,000 ball foirne an córas go leanúnach. Thosaigh an Roinn an chéad chéim dá hoiliúint MIF i 2004 le dianoiliúint á seachadadh faoin gCreat Airgeadais, Cuntasaíocht Fáis (Accrual) agus SAP. Seachadadh céim a dó den oiliúint, dírithe ar an mheán-bhainistíocht i rith 2005. Caighdeánaíodh an próiseas eisithe íocaíochta AHCS agus ailíníodh é go hiomlán le Córas Bainistíocht Airgeadais na Roinne (SAP). Críochnaíodh uasghrádú SAP R/3 go rathúil

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
4.5 Dul i gceann meastóireachta rialta ar eochairlimistéir chaiteachais tríd an gclár um athbhreithniú ar chaiteachas	An sciar de chaiteachas a rinneadh a mheas A rinneadh i bhfianaise athbhreithnithe ar chaiteachas	I rith 2005, ceapadh meastóirí seachtracha chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an dá athbhreithniú fágtha a bhí faoi réir an chláir athbhreithnithe 2002 go dtí 2004, .i. Liúntais chúitimh agus Díothú BSE. Téitear i mbun na n-athbhreithnithe seo faoin Tionscnamh um Athbhreithniú ar Chaiteachas (ERI). Tosaíodh ag obair ar dhá athbhreithniú breise faoin gclár athbhreithnithe 2005/ 07. Soláthraítear athbhreithnithe ar chaiteachas, nuair a bhíonn siad réidh, ar shuíomh gréasáin na Roinne Talmhaíochta agus Bia.
4.6 Athrú próisis a chur chun cinn, mar a aithnítear é sa Straitéis Oibriúcháin, chun úsáid éifeachtach acmhainní a chinntiú	An t-athdhearadh críochnaithe um eochairphróisis oibriúcháin aitheanta. Tionchar na n-athruithe próisis ar na hoibríochtaí	I rith 2005 bunaíodh grúpa stiúrtha chun treoir a thabhairt maidir le próiseas nua a dhearadh um na hiniúchtaí agus tástálacha allamuigh go léir a bhainistiú. San áireamh anseo tá iniúchtaí i suímh de gach sórt – feirm , monarcha, cliantacht tréidliachta, cógaslann, margadh eallaigh agus eile. Bunaíodh foireann agus críochnaíodh dearadh an phróisis nua, le súil go ndéanfaí an próiseas a thriail chun a inmharthanacht agus a luach sa chigireacht tréidliachta a chruthú i rith 2006. Maidir le Rianú Ainmhithe, scrúdaíodh na próisis um chluaisíní a eisiúint do gach speiceas. Dearadh próiseas nua caighdeánach le haghaidh na speiceas ar fad. Bunaíodh córas IT chun tacú leis an bpróiseas nua caighdeánaithe, díchoimisiúnaíodh na córais láithreacha a bhí sainiúil don speiceas agus aistríodh iad go dtí an córas nua singil seo. Cuidíonn an próiseas agus an córas nua um il-reacairí cluaisíní a úsáid do speiceas ar bith, agus um chluaisíní a thabhairt isteach do speicis bhreise. Ritheadh trialacha i 2005 a bhain úsáid as teicneolaíocht na hollstórála sonraí, chun a cumas a mheas um bonn láidir a chur faoi roinnt próiseas, lena n-áirítear próisis measúnaithe priacail. Cuirfear é seo ar aghaidh a thuilleadh i 2006. Scrúdaíodh an próiséas um iarratas ar Aisíocaíochtaí Easpórtála CAP agus feabhsaíodh é agus líomhchóiríodh lena cheadú d'easpórtálaithe doiciméid easpórtála a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim amháin, seachas faoi bhráid na gCoimisinéirí agus na Roinne mar a tharlaíodh go dtí anois. Freastalaíonn an próiseas nua ar dhearbhuithe easpórtála Comhpholasaí Talmhaíochta (CAP) a chur isteach go leictreonach ó chórais an Trádálaí Easpórtála féin chuig Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim via ROS, agus cuirtear ar aghaidh ansin iad via Teagmháil chuig an Roinn Talmhaíochta, mar a phróiseálann an Córas Aisíocaíochtaí Easpórtála iad , i dtreo is go seachnaíonn an Roinn seo bailiú sonraí agus ionchur nach gá
4.7 Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid chun priacail a aithint go héifeachtach um scéimeanna a sheachadaimid, agus srianta a úsáid dá réir sin	An méid a thapaítear deiseanna nua teicneolaíochta ar mhaithe lena thuilleadh éifeachta agus rialaithe An méid a úsáidtear sonraí láithreacha le haghaidh priacal a bhainistiú	I rith 2005 d'fheidhmigh an Roinn leagan leasaithe dá córas Bainistíochta Priacail, a rangaíonn na priacail níos fearr agus a cheadaíonn fócas níos mó ar na priacail is tábhachtaí don Roinn ag am ar bith. Ceadaíonn teacht an chórais nua úsáid níos éifeachtaí de na sonraí atá istigh i mbunachar sonraí na Roinne.

SPRIOC 5 – ACMHAINNÍ OIBRIÚCHÁIN AGUS AN CLÁR OIBRITHE NUACHÓIRITHE

Ár n-acmhainní daonna agus fisiciúla, agus ár n-acmhainní oibriúcháin a fhorbairt agus a chinntiú go gcuirfear seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil dár gcustaiméirí, idir inmheánacha agus seachtracha agus Polasaí an Rialtais i leith dílárú agus nuachóiriú na seirbhíse poiblí á fhorfheidhmiú againn.

Tá an Roinn tiomanta don chlár oibre um nuachóiriú a fhorbairt chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís ardchaighdeáin do gach custaiméir. Leanaimid leo seo a athbhreithniú agus a fheabhsú: struchtúr eagrúcháin na Roinne , na próisis oibre, na córais agus seirbhísí tacaíochta a úsáidtear, an straitéis fhaisnéise agus chumarsáide ar glacadh léi agus na meicníochtaí a theastaíonn chun ár n-acmhainní fisiceacha agus daonna a fhorbairt. Cinntíonn sé seo go mbainimid amach ár spriocanna agus ár gcuspóirí go héifeachtach agus go críochnúil. Teastaíonn sé freisin cur chuige straitéiseach a bheith an Roinn um bainistiú acmhainní i bhfianaise na n-athruithe foirne agus eagrúcháin a eascraíonn ón gclár dílárú agus ceisteanna eile a thagann trasna.

Táscairí Feidhmíochta Ardleibhéil

a) Cur i bhfeidhm eilimintí bainteacha den Chlár don Rialtas agus de Chothabháil an Fhoráis;
Féach 5.1 thíos

b) Plean gníomhaíochta um dhílárú a chur i bhfeidhm;
Féach 5.2 thíos

c) Tuarascálacha sásúla ón nGrúpa um Fhíorú Feidhmíochta de chuid na Seirbhíse Poiblí;
Féach 5.1 thíos

d) Cur i bhfeidhm clár oibre um rialachas corparáideach, m.sh. CSAP, Straitéis HR, Straitéis ICT, Straitéis Oiliúna, treoirlínte faoi Phleanáil Ghnó, agus araile;
Féach 5.7, 5.5, 5.10, 5.6 agus 5.4 thíos

e) Bainistíocht ar chlár athraithe agus ceisteanna a thagann trasna
Tugadh isteach Scéim Aoníocaíochta go rathúil. Buiséad an CAP slán go dtí 2013. Dílárú curtha chun cinn.

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
5.1 Feidhmiú agus monatóireacht ar an gClár don Rialtas agus na tiomantais i gCothabháil an Fhoráis	An méid a comhlíonadh na gealltanais	Tá gach gealltanas sa PfG agus i gCothabháil an Fhoráis comhlíonta nó is gealltanais leanúnacha iad atá á gcomhlíonadh. Aiseolas deimhneach ó Roinn an Taoisigh agus ó Chomhlachtaí Feirmeoireachta maidir le cur i gcrích gealltanas sa PfG agus i gCothabháil an Fhoráis faoi seach.
	Tuarascálacha sásúla ón CSPVG	Thug an CSPVG cinneadh fabhrach
5.2 Plean Gníomhaíochta na Roinne um Dhílárú a chur i bhfeidhm	Dul chun cinn maidir le plean feidhmithe na Roinne um dhílárú	Díláraíodh 87 post lánaimseartha.
	Tionchar an díláraithe ar sheachadadh seirbhíse agus straitéisí corparáideacha	Níor tuairiscíodh iarmhairt díobhálach ar bith
5.3 Struchtúir agus próisis na Roinne a scrúdú i bhfianaise an díláraithe, na hAoníocaíochta, agus athruithe eile	Athbhreithnithe a ndeachthas ina mbun agus na príomhathruithe a cuireadh i gcrích	Thosaigh athbhreithniú mionsonraithe ar an Rannóg um Oibríochtaí Riaracháin na nOifigí Tréidliacha Dúiche i mí Iúil 2005 agus tá sí le críochnú go luath i 2006
	Athbhreithniú ar lámhleabhair ghnásanna do na Rannóga go léir faoi dheireadh 2005	Dul chun cinn sásúil
5.4 Cur le pleanáil straitéiseach a fhorbairt sna Rannóga agus sa Roinn	Pleananna Gnó Bliantúla críochnaithe agus athbhreithnithe taobh istigh de spriocdhátaí	Críochnaíodh gach Plean Gnó, ach ceann amháin, i 2005 agus d'aontaigh an bhainistíocht shinsearach le 95% díobh seo faoi lár mhí Feabhra.
	Próisis PMDS críochnaithe taobh istigh de spriocdhátaí	Críochnaigh thar 94% den fhoireann a bPróifíl Róil i 2005 agus bhí 87% críochnaithe faoi lár mhí Márta
	Líon na doiciméad um polasaí straitéiseach a scríobhadh	Críochnaigh EPD 2 doiciméad um Polasaí Straitéiseach - A.R. & O, Plean Gníomhaíochta
	Athbhreithniú ar lámhleabhair ghnásanna do na Rannóga go léir faoi dheireadh 2005	Dul chun cinn sásúil

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
5.5 An Straitéis um Acmhainní Daonna a fheidhmiú, agus próisis a athbhreithniú i bhfianaise athruithe reachtacha agus eile	An méid a fheidhmítear polasaithe tosaíochta HR Polasaithe/próisis HR athbhreithnithe chun reachtaíocht nua agus athruithe ba ghá a fheidhmiú a chur san áireamh	Polasaithe tosaíochta HR á gcur i bhfeidhm go sásúil An tAcht um Oibrithe ar Am Seasta á chur i bhfeidhm
5.6 Straitéis Oiliúna nua a chomhlánú agus a chur i bhfeidhm	Straitéis Oiliúna curtha i bhfeidhm Leibhéal rannpháirtíochta agus sásaimh na bainistíochta agus na rannpháirtithe maidir le cláracha oiliúna	Tá an Straitéis comhlánaithe agus foilseofar í go luath i 2006. 16,700 lá oiliúna
5.7 Seirbhís ardchaighdeáin mhéadaithe a sholáthar don chustaiméir inmheánach agus seachtrach	An méid a shroichtear na spriocanna/spriocdhátaí (lena n-áirítear fiosruithe um shaoráil faisnéise (FOI) agus ón Ombudsman) sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí Toradh na monatóireachta CSAP	Na spriocanna/spriocdhátaí ar fad bainte amach. Tá an mhonatóireacht CSAP ar fad á déanamh ag leibhéal na Rannóige de réir Pleananna Gnó.
5.8 Leanúint leis an gcumarsáid inmheánach agus seachtrach a fhorbairt chun feasacht a fheabhsú ar ghníomhaíochtaí agus scéimeanna de chuid na Roinne	Líon agus raon na bhfoilseachán/gcruinnithe Aiseolas ó chustaiméirí inmheánacha /seachtracha	23 Foilseachán, 263 Preasráiteas. Léiríonn an tsuirbhé chustaiméara is déanaí leibhéal sásaimh de 90%
5.9 Seirbhísí dlí a sholáthar do gach Rannóg sa Roinn, agus bainistiú um dhlíthíocht a bhaineann leis an Roinn a chur ar aghaidh nó a chosaint, i gcomhar le Rannóga eile agus le gníomhaireachtaí dlí de chuid an Stáit	An méid a bhíonn reachtaíocht phríomha/ thánaisteach curtha ar aghaidh Dlíthíocht a bhaineann leis an Roinn a chríochnú in am agus go héifeachtach	Bhí baint ag an Rannóg le níos mó ná 40 Ionstraim Reachtúil a ullmhú agus thug go leor cúnaimh eile do rannóga líne maidir leis seo. Sholáthair an Rannóg Seirbhísí Dlí líon suntasach de thuairimí dlí, chomhairlí ginearálta, chomhaontuithe dréachta agus léirscríofa, dhoiciméid agus litreacha i 2005 do Rannóga líne. Baint níos mionsonraithe le dlíthíocht trí pháipéir cháis mhionsonraithe a ullmhú agus a sholáthar don AG agus do CSSO maidir le dlíthíocht a bhaineann leis an Roinn. Freastal ar go leor comhairliúchán agus éisteachtaí cúirte
5.10 Córais agus bonneagar ardchaighdeáin ICT atá seasmhach agus sábháilte a chothabháil agus a sheachadadh, chun tacú lenár gcroíghnó	Saoráidí fónta ICT, lena n-áirítear deasc chabhrach éifeachtach, ar fáil don fhoireann ar fad Aga neamhfhónaimh íosta Córais ICT curtha ar fáil de réir sonraithe	Bainte amach Bainte amach Modúil chórais, leaganacha, agus breisiúcháin phráinneacha nua CCS, AIM, AHCS, CMMS agus Express soláthartha, agus na húsáideoirí córais sásta leo.

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
		Lántacaíocht curtha ar fáil d'úsáideoirí córais CCS, AIM, AHCS, CMMS agus Express trí bhealaí cuí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. SPS: - rinneadh córas a fhorbairt chun tacú le heisiúint íocaíochtaí ar 1 Nollaig 2005. Obair mhór déanta i limistéir na trasghéilliúlachta agus an chúltaca náisiúnta REPS: - Uasghrádú agus breisiúcháin tairfeacha curtha i bhfeidhm Infheistíochtaí Ar an bhFeirm: - obair mhór fhorbartha déanta Córais 'Lotus Notes': - Tosaíodh ar na feabhsuithe is gá maidir le Fheidhmchlár agus Riarachán Forbairt PC: - 7 córas nua curtha ar fáil 2 córas uasghrádaithe 8 córas ag fáil tacaíochta Rinneadh IforIS a fhorbairt, agus bhí sé réidh le cur i bhfeidhm go luath i 2006
5.11 Straitéis um ríomhsheirbhísí Rialtais a leanúint chun a chinntiú go gcuirtear na seirbhísí suntasacha go léir ar féidir iad a sholáthar go cuí trí bhealaí leictreonacha ar fáil do chustaiméirí	Líon na seirbhísí atá ar fáil trí ríomhbhealaí An líon próiseas atá comhtháite le córais chliaint	Saoráidí agus breisiúcháin nua AIM Online curtha ar fáil i 2005 mar seo a leanas: • Próifílí Tréad Feabhsaithe ar an Idirlíon d'Fheirmeoirí • Saoráid, um Theastas Géilliúlachta, AIM / CMMS ar an Idirlíon ar féidir le Feirmeoirí í a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar ghluaiseachtaí ó Fheirm go Feirm. • Orduithe cluaisíní Ainmhithe faighte, do Bhólacht, Chaoirigh agus Ghabhair á bpróiseáil anois ag Cuideachtaí Seachtracha Reacaire Cluaisíní ag úsáid na teicneolaíochta seirbhísí gréasáin Gnó go dtí Rialtas is déanaí.. Is féidir le hEaspórtálaithe CAP a gcuid SAD a chur faoi bhráid Chóras ROS na gCoimisinéirí Ioncaim, mar a dheimhnítear agus a chuirtear ar aghaidh iad via Teagmháil chuig Córas Aisíocaíochtaí Easpórtála (Luais) na Roinne seo iad . Ag deireadh 2005, bhí: • 13 córas beotháirgeachta ceangailte leis an gCóras Custaiméara Chorparáidigh (CCS); • 4 nasc Córais ag na céimeanna deireanacha de thástáil ag úsáideoirí; • 3 nasc córais CCS nua á bhforbairt.
5.12 Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar don Aire agus do na hAirí Stáit lena n-áirítear eolas oiriúnach, comhairle, ábhar do fhreagraí PQ agus aithisc	An leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil An t-aiseolas a thugtar don bhainistíocht shinsearach	Freagraí tugtha ar 1,771 PQ, agus freastal déanta ar gach iarratas ar aitheasc/eolas moill ann maidir le heolas a sholáthar Cuirtear an bhainistíocht shinsearach ar an eolas nuair a bhíonn
5.13 Meicníochtaí comhairliúcháin agus comhordaithe a fhorbairt agus a chothabháil, chun cinntí éifeachtacha trasroinne a chinntiú	Comhordú éifeachtach ar pholasaithe trasroinne	Ghlac an Roinn páirt i raon leathan grúpaí trasroinne um polasaí.
5.14 Rialú agus treoir faoi rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm	Tuarascálacha sásúla ón CSPVG agus ó C & AG	Rialú agus treoir faoi rialachas corparáideach curtha i bhfeidhm

AGUISÍN 2 Cairt Chearta d'Fheirmeoirí

SPRIOCANNA ÍOCAÍOCHTA NÓ CINNIDH

Nóta Tábhachtach:

Tá Na Spriocamanna Seachadta Faoi Réir an Uile Dhoiciméadú agus Riachtanas Eile a Bheith Ceart Aimsir an Iarratais.

Scéimeanna Íocaíochtaí Díreacha d'Fheirmeoirí

Seirbhís	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2005
Scéim Aoníocaíochta Scéim 2005	Forálann Rialacháin AE go ndéanfar íocaíochtaí uair sa bhliain taobh istigh den tréimhse 1 Nollaig go dtí 30 Meitheamh na bliana dár gcionn. Déanfar íocaíochtaí i gcásanna incháilithe sa chéad bhabhta íocaíochta a thosóidh ar 1 Nollaig.	Thosaigh íocaíochtaí ar 1 Nollaig 2005 agus faoi dheireadh na Nollag bhí €1,060 billiún íoctha do 90% de na hiarratasóirí.
Préimh um Bó Dhiúil Scéim 2004	Tosóidh réamhíocaíochtaí de 60% ar 16 Deireadh Fómhair i mbliain an iarratais mar atá foráilte i rialacha AE. Nuair atá an tréimhse choinneála críochnaithe faoi 16 Deireadh Fómhair, déanfar gach réamhíocaíocht incháilithe faoi 1 Nollaig. I gcásanna incháilithe eile déanfar réamhíocaíochtaí dá leithéid taobh istigh de 30 lá roimh dheireadh na tréimhse coinneála. Déanfar íocaíocht chothromaíochta i Márta/ Aibreán na bliana dár gcionn i gcásanna atá soiléir. I ngach cás eile a mheastar a bheith incháilithe níos déanaí, déanfar íocaíocht faoi 30 Meitheamh ag réiteach le rialacha AE.	San iomlán íocadh níos mó ná €239.5m le níos mó ná 99% de na hiarratasóirí faoi dheireadh na Nollag.
Breis do Bhearach Chlúdaigh Náisiúnta Préimhe um Bó Dhiúil Scéim 2004	Neamhshonraithe	Thosaigh íocaíochtaí ar 28 Meitheamh 2005, agus íocadh beagnach €20.8m le 48,396 iarratasóir faoi dheireadh na Nollag.
Préimh Mhairteola Speisialta Scéim 2004	Tosóidh réamhíocaíochtaí de 60% ar 16 Deireadh Fómhair i mbliain an iarratais mar atá foráilte i rialacha AE. Nuair atá an tréimhse choinneála críochnaithe faoi 16 Deireadh Fómhair, déanfar gach réamhíocaíocht incháilithe faoi 1 Nollaig. I gcásanna incháilithe eile déanfar réamhíocaíochtaí dá leithéid taobh istigh de 30 lá roimh dheireadh na tréimhse coinneála. Tosóidh íocaíochtaí cothromaíochta an bhliain dár gcionn nuair a chinntítear an úsáid chuóta do bhliain an iarratais. I ngach cás incháilithe, déanfar íocaíocht faoi 30 Meitheamh ag réiteach le rialacha AE. Más dócha go mbeidh an cuóta thar sprioc, seans go n-eiseofar an dara réamhíocaíocht.	Eisíodh thar €331.5m do thar 99% d'iarratasóirí faoi dheireadh mhí na Nollag.

Seirbhís	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2005
Préimh Chaorach Scéim 2004	Íocfar an phréimh chaorach, lena n-áitítear Préimh Domhanda Tuaithe, ag tosú ar 16 Deireadh Fómhair i mbliain an iarratais mar atá foráilte i rialacha AE.	Íocadh beagnach €103.0m do 99% d'iarratasóirí faoi dheireadh mhí na Nollag. Eisíodh íocaíochtaí clúdaigh náisiúnta de níos mó ná €4.8m do 98% d'iarratasóirí.
Préimh Nua Mharaithe (Clúdach Náisiúnta san áireamh) Scéim 2004	Tosóidh réamhíocaíochtaí de 60% ar 16 Deireadh Fómhair sa bhliain ina gcruthaítear cáilitheacht, mar atá foráilte i rialacha AE. Tosóidh íocaíochtaí cothromaíochta an bhliain dár gcionn nuair a chinntítear an úsáid chuóta do bhliain an iarratais. I ngach cás incháilithe, déanfar íocaíocht faoi 30 Meitheamh ag réiteach le rialacha AE.	San iomlán eisíodh €140.6m do thar 99% d'iarratasóirí faoi dheireadh mhí na Nollag. Eisíodh íocaíochtaí faoin gClúdach Náisiúnta de bheagnach €10.4m faoi dheireadh mhí na Nollag.
Préimh Mharaithe Dhíshéasúrach (nuair is am di)	Déanfar íocaíocht taobh istigh de 60 lá d'aimsir an iarratais.	Ní raibh scéim ar bith ann i 2005.
Scéim um Préimh Fhairsingithe Scéim 2004	Déanfar gach íocaíocht i Meitheamh na bliana taréis na bliana dá gcruthaítear cáilitheacht.	Thosaigh íocaíochtaí ar 28 Bealtaine 2005 agus faoi dheireadh mhí na Nollag bhí thar €166.8m íoctha.
Préimh Dhéiríochta Scéim 2004	Tosóidh láníocaíochtaí ar 16 Deireadh Fómhair i mbliain na n-iarratas mar atá foráilte i rialacha AE.	Eisíodh thar €61.5m do thar 98% d'iarratasóirí faoi dheireadh mhí na Nollag
Cúnamh Arúil Scéim 2004	Déanfar íocaíochtaí i gcásanna incháilithe sa chéad bhabhta íocaíochta a thosóidh ar 16 Samhain. I gcásanna ina bhfuil fadhbanna leis an iarratas atá fós gan réiteach, déanfar íocaíocht, mar atá foráilte i rialacha AE, faoi 31 Eanáir ar choinníoll gur thug an t-iarratasóir freagairt ar aon fhiosrú ón Aonad um Chúnamh Ceantair agus gur leor an fhreagairt chun gach deacracht atá ann fós a réiteach.	Bhí €131m íoctha do bheagnach 100% d'iarratasóirí faoi dheireadh mhí na Nollag.
Liúntais Chúitimh um Limistéir faoi Mhíbhuntáiste Scéim 2005	Comhaontaíodh leis na heagraíochtaí feirmeoireachta go dtosódh íocaíochtaí i ngach cás incháilithe ar 23rd Meán Fómhair.	Thosaigh íocaíochtaí ar 23 Meán Fómhair mar a bhí socraithe, agus íocadh beagnach €228m le 91% de na hiarratasóir go léir faoi 31 Nollaig 2005.
Scéim um Scor Luath #	Próiseáil iarratais bhailí chomh fada le sceidealadh íocaíochta:- • Iarratais nár roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 10 seachtain* • Iarratas a roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 12 seachtain* • Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faofa taobh istigh de 6 seachtain* • Íocaíochtaí míosúla ina dhiadh sin ar feadh thréimhse an phinsin.	99% ag cloí le sprioc

Seirbhís	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2005
Scéim um Chaomhnú Chomhshaol na Tuaithe • Iarratas ar ligean isteach sa scéim# • Iarratas ar íocaíocht bhliantúil Δ	Próiseáil iarratais bhailí chomh fada le sceidealadh íocaíochta: • Iarratais nár roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 12 seachtain* • Iarratais a roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 14 seachtain* • Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faofa taobh istigh de 1 mí • Próiseáil iarratais bhailí chomh fada le sceidealadh íocaíochta taobh istigh de 10 seachtain* • Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faofa taobh istigh de 1 mí	 97% 92% 100% 93% 100%
Scéim Bainistíochta Dramhaíl Feirme#	• Faomhadh eisithe i ndiaidh iarratas bailí a fháil taobh istigh de 3 mí* • Faomhadh d'íocaíocht i ndiaidh fógra a fháil faoi oibreacha a bheith críochnaithe chomh maith le doiciméid tacaíochta bhailí taobh istigh de 3 mí* • Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faomhadh íocaíochta taobh istigh de 6 seachtain*	99%
Scéim um Sláinteachas Déiríochta#	• Eisiúint faofa i ndiaidh iarratas bailí a fháil taobh istigh de 3 mí* • Faomhadh d'íocaíocht i ndiaidh fógra a fháil faoi oibreacha a bheith críochnaithe chomh maith le doiciméid tacaíochta bhailí taobh istigh de 3 mí* • Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faomhadh íocaíochta taobh istigh de 6 seachtain*	100%
Scéim um Fhiontraíocht Mhalartach#	• Eisiúint faofa i ndiaidh iarratas bailí a fháil taobh istigh de 3 mí* • Faomhadh d'íocaíocht i ndiaidh fógra a fháil faoi oibreacha a bheith críochnaithe chomh maith le doiciméid tacaíochta bhailí taobh istigh de 3 mí* • Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faomhadh íocaíochta taobh istigh de 6 seachtain*	100%
Cúnamh Suiteála# # I gcás scéimeanna cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas nuair atá a (h)iarratas faofa d'íocaíocht agus faoin mhéid atá dlite. Δ Faigheann gach rannpháirtí REPS réamhíocaíochtaí. I gcás íocaíochtaí bliantúla, ní chuirfear moill ar íocaíochtaí ar fheitheamh iniúchtaí. Nuair a dhéantar iniúchadh tar éis an íocaíocht bhliantúil a bheith tugtha, má bhíonn pionós i gceist, bainfear an pionós as íocaíocht bhliantúil na bliana dár gcionn. Nuair a dhéantar an t-iniúchadh sa bhliain dheireanach, déanfar airgead ar bith atá le haisghabháil a bhaint as íocaíochtaí atá dlite don rannpháirtí faoi scéimeanna eile.	Próiseáil iarratais bhailí chomh fada le sceidealadh íocaíochta: • Iarratais nár roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 10 seachtain* • Iarratais a roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 12 seachtain* • Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faofa taobh istigh de 6 seachtain* * Le cur i bhfeidhm ó thús scéimeanna nua	100%

Seirbhís	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2005
Feabhsú ar Chaighdeáin Leasa Ainmhithe (Tithíocht Chránach)	• Eisiúint faofa i ndiaidh iarratas bailí a fháil taobh istigh de 3 mí • Faomhadh d'íocaíocht i ndiaidh fógra a fháil faoi oibreacha a bheith críochnaithe chomh maith le doiciméid tacaíochta bhailí taobh istigh de 3 mí* • Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faomhadh íocaíochta taobh istigh de 6 seachtain*	100%
Clár Foraoisithe		
Scéimeanna Deontais	• Faomhadh taobh istigh de 10 seachtain ó aimsir an iarratais ach amháin nuair is gá ceadú pobail faoi reacht. • leibhéal iniúchta de 40% taobh istigh de 4 seachtain ó aimsir an iarratais. • Íocaíocht taobh istigh de 6 seachtain i gcásanna neamhiniúchta nó 10 seachtain nuair atá iniúchadh riachtanach.	**Faomhadh** Líon na n-iarratas a fuarthas 2,361 ag clúdach achar 23,300 ha. An líon a faomhadh: 2,153 ag clúdach achar 20,565 ha. **Íocaíochtaí** Iarratais a fuarthas: 1,413 ag clúdach achar 11,808 ha. Iarratais a íocadh* €26.99m íoctha ar 1,190 iarratas ag clúdach achar 10,096 ha
Scéim um Préimh Fhoraoiseachta	Bulcrith le linn mhí na Márta, ach leanfaidh íocaíochtaí ar feadh na bliana.	**Préimheanna Íoctha** Rith Préimheanna Bliantúil** €43.47m Ritíi a leanas: €14.54m Caiteachas Iomlán €58.01m * taobh istigh den Sprioc Chairte 10 seachtain ** taobh istigh den sprioc 90% de ghealltanais phréimhe láithreacha íoctha roimh dheireadh Aibreáin gach bliain.

Scéimeanna Díothú Galair/Rialú Galair

Seirbhís	Spriocdháta Seachadta				
Scéimeanna Dhíothú na hEitinne Bólachta agus na Brúsalóise	Íocfar cúiteamh Eitinne agus Brúsalóise taobh istigh de 4 seachtain ón dáta a fuarthas an doiciméadú riachtanach ceart nó ón dáta cáilitheachta, faoi réir téarmaí agus coinníollacha.	Íoctha taobh istigh de	4 stn	4-8 stn	thar 8 stn
		Íocaíochtaí Luachála	90%	8%	2%
		Deontais			
		Cruatan	90%	7%	3%
		Forlíonadh Ioncaim	88%	12%	
		Dídhaoiniú	90%	10%	
Cúiteamh BSE	Cúiteamh BSE le híoc taobh istigh de 28 lá ón uair a fuarthas an doiciméadú comhlánaithe.	**Tréada BSE** – Íocadh Cúiteamh €7,310,207 i 2005. Íocadh le 100% d'úinéirí tréad taobh istigh de 28 lá. Go deimhin íocadh le 86% taobh istigh de 14 lá. **Cohóirt BSE agus a Sliocht** Íocadh Cúiteamh €547,315 i 2005. Íocadh le 97% taobh istigh de 28 lá. (Íocadh le 62% taobh istigh de 14 lá)			
Cúiteamh Scráibí agus Íocaíochtaí um Chailliúint Ioncaim (Íocaíochtaí um chailliúint ioncaim nach mbaineann ach le tréada a bánaíodh i rith na tréimhse 2001–Aibreán 2003)	Cúiteamh íoctha taobh istigh de 14 lá ón dáta a fuarthas an doiciméad deireanach, .i. deimhniú maraithe. Íocaíochtaí um chailliúint ioncaim próiseáilte go díreach i ndiaidh iniúchta agus nuair a fhaightear an fhoirm thuairisce iniúchta chuí.	Gach íocaíocht chúitimh agus íocaíocht um chailliúint ioncaim próiseáilte agus íoctha go dáta. I rith 2005 íocadh €424,023 le sealbhóirí tréad um íocaíochtaí Chúitimh agus íocadh €1,627,589 um Chailliúint Ioncaim.			

Scéimeanna Idirghabhála

Scéim	Sprioc D'íocaíocht	Feidhmiú I 2005
Ceannach Ime in Idirghabháil	45 lá	98%
Ceannach SMP in Idirghabháil	120 lá	100%
Ceannach Eornan in Idirghabháil	30 lá	100%
Ceannach Siúcra in Idirghabháil	56 lá	100%

Aisíocaíochtaí Easpórtála

Scéim	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú i 2005
Aisíocaíochtaí easpórtála um mairteoil	60 lá	100%
Aisíocaíochtaí easpórtála um tháirgí próiseáilte	60 lá	87%
Aisíocaíochtaí easpórtála um tháirgí déiríochta	60 lá	97%
Aisíocaíochtaí easpórtála um muiceoil agus arbhar	60 lá	82%
Eisiúint cheadúnas impórtála/easpórtála	5 lá, láithreach	Sroicheadh na spriocamanna seachadta ar fad

Spriocanna Seirbhíse Custaiméara um Fhóirdheontais Bainne

Scéim	Sprioc d'Íocaíocht	Feidhmiú i 2005
Fóirdheontas d'im agus d'uachtar a úsáidtear i dtaosrán agus in uachtar reoite	1 Mí	100%
Fóirdheontas d'im a sholáthraítear d'ospidéil	1 Mí	100%
Fóirdheontas do phúdar bainne bhearrtha a úsáidtear i mbeathú cumaisc	1 Mí	100%
Bainne Scoile	1 Mí i ndiaidh éileamh a fháil	99%
Cúnamh um cháiséin agus um cháiséináití	1 Mí	100%
Cúnamh um Stóráil Phríobháideach (APS) ime agus uachtair	Conarthaí le socrú taobh istigh de 30 lá	100%
Cúnamh um Stóráil Phríobháideach (APS) cháise emmenthal	Conarthaí le socrú taobh istigh de 30 lá	100%

Aguisín 3 Tiomantais Chlár an Rialtais

Tugtar forléargas thíos den dul chun cinn maidir leis na tiomantais atá sa Chlár Comhaontaithe Rialtais 2002-2007.

Tá tiomantais uile an chláir comhlíonta nó is tiomantais leanúnacha iad atá á gcomhlíonadh.

Uimh	Tiomantas	Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
1	**Leanfaimid ar aghaidh le hiarrachtaí an Rialtais agus lucht taidhleorachta chun an rochtain dhomhanda a fheabhsú agus margaí a oscailt.**	Tá muid ag leanúint ar aghaidh leis an bhfeachtas ardleibhéil chun rochtain ar mhargaí an domhain a fheabhsú agus a leathnú. Bítear i gcomhairle go rialta leis an tionscal trí ghrúpa ardleibhéil, ina bhfuil ionadaithe IBEC, IMA, Bord Bia, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia. Maidir le mairteoil, d'éirigh go han-mhaith leis an togra chun rochtain idirnáisiúnta a athghabháil. Tá dul chun cinn déanta faoi mhargaí áirithe lasmuigh den AE. Tá an Rúis agus an Ailgéir oscailte agus trádáil ar bun. Bhí forbairtí dearfacha sa mhargadh Éigipteach freisin tar éis tréaniarrachtaí thar tréimhse fhada. Aontaíodh Prótacal faoi thrádáil mairteola leis an Éigipt i mí Lúnasa 2005 agus tá an trádáil tosaithe. I 2005 bhí Bord Bia i mbun bailiú faisnéise, taighde agus tógáil láithreachta sa tSín agus san India ar mhaithe le sprioc an Rialtais onnmhairithe bia agus dí chun na hÁise a dhúbailt idir 2004 agus 2007.
2	**Leathnóimid réimse an oideachas talmhaíochta, ag súil gur féidir, i gcásanna áirithe, an fheirmeoireacht a chleachtadh i gcomhar le gairmeacha eile** **agus** **Cinnteoimid go gcuirfear cúrsaí ar fáil ar bhealach solúbtha a oireann do rannpháirtithe fhéideartha le breis úsáide á baint as cur chuige ar nós cúrsaí oíche agus cianfhoghlaim.** **agus** **Déanfaimid iarracht na coláistí talmhaíochta a fhorbairt mar acmhainní forbartha tuaithe leathana.**	Rinneadh athbhreithniú mór ar Chlár Oideachais agus Oiliúna Teagasc i 2004/2005 agus cuirfear i bhfeidhm é sa dá bhliain atá romhainn. Tá athruithe móra i gceist le socrúchán feirme baile a inchorprú i ngach mórchlár oiliúna talmhaíochta. Tá na hathruithe seo deartha chun freastal ar riachtanais fheirmeoirí ionchasacha páirtaimseartha. Tá Teagasc i mbun coláiste ríomhfhoghlama a bhunú le foireann lánaimseartha de cheathrar. Sa bhliain reatha tá 180 mac léinn páirteach i gclár oiliúna 100 uair an chloig agus 80 uair an chloig. Le ceapachán Oifigeach nua Forbartha déanfar breisiú ar réimse na gclár oiliúna ar líne le hoiliúint bhia, gairneoireacht agus grúpa díospóireachta. Tá an Teastas Gairme sa Talmhaíocht do Fheirmeoirí Páirtaimseartha á reachtáil anois ag 14 ionad difriúla, agus an 6 choláiste talmhaíochta san áireamh. Baineann Seirbhísí Comhairleacha agus Taighde Teagasc, gníomhaireachtaí seachtracha eile agus grúpaí áitiúla pobail, úsáid leitheadach as Teagasc agus as coláistí príobháideacha. Tá samplaí thíos den úsáid a bhaintear as na coláistí: • Laethanta Oscailte do fheirmeoirí faoi Shábháilteacht Feirme, Taispeántais Innealra, Siúlóidí Barraí, srl. • Cuairteanna ó ghrúpa díospóireachta feirmeoirí; • Úsáidtear iad le haghaidh cuspóirí taighde agus taispeántais agus trialacha cineálacha ag foireann taighde Teagasc agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia; • Úsáidtear iad le haghaidh chláir oiliúna ríomhaireachta ag Teagasc agus gníomhaireachtaí seachtracha eile; • Cuairteanna ó ghrúpa scoile chun an léirthuiscint faoi thalmhíocht/ ghairneoireacht a mhéadú; • Ríomharlanna a úsáid le haghaidh oiliúint ríomhaireachta, eagraithe ag Teagasc agus gníomhaireachtaí eile;

Uimh	Tiomantas	Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
		• Saoráidí spóirt agus seomraí cruinnithe á n-úsáid ag grúpaí áitiúla; • Gníomhaireacht Chinnirí Forbartha Tuaithe an Chabháin agus Mhuineacháin bunaithe i gColáiste Talmhaíochta Bhéal Átha hÉise; • Úsáid le haghaidh Scoileanna Samhraidh, Campaí Club Capaillíní, Campaí Gasóga, Imeachtaí Eachaíochta srl.
3	**Cuirfimid seirbhís thiomnaithe ar fáil trí Teagasc a chabhróidh le feirmeoirí páirtaimseartha agus trasdula a gcuid cumais agus ama a úsáid chun buntáiste agus éifeachtúlachta níos fearr, agus nuair is gá, chun a n-ioncam a éagsúlú trí oiliúint chuí sa Chlár Deiseanna.**	Rinneadh an Clár Deiseanna a athsheoladh i mí Eanáir 2004 mar Chlár 'Pleanáil iar-Fischler' agus tugtar Clár Roghanna na dTeaghlach Feirme air anois. Tá an clár dírithe ar chabhrú le feirmeoirí a suíomh feirme agus teaghlaigh a oiriúnú tar éis na díchúplála. Cuireann sé ar chumas feirmeoirí agus a dteaghlach amharc go hoibiachtúil ar a suíomh, anailís a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil don bhfeirmeoir agus dá c(h)éile agus cuireann sé comhairle agus treoir neamhspleách ar fáil faoin gcaoi is fearr chun dul ar aghaidh. Tá os cionn 13,000 teaghlach feirme tar éis páirt a ghlacadh sna cláir go dtí seo agus tá sprioc iomlán de 20,000 ann do dheireadh 2006. Tá sé beartaithe 7,000 teaghlach a chur tríd an gclár i 2006. Tá cúrsaí oíche agus deireadh seachtaine ar siúl ag Teagasc anois ar mhaithe le patrúin oibre na bhfeirmeoirí páirtaimseartha a éascú. Glacann os cionn 10,000 feirmeoir aosach páirt i gcláir oiliúna feirmeoirí aosacha Teagasc gach bliain agus bíonn formhór na gcúrsaí ar siúl san oíche.
4	**Cuirfimid na moltaí a rinne an Grúpa Comhairleach faoi Ról na mBan sa Talmhaíocht i bhfeidhm.**	I 2004 thiomsaigh an Roinn tuarascáil chuimsitheach faoi na moltaí uile a bhí i dTuarascáil an Choiste Comhairligh faoi Ról na mBan sa Talmhaíocht. Léirigh sé seo go raibh siad curtha san áireamh go hiomlán ag gach Roinn Rialtais agus gach gníomhaireacht ábhartha. Bhí dul chun cinn mór déanta maidir le réimse leathan saincheisteanna ag an gCoiste Comhairleach. Tá an Roinn ag obair go gníomhach chomh maith le Ranna eile chun Straitéis Náisiúnta Ban a dhréachtadh, faoi threoir na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí.
5	**Oibreoimid chun bunphrionsabail an CBT a chosaint in idirbheartaíochtaí méadú an AE De réir mar is gá, tacóimid freisin le bearta ar nós airgeadas dóthanach AE, le cinntiú go ndéanfar talmhaíocht na dtíortha aontachais as Lár agus Oirthear na hEorpa a chomhtháthú go réidh nuair a thagann siad isteach san Aontas Eorpach, agus ullmhóimid san am céanna chun leas a bhaint as deiseanna nua margaidh.**	Tharla aontachas na ndeich mBallstát nua ar Lá Bealtaine 2004 agus cuireadh idirbheartaíochtaí faoi aontachas na Bulgáire agus na Rúmáine i gcrích i mí Meithimh 2004 gan aon athrú ar bhunphrionsabail an CBT. Bhí an Roinn sásta leis an maoiniú don CBT a fhoráladh don tréimhse go 2006. Beartaíodh an maoiniú don tréimhse 2007 go 2013 i gcomhtéacs an Léargas Airgeadais a aontaíodh ag Comhairle na hEorpa i mí na Nollag 2005. Ba í aidhm na Roinne a chinntiú go mbeadh éifeacht le haon toradh a bheadh ar athbhreithniú ar bith eile ar CBT lasmuigh den tréimhse 2007-2013, chun sochair Cholún 1 (íocaíochtaí díreacha) a chosaint, chun sciar na hÉireann de cholún 11 CBT – forbairt na tuaithe a uasmhéadú agus le cinntiú nach dtabharfaí modhnú ar bith eile isteach. Tugadh cosaint shubstaintiúil do na leasa tosaíochta seo de thoradh Chruinniú Mullaigh na Nollag 2005, toradh maith do Thalmhaíocht na hÉireann. Thángthas ar Chomhaontú i mí Lúnasa 2004 maidir le creatlach do chomhaontú nua WTO agus cuireadh dlús leis na hidirbheartaíochtaí faoi bhabhta nua ag Comhdháil Airí an WTO i Hong Cong. Is é cuspóir na hÉireann tionchar a imirt ar na cainteanna seo le cinntiú gur féidir glacadh le comhaontú nua faoi léirscaoileadh trádála gan aon athchóiriú eile ar CBT a bheith ag teastáil. Tá teorainn áfach le tionchar na hÉireann ar an toradh deiridh mar go ndéanann an Coimisiún idirbheartaíocht san WTO ar bhonn mandáite atá aontaithe ag an gComhairle.
6	**Leanfaimid orainn ag cur na gcaighdeán is airde i sábháilteacht bia chun cinn agus cothóimid cultúr nuála, ardchaighdeán agus fiúntais sa tionscal bia.**	Chun a chinntiú go dtáirgítear bia i ngach céim den slabhra bia de réir na gcaighdeán sábháilteachta is déine, tá clár leitheadach monatóireachta, faireachais agus cigireachta curtha ar bun. Bhunaíomar Grúpa Lipéadú Bia chun freastal ar chúramaí custaiméirí maidir le lipéadú agus foinsí bia agus táimid ag déanamh cinnte, an oiread agus is féidir, go gcuirfear a chuid moltaí i bhfeidhm. Tá earnálacha bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ag oibriú i dtimpeallacht an-iomaíoch ar fad agus léiríonn luas agus scála an athraithe go soiléir gur tréimhse shainiúil í seo don earnáil.

Uimh	Tiomantas	Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
		Tá críoch curtha ag an mBord Bia le hathbhreithniú domhain straitéiseach chun na straitéisí agus na tosaíochtaí a aithint atá riachtanach chun níos mó gnó a sholáthar dá pháirtithe leasmhara tráth a bhfuil deiseanna agus dúshláin mhóra rompu. Tar éis an athbhreithnithe agus chomhairliúcháin leitheadúil tá plean straitéiseach ullmhaithe ag an mBord chun a fhorbairt a threorú sna cúig bliana atá le teacht i bhfianaise dinimicí athraithe an mhargaidh. Tá an Bord Bia tiomanta de réir an Phlean do réimse clár a fhorbairt agus a sheachadadh atá dírithe go straitéiseach ar an margadh a fhorbairt, ag díriú ar an bhfiúntas san eolas, aonad sainspéise chun mionghnólachtaí a fhorbairt a chomhlánaíonn clár rathúil fóram branda an Bhoird. Tá rath cruthaithe ar mhargaíocht spriocdhírithe agus tionscnaimh do onnmhaireoirí bia, déantúsóirí bianna nua, áisiúlachta agus breisluacha agus miontáirgeoirí sainpéise faoi bhainistíocht an Bhord Bia. Le béim nua ar chumais a thógáil tá gnólachtaí á spreagadh chun smaoineamh go straitéiseach ar a bhforbairt féin. Tá an treoir nua "Forbairt Tháirgí nua don Tionscal Bia agus Dí faoi Threoir an Mhargaidh" á chur chun chinn go gníomhach ag gníomhaireachtaí chun táirgí nua agus nuálacha bia a thabhairt chun margaidh. Tionóladh an chéad cheann de shraith Fóraim Bia réigiúnacha idir cuideachtaí bia agus gníomhaireachtaí forbartha i mí na Samhna 2005 sna Cealla Beaga, Dún na nGall chun béim a chur ar thábhacht na bhfiontar beaga bia agus chun treoir a maidir leis na cleachtais is fearr i margaíocht réigiúnda bia a sholáthar, leis an téama "Fócas ar an Margadh do Mhionfhiontair Bia". Tuarascáil straitéiseach chun an Tionscal Déiríochta a fhorbairt. Tá tús curtha le sraith gníomhartha chun forfheidhmiú na moltaí Réamheolaire a fhorfheidhmiú. Tá béime sa bhreis curtha againn ar an ngá atá le níos mó iomaíochais san earnáil agraibhia. Rinneadh coimisiúnú ar thrí thuarascáil maidir leis seo: Táirgiúlacht Thalmhaíocht na hÉireann - Newman agus Matthews (2003) Iomaíochas Thalmhaíocht na hÉireann - 1998/99 (Boyle, 2002) Táscairí Iomaíochas Costais -1996/2000 (Thorne, 2004) Rinneadh deontais taighde leas poiblí de €5m a fhaomhadh go dtí Meitheamh 2005 agus is dócha go ndéanfar €7m eile a fhaomhadh faoi ghlaoch spriocdhírithe a eisíodh i 2005, rud a thugann faomhuithe carnacha PFN go €67m. Déantar measúnú neamhspleách ar na tionscadail ar bhonn iomaíoch. Tá torthaí taighde d'ardchaighdeán agus foireann taighde curtha ar fáil ag clár FIRM don tionscal bia. I 2005 thóg an Roinn agus Fiontraíocht Éireann ar na ceangail comhoibre a bunaíodh i 2004 chun tráchtálaíocht an taighde bia a chur chun cinn
7	**Leanfaimid orainn ag lorg gníomhaíochtaí trí an AE le cinntiú go mbainfidh na hardchaighdeáin chéanna le bianna allmhairithe is a bhaineann le táirgí baile.**	Faoi láthair is riachtanais de chuid an AE iad go mbainfeadh na caighdeáin chéanna le táirgí allmhairithe bia is atá san AE féin. Táthar an-airdeallach le cinntiú go gcloítear leis an seasamh seo nuair a mholtar aon athrú ar rialacháin.
8	**Féachfaimid leis an leibhéal faisnéise atá ar fáil do chustaiméirí faoi fhoinsí an bhia atá ar díol sa tír seo a fheabhsú trí thograí ar nós lipéad sonrach glas do bhia na hÉireann.**	Tá an fás leanúnach i mballraíocht i scéimeanna deimhniú cáilíochta á chur chun cinn ag Bord Bia agus cuirfear lógó Deimhniú Cáilíochta an Bhoird ar fáil don ghairneoireacht freisin. Is mór an dul chun cinn atá déanta maidir le moltaí an Ghrúpa Lipéadú Bia a fhorfheidhmiú. Maidir le dhá mholadh lárnach an Ghrúpa is é an seasamh atá ann go bhfuil forfheidhmiú na reachtaíochta um lipéadú bia lárnaithe san FSAI agus go bhfuil rialacháin nua faoi fhoinsí tugtha isteach don éineoil. Tugadh reachtaíocht isteach san Oireachtas go déanach i 2005 le cur ar chumas an Aire rialacháin bheartaithe a dhéanamh a éilíonn ar bhialanna agus ar earnálacha lónadóireachta faisnéis a sholáthar do chustaiméirí faoi thíortha tionscnaimh mairteola a chuirtear ar fáil ina n-áitribh. Táthar ag súil go mbeidh sé seo achtaithe gan mhoill.

Uimh	Tiomantas	Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
9	**Spreagfaimid an tionscal bia chun caidrimh fhadtéarmacha a thógáil sna margaí onnmhairithe is bisiúla le béim láidir ar an bhfás i dtáirgí breisluacha** **agus** **Spreagfaimid tionscal mairteola na hÉireann go háirithe chun tosaíocht ar leith a thabhairt do mhargaí inmharthanacha AE a fhorbairt le dhá chuspóir: níos mó cobhsaíochta a ghnóthú agus an bhearna idir praghsanna Éireannacha agus Eorpacha a dhúnadh. Is é an chaoi is tábhachtaí chun go dtárlóidh sé seo slabhra soláthair comhtháite a thógáil trí shocruithe rannpháirtíochta idir táirgeoirí, próiseálaithe agus miondíoltóirí, agus an Scéim Náisiúnta um Ráthaíocht Mairteola agus scéimeanna cáilíochta i gcur chun cinn táirgí mar bhonn leis.**	Chuaigh an Bord Bia i mbun an dara babhta dá straitéis chun díolachán mairteola na hÉireann a mhéadú in ollmhargaí Eorpacha agus chun an branda "Irish Beef" a neadú go daingean in intinn a chuid custaiméirí. Sa bhfeachtas "Irish Beef in Europe" cuireadh fógraíocht ar phacáistí in 8,000 stór Eorpacha, a mbíonn 40 milliún duine ag siopadóireacht iontu gach seachtain, agus bhí sé dírithe ar an tréimhse soláthair is mó atá againn, ó Mheán Fómhair go Samhain. Le maoiniú Mheastachán Fhorlíonach de €0.5m faomhaithe i 2005 bhíothas in ann an clár a bhrostú, agus fuair an Bord Bia tacaíocht ó láithreacht Airí san Iodáil, sa Ghearmáin agus san Íslitír, is mór an t-údar dóchas é an freagra a fuarthas ó mhiondíoltóirí agus ó chustaiméirí ar an mór-roinn. Tá fás tagtha ar luach na n-onnmhairithe agraibhia agus dí as Éirinn chun an AE le blianta beaga anuas agus b'ionann iad agus €5,821m nó 77% de na honnmhairithe iomlána i 2005 nuair b'ionann onnmhairithe go tíortha treasacha agus €1,727m nó 23% den iomlán. Chuaigh formhór ár n-onnmhairithe mairteola i mbliana go margaí ardluacha an AE. Táthar ag tuar go mbeidh tomhaltas an AE níos mó ná an táirgíocht arís i 2006 agus go mbeidh bearna allmhairithe de 350,000 tonna ann don bhliain dá thoradh sin. Tá táirgíocht na mairteola thar a bheith luachmhar d'eacnamaíocht na hÉireann le luach onnmhairithe de timpeall €1.38 billiún, beagnach 20% d'onnmharaithe iomlána agraibhia na hÉireann. Bhí praghsanna láidre ann do mhairteoil i 2005; bhí an meánphraghas i 2005 6% níos airde ná an praghas a íocadh i 2004. Bhí fás éachtach ar earnáil na mbianna réamhullmhaithe ó thaobh díolacháin agus onnmhairithe le deich mbliana anuas agus meastar an díolachán iomlán ag €1.5 billiún i 2004. Bíonn luaineacht san earnáil seo go minic de bharr athruithe airgeadra.
10	**Cuirfimid caomhnú an chomhshaoil chun cinn trí dheacheachlas feirmeoireachta le tacaíocht ó dheontais agus dreasachtaí speisialta cánach chun cabhrú le hinfheistíocht ar an bhfeirm agus le bainistiú cúramach dramhaíle. Déanfaimid iarracht a chinntiú go mbíonn na tacaí ar fáil do gach feirmeoir.**	Tugadh Scéimeanna nua um Bhainistiú Dramhaíl Feirme agus um Shláinteachas Déiríochta isteach ag tús 2004, le rátaí deontais chaighdeánacha de 40%, chun freastal ar na tiomantais atá sa gComhaontú Buanú an Fhoráis 2003. Tá faomhadh an AE á lorg anois do Scéim bhreithithe um Bhainistiú Dramhaíl Feirme, le ráta deontais caighdeánach de 60% (70% sna ceithre contaethe Crios C), chun cabhrú le feirmeoirí riachtanais bhreise an Treoir Níotráití a shású. Tá sé molta chomh maith go n-osclófaí an Scéim amach do gach feirmeoir ar ioncam íseal. Táthar ag súil go mbeidh an faomhadh seo ar fáil in am chun gur féidir an Scéim leasaithe a thabhairt isteach i mí Eanáir 2006. Ó tugadh isteach é i 2001, rinneadh caiteachas de €61.4m ar an Scéim um Bhainistiú Dramhaíl Feirme (ag deireadh Mheán Fómhair 2005). Caitheadh €11.5m ar an Scéim um Shláinteachas Déiríochta sa tréimhse céanna. Tá an ráta luathaithe de liúntais chaipitil don infheistíocht i saoráidí smachtú truaillithe riachtanacha athnuaite go ceann trí bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2006.
11	**Cothóimid tuath ghlan tharraingteach le caighdeán ard maireachtála a mbeidh gach duine in ann taitneamh agus leas a bhaint as. Mar chuid den bheartas seo, déanfaimid iarracht an scéim REPS a dhéanamh níos tarraingtí.**	Tugadh REPS leasaithe isteach ar an 1 Meitheamh 2004 a dhéanann foráil le haghaidh ráta méadaithe íocaíochta mar atá aontaithe i mBuanú an Fhoráis. Faoin scéim bhreisithe seo, faigheann feirmeoirí ardú de 28% in íocaíochtaí. Shroich ráta glactha na Scéime leasaithe ráta níos mó ná 48,000 i 2005, an ráta is airde riamh. Tá foráil de €271m déanta i Meastacháin 2005 ach b'éigean an tsuim seo a mhéadú go €283m chun freastal ar an éileamh méadaithe. Tá foráil de €323m i vóta 2006.
12	**Feabhsóimid an comhoibriú le húdaráis Thuaisceart Éireann chun oileán na hÉireann a choinneail saor ó ghalar.**	Bíonn cruinnithe rialta ar siúl i gcónaí ag leibhéil Airí agus oifigiúla chun ailíniú beartas agus socruithe cosanta a chur chun cinn agus chun tógáil ar an taithí luachmhar a fuarthas le linn géarchéime an Ghalar Crúibe is Béil i 2001.

Uimh	Tiomantas	Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
13	**Feabhsóimid cion na gairneoireachta, trí thacú le táirgí a tháirgeadh ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus a mhargaítear de réir caighdeán arda aonfhoirmeacha.**	Tá an Bord Bia, lenar cónascadh an Bord Glas i mí Iúil 2004, ag leanúint le clár iomlán gníomhaíochtaí chun an earnáil ghairneoireachta a fhorbairt, is iad sin an Clár Cáilíochta, cláir chothaithe (idir thrádáil agus chustaiméir), faisnéis margaidh, an Scéim Tacaíochta Gnó, forbairt thionsclaíoch, gairneoireacht thaitneamhachta agus cláir cheannaitheoirí chun stoc plandlanna a onnmhairiú. Aithníonn an Bord Bia go bhfuil an-acmhainneacht fáis in earnáil na nglasraí réamhullmhaithe. Le forfheidhmiú mholtaí an Tascfhórsa Muisiriún (a foilsíodh i mí Bealtaine 2004) tá cumas iomaíochais an tionscail méadaithe agus tá sé réidh do dhúshláin mhargadh an RA, mar a bhfuil onnmhairithe de luach €100m againn. Cúitíonn scála méadaithe na hoibríochta agus córais táirgíochta níos éifeachtúla an titim i líon na saothróirí. Chun inrianacht iomlán 'ó fheirm go forc' a soláthar le hagaidh prátaí, cuireadh Clár na Soláthróirí agus na bPacálaithe Prátaí ar fáil don phobal. Tugadh bearta éagsúla isteach chomh maith i 2005 chun tionscal prátaí síl dírithe ar thráchtáil a thógáil a fhreastalóidh ar riachtanais náisiúnta agus ar an acmhainneacht onnmhairithe – ina measc tá táillí ar chigireacht, príobháidiú tháirgeadh síl réamhbhunúsach, scéim cúnamh deontais do tháirgeoirí síl, smachta feabhsaithe ar shláinte phlandaí agus tús a chur le bunachar sonraí comhtháite prátaí. Tá an Scéim Cúnamh Deontas Caipitil do tháirgeoirí ina chaitilíoch i gcónaí ar son fhorbairt an earnáil ghairneoireachta; tá an infheistíocht fhoriomlán caipitil a fuair cúnamh deonais (€20) faoi bhabhta 2005 níos airde ná mar a bhí i mbliain ar bith ó bunaíodh an scéim i 2000. Tá tosaíocht á tabhairt don infheistíocht i dtáirgeadh tháirgí breisluacha gairneoireachta faoi Scéim Mhargaíochta agus Phróiseála an PFN 2005: tá 23 iarratas incháilithe ann le infheistíocht de €25m beartaithe.
14	**Déanfaimid tuilleadh forbartha ar an earnáil orgánach trí mhéadú ag an leibhéal táirgíochta agus trí lipéad náisiúnta amháin a fhorbairt chun leas a bhaint as íomhá 'glan glas' thalmhaíocht na hÉireann agus trí tharraingteacht bhreise an bhia orgánaigh.**	D'eisigh an Coiste um Fhorbairt Orgánach, ina bhfuil ionadaíocht ó na príomhpháirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh den earnáil orgánach, a thuarsacáil i 2002. Tá formhór a chuid príomh-mholtaí curtha i bhfeidhm. Bualann Grúpa Stiúrtha Náisiúnta don Earnáil Orgánach le chéile ceithre uair sa bhliain. Tá sé molta ag an nGrúpa Stiúrtha gur chóir obair ar lipéad aonair náisiúnta a chur siar ar feitheamh ar thorthaí iarrachtaí cosúla ag leibhéal na hEorpa. In ainneoin go bhfuil an t-éileamh ar bhia orgánach ag méadú, agus go bhfuil an-chuid spreagadh agus tacaíocht airgeadais ar fáil ón Scéim um Chosaint Chomhshaol na Tuaithe (REPS) agus ó Scéim thiomanta infheistíochta, tá earnálacha táirgíochta agus próiseála orgánacha na hÉireann beag i gcónaí. 1,090 oibritheoir a bhí cláraithe faoi dheireadh 2005. Is trí REPS a fhaigheann feirmeoirí orgánacha a bpríomhthacaíocht airgeadais. Fuair feirmeoirí orgánacha níos mó ná €5m ó REPS i 2005 agus tá €31m san iomlán faighte ag an earnáil ó tosaíodh an scéim REP i 1994. Ceadaíonn díchúpláil na n-íocaíochtaí díreacha ón táirgíocht do fheirmeoirí a bheith níos solúbtha ina fhreagairt don mhargadh agus tá feirmeoirí traidisiúnta á spreagadh chun tabhairt faoin táirgíocht orgánach.
15	**Socróimid an caighdeán seirbhíse, lena n-áirítear seachadadh éifeachtúil tráthúil íocaíochtaí, mar dhlúthchuid de gach tosaíocht oibríochta.**	Bhí ár dtaifead maidir le seachadadh tráthúil íocaíochtaí díreacha faoin seanréimeas "íocaíochtaí cúpláilte" inchomórtas leis an gcuid is fearr i mBallstáit eile an AE. Faoin scéim nua "díchúpláilte" Aoníocaíochta (SPS), ba é íocaíocht an Scéim Aoníocaíochta le gach iarrthóir incháilithe an príomhdhúshlán seachadadh seirbhíse ba mhó a bhí roimh an Roinn i 2005. I 2005 íocadh os cionn €1 billiún faoin SPS le os cionn 120,000 feirmeoirí, timpeall 94% de na hiarrthóirí incháilithe. Tá comhdhearcadh ginearálta ann gur suntasach an méid íocaíochtaí atá déanta ag an Roinn ina chéad bhliain gníomhaíochta agus gur féidir é a chur i gcomparáid go fabhrach leis an staid sna Ballstáit eile go léir. Cuireadh próiseas comhairliúcháin i gcrích maidir le Plean nua Gniomhaíochta do Sheirbhís Chustaiméirí i 2004 agus seoladh an plean, a chlúdaíonn na blianta 2005-2007, maraon le céad Chairt Chustaiméara na Roinne, i mí Feabhra 2005.

Uimh	Tiomantas	Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
16	**Breithneoimid go práinneach ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh dreasachtaí cánach ar son talamh a ligean ar léas go fadtéarmach mar bhealach chun an riar talún atá ar fáil do fheirmeoirí óga a mhéadú.**	Chuir an tAcht Airgeadais 2004 síneadh leis an díolúine cánach ar ioncam cíosa ar thalamh a ligtear amach ar léas go fadtéarmach. Íslíodh an teorainn aoise do fheirmeoirí don bhfaoiseamh ó 55 bliana go 40 bliana agus ardaíodh na rátaí díolúine ioncaim chomh maith: • ó €7,618.43 go €10,000 do léasanna 7 mbliana nó níos faide agus • ó €5,079 go €7,500 do léasanna idir cúig agus seacht mbliana. Cabhróidh na leasuithe seo chun soghluaisteacht talún a fheabhsú, rud a éascóidh pleanáil fhadtéarmach agus úsáid talún d'fheirmeoirí a mbeadh gá acu le táirgíocht a mhéadú ar chostas réasúnta, go háirithe i gcomhthéacs íocaíochtaí tacaíochta díchúpláilte. Thug an tAire Airgeadais athruithe mór i socruithe cánach isteach d'fheirmeoirí i mbuiséad 2005 a bhí dírithe den chuid is mó ar struchtúir agus iomaíochas feirmeacha a fheabhsú. Tá siad seo leanas san áireamh: • Faoiseamh iomlán ar dhleachta stampála d'fheirmeoirí óga go deireadh 2008 • faoiseamh stoic 25% ar fáil d'fheirmeoirí go deireadh 2006 • faoiseamh stoic 100% ar fáil d'fheirmeoirí óga oilte go deireadh 2006 • Aisíoc comhréidh CBL de 48% • Rátaí íslithe eisceachta cáin ioncaim agus an teorainn aoise d'incháilitheacht laghdaithe. • Díolúine nua dleacht stampála ar son malartú talamh feirme idir bheirt fheirmeoir ar mhaithe le gabháltach gach feirmeora a chomhtháthú,
17	**Aontóimid sraith moltaí le heagraíochtaí feirmeoireachta chun dul i ngleic le maorlathas agus beimid ag áiteamh go láidir go nglacfar leo ag leibhéal an AE**	Cé go bhfuil an-chuid dul chun cinn déanta sa réimse seo de bharr breis úsáide a bhaint as TF, éascófar simpliú na n-iarratas agus na ngnáthamh próiseála de bharr thabhairt isteach na díchúplála agus an chóras aoníocaíochta.
18	**I gcomhar leis an gCoimisiún, déanfaimid iniúchadh ar rangú na gceantar faoi mhíbhuntáiste a shíneadh amach chuig an Réigiún BMW ar fad.**	Tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil, chuir an Roinn seo cás faoi bhráid Choimisiún an AE go déanach i 2004 chun Contae Mhuineacháin uile a rangú mar cheantar Faoi Mhíbhuntáiste Breise. D'aontaigh an Coimisiún leis seo agus tá Muineachán rangaithe dá réir ina iomláine ó 2005 ar aghaidh. I lár 2004 d'fhoilsigh an Coimisiún Dréachtrialachán faoi Fhorbairt Tuaithe ina bhfuil critéir nua chun Ceantair faoi Mhíbhuntáiste a shainiú. Ní fhéadfaí teacht ar réiteach faoi na critéir seo áfach. Dá réir sin, d'aontaigh Comhairle na nAirí Talmhaíochta creatlach nua d'fhorbairt na tuaithe ar an 20 Meitheamh 2005 don tréimhse 2007 go 2013 a rinne foráil chun na socruithe atá ann cheana do Cheantair faoi Mhíbhuntáiste a choinneáil go dtí 2010. Idir an dá linn, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil agus moltaí faoi bhráid na Comhairle maidir leis an gcóras íocaíochta amach anseo agus le sainiú Cheantar faoi Mhíbhuntáiste. Breithneofar aon athrú ar scéim na gCeantar faoi Mhíbhuntáiste i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo ar an scéim.

Uimh	Tiomantas	Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
19	**Beimid ag obair chun leibhéil phlandáil foraoiseachta a mhéadú go 20,000 heicteár sa bhliain.**	Cuireadh timpeall €124 m ar fáil don bhforaoiseacht i 2005, an pacáiste airgeadais is mó riamh a cuireadh le chéile don earnáil seo. Ba í an intinn a bhí ann na leibhéil plandála a mhéadú de réir a chéile, le dóthain maoiniú do 15,000ha, an méid is mó a d'fhéadfadh an earnáil a sheachadadh ag an bpointe seo. Níl an oiread éilimh ann ó fheirmeoirí is a bhíothas ag súil leis áfach, mar go bhfuil go leor acu ag feitheamh agus ag faire go dtí go mbeidh an Réimeas Aoníocaíochta ar a bhonna i gceart. Is cosúil go mbeidh plandáil 2005 mar a bhí i 2004, timpeall 10,000-20,000 ha. Ó tharla gurb í 2006 an bhliain dheireanach den scéim reatha, agus gur féidir teidlíochtaí a charnadh faoin réimeas Aoníocaíochta, d'fhéadfadh sé go méadófaí an phlandáil go mór an bhliain seo chugainn. Fuair Éire toradh an-mhaith as idirbheartaíochtaí RDR i gcomórtas leis na moltaí a bhí ag an mbord i dtús báire. Ach beidh ar an státchiste níos mó infheistíochta a dhéanamh chun coinníollacha reatha na scéime a choinneáil tar éis 2006 (tá ráta deontais 100% ann faoi láthair, is uasmhéid de 80% atá ann faoin RDR nua, ach is féidir leis an Stát cur leis). Tá athbhreithiú mór ar na bhforaoiseacht ar bun faoi láthair, i bhfianaise an Rialacháin nua faoi Fhorbairt na Tuaithe agus Tuarascáil Bacon, agus i gcomhairle leis an earnáil. Tá moltaí ardleibhéil le teacht faoi Eanáir 06. Tá an straitéis plandála reatha formhuinithe ag Tuarascáil Bacon agus comhairlítear go mbeadh toradh glan dearfach ar an infheistíocht atá riachtanach go 2035 (€7bn). Tá infhaighteacht talún agus drogall na bhfeirmeoirí ar na bacanna is mó i gcónaí.
20	**Reáchtáilfimid Uachtaránacht dhearbhghníomhach éifeachtach i 2004** ***[Roinn 1: Ag obair ar son na Síochána]***	Rinne an Roinn seachadadh ráthúil ar an Uachtaránacht ó thaobh pleanála, ullmhúcháin agus eagrúcháin (níos mó ná 100 cruinniú den Chomhairle, den gCoiste Speisialta Talmhaíochta, de Phríomhoifigigh Tréidliachta agus de Ghrúpaí Oibre chomh maith le cruinnithe neamhfhoirmiúla in Éirinn) agus rinne dul chun cinn mór chun saincheisteanna beartais a bhrostú. Thángthas ar chomhaontú deiridh faoi 20 moladh reachtúil, ina measc athchóiriú na réimeas táirgí Meánmharacha, céim mhór eile chun cinn sa phróiseas athchóirithe atá bunaithe ar phrionsabail atá dírithe ar an margadh agus ar an inmharthanacht. I measc na nithe a baineadh amach sa réimse sábháilteachta bia bhí comhaontú faoi smachta ar bhia agus ar bheathú ainmhithe agus ar an "bPacáiste Sláinteachais" a thabhairt chun críche agus faoi nuashonruithe ar reachtaíocht sláinteachas bia an AE.
21	**Cuirfimid an Straitéis leasaithe Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaineachta, lena spriocanna uaillmhianacha maidir le réimse leathan saincheisteanna, i bhfeidhm** ***[Roinn 4: Sochaí Chomhbhách a thógáil]***	I 2004 chaith an Roinn os cionn €1.6 billiún in íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí. Chomh maith le híocaíochtaí díreacha tacaítear le hioncaim talmhaíochta trí bhearta tacaíochta margaidh eile agus trí chaiteachas poiblí ar thaighde agus ar oiliúint agus ar sheirbhísí comhairle. Is iad príomhspriocanna an Straitéis leasaithe in Aghaidh na Bochtaineachta líon na n-áitritheoirí feirme agus neamhfheirme tuaithe atá 'bocht go seasta' a laghdú faoi 2%, agus más féidir, an bhochtaineacht sheasmhach a dhíothú, mar a shainmhínítear é faoi láthair, sa tréimhse go 2007. Dar leis an Suirbhé ar Mhaireachtáil in Éirinn 2001 d'fhulaing 3.1% de theaghlaigh feirme bochtaineacht sheasmhach i gcomparáid le 6.5% de theaghlaigh tuaithe eile agus 4.2% de theaghlaigh cathrach. An Scéim Chúnamh Feirme Soláthraíonn an Scéim Chúnamh Feirme, a fheidhmíonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, tacaíocht ioncaim do theaghlaigh feirme ar ioncam íseal. I Meán Fómhair 2005, bhí 8,020 teaghlaigh feirme ar ioncam íseal ag fáil íocaíochtaí chúnamh feirme ón RGST, laghdú ó 8,266 i Meán Fómhair 2004. Rinne an RGST caiteachas iomlán de díreach os cionn €50 milliún ar an Scéim Chúnamh Feirme ó Eanáir go Meán Fómhair 2005.

Uimh	Tiomantas	Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
22	**Cuirfimid an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide i bhfeidhm go hiomlán agus déanfaimid tuairisciú go bliantúil ar an dul chun cinn.** ***[Roinn 3: Forbairt Chothromaithe Réigiúnda a chinntiú]***	Tar éis fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta um Athrú Aeráide i mí na Samhna 2000, cuireadh foireann trasRannach um athrú aeráide ar bun agus bunaíodh roinnt foghrúpa chun maoirseoireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na Straitéise. Tá ionadaíocht ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia ar gach Grúpa. Déanann Grúpa um Athrú Aeráide sa Roinn Talmhaíochta agus bia comhordú ar ghníomhartha na Roinne faoi réir na Straitéise. Beidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia rannpháirteach go leanúnach sa bhfoireann idirRannach um athrú aeráide agus déanfaidh sí comhordú ar ghníomhartha na Roinne féin faoi réir na Straitéise trí Ghrúpa um Athrú Aeráide sa Roinn féin.
23	**Tógfaimid cultúr ina ndéantar níos mó athbhreithniú ar chaiteachas poiblí trí mheasúnuithe rialta a fhoilsiú faoi na príomhchláir caiteachais. Mar chuid de seo, foilsíodh gach Roinn na príomhthráscairí do gach príomhchláir agus déanfar an dul chun cinn a mheasúnú dá réir.** ***[Roinn 5 Tacaíocht don saol sibhialta]***	Ó 2001 i leith tá Athbhreithnithe Caiteachais curtha i gcrích i bpríomhréimsí caiteachais na Roinne. Tá an 12ú ceann ag teacht chun deiridh, agus cuireadh tús le measúnú ar 3 phríomhchlár caiteachais i 2003. Tugann na measúnuithe ar chaiteachas poiblí a dhéanann an Roinn measúnú mionsonraithe faoi éifeachtúlacht agus éifeachtacht an leithdháileadh acmhainní i leith scéimeanna agus seirbhísí sainithe.
24	**Cuirfimid clár oibre uaillmhianach ríomhsheirbhísí Rialtais i bhfeidhm a bheidh dírithe ar a chinntiú go mbeidh rochtain ag an bpobal ar fhormhór na bpríomhseirbhísí Rialtais go leictreonach.**	*Baineann an t-ábhar leis na trí thiomantas ghaolmhara 24/25 agus 26)* Tá a seirbhísí TF á bhfeabhsú go leanúnach ag an Roinn dá custaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon.
25	***[Roinn 2: eacnamaíocht láidir a bhuanú]*** **Cuirfimid clár ar bun chun mórfhorbairt a chur i bhfeidhm i réimse agus i gcaighdeán na seirbhísí Rialtais ar líne.** ***[Roinn 5 Tacaíocht don saol sibhialta]***	Foilsíodh straitéis nua TFC i mí Márta 2004, a bhí ag leanúint ar aghaidh ó Straitéis TF 2000. Bhí sé de chuspóir aige tógáil ar na hathruithe a bhí curtha i bhfeidhm cheana féin agus comhlánú agus tacaíocht a thabhairt don timpeallacht athraithe atá ann de bharr MTR, Dílárú agus an tSeirbhís Foraoiseachta a bheith tugtha isteach. Tá Straitéis TFC na Roinne dírithe ar thacaíocht a thabhairt do dhualgais garthéarmacha na Roinne agus TF a úsáid chun athrú straitéiseach a éascú. Is iad seo leanas na príomhthionscadail reatha: An córas Aonfheirmeora a fhorfheidhmiú ag baint úsáid as IMPA mar ardán forbartha. Thosaigh an obair go déanach i 2004 ar Chéim 2 den Scéim SPS a chuirfidh ar chumas na Roinne a céad thiomantas shuntasach eile, níos mó ná 140,000 iarratas Scéim Aoníocaíochta a phróiseáil ó Aibreán 2005, agus íocaíochtaí a eisiúint ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2005. • An córas Aitheantas agus Gluaiseacht Ainmhithe (AIM) a fhorbairt. • Córas Comhtháite Faisnéis Foraoise, ar a dtugtar iFORIS, a fhorbairt. Is uirlis bainistíocht foraoise léarscáilbhunaithe é ina mbeidh trí réimse tábhachtacha inchorpraithe don Seirbhís Foraoise, a) Íocaíochtaí Deontais agus Préimhe, b) Pleanáil Foraoise agus c) Fardal Foraoise. Cuirfear an chéad chéim den chóras i bhfeidhm go luath i 2006.

Uimh	Tiomantas	Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
26	**Cinnteoimid go mbeidh gach seirbhís phoiblí is féidir a sheachadadh go leictreonach ar fáil trí phointe teagmhála amháin.** ***[Roinn 5 Tacaíocht don saol sibhialta]***	Maidir le custaiméirí seachtracha, tá tús curtha ag an Roinn le mórfhorbairtí sa réimse TF agus tá tacaíocht ó chórais TF ag na príomhphróisis gnó ar fad. Tá siad seo leanas san áireamh: • Íocaíochtaí beostoic, • Tairseach Seirbhísí Leictreonacha na Roinne (ríomhSheirbhísí), a inchorpraíonn na córais iMap (Mapáil agus Íocaíochtaí Idirlín) agus AIM (córas Aitheantais agus Gluaiseacht Ainmhithe). - Tugann iMap rochtain do chustaiméirí cláraithe chuig faisnéis a mbeartán dearbhaithe talún. - Cuireann an córas Aitheantais agus Gluaiseacht Ainmhithe (AIM) ar chumas úinéirí tréada próifíl a dtréad buabhaigh a fheiceáil agus breith ainmhithe buabhacha a chlárú thar an Idirlíon. Ceadóidh forbairtí eile rochtain ar na Seirbhísí AIM trí ghutháin póca roimh dheireadh 2005. • Cuireadh leathnú amach an Chóras Ríomhaireachta Sláinte Ainmhithe (AHCS) i gcrích i mí Feabhra 2005, agus tá ag éirí go han-mhaith leis an gcóras. Tá os cionn 900 tréidlia in os cionn 400 cleachtas ar líne cheana féin agus os cionn 90% de shonraí tástála á gcur isteach go leictreonach anois. • An tsaoráid a cheadaíonn íocaíocht trí shochar dhíreach go cuntais bainc chustaiméirí a chur chun cinn, go háirithe i measc feirmeoirí.
24/25 & 26	**Dul chun cinn go dtí seo, ar leanúint thall.**	Forbairtí ríomhsheirbhísí Rialtais: Tá naisc leictreonacha le cuid mhór dár ngníomhairí (aonaigh, monarchana feola, seánsáin, cleachtais phríobháideacha tréidliachta, díoltóra clibeála agus iad siúd atá rannpháirteach i mbailiú sonraí clárúcháin agus gluaiseacht bhuabhacha) curtha i bhfeidhm cheana féin. Leanann an Roinn ar aghaidh ag tabhairt cúnaimh do Ghníomhaireacht Reach in imlonnú na bhfeidhmchlár agus na faisnéise trí Bhróicéir na Seirbhísí Poiblí. Tá an córas DAF/Aisíocaíochta Ioncan Onnmhairithe curtha i gcrích agus úsáideann sé an córas atá ann cheana chun aistriú sonraí idir Gníomhaireachtaí Rialtais a cheadú. Tá an Roinn rannpháirteach go gníomhach le Roinn an Taoisigh i réimse na ríomhsheirbhísí Rialtais. De réir bheartas an Rialtais i leith ríomhInIamh, tá an Roinn: • I gcomhar le Teagasc, ag cur cúrsaí ríomhfhoghlama ar fáil. • Tá Bothaí suiteáilte in oifigí áirithe Roinne a chuireann rochtain saor in aisce Idirlín ar fáil go suíomhanna Rialtais agus AE. • Tá teicneolaíochta forleatacha ar nós SMS á n-úsáid go hinmheánach againn agus mar mhodh malartach chun cumarsáid a dhéanamh lenár gcustaiméirí.

Aguisín 4 – an Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2005 – Talmhaíocht agus Forbairt na Tuaithe

CAITEACHAS 2000 – 2005 AGUS I 2005

Clár	Fo-Chlár/Beart/Fo-Bheart	Caiteachas €m 2005	Cait. go deireadh 2005 €m
1. Clár Forbartha Tuaithe Maoinithe agus Ráthaithe			
	REPS	282.964	1196.478
	Liúntais Chúiteacha	231.593	1176.543
	Luathscor	61.811	472.093
	Foraoiseacht	97.007	631.709
	Iomlán: Plean Forbairt Tuaithe CBT	**673.375**	**3476.823**
2. Clár Oibriúcháin na hEarnála Táirgí			
	Taighde Teagasc	8.580	48.837
	Ciste Spreagtha Taighde	1.624	3.937
	Taighde Iomlán (Talmhaíocht)	**10.204**	**52.774**
3. Clár Oibriúchán Forbairt Fostaíochta agus Acmhainní Daonna			
	Oiliúint Teagasc	11.693	72.710
	Insitiúid Idirnáisiúnta Eachaí	0.252	1.388
	Oiliúint Iomlán (Talmhaíocht)	**11.945**	**74.098**

		Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair €m		Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir €m	
		Cait. €m 2005	Cait. go Direadh 2005 €m	Cait. €m 2005	Cait. go Direadh 2005 €m
4. Clár Oibriúchán Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair	**Fo-Chlár um Forbairt Talmhaíochta agus Tuaithe**				
	Beart 1: Feabhsúchán Ginearálta Struchtúrtha	**12.022**	**44.205**	**20.322**	**70.895**
	Cúnamh suiteála do Fheirmeoirí Óga	1.621	7.212	3.473	16.464
	Bainistiú Dramhaíl Feirme	8.456	31.627	10.641	34.263
	Feabhsúchán Chaighdeáin Sláinteachas Déiríochta	1.781	4.415	4.264	9.231
	Feabhsúcháin Chaighdeáin Leasa Ainmhithe (Muca amháin)	0.000	0.000	0.000	0.000
agus	Diúscairt Chonablaigh Ainmhithe	0.164	0.432	0.000	0.000
5. Clár Oibriúchán Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir Clár	Áiseanna Stóráil Ghráin ar an bhFeirm a fhorbairt	0.000	0.519	0.000	1.904
	Bonneagair Thógáil Eallaigh a fheabhsú	0.000	0.000	1.292	4.330
	Bonneagair Thógáil Eachaí a fheabhsú	0.000	0.000	0.652	4.703

	Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair €m		Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir €m	
	Cait. €m 2005	Cait. go Direadh 2005 €m	Cait. €m 2005	Cait. go Direadh 2005 €m
Beart 2: Fiontair Mhalartacha	**2.320**	**6.586**	**4.009**	**13.639**
Forbairt an Earnáil Ghairneoireachta	1.598	3.830	2.893	8.788
Forbairt an Earnáil Phrátaí	0.101	0.399	0.454	1.063
Forbairt na hEarnála Orgánaí	0.245	0.701	0.223	0.850
Feabhsúcháin i gCaighdeán Eachaí	0.121	0.718	0.094	1.470
Saoráidí Tithíochta/Láimhseála do Fhiontair Mhalartacha	0.255	0.938	0.345	1.468
Beart 4: Seirbhísí do Fhorbairt Talmhaíochta	**5.618**	**32.098**	**4.596**	**26.240**
Seirbhísí Comhairleacha Teagasc	5.618	32.098	4.596	26.240
Beart Forbairt Fhiontraíocht Áitiúil	**5.276**	**29.430**	**3.664**	**23.731**
Sábháil fómhair	0.00	1.385	0.000	0.736
Feabhsúchán Coillearnaigh	2.898	16.546	1.348	8.206
Forbairt Fhoraoiseachta	0.557	5.285	0.884	8.225
Bóithre Foraoiseachta	1.821	6.214	1.432	6.564
Iomlán: Forbairt Talmhaíochta agus Tuaithe (CO Réigiúnacha)	**25.236**	**112.319**	**32.591**	**134.505**

	Caiteach as 2005 €m	Caiteach as go deireadh 2005 €m
Iomlán na mBearta Struchtúrtha agus Ráthaíochta do Fhorbairt Thalmhaíochta/Tuaithe	**753.351**	**3,850.519**

Aguisín 5

Vóta 31 – Caiteachas ar Thalmhaíocht agus Bia Do 2005

Riarachán		**278.107m**
A1	Pá, Tuarastail agus Liúntais	210.545m
A2	Taisteal agus Cothabháil	13.380m
A3	Costais Theagmhasacha	7.020m
A4	Postas agus Teileachumarsáid	7.203m
A5	Innealra Oifige	12.164m
A6	Costais Áitribh Oifige	5.993m
A7	Seirbhísí Comhairleoireachta	8.286m
A8	Bearta Forlíontacha chun Leasa Airgeadais an AE a chosaint	0.383m
A9	Trealamh Saotharlainne	12.903m
A10	Sochaí na Faisnéise	0.230m
Seirbhísí eile		
Seirbhísí Oideachais Taighde agus Comhairleacha		**133.128m**
B	Taighde agus Tástáil	21.722m
J	Deontas i gCabhair do Chostais Ghinearálta do Teagasc	111.406m
Feabhsúchán Beostoic & Díothú Galair		**118.004m**
C	Díothú Eitinne agus Bhrúsalóis Bhuabhaigh	50.333m
C	Smachtú agus Díothú Ginearálta Galar	56.854m
C	Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola	9.929m
B	Údarás Tógáil Eallaigh	0.888m
Cúnamh Forbartha		**21.816m**
K	Bord Bia: Costais Ghinearálta	20.991m
M	Cúnamh don Tionscal Capall Neamhfholaíoch	0.825m
Íocaíocht Phinsin srl.		**2.295m**
M	Íocaíocht Phinsin srl. (Pá)/An Chuideachta um Dhiúscairt Déiríochta Teo.	1.713m
M	Blianachtaí agus Préimheanna Saoil (Treoir AE Uimh. 72/160)	0.582m
Scéimeanna a Fheidhmítear i bhForfheidhmiú Rialacháin Ráthaíochta AE		**718.736m**
D	Maoiniú an Chomhbheartas Talmhaíochta, Idirghabháil Margaidh srl.	15.967m
D	Caillteanais Idirghabháil Margaidh trí Easnamh, Timpiste, srl.	3.053m
D	IACS - LPIS	3.767m
F	Scéim Chosaint Chomhshaol na Tuaithe	283.053m
G	Luathscor	61.823m
I	Foraoiseacht	110.825m
E	Liúntais Chúiteacha	231.762m
N	Préimh Speisialta Mairteola	8.486m
Scéimeanna a Fheidhmítear i bhForfheidhmiú Rialacháin Struchtúrtha an AE agus an Phlean Forbartha Náisiúnta		**46.920m**
G	Cúnamh Suiteála – Scéim PFN	5.172m
H	Infheistíocht ar an bhFeirm – Réamh PFN	0.168m
H	Forbairt Talmhaíochta PFN	34.003m
H	Deontais do Mhargaíocht agus Próiseáil	7.577m

Ilghnéitheach		**36.345m**
C	Smachtú Capall	1.931m
C	Cigirí Sealadacha Tréidliachta	20.787m
D	Scéim Bhainne sa Scoileanna	0.817m
G	Cúnamh Suiteála seanscéim	0.078m
L	An Coinbhinsiún um Chúnamh Bia	7.000m
M	Comhoibriú Idirnáisiúnta	1.878m
M	Caiteachas Ginearálta Dlíthiúil	3.129m
M	Seirbhísí ilghnéitheacha	0.803m
Caiteachas Comhlán Iomlán		**1,355.351m**
Leithghabhála i gCabhair		**-444.697m**
Riarachán		**-24.643**
O1	Forchúiteamh Tuarastal	-0.001m
02	Taiscí agus urrúis fhorghéillte faoi shocruithe idirghabhála CE, aisíocaíochtaí onnmhairithe srl.	-0.656m
03	Aisíocaíochtaí ó tháillí do sheirbhísí cigireachta tréidliachta ag monarchana éineola agus táillí cigireachta feola.	-17.645m
04	Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta do onnmhairithe beo	-1.257m
05	Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta áitribh déiríochta	-5.084m
Seirbhísí eile		**-16.745m**
06	Fáltais ó dhíolachán vaicsíní, beostoic, táirgí feirme srl	-0.709m
07	Fáltais ó tháillí tástála síl, táillí deimhniúcháin, táillí Ceadúnaithe, clárú lotnaiticídí srl	-2.123m
08	Fáltais ó cheadúnais agus ó dhíol agus ó léasanna beostoic srl	-0.069m
09	Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí i dtreo chostas dhíothú Galar Buabhacha (Focheann C)	-11.391m
010	Fáltais Choimisiún na Talún (Fochean A3)	-2.044m
011	Fáltais Eile	-0.409m
Seirbhísí AE		**-403.309m**
012	Costais Idirghabháil margaidh agus costais maoinithe do bhearta eile ranna FEOGA (Ráthaíocht) (Focheann D)	-9.099m
013	Fáltais do Chaillteanais Stoc Idirghabhála	0
014	Plean Forbartha Náisiúnta – Fáltais Ráthaíochta (Focheann E, F, G, I)	-358.417m
015	Fáltais BSE (Focheann C)	-6.323m
016	Ciste Tréidliachta (Focheann C)	-9.678m
017	Fáltais Ráthaíochta Eile	-0.690m
018	Clár Oibriúcháin um Forbairt Talmhaíochta Tuaithe agus Foraoiseachta (OPARDF) 1994-1999	0
019	PFN 2000-2006 – Fáltais Struchtúrtha	-19.102m
Caiteachas Glan		**910.654m**

Aguisín 6- Caiteachas Ráthaíochta Feoga/eaggf 2005

Miondealú ar Éilimh a cuireadh chuig an EAGGF sa bhliain féilire 2005

	€
Barra Curaíochta	
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe	59,248
Cúnaimh Táirgíochta	38,130
Costais Idirghabhála (Gránbharra)	120,538
Fodar Díhiodráitithe	236,469
Barra Curaíochta	2,099,453
Iomlán	**2,553,838**
Siúcra	
Aisíocaíochta Onnmhairithe	7,944,501
Costais Idirghabhála (Siúcra)	4,381,607
Aisíocaíocht ar son Stórála	0
Aisíocaíochtaí ar son Siúcra a úsáideadh sa Tionscal Ceimiceach	129,799
Iomlán	**12,455,907**
Torthaí agus Glasraí agus Earnálacha Eile	
Cúnaimh do Tháirgíocht Síl Féir	20,446
Eagraíochtaí Táirgeoirí	5,635,850
Iomlán	**5,656,296**
Táirgí Déiríochta	
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe (Cúnamh Bia san áireamh)	78,055,540
Cúnamh do Phúdar Bainne Bhearrtha do Bheathú Ainmhithe	0
Cúnamh do Cháiséin	17,567,031
Íocaíocht Bhreise do Tháirgeoirí Bainne	1,118,327
Costais Idirghabhála (Púdar Bainne Bhearrtha agus Im)	33,280,694
Stóras Príobháideach	3,885,586
Bearta chun an Farasbarr Saill Ime a Laghdú	711,200
Cúnamh Cúititheach	0
Tobhach Comhfhreagrachta Bainne	0
Sárthobhach Bainne	(14,999,871)
Aisíocaíocht Sárthobhaigh	0
Cúnamh chun Bainne Scoile a Sholáthar	659,219
Feabhsú Chaighdeán an Bhainne	0
Iomlán	**120,682,228.42**
Mairteoil agus Laofheoil	
Aisíocaíochta Onnmhairithe	31,506,359
Aisíocaíochtaí Onmhairithe d'Ainmhithe Beo	2,534,550
Stóras Príobháideach	0
Costais Idirghabhála (Ní idirghabháil ná stoc)	0
Préimh Bhó Dhiúil	101,413,070
Préimh Speisialta	246,028,931
Préimh Fhairsingithe	164,983,769
Bearta Tionscnaimh	0
Préimh Mharaithe	64,783,746
Bearta Cúititheacha BSE agus Marú	27,746,529
Iomlán	**638,996,954**
Caoireoil	
Préimh Chaorach	6,160,482
Iomlán	**6,160,482**
Muiceoil	
Aisíocaíochta Onnmhairithe	112,094
Iomlán	**112,094**

	€
Éanlaith Clóis agus Uibheacha	
Aisíocaíochta Onnmhairithe	1,161
Bearta Tionscnaimh Uibheacha	3,273
Iomlán	**4,434**
Táirgí Próiseáilte	
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe	39,672,944
Iomlán	**39,672,944**
Bearta Eile	
Cothú Plandaí	270,607
Clár Beachaireachta	0
Bearta Agrai-Airgeadaíochta	3,786
Iomlán	**274,393**
Cúnaimh Dhíreacha	
Aoníocaíocht nua díchúpláilte Feirme	1,058,417,133
Iomlán	**1,058,417,133**
Plean Forbairt Tuaithe CBT 2000-2006	
Bearta tionlacain (Scéim Chosaint Chomhshaol na Tuaithe, Luathscor agus Foraoiseacht) agus liúntais chúiteacha.	358,433,276
Iomlán	**358,433,276**
Eile	
Aisghabhálacha	(5,271,084)
Ceadú Cuntas ag an AE	(1,160,213)
Iomlán	(6,431,297)
Móriomlán	**2,236,988,682**

(Tá an Biseach Déiríochta nua san áireamh san Íocaíocht Shingil. Athraíonn cion cómhaoinithe an AE i leith bhearta Forbairt Tuaithe CBT 2000-2006 ó 50% go 85% den chaiteachas incháilithe, faoi réir ag síleálacha foriomlána airgeadais.

Aguisín 7

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Íocaíocht Dhéanach i mBearta Tráchtála) 2002.

Is é beartas na Roinne é a bheith géilliúil go hiomlán do théarmaí an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus le téarmaí na Rialachán maidir le dul i ngleic le mallíocaíocht i mbearta tráchtála (na Comhphobail Eorpacha – Rialacháin um Íocaíocht dhéanach i mBearta Tráchtála, 2002). Tá an tAcht agus rialacháin 2002 tugtha chun aire gach duine den bhfoireann, tá gnáthaimh bunaithe chun freastal ar a gcuid riachtanas agus tá monatóireacht leanúnach ann le cinntiú go bhfuiltear géilliúil dá bhforálacha.

Thabhaigh 534 sonrasc san iomlán le luach níos mó ná €317.44 píonóis mallíocaíochta. (Is é seo an tairseach atá sainithe sna Treoirlínte do Chomhlachtaí Poiblí ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar son cuspóirí tuairiscithe). Bhí luach €4,120,241.73 ag na sonraisc uile a íocadh go mall. B'ionann seo agus 3.3% de na híocaíochtaí €126,057,926.62 san iomlán a thit laistigh de théarmaí na Rialachán. Íocadh ús iomlán de €11,907.81 le linn 2005 de bharr mallíocaíochtaí.

AGUISÍN 8 - ORDUITHE AGUS RIALACHÁIN

Orduithe agus Rialacháin a rinneadh le linn 2005

Teideal	I.R. Uimh	Tuairisc
Ordú Eitinn Bhuabhach (Fianú Stáit agus Forálacha Ginearálta), 2005	7	(i) Baineann an tOrdú seo an dualgas a leagadh roimhe seo ar an úinéir, an sealbhóir nó an té atá i gceanna gabháltais go raibh ar an té sin ráiteas a dhéanamh maidir le hainmhithe a tugadh i láthar le haghaidh tástála ach amháin nuair a iarrtar é sin go sonrach; (ii) ceadaíonn sé tuairisciú leictreonach torthaí tástála ag máinlia tréidliach; (iii) déanann sé foráil chun ainmhí imoibreora a aithint trí phuinseáil cluaise nó trí mhodh ceadaithe eile; agus (iv) déanann sé aisghairm ar I.R. Uimh. 230 de 1990 mar go raibh forálacha an Ordú seo, maidir le tréimhse bailíochta an tástáil réamhghluaisteachta don eitinn bhuabhach, leasaithe cheana féin ag Ordú 1996.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Galar Newcastle) (Smachta ar Allmhairiú Táirgí Éanúla ón mBulgáir) 2005.	17	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin Uimh. 2004/908/EC den 23 Nollaig 2004 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith táirgí éanúla a allmhairiú ón mBulgáir.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Faomhadh Cineál Tarracóirí Talmhaíochta nó Foraoiseachta) 2005.	69	Tagraíonn na Rialacháin seo do fhaomhadh cineáil do tharracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta, a leantóirí agus innealra inmhalartaithe tarraingthe, maraon lena gcórais, a gcomhpháirteanna agus aonaid leithleacha teicniúla agus aisghairmeann siad I.R. Uimh. 137 de 1979
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Smachta ar Orgánaigh atá Docharach do Phlandaí agus do Tháirgí Plandaí) (Leasú), 2005.	110	Leasaíonn na Rialacháin seo Iarscríbhinní II, III, IV agus V de Threoir na Comhairle 2000/29/EC faoi bhearta cosanta i gcoinne orgánaigh atá docharach do phlandaí agus do tháirgí plandaí a thabhairt isteach agus chun scaipeadh na n-orgánach docharacha a chosc.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Galar Newcastle) (Smachta ar Allmhairiú Táirgí Éanúla ó cheantair áirithe sa Bhulgáir) 2005.	111	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin Uimh. 2005/61/EC den 27 Eanáir 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith táirgí éanúla a allmhairiú ó cheantair áirithe sa Bhulgáir agus déanann aisghairm ar Chinneadh an Choimisiúin Uimh. 2004/908/EC.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Margaíocht Ábhar Iomadaíochta Plandaí Torthaí agus Plandaí Torthaí atá beartaithe le haghaidh Táirgeadh Torthaí) (Leasú) 2005.	117	Baineann na Rialacháin seo le maolú a dhéanann foráil chun an teorainn ama a shíneadh ón 31 Nollaig 2004 go dtí an 31 Nollaig 2007 do choinníollacha allmhairithe plandaí torthaí ó thíortha treasacha.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Margaíocht Ábhar Iomadaíochta agus Plandála Glasraí, seachas Síol) (Leasú), 2005.	120	Baineann na Rialacháin seo le maolú a dhéanann foráil chun an teorainn ama a shíneadh ón 31 Nollaig 2004 go dtí an 31 Nollaig 207 do choinníollacha allmhairithe glasraí agus Ábhar Plandála ó thíortha treasacha.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Smachtú Orgánach atá Docharach do Phlandaí agus do Tháirgí Plandaí) (Leasú) (Uimh. 2) 2005.	135	Leasaíonn na Rialacháin seo Iarscríbhinn IV ar Threoir na Comhairle 2000/29/EC maidir leis an dáta bainteach chun pacáistiú adhmaid a dhíchoirtiú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Údarú, Cur ar Mhargadh, Úsáid agus Smachtú Táirgí Cosanta Plandaí) (Leasú) (Uimh. 4) 2005.	145	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir an Chomisiúin 2004/97/EC den 27 Meán Fómhair 204 a leasaíonn Treoir an Choimisiúin 2004/60/EC maidir le teorannacha ama. Tugann sé éifeacht freisin do Threoir an Choimisiúin 2004/115/EC den 15 Nollaig 2004 agus don Corrigendum do Threoir an Choimisiúin 2004/11/EC den 15 Nollaig 2004 a leasaíon Treoir an Chomisiúin 90/642/EC maidir le huasleibhéil do iarmhairtí áirithe lotnaiticídí.

Teideal	I.R. Uimh	Tuairisc
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Caighdeáin Margaíochta d'Uibheacha) 2005.	172	Éilíonn na Rialacháin seo géilliúlacht do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le caighdeáin margaíochta d'uibheacha. Baineann na caighdeáin seo le nithe ar nós margaíocht uibheacha agus faomhadh ionaid phacála agus cineálacha áirithe táirgeoirí. Cruthaíonn na Rialacháin seo píonóis freisin do neamhghéilliúlacht agus déanann foráil chun oifigidh a údarú chun cigireachtaí a dhéanamh.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Iarmhair Lotnaiticídí) (Táirgí de bhunús plandaí, Torthaí agus Glasraí san Áireamh) (Leasú) 2005.	173	Leasaíonn na Rialacháin seo rialacháin atá ann cheana faoi na huasleibhéil iarmhar lotnaiticídí do bifenthrin agus famoxadone in Iarscríbhinn II do Threoir 90/642/EEC trí na cinn atá san Iarscríbhinn do Threoir 204/95/EC a chur ina n-áit.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Údarú, Cur ar Mhargadh, Úsáid agus Smachtú Táirgí Cosanta Plandaí) (Leasú) 2005.	176	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir an Choimisiúin 2005/2/EC den 19 Eanáir 2005 agus Treoir an Choimisiúin 2005/3/EC den 19 Eanáir 2005. Déanann na Treoracha seo, a leasaíonn Treoir na Comhairle 91/414/EEC maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, foráil chun na substaintí gníomhacha Ampelomyces quisqualis, Gliocladium catenulatum, Imazosulfuron, Laminarin, Methoxyfenozide agus S-Metolachlor a iniamh.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Cuóta Bainne) (Leasú) 2005.	177	Déanann na Rialacháin seo leasú breise ar Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Cuóta Bainne) 2000, trí fhoráil a thabhairt isteach chun cuóta a aistriú gan talamh idir baill teaghlaigh i gcúinsí áirithe, agus trí na forálacha maidir le cuóta a cheangal le talamh ceannaithe, suanacht, an Scéim Athstruchtúraithe, comhpháirtíochtaí táirgíochta bainne agus taifeadadh seachadadh bainne.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairiú Táirgí Éanúla agus Éin bheo ó Thíortha Áirithe san Áise), 2005.	180	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2004/122/EC den 6 Feabhra 2004 mar atá leasaithe ag Cinneadh an Choimisiúin 2004/572/EC den 23 Iúil 2004, Cinneadh an Choimisiúin 2004/606/EC den 20 Lúnasa 2004, Cinneadh an Choimisiúin 2004/851/EC den 14 Nollaig 204 agus Cinneadh an Choimsiúin Uimh 2005/194/EC den 8 Márta 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith táirgí éanúla a allmhairiú ó thíortha áirithe san Áise
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Margaíocht Ábhar Iomadaíochta Plandaí Torthaí agus Plandaí Torthaí atá beartaithe le haghaidh Táirgeadh Torthaí) (Leasú) 2005.	223	Baineann na Rialacháin seo le maolú a dhéanann foráil chun an teorainn ama a shíneadh ón 31 Nollaig 2004 go dtí an 31 Nollaig 2007 do choinníollacha allmhairithe plandaí torthaí ó thíortha treasacha.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Údarú, Cur ar Mhargadh, Úsáid agus Smachtú Táirgí Cosanta Plandaí) (Leasú) (Uimh. 2) 2005.	224	Leasaíonn na Rialacháin seo Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Údarú, Cur ar Mhargadh, Úsáid agus Smachtú Táirgí Cosanta Plandaí) 2003 (I.R. Uimh. 83 de 2003). Déanann na leasuithe faisnéis agus taifid áirithe atá le tiomsú agus le cur ar fáil do Bhallstáit eile agus don Choimisiún nuair is cuí a shonrú, sonraíonn siad na gnáthaimh atá le leanúint tar éis substaintí gníomhacha atá ann cheana in Iarscríbhinn I a iniamh, soiléiríonn siad na riachtanais maidir le faomhadh comhthreomhar allmhairithe a bhronnadh ar tháirgí cosanta plandaí agus déanann foráil ar leith chun táirgí cosanta plansdaí a údarú le haghaidh mionúsáidí agus ceartaíonn siad roinnt earráidí clóghrafacha. Déanann na leasuithe seo forálacha chomh maith i leith láithriú agus úsáid, ar fheitheamh athbheithniú, táirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaintí gníomhacha atá sonraithe i Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh 1112/2002 den 20 Meitheamh 2002 agus atá san áireamh sa cheathrú céim de chlár athbhreithnithe AE do shubstaintí gníomhacha a úsáidtear i gcosaint phlandaí.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Prátaí Síl) (Leasú) 2005	236	Leasaíonn na Rialacháin seo Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Prátaí Síl) 1980 go 2003 chun réamhfhógra cúig lá a éileamh ó allmhaireoirí lastais prátaí síl a mheánn níos mó ná 10kg.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Údarú, Cur ar Mhargadh, Úsáid agus Smachtú Táirgí Cosanta Plandaí) (Leasú) (Uimh. 3) 2005.	237	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 2005/25/EC den 14 Márta 2005. Leasaíonn na Rialacháin seo Iarscríbhinn VI Threoir na Comhairle 91/414/EEC maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil micrea-orgánaigh.

Teideal	I.R. Uimh	Tuairisc
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Smachtú Orgánach atá Docharach do Phlandaí agus do Tháirgí Plandaí) (Leasú) (Uimh. 3) 2005.	238	Leasaíonn na Treoracha seo leanas na Rialacháin seo: Leasaíonn Treoir an Choimsiúin 2005/16/EC Iarscríbhinní I go V de Threoir na Comhairle 2005/16/EC faoi bhearta cosanta i gcoinne orgánaigh atá docharach do phlandaí agus do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus chun scaipeadh na n-orgánach docharacha sa Chomhphobal a chosc; Leasaíonn Treoir an Choimisiúin 2005/17/EC forálacha áirithe de Threoir 92/105/EEC maidir le pasanna taistil phlandaí; agus leasaíonn Treoir an Choimisiúin 2005/18/EC Treoir 2001/32/EC maidir le criosanna cosanta áirithe atá nochtaithe do bhaoil áirithe sláinte phlandaí sa chomhphobal.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Breiseáin Bheathú) 2005.	242	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do fhorálacha Rialachán (CE) Uimh 1831/2003 Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin in ábhair bheatha agus Treoir na Comhairle 70/524/EEC den 23 Samhain 1970 mar atá leasaithe ag Treoir na Comhairle 96/51/EC den 23 Iúil 1996 faoi bheathú bheathú cumaisc ina bhfuil breiseáin.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Cigireachtaí ar Chothú Ainmhithe) (Leasú) 2005.	243	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 95/53/EC mar atá leasaithe. Leagann siad síos coinníollacha agus socruithe do chigireachtaí oifigiúla sa réimse chothú ainmhithe.
Comhphobail Eorpacha (Beathú Próitéin) (Leasú) 2005.	244	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do fhorálacha Threoir an Choimisiúin 90/439/EEC den 24 Iúil 1990 agus Threoir an Choimisiúin 2004/116/EC den 23 Nollaig 2004 a leasaíonn an iarscríbhinn do Threoir na Comhairle 82/471/EEC faoi bhithphróitéiní i mbeathú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairiú Táirgí Éanúla agus Éin bheo ó Thíortha Áirithe san Áise) (Leasú), 2005.	362	Leasaíonn an tOrdú seo I.R. 180 de 2005 agus tugann sé éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2005/390 den 18 Bealtaine 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith an fhliú éanúil sa Chóiré Thuaidh.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Leasachán) 2005.	384	Leagann na Rialacháin seo síos na cineálacha agus na soraíochtaí íosta do leasacháin neamhorgánacha CE is féidir a chur ar an margadh laistigh den Aontas Eorpach. Soláthraíonn siad cumhachtaí Aire chomh maith le haghaidh píonós i gcás sáruithe.
Ordú Galar Crúibe agus Béil (Féar Tirim, Tuí agus Easair Mhóna) (Srianta Áirithe a Scor), 2005.	505	Déanann an tOrdú seo srianta áirithe a leagadh síos mar gheall ar an mbaol ó ghalar crúibe agus béil a scor.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Iarmhair Lotnaiticídí) (Táirgí de bhunús plandaí, Torthaí agus Glasraí san Áireamh) (Leasú) (Uimh. 2) 2005.	551	Leasaíonn na Rialacháin seo rialacháin atá ann cheana faoi na huasleibhéil iarmhar lotnaiticídí do isoxaflutole, trifloxystrobin, carfentrazone-ethyl, mecoprop, mecoprop-p agus fenamidone in Iarscríbhinn III do Threoir 2005/37/EC leis na cinn atá in Iarscríbhinn II do Threoir 90/642/EEC agus trí na huasleibhéil iarmhar lotnaiticíde do propyzamide agus maleic hydrazide in Iarscríbhinn II de Threoir 90/642/EEC a athsholáthar trí na cinn in Iarscríbhinn IV de Threoir 2005/37/EC a chur ina n-áit.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Iarmhair Lotnaiticítí) (Gránbharra) (Leasú) 2005.	552	Leasaíonn na Rialacháin seo rialacháin atá ann cheana faoi na huasleibhéil iarmhar lotnaiticídí ar ghránbharra agus iontu do isoxaflutole, trifloxystrobin, carfentrazone-ethyl, mecoprop, mecoprop-p agus fenamidone mar a léirítear in Iarscríbhinn I de Threoir an Choimisiúin 2005/37/EC ar Iarscríbhinn II Cuid A de Threoir an Choimisiúin 86/262/EEC agus trí na huasleibhéil iarmhar lotnaiticíde do propyzamide agus maleic hydrazide in Iarscríbhinn II de Threoir 90/362/EEC a athsholáthar trí na cinn in Iarscríbhinn II de Threoir 2005/37/EC a chur ina n-áit.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Údarú, Cur ar Mhargadh, Úsáid agus Smachtú Táirgí Cosanta Plandaí) (Leasú) (Uimh. 5) 2005.	553	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 2005/34/EC den 17 Bealtaine 2005. Leasaíonn na Rialacháin seo Treoir na Comhairle 91/414/EEC chun etoxazole agus tepraloxydim a áireamh mar shubstaintí gníomhacha.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Smacht ar Allmhairiú Tháirgí Ainmhithe ón tSín) (Leasú) 2005.	555	Leasaíonn an tOrdú seo I.R. 141 de 2002 agus tugann sé éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2005/573 den 22 Iúil 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith táirgí de bhunús ainmhithe a allmhairiú ón tSín.

Teideal	I.R. Uimh	Tuairisc
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Substaintí Neamh-inmhanaithe i mBeathú) (Leasú) 2005.	556	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do fhorálacha Threoir an Choimisiúin 2005/8/EC den 27 Eanáir 2005 a leasaíonn na huasleibhéil ceadaithe do shubstaintí neamh-inmhianaithe áirithe i mbeathú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairiú Táirgí Éanúla agus Éin bheo ó Thíortha Treasacha Áirithe), 2005.	565	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2004/122/EC den 6 Feabhra 2004 mar atá leasaithe ag Cinneadh an Choimisiúin 2004/572/EC den 23 Iúil 2004, Cinneadh an Choimisiúin 2004/606/EC den 20 Lúnasa 2004, Cinneadh an Choimisiúin 2004/851/EC den 14 Nollaig 2004 agus Cinneadh an Choimisiúin Uimh. 2005/194/EC den 8 Márta 2005, Cinneadh an Choimisiúin 2005/390/EC den 18 Bealtaine 2005 agus Cinneadh an Choimisiúin 2005/619/EC den 18 Lúnasa 205 maidir le bearta cosanta áirithe i leith táirgí éanúla agus éin bheo a allmhairiú ó thíortha treasacha áirithe.
An tAcht um Chleachtadh Tréidliach (Lá Bunaithe), Ordú 2005.	598	Déanann an t-ordú seo foráil chun an 1 Eanáir 2006 a cheapadh mar lá bunaithe do chuspóirí an Acht um Chleachtas Tréidliachta 2005.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Galar Newcastle) (Smacht ar Allmhairiú Táirgí Éanúla ó cheantair áirithe sa Bhulgáir) (Uimh. 2) 2005.	632	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin Uimh. 2005/648/EC den 23 Nollaig 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith táirgí éanúla a allmhairiú ó cheantair riaracháin áirithe sa Bhulgáir.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairithe ón Rúis), 2005.	669	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin Uimh. 2005/693/EC maidir le bearta cosantacha áirithe i leith éin bheo, cleití neamhphróiseáilte nó coda de chleití a allmhairiú ón Rúis.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairithe ón Rúmáin), 2005.	670	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2005/710/EC maidir le bearta cosantacha i leith éin bheo, éineoil úr, raitítigh, géim fheirme nó fhiáin, ullmhúcháin feola agus táirgí ainmhithe déanta d'fheoil nó ina bhfuil feoil as na speicis thuasluaite, bia amh peata agus ábhar beathú neamhphróiseáilte ina bhfuil páirteanna ar bith de na speicis thuasluaite, uibheacha le haghaidh tomhaltais ag daoine, trófaithe géim neamhchóireáilte as éan ar bith agus cleití agus páirteanna de chleití a allmhairiú ón Rúmáin.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairiú Táirgí Éanúla agus Éin bheo ó Thíortha Treasacha Áirithe) (Leasú), 2005.	671	Leasaíonn an tOrdú seo I.R. 565 de 2005 agus tugann sé éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2005/692/EC den 6 Deireadh Fómhair 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith an fhliú éanúil i roinnt tíortha treasacha.
Acht um Ghalair Ainmhithe 1966 (Áitribh Éanlaith a Chlárú), Ordú 2005.	677	Déanann an t-ordú seo foráil chun gach úinéir tréad éanlaith agus gach úinéir áitribh ina gcoinnítear éin ghafa lena ndíol nó ar son cuspóirí spóirt a chlárú, mura bhfuil siad cláraithe ar bhealach eile cheana. Tiocfaidh an clár i bhfeidhm ar an 7 Samhain agus ní mór iarratais le haghaidh clárú a dhéanamh leis an Roinn faoin 31 Nollaig 2005.
Ordú Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Bearta Réamhchúraim) 2005.	678	Déanann na rialacháin seo foráil le haghaidh (a) toirmeasc láithreach ar bhailiú éanlaith clóis agus éin ghafa do mhargaí éanlaith, seónna, taispeántais agus imeachtaí cultúrtha (seachas faoi cheadúnas) agus (b) coimeád taifead agus tuairisciú phatrúin neamhghnácha nó gan míniú i mortlaíochta éin in áitribh thráchtála. Tá foráil déanta le haghaidh píonós ar son sárú na rialachán seo freisin.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairithe ón Tuirc), 2005.	679	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin Uimh. 2005/773/EC maidir le bearta cosantacha áirithe i leith táirgí éanúla a allmhairiú ón Tuirc.
An tAcht Talún 2005, Ordú (Tosú) 2005.	689	Ceapann an tOrdú seo an 4 Samhain 2005 mar an lá ar a dtagann an tAcht Talún 2005 i bhfeidhm seachas roinn 5 a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Nollaig 2005.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairithe ón Rúis) (Leasú), 2005.	690	Leasaíonn an tOrdú seo I.R. 669 de 2005 agus tugann sé éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2005/740/EC den 20 Deireadh Fómhair 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith an fhliú éanúil sa Rúis.

Teideal	I.R. Uimh	Tuairisc
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairithe ón gCróáit), 2005.	691	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin Uimh. 2005/758/EC maidir le bearta cosantacha áirithe i leith éin bheo, feoil úr as géim fhiáin le cleití, ullmhúcháin feola agus táirgí feola as géim fhiáin le cleite, bia amh peata agus ábhar beathaithe neamhphróiseáilte ina bhfuil aon chuid de ghéim fhiáin le cleite, trófaithe neamhchóireáilte géim as éan ar bith agus cleití neamhphróiseáilte nó páirteanna de chleití a allmhairiú ón gCróáit.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Iarmhair Lotnaiticídí) (Táirgí de bhunús plandaí, Torthaí agus Glasraí san Áireamh) (Leasú Uimh. 3) 2005.	696	Leasaíonn na Rialacháin seo rialacháin atá ann cheana faoi na huasleibhéil iarmhar lotnaiticídí do Amitraz atá liostaithe in Iarscríbhinn II do Threoir 90/642 trí na cinn atá san Iarscríbhinn do Threoir 2005/46/EC a chur ina n-áit.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Iarmhair Lotnaiticítí) (Gránbharra) (Leasú) (Uimh. 2) 2005.	697	Athchuireann na Rialacháin seo na huasleibhéil iarmhair do Amitraz i ngránbharra agus orthu atá liostaithe i gCuid a de Iarscríbhinn II de Threoir 86/362/EEC.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Iarmhair Lotnaiticítí) (Beathú de Bhunús Ainmhtithe) (Leasú) 2005.	698	Leasaíonn na Rialacháin seo rialacháin atá ann cheana faoi na huasleibhéil iarmhar lotnaiticídí do Amitraz atá liostaithe i gCuid B de Iarscríbhinn II do Threoir 86/363/EEC trí na cinn atá san Iarscríbhinn do Threoir 2005/46/EC a chur ina n-áit.
Rialacháin um Iompar Idirnáisiúnta Bheathuithe Meatacha (Leasú Táillí), 2005.	699	Is féidir na rialacháin seo a lua mar Rialacháin um Iomar Bheathuithe Meatacha (Leasú Táillí) 2005. Sna rialacháin seo: Ciallaíonn "Príomhrialacháin" na Rialacháin um Iompar Idirnáisiúnta Bheathaithe Meatacha (Comhdhlúthú), 1993 (Uimh. 188 de 1993). Tá na Príomhrialacháin leasaithe dá réir seo trí Sceideal na Rialachán seo a chur in áit an Sceidil do na Príomhrialacháin. Tá na Táillí atá leagtha amach i gCuid I (tástálacha) agus i gCuid II (faomhadh Cineáil) den sceideal leagtha amach i bPuint Steirling. (GB£Stg) Tá na táillí a leagtar amach i gCuid III (Scrúdúcháin agus Deimhniú i EURO (EU€). Beidh an tÚdarás Deimhnithe i dteideal a bheith íoctha ar son a gcostas réasúnta sa bhreis ar na táillí atá leagtha amach sa Sceideal do na Rialacháin seo.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fotháirgí Ainmhithe) (Leasú) 2005.	707	Leasaíonn na rialacháin seo Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fotháirgi Ainmhithe) 2003 (I.R. Uimh 248 de 2003). Tá úsáid feola agus mhin chnámh Chatagóir 3 i mbia peataí, úsáid feola agus mhin chnámh Chatagóir 3 mar leasachán ar thalamh neamhfhéarach agus scaipeadh díleátach phlandaí mhuiríneach agus bhithgháis ar thalamh neamhfhéarach san áireamh i bpríomhfhorálacha na rialachán seo.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Ghluaiseacht Peataí Éan), 2005.	708	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin Uimh. 2005/759/EC den 27 Deireadh Fómhair 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith táirgí éanúla a allmhairiú thíortha treasacha.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairithe Éan), 2005.	709	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin Uimh. 2005/760/EC den 27 Deireadh Fómhair 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith éan gafa a allmhairiú thíortha treasacha.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Prátaí Síl) (Leasú) (Uimh. 2) 2005.	710	Déanann na Rialacháin seo foráil chun táillí a leagan síos do thástáil agus do dheimhniú prátaí síl agus chun samplú agus anailísiú a dhéanamh ar an ithir ina bhfuil na barra le bheith á bhfás.
An tAcht um Leigheasanna Ainmhithe (Alt 2), Ordú 2005	733	Soiléiríonn an tOrdú seo na speicis ainmhithe lena mbaineann an tAcht um Leigheasanna Ainmhithe 1993 agus na Rialacháin atá déanta faoi.
Rialacháin um Leigheasanna Ainmhithe 2005.	734	Nuashonraíonn na Rialacháin seo an réimeas a rialaíonn faomhadh agus dáileadh leigheasanna ainmhithe, go háirithe, trí Threoir (CE Uimh. 2004/28 a thrasuíomh agus foráil a dhéanamh do fhorálacha forfheidhmithe áirithe do Rialachán (CE) Uimh. 726/2004.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Faomhadh Cineál Tarracóirí Talmhaíochta nó Foraoiseachta) (Leasú) 2005.	773	Leasaíonn Treoir na Comhairle 2005/13/EC an reachtaíocht a bhí ann cheana maidir le astaíochtaí thruailleáin ghásacha agus cáithníneacha ó innil atá le húsáid chun tarracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta a thiomáint. Leasaíonn sé Iarscríbhinn I de Threoir 2003/37/EC chomh maith. Leasaíonn Treoir na Comhairle 2005/67/EC Iarscríbhinn I agus II de Threoir na Comhairle 86/298/EEC agus Iarscríbhinní I, II, agus III de Threoir 2003/37/EC.

Teideal	I.R. Uimh	Tuairisc
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Aitheantas Gabhar) 2005	792	Déanann na Rialacháin seo foráil chun córas aitheantas gabhar a fhorfheidhmiú mar a éilíonn Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 21/2004.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Údarú, Cur ar Mhargadh, Úsáid agus Smachtú Táirgí Cosanta Plandaí) (Leasú) (Uimh. 6) 2005.	795	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 2005/58/EC den 21 Meán Fómhair 2005. Leasaíonn na Rialacháin seo Treoir na Comhairle 91/414/EEC chun bifenazate agus milbemectin a áireamh mar shubstaintí gníomhacha.
Rialacháin An Bord Bia (Tobhach) 2005.	803	Is é cuspóir na Rialachán seo foráil a dhéanamh le haghaidh íocaíocht tobhaigh leis an mBord Bia ar eallach, caoraigh agus muca a onnmhairítear beo ón Stát trí mheán seic nó dréacht bainc.
2004, Ordú (Tosú) 2004.	804	Ceapann an tOrdú seo an 1 Eanáir 2006 mar dháta ar a dtagann Ailt 21 agus 22 den Acht um an mBord Bia (Leasú) 2004 (Uimh. 14 de 2004) i bhfeidhm.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Síol Gránbharra) (Leasú) 2005	805	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 2004/117/EC a leasaíonn Treoir an Choimisiúin 1999/54/EC maidir le margaíocht síol gránbharra; bailliú táillí agus margaíocht síol oidhreachta.
An tActht um anScéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, 2000 (Faomhadh), Ordú 2005	806	Is í éifeacht an Ordú seo an tréimhse do rannpháirtithe chun faomhadh a iarraidh faoin Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola a shíneadh.
Rialachán um Fhuascailt Anáidí Ceannacháin Feirme 2005	830	Déanann na Rialacháin seo foráil ar son scéime trínar féidir anáidí ceannacháin feirme a fhuascailt ag 75 den phraghas ainmiúil fuascailte (a fhad is nach bhfuil aon riaraistí amuigh) ach iad a íoc i gcnapshuim ar nó roimh an 20 Meitheamh 2006.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Ghluaiseacht Peata Éan) (Leasú), 2005.	906	Leasaíonn an tOrdú seo I.R. 708 de 2005 agus tugann sé éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2005/862 den 30 Samhain 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith an fhliú éanúil in éin seachas éanlaith clóis.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairithe Éan) (Leasú), 2005.	907	Leasaíonn an tOrdú seo I.R. 709 de 2005 agus tugann sé éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2005/862/EC den 30 Samhain 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith an fhliú éanúil in éin seachas éanlaith clóis.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smacht ar Allmhairithe Táirgí Éanúla ón Úcráin), 2005.	908	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir an Choimisiúin 2005/883/EC maidir le bearta cosantacha áirithe i leith fliú ardphataigineach éanúil san Úcráin.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Sláinteachas Bia agus Beathú) 2005.	910	Tuganna Rialacháin seo éifeacht dhlíthiúil do Threoir na Comhairle 2004/41/EC agus do Rialacháin (CE) Uimh. 852/2004, 853/2004, 854/2004, 882/2004 agus 183/2005 maidir le reachtaíocht sláinteachas bia agus beathú (an Pacáiste Sláinteachais). Déanann an Pacáiste Sláinteachas leasú agus comhdhlúthú ar reachtaíocht maidir le sláinteachas bia agus beathú i leith táirgeadh, smachtú agus margaíocht bia agus beathú. I measc rudaí eile éilíonn sé go mbeadh táirgeoirí príomhúla bia agus táirgí bia cláraithe leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus go mbeadh gníomhaíochtaí áirithe faoi réir ag faomhadh foirmiúil.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Síol Phlandaí Ola agus Phlandaí Snáithín) (Leasú) 2005.	917	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 2004/117/EC a leasaíonn Treoir an Choimisiúin 2002/57/EC maidir le margaíocht síol phlandaí ola agus snáithín; bailliú táillí agus margaíocht síol oidhreachta.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Síol Phlandaí Fodair) (Leasú) 2005.	918	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 2004/117/EC a leasaíonn Treoir an Choimisiúin 66/401/EEC maidir le margaíocht síol phlandaí fodair; bailliú táillí agus margaíocht síol oidhreachta.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Síol Biatais) (Leasú) 2005.	919	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 2004/117/EC a leasaíonn Treoir an Choimisiúin 2002/54/EC maidir le margaíocht síol biatais; bailliú táillí agus margaíocht síol oidhreachta.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Síol Glasraí) (Leasú) 2005.	920	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 2004/117/EC a leasaíonn Treoir an Choimisiúin 2002/55/EC maidir le margaíocht síol glasraí; bailliú táillí agus margaíocht síol oidhreachta.

Aguisín 9 - Na hAchtanna Talún i 2005

Bhí na gníomhaíochtaí seo leanas ann faoi na hAchtanna Talún:

- Achtaíodh Acht Talún 2005 agus tugadh isteach scéim cheannach amach anáidí;
- Cuireadh socruithe i gcrích chun 129 heicteár talún a fuair Iar-Choimisiún na Talún a chur de láimh.
- Cuireadh timpeall 160 heicteár de mhóinchearta de láimh;
- Cuireadh 5 mhaoin iontaobhais de láimh;
- Ullmhaíodh cáipéisíocht atá riachtanach chun teidlíocht ar thalamh iar-Choimisiún na Talún a chlárú maidir le 142 duine;
- Eisíodh timpeall 15,600 toilliú maidir le foroinnt/léasú gabháltais talmhaíochta;
- Eisíodh toilliú i 386 cásanna chun talamh a cheannach ag daoine neamhcháilithe .i. daoine aonair agus cuideachtaí nach bhfuil cónaí orthu san AE.
- Cuireadh 7 n-Ordú Dílseacháin i gcrích maidir le roinnt agus atheagrú cimín;
- Cuireadh 5 Ordú críochdheighilte i gcrích.

Aguisín 10 - Comhlachtaí Stáit Faoi Choimirce Na Roinne I 2005

Teagasc, an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia

Páirc na Darach, Ceatharlach
Teil: 059 9170200
Facs: 059 9182097
Ríomhphost: info@hq.teagasc.ie
Suíomh Gréasáin: www.teagasc.ie

Cuireann Teagasc seirbhísí comhtháite taighde, comhairleoireachta agus oiliúna ar fáil don tionscal talmhaíochta agus bia agus do phobail tuaithe. Bunaíodh é i mí Mheán Fómhair 1988, faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Déantar an taighde in ocht n-ionad dílsithe. Cuirtear seirbhísí comhairleacha ar fáil ó 90 ionad réigiúacha agus áitiúla. Cuirtear oiliúint ar fáil ó 8 gcolaiste, 45 ionaid áitiúla oiliúna agus ionaid taighde. Tá sé á riar ag údarás ina bhfuil aon chomhalta déag. Ceapann an tAire Talmhaíochta agus Bia an cathaoirleach agus cúigear gnáthchomhalta; ceapann an tAire na comhaltaí eile tar éis ainmniúcháin a fháil ó eagraíochtaí ainmnithe.

An Bord Bia

Cúirt Clanwilliam, Sráid an Mhóta Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2
Teil: 01 6685155
Suíomh Gréasáin: www.bordbia.ie

Tá an Bord Bia freagrach as forbairt mhargaidh agus cothú bhia agus gairneoireacht na hÉireann, gairneoireacht taitneamhachta san áireamh, sa bhaile agus thar lear agus seasann sé an fód do earnála bia agus gairneoireachta na hÉireann trí

fhorbairt éifeachtúil nuálach margaidh, cothú agus seirbhísí faisnéise a sheachadadh chun gnó nua a ghnóthú dá chleithiúnaithe. Feidhmíonn sé scéimeanna deimhniú cáilíochta do tháirgí mairteola, muiceola agus bágúin, gairneoireachta agus uibheacha. Úsáidtear a thrádmharc Éire Oileán an Bhia chun tacú le gníomhaíochtaí margaíochta na n-earnálacha agus na dtáirgí go léir. Tá gréasán idirnáisiúnta oifigí ag an mBord Bia in Amsterdam, Siceágó, Frankfurt, Londain, Madrid, Milan, Moscó, Páras agus Shanghai.

Cuideachta Náisiúnta Graí na hÉireann,

An Tulach, Cill Dara,
Co Chill Dara,
Teil 045 521251, 521301, 521377;
Suíomh Gréasáin: www.irish-national-stud.ie

Bunaíodh Cuideachta Náisiúnta Graí na hÉireann Teoranta i 1946 faoin Acht Graí Náisiúnta, 1945. Is é a phríomhchúram bainistiú a dhéanamh ar fheirm ghraí do chapaill fholaíocha, agus go háirithe seirbhísí staileanna den chéad scoth a sholáthar ag praghsanna réasúnta. Tá sé rannpháirteach i gcláir oideachasúla do thogálaithe agus do mhic léinn bainistíocht fheirmeacha graí. Tá an Graí agus a Ghairdíní, a bhfuil cáil dhomhanda orthu, ar oscailt do phobal agus ar cheann de na 20 ionad is mó turasóireachta in Éirinn. Tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, ceapann an tAire Talmhaíochta agus Bia an cathaoirleach agus seisear comhalta an bhoird.

Tá an scairchaipiteal eisithe uile i seilbh an Aire Airgeadais. Go dtí seo tá scaireanna de luach beagnach €13.8 milliún ceannaithe ag an Stát sa Chuideachta. Cuireadh formhór na gcistí ar fáil chun staileanna den chéad scoth a cheannach. Tá ceannach na staileanna seo mar bhonn do ráthaíocht na Graí.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

Teach IPC, Bóthar Shíol mBroin, BÁC 4
Teil: 01 6603396
Suíomh Gréasáin: www.nationalmilkagency.ie

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne i 1994 faoi Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as rialáil an tsoláthar bainne le haghaidh tomhaltas leachta ar fud an Stáit. Maoinítear é trí thobhach reachtúil ar bhainne a úsáidtear le haghaidh tomhaltas leachta.

Tá roinnt dualgais reachtúla ar an nGníomhaireacht faoin reachtaíocht Bainne (Soláthar a Rialáil): rialáil an tsoláthar bainne le haghaidh tomhaltas leachta ar fud an stáit; clárú táirgeoirí agus próiseálaithe; clárú chonarthaí soláthar bainne; agus ar ndóigh bailiú an tobhaigh.

Tá foireann bheag chigireachta ag an nGníomhaireacht a bhfuil sé de chúram orthu a chinntiú go gcuirtear sonraí cruinne cearta ar fáil sna conarthaí cláraithe. Cuireann an Ghníomhaireacht Tuarascáil Bhliantúil ar fáil ina mbíonn Cuntais na Gníomhaireachta agus déantar staidéara choimisiúnú chomh maith ar ghnéithe éagsúla den earnáil bhainne óil ó am go ham.

Ceapann an tAire Talmhaíochta agus Bia cathaoirleach na Gníomhaireachta. Bíonn cúig chomhalta na Gníomhaireachta atá ina n-ionadaithe do tháirgeoirí tofa ag táirgeoirí cláraithe agus ceapann an tAire na comhaltaí eile – próiseálaithe (4), dáilitheoirí (1), agus tomhaltóirí (2) tar éis ainmniúcháin a fháil ó eagraíochtaí ainmnithe.

Coillte Teoranta

Coillte Teoranta, Baile an Chinnéidigh,
Co Chill Mhantáin.
Teil: 01–2011111
Suíomh Gréasáin: www.coillte.ie

Is cuideachta phríobháideach theoranta é Coillte Teoranta a fheidhmíonn sa bhforaoiseacht agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara ar bhonn tráchtála. Tá comhúinéireacht ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Talmhaíochta agus Bia sa chuideachta. Bunaíodh an chuideachta faoin Acht Foraoiseachta, 1988, mar a leagtar amach a chuspóirí agus a dhualgais.

Príomhspriocanna:

- Feidhmiú ar bhonn tráchtála agus de réir chleachtais éifeachtúla cranneolaíochta;
- Na hacmhainní atá ar fáil a bhainistiú ar mhodh atá ag cloí le cuspóirí na cuideachta;
- Tionscail choillearnaigh a bhunú agus a bheith rannpháirteach le dreamanna eile i ngníomhaíochtaí foraoiseachta agus gaolmhara chun feidhmiú brabúsach na cuideachta a bhreisiú;

COFORD (An Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise)

Teach Arena, Bóthar Arena, Áth an Ghainimh,
Baile Átha Cliath 18.
Teil: 01–2130725
Suíomh Gréasáin: www.coford.ie

Is gníomhaireach neamhreachtúil faoi scáth na Roinne é COFORD. Is é sainchúram COFORD maoiniú agus comhordú a dhéanamh ar thionscadail taighde agus forbartha chun tionscal foraoiseachta a fhorbairt trí nuáil theicniúil agus deachleachtas cranneolaíochta.

Is iad na cuspóirí foriomlána atá ag COFORD:

- Naisc a bhunú agus a neartú idir inniúlacht taighde agus riachtanais thionsclaíocha;
- Riachtanais taighde foraoise a dhearbhú chun iomaíochas idirnáisiúnta a choinneáil, fostaíocht inmharthanach a sholáthar, nuáil a spreagadh agus comhchuibhriú comhshaoil a bhreisiú;
- Dul chun cinn taighde agus aistriú teicneolaíochta a mheasúnú chun an leas is mó is féidir a chinntiú.

Sonraí teagmhála: Teach Arena, Bóthar Arena, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18.
Teil: 01–2130725
Suíomh Gréasáin: www.coford.ie